

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 211



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

12 Lúnasa 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1391 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2022 lena dheonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicéideacha “Lactic acid based products - CID Lines NV” ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) 2022/1392 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 12 ⁽¹⁾ 78
- ★ Rialachán (AE) 2022/1393 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 maidir le huasleibhéil dheilte-9-teitrihidreacannaibionóil (Δ^9 -THC) i síolta cnáibe agus i dtáirgí a dhíorthaítear astu ⁽¹⁾ 83
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí sileacain arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré agus ón Téaváin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré nó na Téaváine iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 86
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1395 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce 127
- ★ Rialachán (AE) 2022/1396 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hocsáid eitiléine a bheith i mbreiseáin bhia ⁽¹⁾ 182

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNTÍ

- ★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1397 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 gan na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí Alcóil Polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 a chur ar fionraí 185**

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1391 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Iúil 2022

Iena dheonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicéideacha “Lactic acid based products - CID Lines NV”

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 18 Aibreán 2019, chuir CID Lines NV iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le fine táirgí bithicéideacha ar a dtugtar “Lactic acid based products - CID Lines NV” de chineálacha táirgí 1, 2, 3 agus 4 a údarú, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus lenar soláthraíodh daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Beilge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-RC051007-54 sa Chlár do Tháirgí Bithicéideacha.
- (2) Is é aigéad L-(+)-lachtach substaint ghníomhach “Lactic acid based products - CID Lines NV”, ar substaint é a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 1, 2, 3 agus 4.
- (3) An 23 Meitheamh 2021, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnachta agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (“an Ghníomhaireacht”).
- (4) An 16 Nollaig 2021, chuir an Gníomhaireacht tuairim faoi bhráid an Choimisiúin ⁽²⁾, chomh maith leis an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh le haghaidh “Lactic acid based products - CID Lines NV” agus an tuarascáil mheasúnachta deiridh ar an bhfine táirgí bithicéideacha, i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (5) Is é conclúid na tuairime gur “fine táirgí bithicéideacha” atá in “Lactic acid based products - CID Lines NV” de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe d’údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.
- (6) An 11 Eanáir 2022, sheol an Gníomhaireacht an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicéidigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

⁽²⁾ ECHA *opinion of 29 November 2021 on the Union authorisation of ‘Lactic acid based products - CID Lines NV’* [Tuairim ó ECHA an 29 Samhain 2021 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh “Lactic acid based products - CID Lines NV”] (ECHA/BPC/299/2021), <https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation>.

- (7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh “Lactic acid based products - CID Lines NV” a dheonú.
- (8) Sa tuairim uaithi, molann an Gníomhaireacht gur cheart do shealbhóir an údaraithe tástáil cobhsaíochta i ndáil le stóráil fhadtéarmach a dhéanamh mar choinníoll le haghaidh an údaraithe. Aontaíonn an Coimisiún leis an moladh sin agus measann sé gur cheart torthaí na tástála sin a chur isteach mar choinníoll a bhaineann leis an bhfine táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Cé go mbeidh sonraí le soláthar tar éis dheonú an údaraithe, measann an Coimisiún nach ndéanann an méid sin difear don chonclúid maidir le comhlíonadh an choinníll faoi Airteagal 19(1), pointe (d), den Rialachán sin ar bhonn na sonraí atá ann cheana.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0027740-0000 do CID Lines NV maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha “Lactic acid based products - CID Lines NV” a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN 1***TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (EU-0027740-0000)**

Déanfaidh sealbhóir an údaraithe tástáil cobhsaíochta i ndáil le stóráil fhadtéarmach ag teocht na comhthimpeallachta ar “Lactic acid based products – CID Lines NV” i bpacáistíocht trádála ina gcuirfear na táirgí san fhine ar fáil ar an margadh. Ba cheart gach airí ábhartha a anailísiú roimh an stóráil agus ina diaidh.

Faoin 1 Márta 2023 cuirfidh sealbhóir an údaraithe torthaí na tástála faoi bhráid na Gníomhaireachta.

IARSCRÍBHINN II

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

Lactic acid based products - CID LINES NV

Cineál táirge 1 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

Cineál táirge 2 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Cineál táirge 3 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabhtáin)

Cineál táirge 4 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0027740-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0027740-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. Ainm an tacair

Ainm	Lactic acid based products - CID LINES NV
------	---

1.2. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin) PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) PT03 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabhtáin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
-----------------------------	--

1.3. Sealbhóir an údaraithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	CID LINES NV
	Seoladh	Waterpoortstraat 2, 8900 Ieper An Bheilg
Uimhir an údaraithe	EU-0027740-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0027740-0000	
Dáta an údaraithe	1 Meán Fómhair 2022	
Dáta éaga an údaraithe	31 Lúnasa 2032	

1.4. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

Ainm an déantóra	CID LINES NV
Seoladh an déantóra	Waterpoortstraat 2, 8900 Ieper An Bheilg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Waterpoortstraat 2, 8900 Ieper An Bheilg

1.5. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	L-(+)-lactic acid
Ainm an déantóra	Purac Biochem bv
Seoladh an déantóra	Arkelsedijk 46, 4206 Gorinchem An Ísiltír
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Arkelsedijk 46, 4206 Gorinchem An Ísiltír
Substaint ghníomhach	L-(+)-lactic acid
Ainm an déantóra	Jungbunzlauer S.A.
Seoladh an déantóra	Z.I. et Portuaire, B.P. 32, 67390 Marckolsheim An Fhrainc
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Z.I. et Portuaire, B.P. 32, 67390 Marckolsheim An Fhrainc

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacaí

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	2,0	70,0
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	0,0	12,0
Sulfáit eitir láirile sóidiam	Alcóil, C12-14, eatocsailithe, sulfáití, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	68891-38-3	500-234-8	0,0	8,4
Aigéid shulfónacha, tán-alcán-C14-17, salainn shóidiam	Aigéid shulfónacha, tán-alcán-C14-17, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	97489-15-1	307-055-2	0,0	2,25
Glúcóisíd ailcile C6	D-Glúcóisíd heicsile	Substaint neamhghníomhach	54549-24-5	259-217-6	0,0	2,4
Iseaprópánól	Própán-2-ól	Substaint neamhghníomhach	67-63-0	200-661-7	0,0	5,0
Aigéad meatánsulfónach	Aigéad meatánsulfónach	Substaint neamhghníomhach	75-75-2	200-898-6	0,0	19,5
Aigéad sulfarach	Aigéad sulfarach	Substaint neamhghníomhach	7664-93-9	231-639-5	0,0	10,5
Búitildíghliocól	2-(2-bútocsaíd) eatánól	Substaint neamhghníomhach	112-34-5	203-961-6	0,0	10,0

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe

Foirmlíú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile SL - Tiúchan intuaslachta WI - Ciarúir
--------------------------	---

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

Meta SPC 1

1. FAISNÉIS RIRACHÁIN META SPC 1

1.1. Aitheantóir Meta SPC 1

Aitheantóir	Meta SPC 1: Ready to use hygienic handwash (PT1)
-------------	--

1.2. Iarmhír na huimhreach údaráithe

Uimhir	1-1
--------	-----

1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
-----------------------------	--

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	3,6	3,6
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aílcile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	5,0	5,0
Iseaprópánól	Própán-2-ól	Substaint neamhghníomhach	67-63-0	200-661-7	4,0	4,0

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1

Foirmlíú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile
--------------------------	----------------------

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	Caith cosaint súile/aghaidhe. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar dochtúir.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 1

Úsáid # 1 – Díghalrán lámh sláinteach d'úsáid ghairmiúil

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	Ní bhaineann le hábhar
Spricorgánach (nó spricorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Eile: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Eile: Giosta Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon An tionscal bia agus beatha, Réimse poiblí agus Cistineacha: Díghalrán lámh sláinteach
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: - Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 10 mL de tháirge neamhchaolaithe (ceithre bhrú ó dhá lámh le chéile) Airí caolaithe: - Airí uainithe: Cuir 10 mL de tháirge neamhchaolaithe (ceithre bhrú ó dhá lámh le chéile) agus nigh do lámha ar feadh nóiméad ar a laghad de réir an nós imeachta níocháin láimhe a mholtar, sula ndéanann tú iad a shruthlú agus a thriomú.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	50 mL, 75 mL, 100 mL, 150 mL, 500 mL, 1L, 5L, 10L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 600 L, 1 000L, 1 100 L PEAD (Poileitilín Ard-dlúis)

4.1.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 1

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

/

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha ginearálta le haghaidh Meta SPC 1

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha ginearálta le haghaidh Meta SPC 1

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha ginearálta le haghaidh Meta SPC 1

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ⁽¹⁾ maidir le meta SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Fliuch do lámha le huisce glan, reatha ag teocht an tseomra

Múch an sonna

Cuir 10 mL de tháirge neamhchaolaithe agus cuimil do lámha ar feadh nóiméad ar a laghad de réir an nós imeachta níocháin láimhe a mholtar, sula ndéanann tú iad a shruthlú agus a thriomú.

D'úsáid ghairmiúil amháin

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

/

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh láithreach an craiceann le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain gach ball éadaigh éillithe agus nigh é sula n-athúsáidtear é. Lean ort ag ní an chraicinn le go leor uisce ar feadh 15 nóim. Cuir glooch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad. Cuir glooch láithreach ar 112/otharcharr faoi choinne cúnamh leighis.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine neamhchosanta in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glooch ar 112/otharcharr le haghaidh cúnamh liachta.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór an phacáil agus an t-ábhar a dhíothú mar dhramtháirge contúirteacha faoi fhreagracht iomlán shealbhóir an dramhtháirge seo. Ná caitear dramhaíl isteach i séaraigh agus i sruthchúrsaí. Déan iad a dhiúscairt ar bhealach sábháilte de réir na rialachán áitiúil/náisiúnta.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coimeád sa choimeádán bunaidh amháin in áit fhionnuar, dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta nuair nach bhfuil sé in úsáid.

Tá seilfré na dtáirgí 2 bhliain.

6. FAISNÉIS EILE

/

(¹) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1

7.1. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrath gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	Kenosan Hand Scrub		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027740-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	3,6
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	5,0
Iseaprópánól	Própán-2-ól	Substaint neamhghníomhach	67-63-0	200-661-7	4,0

Meta SPC 2

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 2

1.1. Aitheantóir Meta SPC 2

Aitheantóir	Meta SPC 2: Ready to use Algacide
-------------	-----------------------------------

1.2. Iarmhír na huimhreach údaraithe

Uimhir	1-2
--------	-----

1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin)
-----------------------------	--

2. COMHDHÉANAMH META SPC 2

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 2

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	2,0	2,0
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	0,6	0,9

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 2

Foirmlíú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile
--------------------------	----------------------

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 2

Ráitis ghuaise	Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	Má tá comhairle leighis de dhíth, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge in aice láimhe. Cinntigh nach féidir le leanaí lámh a leagan air. Léigh go cúramach agus lean na treoracha go léir. Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe. Caith cosaint súile/aghaidhe. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Má tharlaíonn greannú craicinn: Faigh comhairle leighis. Má mhaireann an greannú súl: Faigh comhairle leighis. Bain na héadaí éillithe go léir. Agus nigh roimh athúsáid.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 2

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 2

Úsáid # 1 – Algacíd réidh le húsáid d'úsáid ghairmiúil

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: eile: giosta Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: algaí glasa aoncheallacha agus algaí gormghlasa Gnáthainm: cianabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer Réimse poiblí: Ailgicíd réidh le húsáid, ar dhromchlaí crua/neamhphóiriúla gan glanadh roimh ré.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Trí scuabadh, trí spraeáil (brú íseal) nó trí dhoirteadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /

Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 100 mL/m ² Airí caolaithe: - Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne baictéir, giostaí agus algaí glasa aoncheallacha agus algaí gormghlasa (cyanobacteria): Le táirge neamhchaolaithe ag 20 - 25 °C In am teagmhála 3 uair an chloig 100 mL/m ² Níl sé ceaptha an táirge bithicéideach a bheith in úsáid ar dhromchlaí a théann i dteagmháil le bia agus le beatha.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	1 L, 5 L, 10 L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 600 L, 1 000 L, 1 100 L 1 kg, 5 kg, 10 kg, 20 kg, 25 kg, 30 kg, 60 kg, 200 kg, 220 kg, 600 kg, 1 000 kg, 1 100 kg PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis)

4.1.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

4.1.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

/

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

4.2. Tuairisc úsáide

Tábla 3

Úsáid # 2 – Algacíd réidh le húsáid, d'úsáid neamhghairmiúil

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	<p>Ainm eolaíoch: eile: baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: eile: giosta Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: algaí glasa aoncheallacha agus algaí gormghlasa Gnáthainm: Cianabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p>
Réimse (nó réimsí) úsáide	<p>Faoi dhíon Faoin aer Réimse poiblí: Ailgicíd réidh le húsáid, ar dhromchlaí crua/neamhphóiriúla gan glanadh roimh ré.</p>
Modh (nó modhanna) úsáide	<p>Airí modha: Trí scuabadh, trí spraeáil (brú íseal) nó trí dhoirteadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /</p>
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	<p>Airí úsáide: 100 mL/m² Airí caolaithe: - Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne baictéir, giostaí agus algaí glasa aoncheallacha agus algaí gormghlasa (cyanobacteria): Le táirge neamhchaolaithe ag 20 - 25 °C In am teagmhála 3 uair an chloig 100 mL/m² Níl sé ceaptha an táirge bithicéach a bheith in úsáid ar dhromchlaí a théann i dteagmháil le bia agus le beatha.</p>
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>1 L, 5 L, 10 L 1 kg, 5 kg, 10 kg PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis)</p>

4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

4.2.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

/

4.2.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

4.2.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistíú a dhiúscairt go sábháilte

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

4.2.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 2

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ^(?) maidir le meta SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

Cloígh leis na treoracha maidir le húsáid

Ní mór na dromchlaí atá le díghalrú a bheith fliuch go leor chun iad a choinneáil fliuch le linn na tréimhse teagmhála réamhshocraithe chun an díghalrúcháin optamach Cuirfear an abairt réamhchúraim seo a leanas ar lipéad an táirge: “Déan cinnte na dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán”.

Ní mór an t-am teagmhála riachtanach a urramú sula ndéanfar tuilleadh cóireálacha (mar shampla na dromchlaí a scuabadh).

Úsáid tuaslagán 100 mL/m²

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

/

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, má tá siad i láthair agus éasca le déanamh. Leanúint ar aghaidh ag sruthlú ar feadh cúig nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine neamhchosanta in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glaoch ar 112/otharcharr le haghaidh cúnamh liachta.

Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice lámhe

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór an phacáil agus an t-ábhar a dhíothú mar dhramtháirge contúirteacha faoi fhreagracht iomlán shealbhóir an dramhtháirge seo. Ná caitear dramhaíl isteach i séaraigh agus i sruthchúrsaí. Déan iad a dhiúscairt ar bhealach sábháilte de réir na rialachán áitiúil/náisiúnta.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coimeád sa choimeádán bunaidh amháin in áit fhionnuar, dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta nuair nach bhfuil sé in úsáid.

Tá seilfré na dtáirgí 2 bhliain.

Coimeád as aimsiú leanaí agus ainmhithe/peataí nach spriocainmhithe/spriocpheataí iad.

6. FAISNÉIS EILE

/

(?) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 2.

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 2

7.1. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	RTU Algaecide		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027740-0002 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	2,0
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	0,6

Meta SPC 3

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 3

1.1. Aitheantóir Meta SPC 3

Aitheantóir	Meta SPC 3: concentrated algaecide and hard surface disinfection in food industry
-------------	---

1.2. Iarmhír na huimhreach údaraithe

Uimhir	1-3
--------	-----

1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabháin)
-----------------------------	---

2. COMHDHÉANAMH META SPC 3

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 3

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	70,0	70,0
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	6,0	6,0

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 3

Foirmlíú (nó foirmlithe)	SL - Tiúchan intuaslachta
--------------------------	---------------------------

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 3

Ráitis ghuaise	Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	Ná hanálaigh gala. Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe. Caith lámhainní cosanta. Caith éadaí cosanta. Caith cosaint súile/aghaidhe. MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal.Ná SPREAG urlacan. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig): Bain na héadaí éillithe go léir láithreach.Sruthlaigh an craiceann le uisce. MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann anáil go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar dochtúir. Nigh éadaí éillithe roimh athúsáid. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig pointe bailithe dramhaíola guaisí nó speisialta de réir na rialachán áitiúil/náisiúnta. Diúscair coimeádán chuig pointe bailithe dramhaíola guaisí nó speisialta de réir na rialachán áitiúil/náisiúnta.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 3

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 4

Úsáid # 1 – ailgicíd thiubhaithe

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: algaí glasa aoncheallacha agus algaí gormghlasa Gnáthainm: Cianabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer An tionscal bia agus beatha; Réimse poiblí: Ailgicíd thiubhaithe, ar dhromchlaí cruu/neamhphóiriúla gan glanadh roimh ré.

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Trí spraeáil (brú íseal) nó trí dhoirteadh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 100 mL/m ² Airí caolaithe: 0,5 % Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne algaí glasa aoncheallacha agus algaí gormghlasa (cianabhaictéir): 100 mL/m ² Caolaigh an táirge go 0,5 % in uisce, chun tiúchan in úsáid de 0,35 % aigéad lachtaigh a bhaint amach. Ag 20-25 °C In am teagmhála 3 uair an chloig
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	1 L, 5 L, 10 L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 600 L, 1 000 L, 1 100 L 1 kg, 5 kg, 10 kg, 20 kg, 25 kg, 30 kg, 60 kg, 200 kg, 220 kg, 600 kg, 1 000 kg, 1 100 kg PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis)

4.1.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.1.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.1.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.1.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.1.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.2. Tuairisc úsáide

Tábla 5

Úsáid # 2 – Díghalrú dromchlaí cruu/neamh-scagach i dtionscal an bhia (mar shampla meaisíní próiseála)

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: gan aon sonraí Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: gan aon sonraí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon sa tionscal Bia/beatha: Dromchlaí crua/neamh-scagach a dhíghalrú (mar shampla meaisíní próiseála) gan glanadh roimh ré
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil nó sáithiú Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Spraeáil Sáithiú (tá sé beartaithe gan an dabhach a úsáid ach uair amháin)
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 100 mL/m ² Airí caolaithe: 4 % Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne baictéar agus giostaí ag +40 °C: Caolaigh an táirge go 4 % in uisce, chun tiúchan in úsáid de 2,8 % aigéad lachtaigh a bhaint amach. I gcúig soicind am teagmhála 100 mL/m ²
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	1 L, 5 L, 10 L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 600 L, 1 000 L, 1 100 L 1 kg, 5 kg, 10 kg, 20 kg, 25 kg, 30 kg, 60 kg, 200 kg, 220 kg, 600 kg, 1 000 kg, 1 100 kg PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis)

4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.2.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.2.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúlacha, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.2.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

4.2.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 3

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ^(³) MAIDIR LE META SPC 3

5.1. Treoracha úsáide

Timthriall díghalraithe:

— Ní mór táirgí a chaolú in uisce inólta roimh úsáid.

— Sruthlú deiridh (le huisce inólta): más gá.

Ní mór na dromchlaí atá le díghalrú a bheith fliuch go leor chun iad a choinneáil fliuch le linn na tréimhse teagmhála réamhshocraithe chun an díghalrú is fearr a bhaint amach. Cuirfear an abairt réamhchúraim seo a leanas ar lipéad an táirge: "Déan cinnte na dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán".

5.2. Bearta maolaithe riosca

Teastaíonn lámhainní agus gloiní cosanta le linn na táirgí tiubhaithe a mheascadh agus a luchtú.

Caith foréadaí cosanta (le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis faoin táirge).

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer an duine agus coimeád socair é, i riocht ina bhféadfaidh sé anáil a tharraingt go réidh. I gcás siomptóm: Cuir glooch ar 112/otharcharr le haghaidh cúnamh liachta. I gcás nach bhfuil aon siomptóim ann: Cuir glooch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh láithreach an craiceann le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain gach ball éadaigh éillithe agus nigh é sula n-athúsáidtear é. Lean ort ag ní an chraicinn le go leor uisce ar feadh 15 nóim. Cuir glooch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad. Cuir glooch láithreach ar 112/otharcharr faoi choinne cúnamh leighis.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine neamhchosanta in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glooch ar 112/otharcharr le haghaidh cúnamh liachta.

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ní mór an phacáil agus an t-ábhar a dhíothú mar dhramtháirge contúirteacha faoi fhreagracht iomlán shealbhóir an dramhtháirge seo. Ná caitear dramhaíl isteach i séaraigh agus i sruthchúrsaí. Déan iad a dhiúscairt ar bhealach sábháilte de réir na rialachán áitiúil/náisiúnta.

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Coimeád sa choimeádán bunaidh amháin in áit fhionnuar, dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta nuair nach bhfuil sé in úsáid.

Tá seilfré na dtáirgí 2 bhliain.

6. FAISNÉIS EILE

/

^(³) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 3.

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 3

7.1. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaráithe agus comhdhéanamh sonracha gach táirge aonair

Trádainm (nó trádainmneacha)	Concentrated Algaecide		Réimse margaidh: EU		
	Kenosan Lactic CONC		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaráithe	EU-0027740-0003 1-3				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	70,0
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	6,0

Meta SPC 4

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 4

1.1. Aitheantóir Meta SPC 4

Aitheantóir	Meta SPC 4: Concentrated surface disinfectants for sanitary hygiene and kitchens (PT2-PT4)
-------------	--

1.2. Iarmhír na huimhreach údaráithe

Uimhir	1-4
--------	-----

1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabháin)
-----------------------------	---

2. COMHDHÉANAMH META SPC 4

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 4

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
L-(+)-lactic acid		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	16,0	16,0
Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	5,0	5,0

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 4

Foirmlíú (nó foirmlithe)	SL - Tiúchan intuaslachta
--------------------------	---------------------------

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 4

Ráitis ghuaise	Ina chúis le greannú craicinn. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. Tá ola eocalaípe chruinníneach (CAS-No. 8000-48-4) ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.
Ráitis réamhchúraim	Má tá comhairle leighis de dhíth, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge in aice láimhe. Cinntigh nach féidir le leanaí lámh a leagan air. Léigh go cúramach agus lean na treoracha go léir. Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe. Caith lámhainní cosanta. Caith cosaint súile/aghaidhe. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN: Nigh le neart uisce. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaigh láithreach ar dochtúir. Má tharlaíonn greannú craicinn: Faigh comhairle leighis. Bain na héadaí éillithe go léir. Agus nigh roimh athúsáid.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 4

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 6

Úsáid # 1 – Díghalrú dromchla crua le haghaidh sláinteachas sláintíochta, seachas i gcúram sláinte, d'úsáid ghairmiúil (PT2)

An cineál táirge	PT02 - Dífhachtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhachtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: eile: giosta Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Réimse poiblí (CHAN i gCÚRAM SLÁINTE) Díghalrú dromchlaí crua/neamhphóiriúla (le haghaidh sláinteachais sláintíochta) trí spraeáil gan glanadh roimh ré

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Trí spraeáil (le cuimilt más gá, tar éis dheireadh na tréimhse teagmhála réamhshocráithe amháin) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 250 mL/m ² táirge caolaithe Airí caolaithe: 20 % Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne baictéir agus giostaí ag teocht an tseomra Caolaigh an táirge 20 % in uisce, chun tiúchan in úsáid de 3,2 % aigéad lachtaigh a bhaint amach. I 15 nóiméad am teagmhála 250 mL/m ² táirge caolaithe
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	1 L, 5 L, 10 L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 600 L, 1 000 L, 1 100 L 1 kg, 5 kg, 10 kg, 20 kg, 25 kg, 30 kg, 60 kg, 200 kg, 220 kg, 600 kg, 1 000 kg, 1 100 kg PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Cloígh leis na treoracha maidir le húsáid

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Teastaíonn lámhainní agus gloiní cosanta le linn na táirgí a láimhseáil

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 7

Úsáid # 2 – Díghalrú dromchla crua le haghaidh sláinteachais i gcistineacha, d'úsáid ghairmiúil (PT4)

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: eile: giosta Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon i láithreacha le haghaidh bia/beatha: Díghalrú dromchlaí crua/neamhphóiriúla (le haghaidh sláinteachais ghinearálta) trí spraeáil gan glanadh roimh ré
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Trí spraeáil (le cuimilt más gá, tar éis dheireadh na tréimhse teagmhála réamhshocráithe amháin) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 100 mL/m ² Airí caolaithe: 20 % Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne baictéir agus giostaí ag teocht an tseomra Caolaigh an táirge 20 % in uisce, chun tiúchan in úsáid de 3,2 % aigéad lachtaigh a bhaint amach. I 15 nóiméad am teagmhála 100 mL/m ²
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	1 L, 5 L, 10 L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 600 L, 1 000 L, 1 100 L 1 kg, 5 kg, 10 kg, 20 kg, 25 kg, 30 kg, 60 kg, 200 kg, 220 kg, 600 kg, 1 000 kg, 1 100 kg PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis)

4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Cloígh leis na treoracha maidir le húsáid

4.2.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Teastaíonn lámhainní agus gloiní cosanta le linn na táirgí a láimhseáil.

4.2.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.2.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.2.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.3. Tuairisc úsáide

Tábla 8

Úsáid # 3 – Díghalrú babhlaí leithris, d'úsáid ghairmiúil (PT2)

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar
Spríocorgánach (nó spríocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: eile: giosta Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Réimse poiblí Díghalrú dromchlaí istigh cruu/neamhphóiriúla leithreas, gan glanadh roimh ré
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Trí dhoirteadh (le scuabadh - tar éis dheireadh na tréimhse teagmhála réamhshocráithe amháin) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 250 mL/m ² Airí caolaithe: - Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne baictéir agus giostaí ag teocht an tseomra: Leis an táirge neamhchaolaithe (le 16 % d'Aigéad lachtach) I gcúig nóiméad am teagmhála
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	500 mL, 700 mL, 750 mL, 1L, 1.5 L, 2 L PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis) Toilet Duck

4.3.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Cloígh leis na treoracha maidir le húsáid

4.3.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Teastaíonn lámhainní agus gloiní cosanta le linn na táirgí a láimhseáil.

4.3.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.3.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.3.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4

4.4. Tuairisc úsáide

Tábla 9

Úsáid # 4 – Díghalrú babhlaí leithris, d'úsáid neamhghairmiúil (PT2)

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Ní bhaineann le hábhar
Spríocorgánach (nó spríocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: eile: baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: eile: giosta Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Réimse poiblí Díghalrú dromchlaí istigh cruacha/neamhphóiriúla leithreas, gan glanadh roimh ré
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Trí dhoirteadh (le scuabadh - tar éis dheireadh na tréimhse teagmhála réamhshocraithe amháin) Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 250 mL/m ² Airí caolaithe: - Airí uainithe: Gníomhach i gcoinne baictéir agus giostaí ag teocht an tseomra: Leis an táirge neamhchaolaithe (le 16 % d'Aigéad luchtach) I gcúig nóiméad am teagmhála
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	500 mL, 700 mL, 750 mL, 1L, 1.5 L, 2 L PEAD (Poileitiléin Ard-dlúis) Toilet Duck

4.4.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Cloígh leis na treoracha maidir le húsáid

4.4.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Seachain teagmháil leis na súile

Teastaíonn dúntóir atá sábháilte do pháistí

Ní mór gob doirte a bheith ar an táirge, ní mór an táirge a dhoirteadh go réidh ar bhalla an bhabhla leithris chun nach ndéanfar steallóga.

Nigh na lámha tar éis é a úsáid

4.4.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte féach treoracha ginearálta le húsáid le haghaidh Meta SPC 4*

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*
Coimeád as aimsiú leanaí agus ainmhithe/peataí nach spriocainmhithe/spriocpheataí iad.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE (*) MAIDIR LE META SPC 4**

5.1. **Treoracha úsáide**

Ní mór na dromchlaí atá le díghalrú a bheith fliuch go leor le go bhféadfar iad a choinneáil fliuch le linn an ama teagmhála réamhdhéanta le haghaidh díghalrúcháin optamach. Cuirfear an abairt réamhchúraim seo a leanas ar lipéad an táirge: "Déan cinnte na dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán".

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

/

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh láithreach an craiceann le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain gach ball éadaigh éillithe agus nigh é sula n-athúsáidtear é. Lean ort ag ní an chraicinn le go leor uisce ar feadh 15 nóim. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad. Cuir glaoch láithreach ar 112/otharcharr faoi choinne cúnamh leighis.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine neamhchosanta in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glaoch ar 112/otharcharr le haghaidh cúnamh liachta

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

Sulfáit láirile sóidiam	Aigéad sulfarach, mona-istir-C12-14-aile, salainn shóidiam	Substaint neamhghníomhach	85586-07-8	287-809-4	2,0
Iseaprópánól	Própán-2-ól	Substaint neamhghníomhach	67-63-0	200-661-7	4,0
Búitildíghliocól	2-(2-bútocsaíd) eatánól	Substaint neamhghníomhach	112-34-5	203-961-6	10,0

RIALACHÁN (AE) 2022/1392 ÓN gCOIMISIÚN**an 11 Lúnasa 2022****lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 12****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún ⁽²⁾, glacadh caighdeán agus léirmhíniúcháin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe a bhí ann cheana an 15 Deireadh Fómhair 2008.
- (2) An 7 Bealtaine 2021, d'fhoilsigh an Bord um Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta leasuithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IAS) 12 *Cánacha Ioncaim*. Leis na leasuithe sin tugtar soiléiriú ar an dóigh a dtabharfaidh cuideachtaí cuntas ar chánacha iarchurtha ar idirbhearta amhail léasanna agus oibleagáidí um dhíchoimisiúnú agus is é is aidhm dóibh an éagsúlacht a laghdú i dtuairisciú sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais ar léasanna agus oibleagáidí um dhíchoimisiúnú.
- (3) Mar iarmhairt ar na leasuithe ar IAS 12 *Cánacha Ioncaim*, leasaíodh Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais* freisin chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na caighdeán sin.
- (4) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann na leasuithe ar IAS 12 *Cánacha Ioncaim* na critéir maidir le glacadh a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a leasú dá réir sin.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IAS) 12 *Cánacha Ioncaim* mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (2) Leasaítear Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais* i gcomhréir leis na leasuithe ar IAS 12 *Cánacha Ioncaim* mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Cuirfidh gach cuideachta na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm amhail ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2023, nó dá éis, ar a dhéanaí.

⁽¹⁾ IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeán áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cáin iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dlíteanais ag eascairt as Idirbheart Aonair

Leasuithe ar IAS 12

Leasuithe ar IAS 12 *Cánacha Ioncaim*

Leasaítear míreanna 15, 22 agus 24. Cuirtear míreanna 22 A agus 98J–98L isteach.

Dlíteanais cánach iarchurtha agus sócmhainní cánach iarchurtha a aithint

Difríochtaí sealadacha inchánach

15. **Déanfar dlíteanas cánach iarchurtha a aithint i ndáil le gach easaontas sealadach inchánach, ach amháin a mhéid a thagann an dlíteanas cánach iarchurtha as na nithe seo a leanas:**

- (a) **aitheantas tosaigh cáilmheasa; nó**
- (b) **aitheantas tosaigh sócmhainne nó dlíteanais in idirbheart i gcás:**
 - (i) **nach comhcheangal gnó an t-idirbheart sin;**
 - (ii) **tráth an idirbhirt, nach ndéanann sé difear do bhrabús cuntasáíochta ná do bhrabús inchánach (caillteanas cánach); agus**
 - (iii) **nach dtagann, tráth an idirbhirt, difríochtaí sealadacha inchánach agus inasbhainte astu.**

...

Aitheantas tosaigh sócmhainne nó dlíteanais

22. D'fhéadfadh difríocht shealadach teacht chun cinn ar aithint tosaigh sócmhainne nó dlíteanais, mar shampla mura mbeidh cuid de chostas sócmhainne nó costas iomlán sócmhainne inasbhainte chun críocha cánach. Braitheann an modh cuntasáíochta le haghaidh difríocht shealadach den sórt sin ar chineál an idirbhirt as ar tháinig aitheantas tosaigh na sócmhainne nó an dlíteanais:

- (a) i gcomhcheangal gnó, aithníonn eintiteas aon dlíteanas nó sócmhainn cánach iarchurtha agus déanann sé sin difear do mhéid an cháilmheasa nó an ghnóthachain a aithníonn sé tráth an cheannaigh (féach mír 19);
- (b) má dhéanann an t-idirbheart difear do bhrabús cuntasáíochta nó do bhrabús inchánach, nó más é is cúis le difríochtaí sealadacha inchánach comhionanna, aithníonn eintiteas aon dlíteanas cánach iarchurtha nó aon sócmhainn chánach iarchurtha agus aithníonn sé an caiteachas cánach iarchurtha nó an t-ioncam i mbrabús nó i gcaillteanas dá bharr (féach mír 59);
- (c) más rud é nach comhcheangal gnó an t-idirbheart, nach ndéanann an t-idirbheart difear do bhrabús cuntasáíochta ná do bhrabús inchánach agus nach eascraíonn difríochtaí sealadacha inasbhainte as, d'uireasa na díolúine dá bhforáiltear le míreanna 15 agus 24, d'aithneodh eintiteas an dlíteanas cánach iarchurtha nó an tsócmhainn a thagann as a aithint agus dhéanadh sé suim ghlanluacha na sócmhainne nó an dlíteanais a choigeartú den mhéid céanna. D'fhágfadh coigeartuithe den sórt sin nach mbeadh na ráitis airgeadais chomh trédhearcach céanna. Dá bhrí sin, ní cheadaíonn an Caighdeán seo d'eintiteas an dlíteanas cánach iarchurtha nó an tsócmhainn cánach iarchurtha a aithint, ar aitheantas tosaigh nó ina dhiaidh sin (féach an sampla thíos). Ina theannta sin, ní aithníonn eintiteas athruithe iardain ar an dlíteanas cánach iarchurtha nó ar an tsócmhainn cánach iarchurtha mar go bhfuil an tsócmhainn díluacháilte.

...

22 A D'fhéadfadh sé go mbeadh aitheantas tosaigh sócmhainne agus dlíteanais ann mar thoradh ar idirbheart nach comhcheangal gnó é agus, tráth an idirbhirt, ní dhéanfaidh sé difear do bhrabús cuntasáíochta ná ar bhrabús inchánach. Mar shampla, ar dháta tosaithe léasa, go hiondúil aithníonn léasaí dlíteanas léasa agus an tsuim chomhfhreagrach mar chuid de chostas sócmhainne éasúinte. Ag brath ar an dlí cánach is infheidhme, d'fhéadfadh difríochtaí sealadacha comhionanna inchánach agus inasbhainte teacht chun cinn ar aithint tosaigh na sócmhainne agus an dlíteanais in idirbheart den sórt sin. Níl feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear i míreanna 15 agus 24 maidir le difríochtaí sealadacha den sórt sin agus aithníonn eintiteas aon dlíteanas cánach iarchurtha agus sócmhainn a eascraíonn astu.

...

Difríochtaí sealadacha inasbhainte

24. **Aithneofar sócmhainn chánach iarchurtha i gcás na ndifríochtaí sealadacha inasbhainte go léir a mhéid gur dócha go mbeidh brabús inchánach ar fáil ar féidir an difríocht shealadach inasbhainte a úsáid ina n-aghaidh, mura rud é go n-eascaíonn an tsócmhainn chánach iarchurtha as aitheantas tosaigh a thabhairt ar shócmhainn nó dliteanas in idirbheart i gcás:**
- (a) nachcomhcheangal gnó an t-idirbheart sin;
 - (b) tráth an idirbhirt, nach ndéanann sé difear do bhrabús cuntasáíochta ná do bhrabús inchánach (caillteanas cánach); agus
 - (c) nach dtagann, tráth an idirbhirt, difríochtaí sealadacha inchánach agus inasbhainte astu.

...

AN DÁTA ÉIFEACTHACH

...

- 98J *Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dlíteanas a eascraíonn as Idirbheart Aonair*, arna heisiúint i mBealtaine 2021, leasaíodh míreanna 15, 22 agus 24 agus cuireadh isteach mír 22A. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm i gcomhréir le míreanna 98K go 98L le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.
- 98K Cuirfidh eintiteas *Cáin Iarchurtha i bhfeidhm a bhaineann le Sócmhainní agus Dlíteanas a eascraíonn as Idirbheart Aonair* maidir le hidirbhearta a tharlaíonn ag tús na tréimhse comparáidí is luaithe a chuirtear i láthair nó ina dhiaidh.
- 98L Eintiteas a chuireann *Cáin Iarchurtha i bhfeidhm maidir le Sócmhainní agus Dlíteanas a eascraíonn as Idirbheart Aonair*, déanfaidh sé freisin, ag tús na tréimhse comparáideacha is luaithe a chuirfead i láthair, an méid seo a leanas:
- (a) sócmhainn chánach iarchurtha a aithint—a mhéid is dóigh go mbeidh brabús inchánach ar fáil a bhféadfar an difríocht shealadach inasbhainte a úsáid ina n-aghaidh—agus dliteanas cánach iarchurtha i leith na ndifríochtaí sealadacha inasbhainte go léir a bhaineann le:
 - (i) sócmhainní éasúinte agus dlíteanas léasa; agus
 - (ii) díchoimisiúnú, atchóiriú agus dlíteanas chomhchosúla agus na méideanna comhfhreagracha a aithnítear mar chuid de chostas na sócmhainne a bhaineann leis; agus
 - (b) aitheantas a thabhairt don éifeacht charnach a bheadh ag na leasuithe a chur chun feidhme i dtosach báire mar choigeartú ar an gcomhardú tosaigh den tuilleamh coimeáda (nó ar chomhchuid eile de chothromas, de réir mar is cuí) ar an dáta sin.

Leasuithe ar IFRS 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*

Cuirtear mír 39AH isteach. I bhFoscábhinn B, leasaítear mír B1 agus cuirtear mír B14 agus a ceannteideal léi.

AN DÁTA ÉIFEACTHACH

...

- 39 AH Le *Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dlíteanas a eascraíonn as Idirbheart Aonair*, a eisíodh i mí Bealtaine 2021, leasaíodh mír B1 agus cuireadh isteach mír B14. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.

...

Foscúibhinn B

Eisceachtaí ar chur i bhfeidhm cúlghabhálach IFRSanna eile

Is dlúthchuid den IFRS é an t-*aguisín seo*.

B1 Cuirfidh eintiteas na heisceachtaí seo a leanas i bhfeidhm:

...

(g) iasachtaí rialtais (míreanna B 10–B 12);

(h) conarthaí árachais (mír B 13); agus

(i) cáin iarchurtha a bhaineann le léasanna agus díchoimisiúnú, athchóiriú agus dliteanas chomhchosúla (mír B14).

...

CÁIN IARCHURTHA A BHAINNEANN LE LÉASANNA AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ, ATHCHÓIRIÚ AGUS DLITEANAS CHOMHCHOSÚLA

B14 Le Míreanna 15 agus 24 de IAS 12 *Cánacha Ioncaim* díolmhaítear eintiteas ó sócmhainn nó ó dhliteanas cánach iarchurtha a aithint in imthosca ar leith. D'ainneoin na díolúine sin, ar dháta an aistrithe chuig IFRSanna, aithneoidh glacadóir céaduaire sócmhainn chánach iarchurtha – a mhéid is dócha go mbeidh brabús inchánach ar fáil ar féidir an difríocht shealadach asbhainte a úsáid ina aghaidh – agus dliteanas cánach iarchurtha le haghaidh na ndifríochtaí sealadacha inasbhainte agus inchánach go léir a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) sócmhainní éasúinte agus dliteanas léasa; agus

(b) díchoimisiúnú, athchóiriú agus dliteanas chomhchosúla agus na méideanna comhfhreagracha a aithnítear mar chuid de chostas na sócmhainne a bhaineann leis.

RIALACHÁN (AE) 2022/1393 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Lúnasa 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 maidir le huasleibhéil dheilte-9-teitrihidreacannaibionóil (Δ^9 -THC) i síolta cnáibe agus i dtáirgí a dhíorthaítear astu

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún ⁽²⁾ socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia.
- (2) In 2015, ghlac Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) maidir le héilleáin sa Bhiashlabhra tuairim eolaíoch i ndáil leis na rioscaí do shláinte an duine a bhaineann le teitrihidreacannaibionól (THC) a bheith i mbainne agus i mbia eile de bhunadh ainmhíoch ⁽³⁾. Is é THC, nó níos cruinne, Δ^9 -THC, ar an gcomhábhar is ábhartha den phlanda cnáibe *Cannabis sativa*. Shocraigh an tÚdarás an ghéardháileog thagartha (ARfD) arb é atá inti 1 μg Δ^9 -THC/kg de mheáchan coirp (bw).
- (3) Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le láithreach Δ^9 -THC agus réamhtheachtaithe neamh-shícighníomhacha ábhartha eile i mbianna a dhíorthaítear ó chnáib agus i mbianna ina bhfuil cnáib nó comhábhair a dhíorthaítear ó chnáib, glacadh Moladh (AE) 2016/2115 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (4) An 7 Eanáir 2020, d’fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil eolaíoch ina ndearnadh measúnú ar ghéarnochtadh an duine do Δ^9 -THC ⁽⁵⁾, agus na sonraí tarluithe a gineadh trí Mholadh (AE) 2016/2115 á gcur san áireamh. I meastacháin áirithe ghéarnochta, sáraíodh an ARfD 1 $\mu\text{g}/\text{kg}$ bw. Maidir leis na meastacháin nochta, cé go bhfuiltear ag súil go ndéanfaí rómheastachán ar mheastacháin ghéarnochta Δ^9 -THC san Aontas, is ábhar inní féideartha don tsláinte é an nochthead do Δ^9 -THC atá ann faoi láthair.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart uasleibhéil a shocrú maidir le síolta cnáibe agus le táirgí a dhíorthaítear de shíl chnáibe chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú. Ós rud é gur féidir (Δ^9 -THC) a dhéanamh d’aigéad deilte-9-teitrihidreacannaibionólach (Δ^9 -THCA) trí phróiseáil, ba cheart uasleibhéil a shocrú do shuim Δ^9 -THC agus Δ^9 -THCA arna shloinneadh mar choibhéis Δ^9 -THC.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a leasú dá réir sin.
- (7) Chun é a chur ar a gcumas d’oibreoirí eacnamaíocha ullmhú do na rialacha nua arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach go dtí go mbeidh na huasleibhéil i bhfeidhm. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh earraí bia a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

⁽³⁾ European Food Safety Authority (EFSA) Journal [Iris an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA)] 2015;13(6):4141

⁽⁴⁾ Moladh (AE) 2016/2115 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2016 maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreach Δ^9 -teitrihidreacannaibionóil, a réamhtheachtaithe agus cannaibionóidigh eile i mbia (IO L 327, 2.12.2016, lch. 103).

⁽⁵⁾ EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Arcella D, Cascio C agus Mackay K, 2020. Measúnú ar ghéarnochtadh an duine do teitrihidreacannaibionól (Δ^9 -THC). EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(1):5953, lch. 41 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5953>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Earraí bia a liostaítear san Iarscríbhinn a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh an 1 Eanáir 2023, féadfaidh siad fanacht ar an margadh go dtí an dáta íosmharthanachta nó an dáta deiridh úsáide.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I Roinn 8 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006, cuirtear isteach an iontráil 8.6 seo a leanas:

"Earraí bia ⁽¹⁾		Uasleibhéal (mg/kg)
8.6.	Coibhéisí deilte-9-teitrihidreacannaibionóil (Δ^9-THC) (*)	
8.6.1.	Síolta cnáibe	3,0
8.6.2.	Síolta cnáibe meilte, síol cnáibe díshailte (go páirteach) agus táirgí eile díorthaithe/próiseáilte ó shíolta cnáibe (**) cé is moite de tháirgí dá dtagraítear in 8.6.3.	3,0
8.6.3.	Ola síolta cnáibe	7,5

(*) tagraíonn an t-uasleibhéal do shuim deilte-9-teitrihidreacannaibionóil (Δ^9 -THC) agus aigéad deilte-9-teitrihidreacannaibionóil (Δ^9 -THCA) arna shloinneadh mar Δ^9 -THC. Cuirtear fachtóir 0.877 le leibhéal an Δ^9 -THCA agus tagraíonn an t-uasleibhéal do shuim Δ^9 -THC + 0.877 x Δ^9 -THCA (i gcás cinntiúchán leithleach agus cainníochtú Δ^9 -THC agus Δ^9 -THCA).

(**) tagann táirgí díorthaithe/próiseáilte ó shíolta cnáibe as síolta cnáibe amháin."

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1394 ÓN gCOIMISIÚN
an 11 Lúnasa 2022

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí sileacain arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré agus ón Téaváin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré nó na Téaváine iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (“an bun-Rialachán”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Na bearta atá i bhfeidhm

- (1) Is éard atá sna bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/1077 ón gCoimisiún ⁽²⁾ tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) agus páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ⁽³⁾ (“an t-imscrúdú athbhreithniúcháin roimhe seo”). Is is bhfoirm dleachtanna idir 16,3 % agus 16,8 % de luach na n-earraí allmhairithe atá na bearta.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 42/2007 ón gComhairle ⁽⁴⁾, leathnaíodh na bearta chun allmhairí arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré iad nó ná bíodh.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 311/2013 ón gComhairle ⁽⁵⁾, leathnaíodh na bearta ina dhiaidh sin chun allmhairí arna gcur chun bealaigh ón Téaváin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téaváine iad nó ná bíodh.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

- (4) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ⁽⁶⁾, fuair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ IO L 179, 5.7.2016, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 343, 22.12.2009, lch. 51.

⁽⁴⁾ IO L 13, 19.1.2007, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 95, 5.4.2013, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO C 331, 7.10.2020, lch. 13

- (5) Ba é Euroalliances, (“an t-iarratasóir”) a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 30 Márta 2021, ar comhlachas é a ionadaíonn na trí thairgeoir de chuid an Aontais, agus a ionadaíonn, dá bhrí sin, breis agus 25 % de tháirgeacht iomlán sileacain san Aontais, de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfaí den dumpáil agus go leanfaí den díobháil do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

- (6) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d’fhianaise leordhóthanach chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 2 Iúil 2021 maidir le hallmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an tSín” nó “an tír lena mbaineann”) isteach san Aontas, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D’fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (7) (“an Fógra Tionscnaimh”).

1.4. Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (7) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 (“tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe” nó “RIP”). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin (“an tréimhse faoi bhreathnú”).

1.5. Páirtithe leasmhara

- (8) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Sa bhreis air sin, chuir an Coimisiún in iúl do na trí thairgeoir de chuid an Aontais a bhfuil 100 % de thionscal an Aontais acu, do na thairgeoirí aitheanta sa tSín agus d’údaráis na tíre lena mbaineann, do na hallmhairí agus úsáideoirí aitheanta mar aon le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus d’iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.
- (9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.6. Barúlacha maidir le tionscnamh

- (10) Fuarthas barúlacha ó EUSMET maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga.
- (11) Mhaígh EUSMET nár chomhlíon staid na hiarrata neamhrúnda ar athbhreithniú ceanglais Airteagal 19(1) agus 19(2) den bhun-Rialachán.
- (12) Diúltaíodh don argóint sin. Tar éis na barúlacha ábhartha ó EUSMET, sholáthair an t-iarratasóir faisnéis bhreise chun an tuiscint ar an fíoras a cuireadh i láthair san iarraidh a éascú. Áiríodh an fhaisnéis bhreise sin sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara, agus ar an gcaoi sin is féidir le EUSMET tuiscint réasúnta a fháil ar an bhfaisnéis rúnda i gcomhréir le hAirteagal 19(2) den bhun-Rialachán.
- (13) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise a soláthraíodh sa leagan neamhrúnda den iarraidh mionsonraithe go leor chun gur féidir leis na páirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú i rith na n-imeachtaí.
- (14) Ina mbarúlacha maidir le tionscnamh, d’iarr EUSMET go nochtadh an Coimisiún faisnéis ag céim an nochtadh maidir le cainníochtaí na dtosca táirgeachta a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh; agus ba cheart don Choimisiún an tuarascáil maidir le AlloyConsult dá dtagraítear san iarraidh ar athbhreithniú a nochtadh freisin.
- (15) D’athdhearbhaigh EUSMET an dá iarraidh sin ina gcuid barúlacha tar éis an nochtadh. Mar a leagtar amach in aithrisí (178) go (181) agus aithris (191), diúltaíodh don dá mhaíomh.

(7) IO C 258, 2.7.2021, lch. 8

1.6.1. *Barúlacha maidir le saincheisteanna substainte*

- (16) Mhaígh EUSMET nár leor an fhianaise a bhí san iarraidh ar athbhreithniú chun athbhreithniú éaga a thionscnamh agus go raibh líomhaintí míchearta ann maidir le dumpáil, leanúint den dumpáil, díobháil, agus leanúint den díobháil. Thacaigh EUSMET lena líomhaintí leis na hargóintí seo a leanas.
- (17) Ar an gcéad dul síos, líomhain EUSMET go raibh bearta sé mhí idir deireadh na tréimhse a úsáideadh chun na sonraí a chur i láthair agus an tráth a cuireadh an iarraidh ar athbhreithniú isteach.
- (18) Maidir leis an argóint sin, chuir an Coimisiún in iúl gur gnáthrud é go bhfuil bearna ann, a mbíonn roinnt míonna i gceist léi de ghnáth, idir an t-am go dtí go mbíonn na sonraí ó fhoinsí éagsúla ar fáil agus an t-am a bhíonn ag teastáil chun iad a chur i dtoll a chéile san iarraidh ar an taobh amháin, agus an t-am a chuirtear an iarraidh isteach ar an taobh eile. Sa chás seo, glactar leis go bhfuil difríocht 6 mhí i gcomhréir leis an treoir sheanbhunaithe a chuireann an Coimisiún ar fáil do na gearánaigh.
- (19) Ar an dara dul síos, mhaígh EUSMET gur chuir an t-iartrasóir na hallmhairí a rinneadh faoin bpróiseáil isteach ón tSín as an áireamh sna ríomhanna dumpála agus díobhála.
- (20) Roimh an tionscnaimh, rinne an Coimisiún anailís ar allmhairí a raibh próiseáil isteach orthu agus ar allmhairí gan phróiseáil isteach, agus sa dá chás rinne sé na coigeartuithe ba ghá chun an gnáthluach agus na praghsanna onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid le chéile. Luaigh an Coimisiún go suitear go bhfuil dumpáil shuntasach ann mar thoradh ar an modheolaíocht a d'úsáid an t-iartrasóir chomh maith leis an an modheolaíocht inar áiríodh an phróiseáil isteach. Dá bhrí sin, ní féidir go bhfuil tionscnamh an athbhreithnithe éaga seo neamhdhleathach mar gheall ar an modheolaíocht a roghnaigh an t-iartrasóir. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don argóint.
- (21) Ar an tríú dul síos, mhaígh EUSMET nach raibh úsáid Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ná roghnú tíre ionadaíche comhsheasmhach le EDT toisc nach bhfuil saobhadh ar fud na tíre i gcomhréir le coincheap na dumpála a bhaineann le cuideachtaí ar leith. Thairis sin, d'áitigh EUSMET nach bhfuil saobhadh ar chostais ionchuir intíre ar cheann de na fachtóirí a cheadaíonn ríomh an ghnáthluacha faoi Airteagal 2.2 den Chomhaontú Frithdhumpála de chuid EDT ("ADA"). Ina theannta sin, trí oibleagáid a fhorchur gan ach costais ionchuir neamhsaofa a léiríonn costais/praghsanna ó "fhoinsí" nach bhfuil faoi tionchar ag aon saobhadh a úsáid, chuireann Airteagal 2(6a) cosc ar ríomh an chostais táirgthe le haghaidh onnmhairéora nó táirgeora bunaithe ar a thaifead, fiú má tá siad comhsheasmhach le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta (GAAP) agus má léiríonn siad na costais ionchuir taifeadta. Ar deireadh, mhaígh EUSMET nár sholáthair an t-iartrasóir fianaise leordhóthanach lena léiriú gurbh ann do shaobhadh suntasach in earnáil an mhiotail sileacain.
- (22) Níorbh fhéidir glacadh le hargóintí EUSMET maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Maidir leis an argóint nár cheart measúnú a dhéanamh ar shaobhadh suntasach ar bhonn na tíre ar fad ach le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin ar leith, mheabhraíonn an Coimisiún gur ón uair a chinntear nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tír is onnmhairéoir a úsáid de bharr saobhadh suntasach a bheith ann sa tír is onnmhairéoir de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, féadfar úsáid a bhaint as praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa i dtír ionadaíoch iomchuí chun an gnáthluach a ríomh le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Sa chomhthéacs sin, agus mar fhreagairt ar argóint EUSMET freisin ar úsáid costais ionchuir neamhsaofa amháin, costais a léiríonn costais/praghsanna ó thír ionadaíoch nach bhfuil faoin tionchar ag aon saobhadh, luann an Coimisiún go gceadaítear go sainráite le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán costais intíre a úsáid má shuítear go dearfach nach bhfuil siad saofa. Rinne an Coimisiún scrúdú air sin le linn an imscrúdaithe. Mar sin féin, ó tharla nár chomhoibrigh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin, níorbh fhéidir a shuí nach raibh na costais táirgthe ná díolacháin an tsileacain saofa i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil.
- (23) Maidir le hargóint EUSMET nach bhfuil coincheap an tsaofa ar cheann de na fachtóirí a cheadaíonn ríomh an ghnáthluacha faoi Airteagal 2.2 den Chomhaontú Frithdhumpála de chuid EDT, cuireann an Coimisiún in iúl nach gá don dlí intíre na téarmaí ceannann céanna agus atá sna Comhaontuithe cumhdaithe a úsáid chun a bheith i gcomhréir leis na Comhaontuithe sin. Dá réir sin, measann an Coimisiún go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go hiomlán i gcomhréir le rialacha ábhartha ADA, lena n-áirítear na féidearthachtaí an gnáthluach a ríomh dá bhforáiltear in Airteagal 2.2 de ADA. Thairis sin, meabhraíonn an Choimisiún go gceadaítear le dlí ETD arna léirmhíniú ag painéil EDT agus an Buanchomhlacht Achomhairc sonraí ó thríú tír a úsáid, arna gcoigeartú mar is cuí nuair is gá leis an gcoigeartú sin agus nuair atá bonn cirt leis. Más ann do shaobhadh suntasach, ní iomchuí úsáid a bhaint as costais agus praghsanna sa tír is onnmhairéoir chun an gnáthluach a ríomh. Sna himthosca sin, beartaítear le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go ndéantar na costais táirgthe agus díola a ríomh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa, lena n-áirítear na cinn i dtír ionadaíoch iomchuí ina bhfuil leibhéal forbartha mar an gcéanna leis an tír is onnmhairéoir.

- (24) Maidir leis an argóint faoin bhfianaise gurb ann do shaobhadh in earnáil an mhiotail sileacain, shuigh an Coimisiún gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach ar shaobhadh in earnáil an mhiotail sileacain, bunaithe ar an Tuarascáil ón gCoimisiún ar shaobhadh sa tSín⁽⁸⁾, agus ar staidéar neamhspleách níos sonraí ó 2018 a choimisiúnaigh Euroalliaiges. Cé gur thagair an t-iarratasóir go sonrach do shaobhadh ar amhábh agus ar leictreachas i dtuairisc na hiarrata, sholáthair sé na tuarascálacha níos mionsonraithe mar iarscríbhinn. Tá roinnt fianaise le fáil sna tuarascálacha sin ar gach gné de shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (25) Ar an ceathrú dul síos, mhaígh EUSMET go raibh ríomh an chorrtaigh dumpála boilsicthe toisc gur roghnaigh an t-iarratasóir amanna ar leith chun an gnáthluach ríofa a ríomh.
- (26) Is réasúnta í an mhodheolaíocht a mhol an t-iarratasóir toisc go raibh sé bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil don iarratasóir agus cumhdaíonn sé an tréimhse a úsáideadh le haghaidh ríomh na dumpála (i.e. mí Dheireadh Fómhair 2019 go dtí mí an Mheithimh 2020). Dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh sin.
- (27) Ar an gcúigiú dul síos, luaigh EUSMET maidir leis an dóchúlacht go leanfar an dumpáil, go raibh an fhianaise a sholáthair an t-iarratasóir bunaithe ar an anailís amháin a rinneadh ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig an India, an Chóiré Theas agus an tSeapáin, praghsanna a bhí míchruinn ar aon chuma.
- (28) Luaigh an Coimisiún nach amháin gur chuir an t-iarratasóir praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tíortha eile san áireamh ach gur thagair sé freisin don anailís mionsonraithe i gcaibidil VI den iarraidh ar athbhreithniú éaga maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil. Baineann an chaibidil sin le hacmhainneachtaí breise sa tSín mar aon le méideanna na n-onnmhairí ón tSín chuig an Aontas agus chuig tríú tíortha, rud atá ábhartha freisin ó thaobh na dóchúlachta go leanfar den dumpáil. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur leor an fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil chun an caighdeán dlíthiúil le haghaidh tionscnaimh faoi Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán a chomhlíonadh i leith na dóchúlachta go leanfar den dumpáil. Sholáthair an t-iarratasóir freisin comparáid réasúnta idir an gnáthluach agus na praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha. Ní beadh conclúid dhifriúil ann de thoradh na gcoigeartuithe a mhol EUSMET, ós rud é go mbeadh praghsanna onnmhairiúcháin na Síne fós i bhfad ní b'ísle ná an gnáthluach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (29) Ar an séú dul síos, maidir le méid na n-allmhairí sileacain ón tSín isteach san Aontas, mhaígh EUSMET gur laghdaigh siad níos tapa idir 2017 agus 2020 ná tomhaltas sileacain an Aontais. Mar achóimre, ní fhéadfadh onnmhaireoirí na Síne díolacháin ná sciar den mhargadh a thógáil ó na táirgeoirí de chuid an Aontais.
- (30) Mheas an Coimisiún gur fianaise leordhóthanach a bhí ar fáil go réasúnta don iarratasóir a bhí san fhianaise a bhí ar fáil san iarraidh. De réir na fianaise a soláthraíodh san iarraidh agus a ndearna an Coimisiún anailís uirthi, is dócha go dtiocfadh méadú ar acmhainneacht neamhúsáidte sa tír lena mbaineann mar gheall ar mhéideanna na n-allmhairí ón tSín a thiocfadh ar an bhfód ar mhargadh an Aontais in éagmais na mbeart. Éifeacht na méideanna sin ar phraghsanna is dócha a leanfadh den sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais, is dócha gurbh éard a bheadh mar thoradh air sin, leanúint den díobháil do thionscal an Aontais. Thairis sin, cé gurb ann do thosca eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar staid thionscal an Aontais, ní gá go gciallaíonn sin nach mbeadh éifeacht ábhartha ag na hallmhairí dumpáilte ón tSín ar thionscal an Aontais, go háirithe i gcás anailís ionchasach ina ndíreofaí ar an méid a tharlódh dá n-aisghairfí na bearta. Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint EUSMET.
- (31) Ar an seachtú dul síos, mhaígh EUSMET nárbh ionadaíoch iad an anailís ar na héifeachtaí praghais, ná na ríomhanna sladghearrtha agus tearcdhíola praghais sna hiarrataí ar athbhreithniú toisc nár cuireadh san áireamh iontu praghsanna na n-allmhairí faoi phróiseáil isteach. Thairis sin, mhaígh EUSMET go raibh na ríomhanna sladghearrtha mícheart toisc (i) gur cuireadh praghsanna allmhairiúcháin na Síne ar shileacan de ghrád alúmanaim i gcomparáid le díolacháin AE an mhiotail sileacain go léir, lena n-áirítear an grád ceimiceach freisin, (ii) nár cuireadh na costais iar-allmhairiúcháin le praghsanna allmhairiúcháin na Síne, (iii) nach ndearnadh coigeartú trádála d'aon leibhéal ar na hallmhairí Síneacha, cé go ndéantar iad sin trí thrádálaithe chuig an Aontas, agus déantar díolacháin AE ó tháirgeoirí an Aontais chuig na húsáideoirí deiridh de ghnáth. Ar deireadh, mhaígh EUSMET go raibh na ríomhanna tearcdhíola praghais mícheart ar na cúiseanna céanna agus a bhí i gcás an ríomha sladghearrtha, agus sa bhreis air sin, bhí siad bunaithe ar chostais thairgthe ardaíthe d'aon turas a bhain le, *inter alia*, spriocbhrabús 15 %, gan aon bhunús dlí.

⁽⁸⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, ar fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

- (32) Bhí an anailís a chuir an t-iarratasóir i láthair bunaithe ar an bhfianaise ab fhearr a bhí ar fáil don iarratasóir ag an am agus mheas an Coimisiún go raibh sí ionadaíoch agus iontaofa go leor agus go raibh go leor fianaise inti a thug údar maith leis an imscrúdú a thionscnamh.
- (33) Ar an ochtú dul síos, d'áitigh EUSMET nach raibh aon tionchar diúltach ar tionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí Síneacha. Líomhain EUSMET go bhfuil sileacan de ghrád ceimiceach agus alúmanaim difriúil agus cé go mbaineann díolacháin thionscal an Aontais le sileacan de ghrád ceimiceach den chuid is mó, tá allmhairí ón tSín faoin ngnáthchóras ina n-allmhairí ar chaighdeán measartha íseal le haghaidh an mhargaidh alúmanaim thánaistigh. Dá bhrí sin, d'iarr EUSMET ar an gCoimisiún anailís díobhála dheighilte a dhéanamh do ghráid sileacain cheimiceacha agus alúmanaim. Athdhearbhaidh iarraidh den sórt sin i mbarúlacha EUSMET tar éis an nochta, ach ní mór diúltú don argóint sin. Tagraíonn an Coimisiún i ndáil leis sin do roinn 2.3 ina ndéantar anailís ar aonchineálacht táirgí.
- (34) Ar an naoú dul síos, chuir EUSMET in iúl gur tháinig laghdú ar thomhaltas an Aontais idir 2018 agus 2020, ar chúiseanna timthriallacha agus mar gheall ar ráig phaindéim COVID-19. Dá bhrí sin, mhaígh EUSMET nach raibh aon tionchar ag allmhairí Síneacha ar thomhaltas an Aontais.
- (35) Fiú más rud é gur aontaigh an Coimisiún le hanailís EUSMET maidir le forbairt thomhaltas an Aontais, níor mheas sé gur neamhbhailíodh an líomhain san iarraidh mar gheall ar an laghdú ar thomhaltas atá nasctha le margáí eile, lena cumhdaíodh leanúint leis an díobháil agus atarlú, rud a d'fhág gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú seo maidir le dul in éag. Mar sin féin, fiú má thagann laghdú ar thomhaltas an Aontais ar chúiseanna atá neamhspleách ar allmhairí na Síne, déanfaidh an Coimisiún anailís fós in athbhreithniú ar dhul in éag ar na hiarmhairtí a bheadh ann dá gceadófaí do na bearta dul in éag, ó thaobh díolachán agus sciartha den mhargadh de.
- (36) An deichiú dul síos, mhaígh EUSMET nach féidir an laghdú i méid agus acmhainneacht táirgeachta Thionscal an Aontais a chur i leith allmhairí na Síne ach i leith an chinnidh a rinne táirgeoir amháin de chuid an Aontais an táirgeadh i ngléasraí áirithe a dhúnadh síos go sealadach. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh EUSMET nach bhfuil an laghdú ar mhéideanna díola thionscal an Aontais nasctha le hallmhairí na Síne, ar tháinig laghdú orthu idir 2017 agus R3 de 2020, ach le laghdú ar an éileamh agus méadú ar allmhairí ó thrú tíortha. Mhaígh EUSMET thairis sin sa chomhthéacs sin, in ainneoin na n-allmhairí Síneacha, go raibh praghsanna díola an Aontais cobhsaí le linn na tréimhse 2017-2019 agus gur ísligh siad sna chéad trí cheathrú de 2020, i gcomhthráth le titim dhomhanda an éilimh ar shileacan. Is é sin le rá, i gcomhthéacs éileamh a bheith ag titim, ní bheadh táirgeoirí an Aontais in ann praghsanna a mhéadú, beag beann ar allmhairí sileacain ón tSín. Ar na cúiseanna céanna, ní féidir an laghdú ar bhrabúsacht a chur i leith allmhairí ón tSín.
- (37) Ní féidir glacadh leis na hargóintí sin. Meabhraíonn an Coimisiún go mbaineann bearta go minic le laghdú ar allmhairí ón tír lena mbaineann agus gur minic a bhíonn tionchar dearfach ag na bearta frithdhumpála atá ann cheana ar staid thionscal an Aontais. In imscrúdú ar athbhreithniú éaga, déanann an Coimisiún anailís ar an méid a tharlódh dá ligfí do bhearta dul in éag. Dá bhrí sin, toisc go bhféadfadh sé nach é allmhairí Síneacha an phríomhchúis le forbairt dhiúltach táscairí díobhála áirithe, ní féidir leis sin bac a chur ar thionscnamh an imscrúdaithe.
- (38) Ar an aonú dul síos déag, liostaigh EUSMET roinnt fachtóirí tábhachtacha a líomhnaítear a théann i bhfeidhm ar thionscal an Aontais agus, dar le EUSMET, nár cuireadh san áireamh iad san athbhreithniú, sin nó go ndearnadh léirmhíniú mícheart orthu. Áirítear ar na tosca sin straitéis táirgthe thionscal an Aontais agus a costais, forbairt ar éileamh ar shileacan, méadú ar allmhairí tríú tíortha agus tionchar Brexit. D'éiligh EUSMET ar an gCoimisiún féachaint orthu san athbhreithniú.
- (39) Mheas an Coimisiún gur leor an chaoi ar bhain an t-iarratasóir ciall as na tosca san iarraidh chun an t-athbhreithniú ar dhul in éag a thionscnamh. Ar aon chaoi, bhreithnigh an Coimisiún na tosca sin go léir faoi chuimsiú a anailíse sna ranna a bhaineann le Díobháil agus Leas an Aontais sa Rialachán seo.
- (40) Ar an dóú dul síos déag, mhaígh EUSMET, gur ghanmheas an t-iarratasóir ar ionchas éilimh ar shileacan, go ndearna sé rómheastachán ar tháirgeacht agus ar acmhainneacht na Síne agus gur ró-mhór na héifeachtaí cuireadh i leith allmhairí Síneacha.
- (41) Mar sin féin, níor thug EUSMET isteach aon fhaisnéis a chaithfeadh amhras ar na meastacháin a cuireadh i láthair san iarraidh ar athbhreithniú. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí glacadh leis an argóint.

- (42) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise a cuireadh ar fáil san iarraidh chun an imscrúdú athbhreithniúcháin a thionscnamh.
- (43) Ina gcuid barúlacha maidir leis an nochtadh, d'athdhearbhaigh EUSMET a mhaíomh nach raibh úsáid Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ag luí leis an gComhaontú Frithdhumpála, gan aon argóint ná fianaise nua a chur isteach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ar na cúiseanna céanna a leagtar amach in aithrisí (22) go (24) thuas.

1.7. Sampláil

- (44) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.7.1. Sampláil na n-allmhaireoirí

- (45) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.
- (46) Níor tháinig aon allmhaireoir neamhghaolmhar chun cinn.

1.7.2. Sampláil na dtáirgeoirí sa tSín

- (47) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí uile sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne táirgeoirí eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.
- (48) Ní bhfuarthas aon fhreagra.

1.8. Freagraí ar an gceistneoir

- (49) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (50) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig tionscal an Aontais. Thairis sin, cuireadh na ceistneoirí do thionscal an Aontais, d'allmhaireoirí neamhghaolmhara agus d'úsáideoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ⁽⁹⁾.
- (51) Fuarthas freagraí ar na ceistneoir ó thrí tháirgeoir de chuid an Aontais agus ó thrí úsáideoir.

1.9. Fíorú

- (52) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheas sé a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís, agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí comhoibríocha seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

- RW Silicium GmbH, Pocking, an Ghearmáin
- FerroAtlántica S.L., Maidrid, an Spáinn
- Ferropem, Chambéry, an Fhrainc

Úsáideoirí

- Wacker Chemie AG, München, an Ghearmáin
- Raffmetal SpA, Casto, an Iodáil
- Evonik Industries AG, Essen, an Ghearmáin

⁽⁹⁾ <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2535>

1.10. An nós imeachta ina dhiaidh sin

- (53) An 17 Meitheamh 2022, nocht an Coimisiún na bunfhórais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann cheana a choinneáil ar bun. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh.
- (54) Thug an Coimisiún aird ar na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara, i gcás inarbh iomchuí.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

- (55) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge a bhí faoi réir an imscrúdaithe bunaidh agus athbhreithnithe éaga roimhe seo, eadhon sileacan (“an táirge faoi athbhreithniú”) atá faoi láthair faoi chód AC 2804 69 00.

2.2. An táirge comhchosúil

- (56) Mar a leagadh síos sa chéad tréimhse imscrúdaithe chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:

- an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne;
- an táirge a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus
- an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

- (57) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.3. Maíomh maidir le haonchineálacht an táirge

- (58) Mháigh EUSMET nach táirge aonchineálach é sileacan le haghaidh úsáidí ceimiceacha agus alúmanaim agus nach bhfuil an sileacan le haghaidh an dá úsáid deiridh inmhalartaithe.
- (59) Ar an gcéad dul síos, chuir EUSMET i dtábhacht an comhdhéanamh, na saintréithe teicniúla agus ceimiceacha éagsúla de shileacan, agus shonraigh sé go bhfuil sileacan eiliminteach agus fo-eilimintí eile i dtiúchan éagsúil agus ar leibhéil éagsúla. Thairis sin, mhínigh EUSMET go bhfuil foinse ag gach ceann de na fo-eilimintí sna hamhábhair bhunúsacha nó sa phróiseas táirgthe sileacain, dá bhrí sin, bunaithe ar an amhábhair éagsúil a úsáidtear, go bhfuil comhdhéanamh ceimiceach áirithe ag an sileacan a bhaineann go sonrach le húsáid áirithe.
- (60) D’áitigh EUSMET go bhfuil gá le leibhéil éagsúla íonachta sileacain le haghaidh úsáidí éagsúla in earnáil na gceimiceán agus in earnáil an alúmanaim araon. Ní féidir le húsáideoirí sileacain de ghrád ceimiceach agus alúmanaim an t-ábhar céanna a úsáid ná ní théann siad san iomaíocht le haghaidh an ábhair chéanna ó sholáthraithe. Dá bhrí sin, tá an idirmhalartacht agus forluí iomaíoch idir an sileacan de ghrád ceimiceach agus an sileacan oiriúnach don tionscal alúmanam thar a bheith teoranta.
- (61) Chuir EUSMET i dtábhacht go láidir go bhfuil tionchar ag comhdhéanamh ceimiceach an tsileacain a iarrtar ar phraghas an tsileacain a úsáidtear i dtáirgí éagsúla. Níos sonraí, bíonn an praghas is airde de ghnáth ar shileacan a úsáidtear chun polaiméirí sileacain a mhonarú agus an praghas ísle ar shileacan de ghrád alúmanaim tánaisteach. D’áitigh EUSMET gurb é an réasúnaíocht is bun leis an difríocht sin i bpraghsanna go bhfuil amhábhair shonracha ardháilíochta, atá níos costasaí freisin, ag teastáil chun sileacan íonachta níos airde a tháirgeadh.
- (62) Léirigh EUSMET na difríochtaí i gcainéil dáileacháin do na cineálacha éagsúla sileacain freisin. Ós rud é go gceannaíonn úsáideoirí ceimiceacha sileacan ceimiceach saincheaptha de bhun próisis cáilíochta dian ag a soláthraithe, ceannaíonn siad go díreach ó tháirgeoirí sileacain. Ina theannta sin, ceannaíonn úsáideoirí ceimiceacha sileacan bunaithe ar chonarthaí gearrthéarmacha/fadtéarmacha agus ní cheannaíonn siad ar an spot-mhargadh. Ar an taobh eile, ceannaíonn úsáideoirí alúmanaim, agus úsáideoirí alúmanaim tánaisteacha sileacan ó thrádálaithe nó ó dháileoirí nó ó allmhaireoirí de ghnáth. Ina theannta sin, ach amháin i gcás roinnt mórúsáideoirí sileacain sa deighleog úsáideora alúmanam príomhúil, is spot-díolacháin iad formhór na ndíolachán a bhaineann le halúmanam.

- (63) Measadh i gcónaí gur táirge aonchineálach é an sileacan ón imscrúdú bunaidh ar allmhairí sileacain ón tSín agus i ngach imscrúdú ar athbhreithniú éaga ina dhiaidh sin. De réir Airteagal 11(9) den bhun-Rialachán, i ngach imscrúdú athbhreithniúcháin, cuirfidh an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm agus d'úsáid sé san imscrúdú ba chúis leis an dleacht, ar choinníoll nár tháinig aon athrú ar na cúinsí. Sa chás seo, níor léirigh EUSMET aon fhianaise a léiríonn go bhfuil athrú tagtha ar chúinsí maidir le cineál aonchineálach an táirge lena mbaineann ó rinneadh an t-athbhreithniú éaga deireanach.
- (64) Ina gcuid barúlacha maidir leis an nochtadh, thug EUSMET dá aire, sna himscrúduithe a rinneadh roimhe seo, nár chuir an Coimisiún allmhairí miotail sileacain de ghrád alúmanaim san áireamh ach chun díobháil a shuí agus, dá bhrí sin, go ndearna sé anailís deighilte cheana féin. Dúirt EUSMET freisin gur aithin an Coimisiún gur allmhairíodh sileacain de ghrád ceimiceach den chuid is mó tríd an gcóras próiseála isteach (IPP) agus, dá bhrí sin, go raibh na hallmhairí a bhaineann leis an deighleog sin den mhargadh díolmhaite ó na dleachtanna.
- (65) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús, de réir Airteagal 11(9) den bhun-Rialachán, ós rud é nach bhfuil aon athrú ar na himthosca, gur cheart gurb í an mhodheolaíocht an ceann a úsáidtear san imscrúdú as ar tháinig an dleacht ⁽¹⁰⁾. Ní dhearnadh aon anailís bunaithe ar dheighleog san athbhreithniú eatramhach roimhe seo ⁽¹¹⁾. Ní dhearna an Coimisiún ach idirdhealú idir dhá chóras allmhairiúcháin chun leibhéal slaghearrtha agus deireadh a chur le díobháil a bhunú.
- (66) Mar a tugadh faoi deara in aithris (48) thuas, níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin leis an imscrúdú. Ina theannta sin, níl in allmhairí ó chomhaltaí EUSMET ach cion beag d'allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann cion sileacain de ghrád alúmanaim agus de ghrád ceimiceach a bhunú in allmhairiú iomlán an táirge lena mbaineann ná aon nasc idir an córas allmhairiúcháin a úsáideadh agus an grád sileacain a allmhairíodh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

3. DUMPÁIL

3.1. Réamhbharúlacha

- (67) Le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lean allmhairí sileacain de bheith ag teacht isteach san Aontas ón tSín ach ag sciar níos ísle den mhargadh ná mar a bhí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe éaga dheireanaigh.
- (68) Níor chomhoibrigh aon táirgeoir ón tSín leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na tíre lena mbaineann go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann leo. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an bhfaisnéis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha.
- (69) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar le dumpáil nó go dtarlóidh dumpáil arís bunaithe ar na fíoras a bhí ar fáil, go háirithe faisnéis atá san iarraidh ar athbhreithniú, faisnéis a fuarthas ó tháirgeoirí agus úsáideoirí comhoibriúcha de chuid Aontais le linn imscrúdú an athbhreithnithe, chomh maith le staidreamh trádála Eurostat maidir le hallmhairí agus onnmhairí.

3.2. Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

- (70) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeánt, a mhéid a bhain le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaoibhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (71) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe maidir leis an saobhadh suntasach líomhnaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁰⁾ IO L 179, 5.7.2016, lch. 1; Rialachán (CEE) Uimh. 2200/90 ón gComhairle an 27 Iúil 1990 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí miotail sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 198, 28.7.1990, lch. 57).

⁽¹¹⁾ IO L 179, 5.7.2016, lch. 1.

- (72) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíricí a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an bhfaisnéis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha.
- (73) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh an Bhrasaíl roghnaithe go sealadach aige mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.
- (74) An 23 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta (“Nóta 1”) maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáideadh chun sileacóin a tháirgeadh.
- (75) Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéir lena dtreoraítear roghnú na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainnigh an Coimisiún tír ionadaíoch breise fhéideartha, eadhon an Mhalaeisia. Fuair an Coimisiún barúlacha maidir le Nóta 1 ón iarratasóir agus EUSMET.
- (76) An 5 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta (“Nóta 2”) maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Mhalaeisia an tír ionadaíoch fós. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go suíodh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin (costais SGA) agus na brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don chuideachta PMB Silicon Bhd, táirgeoir an táirge sa tír ionadaíoch.
- (77) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir le Nóta 2 ón iarratasóir agus EUSMET. Chuir EUSMET barúlacha isteach freisin mar fhreagra orthu siúd ón iarratasóir.

3.2.1. Gnáthluach

- (78) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, “Beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir”.
- (79) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcás ina gcinntear “nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa”, agus “áireofar ann méid neamhshaofa agus réasúnta le haghaidh costais riaracháin, dhíola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús” (tugtar “costais SGA” ar “costais riaracháin, dhíola agus ghinearálta”).
- (80) Mar a mhínítear thíos a thuilleadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.2. *Saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín*

- (81) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir le fearó-sileacan ⁽¹²⁾ agus sileacan cailciam ⁽¹³⁾ de thionscnamh na Síne, chinn an Coimisiún go raibh saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6ú)(b) den bhun-Rialachán san earnáil miotalóireachta sa tSín. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sna himscrúduithe sin gur ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, ba iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.
- (82) Rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ⁽¹⁴⁾.
- (83) Chinn an Coimisiún freisin gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta agus smachta ag Rialtas na Síne san earnáil alúmanaim, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán ⁽¹⁵⁾.
- (84) Chinn an Coimisiún freisin go raibh Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí, de réir bhrí Airteagal 2(6ú)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ⁽¹⁶⁾.
- (85) Rinne an Coimisiún amach thairis sin go mbíonn éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreach an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amháibhar agus ionchur freisin. Ina theannta sin, fágann córas pleanála sa tSín go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ⁽¹⁷⁾.
- (86) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoinne na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ⁽¹⁸⁾.
- (87) Rinne an Coimisiún amach freisin gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil mhiotaleolaíoch de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ⁽¹⁹⁾, mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín ⁽²⁰⁾.
- (88) Faoi mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil mhiotaleolaíoch sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán.

⁽¹²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/909 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fearó-sileacain de thionscnamh na Rúise agus Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (IO L 208, 1.7.2020, lch. 2)

⁽¹³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1811 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sileacain chaiciam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 366, 15.10.2021, lch. 17)

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2020/909, aithrisí 54-60 agus 111-115; Rialachán (AE) 2021/1811, aithrisí 58-63 agus 85

⁽¹⁵⁾ Rialachán (AE) 2020/909, aithrisí 61-64; Rialachán (AE) 2021/1811, aithris 44

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE) 2020/909, aithrisí 66-69; Rialachán (AE) 2021/1811, aithrisí 46-48. An ceart atá ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, ceart dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé gur féidir an ceart sin a mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha, ó tharla gurbh ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht PCS le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil ar a laghad triúr ball de PCS mar a shonraítear i mBunreacht PCS) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Roimhe seo, ní léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne, ar bhonn prionsabal polaitiúil, na héilimh atá aige ar chinntí gnó a bheith faoina smacht i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, thar gach earnáil, lena n-áirítear le táirgeoirí sileacain agus le soláthróirí a n-ionchur.

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) 2020/909, aithrisí 70-80; Rialachán (AE) 2021/1811, aithrisí 49-58

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE) 2020/909, aithrisí 81-86; Rialachán (AE) 2021/1811, aithris 59

⁽¹⁹⁾ Rialachán (AE) 2020/909, aithrisí 87-90; Rialachán (AE) 2021/1811, aithris 60

⁽²⁰⁾ Rialachán (AE) 2020/909, aithrisí 91-110; Rialachán (AE) 2021/1811, aithris 61

- (89) Rinne an Coimisiún amhlaidh bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí san iarraidh agus sa Tuarascáil ón gCoimisiún ar shaobhadh suntasach sa tSín chomh maith ⁽²¹⁾ (“an Tuarascáil”), ar rud é a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear earnáil an táirge faoi athbhreithniú.
- (90) Rinne an Coimisiún na heilimintí sin a fhorlíonadh a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach sa tSín, rud a suíodh in imscrúduithe eile a rinne sé ina leith sin roimhe seo.
- (91) Rinneadh tagairt san iarraidh sa chás seo don Tuarascáil, go háirithe do roinn 12.4.2 maidir le srianta ar onnmhairiú sileacain agus sna ranna ina dtagraítear don mhargadh leictreachais. Thagair an t-iaratasóir freisin do staidéar faoi chóipcheart ó AlloyConsult san iarraidh athbhreithniú maidir le saobhadh margaidh arna spreagadh ag Stát i dtionscail fearó-chóimhiotail agus shileacain na Síne.
- (92) Is ann do mhéid áirithe úinéireachta agus smachta ag Rialtas na Síne san earnáil sileacain fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Ó tharla nár chomhoibrigh aon onnmhairioir an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn idir na táirgeoirí sileacain príobháideacha agus na táirgeoirí faoi úinéireacht an Stáit a chinneadh a thuilleadh.
- (93) Mar sin féin, shuigh an Coimisiún go bhfuil roinnt táirgeoirí sileacain Síneacha faoi úinéireacht stáit. Ceann acu is ea Yunnan Nujiang International Silicon Trade Co, fochuideachta de Xiamen ITG Group Corp., Ltd ⁽²²⁾. Is é an scairshealbhóir rialaithe deiridh de chuid Xiamen ITG Group an Coimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní faoi úinéireacht Stáit Xiamen ⁽²³⁾.
- (94) Ar an gcaoi chéanna, tá Shanghai Puyuan Foreign Economic and Trading Company ⁽²⁴⁾ (“SPFC”) faoi úinéireacht iomlán ag Shanghai National Nuclear Puyuan Group, cuideachta atá faoi úinéireacht iomlán í féin ag China National Nuclear Corporation (“CNNC”), atá ar cheann de na cuideachta faoi úinéireacht stát na Síne ar an leibhéal lárnach.
- (95) Ina theannta sin, fuarthas amach san imscrúdú gur san earnáil leictreachais, arb é an phríomhthoisic tháirgeachta é i monarú an táirge faoi athbhreithniú, tá leibhéal suntasach úinéireachta ag Rialtas na Síne fós ann. Mar a d’áimsigh an Coimisiún sa Tuarascáil, tá baint mhór ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit le margadh leictreachais na Síne i gcéimeanna éagsúla den slabhra soláthair, agus tá an eangach tarchuir iomlán faoi úinéireacht dhá chuideachta faoi úinéireacht stát agus tá úinéireacht shuntasach an Stáit ag céim na giniúna freisin.
- (96) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, le linn an imscrúdaithe shuigh an Coimisiún ceangail phearsanta a bheith ann idir Páirtí Cumannach na Síne (“CCP”) agus cuideachtaí a mhonaraíonn an táirge faoi athbhreithniú, mar aon le gnéithe corparáideacha eagraíochtúla a lígeann do CCP cur isteach ar iompar gnó na gcuideachtaí.
- (97) In ITG Xiamen Group, tá an leibhéal is airde de leibhéal eagrúcháin na cuideachta ag coiste Páirtí CCP, agus é ar aon dul leis an mBord Stiúirthóirí agus an Bord Maoirseoirí agus os cionn na Bainistíochta Sinsearaí ⁽²⁵⁾.
- (98) Thairis sin, in SPFC, is Rúnaí Choiste an Pháirtí é Cathaoirleach an Bhoird in Shanghai National Nuclear Puyuan Group agus is Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí é bainisteoir ginearálta na cuideachta ⁽²⁶⁾.

⁽²¹⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, ar fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

⁽²²⁾ Féach tuarascáil bhliantúil Ghrúpa ITG Xiamen 2021, leathanach 261 http://static.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/new/2022-04-21/600755_20220421_2_cFJgASUK.pdf (arna rochtain an 12 Iúil 2022)

⁽²³⁾ <http://www.itg.com.cn/en/company/about> (arna rochtain an 12 Iúil 2022)

⁽²⁴⁾ www.ixin.com/company/472df966-2141-41bc-8209-66d37f0c2d88 (arna rochtain an 27 Aibreán 2022), www.shpcoic.org.cn/Site/Home/_InfoShow?Info_ID=6720&InfoItem_ID=60 (arna rochtain an 27 Aibreán 2022)

⁽²⁵⁾ www.itgholding.com.cn/en/company/organization (arna rochtain an 27 Aibreán 2022)

⁽²⁶⁾ www.puyuan.com (arna rochtain an 27 Aibreán 2022)

- (99) Léirigh an imscrúdú thairis sin go bhfuil cuideachtaí faoi úinéireacht phoiblí agus cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil sileacain faoi réir maoirseachta agus treoraíochta beartais. Cosúil le haon earnáil eile sa tSín, cuirtear iallach ar na táirgeoirí sin gníomhaíochtaí neartaithe Páirtí a óstáil agus bíonn dlúthchleamhnacht acu le Páirtí Cumannach na Síne agus lena idé-eolaíocht. Léiríonn na samplaí seo a leanas an treocht maidir leis an leibhéal idirghabhála ó Rialtas na Síne a bheith ag dul i méid, rud a bhaineann leis an earnáil sileacain freisin.
- (100) Tugann ITG Xiamen Group tuairisc ar roinnt mhaith gníomhaíochtaí neartaithe Páirtí ar a shuíomh gréasáin. Ag tagairt do chruinniú grúpa staidéir CCP i mí Feabhra 2022, cuireann an chuideachta i dtábhacht go bhfuil sé riachtanach *“a áirithiú go daingean treo ceart thógáil na creasa eacnamaíche speisialta, ceannaireacht chuimsitheach an Pháirtí a chur chun feidhme ar China International Trade Holding Group, leanúint ar aghaidh le rialachas cuimsitheach agus dian an Pháirtí a dhoimhniú, cloí le conair an tsóisialachais le saintréithe na Síne, agus cloí gan amhras le treo an Ard-Rúnaí Xi Jinping ar aghaidh”* ⁽²⁷⁾.
- (101) Ní bhaineann an fhógairt dílseachta do cheannaireacht CCP leis an tréimhse ama is deireanaí amháin ach baineann sé le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe freisin, rud is léir ó shuíomh gréasáin SPFC a thugann tuairisc ar chruinniú Choiste Páirtí an ghrúpa a tharla an 17 Samhain 2020: *“Ní mór dúinn ábhar idé-eolaíoch a neartú, an phróifíl, smaoiniamh gníomhach, féinsmacht agus féinscrúdú a ardú, tábhacht a chur leis an bhfoghlaím, tuiscint agus staidéar ar spiorad an Chúigiú Mórshheisiún de 19ú Lárchoiste Pháirtí Chumannach na Síne a dhoimhniú mar aon lena cur chun feidhme [...] D'éiligh an Cúigiú Mórshheisiún den 19ú Lárchoiste de chuid Pháirtí Cumannach na Síne go ndíreodh an fhorbairt eacnamaíoch ar an ngeilleagar iarbhir agus go ndéanfaí iarrachtaí leibhéal nuachóirithe an tslabhra tionscail agus an tslabhra soláthair a fheabhsú agus dlús a chur le forbairt córas tionscail nuachóirithe [...] Is gá staidéar a dhéanamh ar spiorad óráidí tábhachtach Ard-Rúnaí Xi Jinping agus iad a chur chun feidhme, mar aon le spiorad an Chúigiú Mórshheisiún den 19ú Lárchoiste de chuid CPC (...) le méid ard tuisceana polaitiúla, idé-eolaíche agus gníomhaíochta, i gcomhréir le úsáid chomhtháite Lárchoiste an Pháirtí, an grúpa cuideachta, agus Puyuan CNNC chun an cur i bhfeidhm ar an láthair a áirithiú, is gá spiorad an Chúigiú Mórshheisiún den 19ú Lárchoiste de chuid an Pháirtí a chomhtháthú go hiomlán [...] Bhí comhaltaí fhoireann ceannaireachta shlabhra soláthair CNNC, baill foirne meánleibhéal agus comhaltaí brainsí áirithe rannpháirteach sa chruinniú staidéir méadaithe sin* ⁽²⁸⁾“
- (102) Thairis sin, de réir rialacha oibre chomhlachas an tionscail sileacain ⁽²⁹⁾, ar brainse é de chomhlachas tionscail miotail neamhfheiriúil na Síne, glacann an comhlachas bunlíne CCP mar a threoirlíne féin ⁽³⁰⁾. Thairis sin, comhréireacht le líne, prionsabail agus beartais an Pháirtí, agus dea-cháilíocht pholaitiúil a bheith ag duine, liostaítear iad i measc na gceanglas incháilitheachta maidir le fónamh mar uachtarán, leas-uachtarán nó ardrúnaí an chomhlachais ⁽³¹⁾.
- (103) Thairis sin, suíodh go bhfuil beartais lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar an margadh de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán i bhfeidhm san earnáil sileacain. Tá ról suntasach ag sileacan i dtáirgeadh alúmanaim, chomh maith le leathsheoltóirí (ar ionchur é le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú) a cháilíonn an earnáil sileacain dá réir sin mar chuid de na tionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn ⁽³²⁾ a thairbhíonn de réimse leathan beartas tacaíochta atá i bhfeidhm.
- (104) Cuireann an Stát isteach freisin ar mhargaí ionchuir a úsáidtear chun sileacan a tháirgeadh, go háirithe na margadí leictreachais. Cé go bhfuil leictreachas ar cheann de na príomhionchuir i monarú sileacain, níl praghsanna an leictreachais bunaithe ar an margadh sa tSín agus tá saobhadh suntasach ann (trí shocrú lárnach praghsanna, difreáil praghsanna agus cleachtais ceannacháin dhíreacha cumhachta), mar a shuítear sa Tuarascáil ⁽³³⁾.

⁽²⁷⁾ www.itgholding.com.cn/cn/News/Detail/4244 (arna rochtain an 27 Aibreán 2022)

⁽²⁸⁾ www.puyuan.com/puyuan/djdt11/971216/index.html (arna rochtain an 27 Aibreán 2022)

⁽²⁹⁾ www.siliconchina.org/about/rules/index.html (arna rochtain an 27 Aibreán 2022)

⁽³⁰⁾ Ibid, Airteagal 3

⁽³¹⁾ Ibid, Airteagal 21

⁽³²⁾ Féach an 14ú Plean Cúig Bliana ar Fhorbairt na dTionscal Straitéiseach agus na dTionscal atá ag Teacht Chun Cinn i gcúige Fujian (ina bhfuil ceanncheathrú ITG Xiamen Group lonnaithe): <http://www.qg.gov.cn/zwgk/zcfg/sjfgwj/202112/P020211207803152129885.pdf> (arna rochtain an 28 Aibreán 2022). Féach freisin, mar shampla, an Chatalóg de na Ceithre Ní Riachtanacha do dheich bpríomhthionscal, doiciméad beartais a eisíodh in 2016 i gcomhthéacs straitéis 'Made in China 2025'; ar fáil anseo: <http://www.cm2025.org/show-14-126-1.html> (arna rochtain an 28 Aibreán 2022).

⁽³³⁾ Tuarascáil, Caibidil 10, p.221-230

- (105) Cé gur tháinig roinnt athruithe agus athchóirithe ar an margadh fuinnimh sa tSín, níl roinnt praghsanna atá ábhartha don chóras fuinnimh bunaithe ar an margadh go fóill. Aithníonn an rialtas go bhfuil na praghsanna fós faoi smacht an Stáit den chuid is mó: “Tá bainistiú reatha praghsanna leictreachais bunaithe fós ar phraghsanna rialtais. Tá bainistíocht reatha ar phraghas an leictreachais fós bunaithe ar phraghsanna an rialtais. Is minic go mbíonn coigeartuithe praghsais chun deiridh ar athruithe i gcostais agus bíonn sé deacair costais na húsáide leictreachais a léiriú ar bhealach tráthúil agus réasúnta [...] Níl sásra iomaíoch éifeachtach do dhíol leictreachais suite go fóill, tá idirbhearta margaidh idir fiontair ghiniúna cumhachta agus úsáideoirí teoranta agus bíonn sé deacair ról cinntitheach an mhargaidh a thabhairt isteach i leithdháileadh acmhainní” ⁽³⁴⁾.
- (106) Tá an laige margaidh sin arb é an Stát is cúis léi ag tionscnamh iarrachtaí breise chun an margadh a bhainistiú, rud a léirítear i roinnt doiciméad riaracháin a tháinig ina dhiaidh sin. Mar shampla, i mí na Samhna 2020, d’eisigh NDRC an Fógra maidir le síniú conarthaí leictreachais meántéarmacha agus fadtéarmacha 2021 a chur chun cinn ⁽³⁵⁾.
- (107) Tugtar treoir sa doiciméad do “ranna inniúla na rialtas áitiúil [...] dícheall a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfuil an méid leictreachais arna chonrú faoi bhun 80 % den mheánmhéid le trí bliana anuas”, agus maidir le praghsáil chun “sásra socraíochta diallta a bhunú [...] i rialacháin an mhargaidh áitiúil chun déileáil le neamhréireachtaí idir méid na cumhachta conraithe agus an cur chun feidhme iarbhír” agus chun “feabhas a chur ar shásra praghsanna idirbheart sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Déanfaidh gach ceantar na praghsanna tarchurtha agus dáilte cumhachta arna bhformheas ag an rialtas a chur chun feidhme go docht.”
- (108) Tá forálacha sonracha maidir le cur chun feidhme san Fhógra freisin, go háirithe trí shásra rianaithe don dul chun cinn maidir le síniú conartha a bhunú, nó trí fhaireachán ar chonarthaí a neartú mar aon le nochtadh agus forfheidhmiú ⁽³⁶⁾.
- (109) Thairis sin, i mí Eanáir 2021, d’eisigh Comhairle an Stáit “Tuairim ó NDRC maidir le táillí uisce uirbigh, leictreachais agus soláthairtí teasa a chaighdeánú chun forbairt ardchaighdeán na hearnála a chothú” ⁽³⁷⁾. Tá forálacha sonracha san Fhógra maidir le praghsáil rialtais “[...] Maidir le tionscadail faoi réir praghsáil rialtais nó praghsanna faoi threoir an rialtais, an comhdhéanamh costais a chinneadh ar bhealach réasúnta, maoirseacht agus athbhreithniú costais a neartú, feabhas a chur ar an sásra praghas-mhúnlaithe agus leibhéal na bpraghsanna a chinneadh ar bhealach eolaíoch. [...]”
- (110) I measc phríomhspriocanna an Fhógra, tagraítear go sonracha don sásra ionchuir rialtais maidir le praghsáil, agus do dhifreáil earnála na modhanna praghsála: “Faoi 2025, bainfear torthaí soiléire amach nuair a bheidh na muirir san earnáil soláthair uisce, soláthair cumhachta, gáis agus téimh á nglanadh agus á gcaighdeánú. Bunófar bonn le haghaidh sásra socraithe praghsanna a bheidh eolaíoch, caighdeánaithe agus trédhearcach, agus déanfar sásra ionchuir an rialtais a fheabhsú tuilleadh. Feabhsófar go suntasach modhanna praghsála is infheidhme maidir le hearnálacha gaolmhara, maoirseacht costais agus modhanna athbhreithnithe, iompar praghsanna agus cumhdach cuimsitheach caighdeánach seirbhísí, chomh maith le cáilíocht agus éifeachtúlacht an tsoláthair uisce, leictreachais, téimh agus táirgí agus seirbhísí eile”.
- (111) Is amhábhhar eile é gual a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a mhonarú. Mar a suíodh sa Tuarascáil, tá an margadh guail sa tSín aoi réir saofa, go háirithe de thoradh an fhóirdheonaithe ⁽³⁸⁾ agus tríd an mbainistiú agus an rialú ar shaothrú na n-acmhainní guail ⁽³⁹⁾.

⁽³⁴⁾ Tuairimí maidir leis an athchóiriú ar an gcóras cumhachta leictirí a dhoimhniú tuilleadh, a d’eisigh an Coiste Lárnach agus an Chomhairle Stáit an 15 Márta 2015 (Zhongfa [2015] uimh. 9 <https://chinaenergyportal.org/en/opinions-of-the-cpc-central-committee-and-the-state-council-on-further-deepening-the-reform-of-the-electric-power-system-zhongfa-2015-no-9/>) (arna rochtain an 8 Aibreán 2022)

⁽³⁵⁾ https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202012/t20201202_1252094.html (arna rochtain an 8 Aibreán 2022)

⁽³⁶⁾ Go sonracha: ‘Tuairisceoidh ranna rialtais, i gcomhar leis an eintiteas a tugadh ar iasacht don Údarás Náisiúnta um Fhuinneamh, don Choimisiún um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta agus don Údarás Stáit um Fhuinneamh go tráthúil maidir le conarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a shíniú agus maidir le saincheisteanna ábhartha, agus áiritheoidh siad an nasc idir síniú na gconarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha agus an spotchumhacht.’

⁽³⁷⁾ http://www.gov.cn/zhengce/content/2021-01/06/content_5577440.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2022)

⁽³⁸⁾ Tuarascáil – Caibidil 10

⁽³⁹⁾ Tuarascáil, Caibidil 12, lch. 269

- (112) Leis an imscrúdú sileacain cailciam a rinneadh le déanaí, suíodh gnéithe breise den chur isteach a dhéanann an Stát ar an margadh guail. I mí na Bealtaine 2021, d'eisigh an tÚdarás Náisiúnta um Fhuinneamh (NEA) agus NDRC go comhpháirteach an Fógra maidir le bearta Bainistíochta le haghaidh critéir chumais agus critéir formheasa tháirgeadh na mianach guail, agus é d'aidhm acu cumais na mianach guail a rialú agus teorainneacha ábhartha a chur i bhfeidhm, nithe a ríomhtar ar bhonn an fhógra ⁽⁴⁰⁾. I mí na Nollag 2020, d'eisigh an NDRC an Fógra maidir le síniú agus feidhmíocht conarthaí guail meántéarmacha agus fadtéarmacha a áirithiú in 2021 ⁽⁴¹⁾.
- (113) Cuireann an Fógra an sprioc chun cumhacht agus maoirseacht an Stáit a mhéadú sa phróiseas conarthach i dtábhacht go sainráite: “Páirt níos fearr a thabhairt do ról an rialtais, díriú ar struchtúr an chórais a neartú, feabhas a chur ar rialacha idirbhearta, maoirseacht creidmheasa a neartú, agus páirtithe ábhartha a threorú chun feasacht a ardú faoin staid ar an iomlán, freagrachtaí sóisialta a ghlacadh, feidhmíocht conartha a chaighdeánú, agus feidhmiú comhréidh an mhargaidh guail a áirithiú.”
- (114) Chomh maith leis sin, tugtar treoir san fhógra chun “féinsmacht an tionscail a neartú. Treoróidh gach comhlachas tionscail ábhartha fiontair chun féinsmacht a neartú, chun riachtanais na gconarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur chun feidhme go cuí, agus gan leas a bhaint as staid soláthair agus éilimh an mhargaidh agus staid bhuntáisteach an tionscail chun conarthaí neamhchothroma a shíniú. Beidh ról eiseamláireach ag fiontair mhórsála, beidh sinithe conartha féinrialaithe acu, cuirfidh siad lena bhfeasacht ar ghealltanais a chomhlíonadh, glacfaidh siad an tionscnamh chun freagracht shóisialta a ghlacadh as soláthar agus praghsanna cobhsaí a áirithiú, agus oibriú rianúil an mhargaidh ghuaile a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta.”
- (115) Is fiú a thabhairt faoi deara go háirithe an treoir shoiléir a thugtar gan staid an tsoláthair agus an éilimh sa mhargadh a úsáid nuair atá conarthaí á síniú. I mí Aibreáin 2021, d'eisigh NDRC Fógra breise maidir le maoirseacht agus bainistíocht conarthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha guail 2021 a áirithiú, agus é mar aidhm aige maoirseacht níos fearr a dhéanamh ar chomhlíontacht conarthaí díolacháin agus an soláthar guail a áirithiú (go háirithe bunaithe ar fhorálacha Fhógra Uimh. 902 a luadh roimhe seo). Ar an mbonn sin, ba cheart do pháirtithe ábhartha a áirithiú go háirithe nach bhfuil an ráta comhlíontachta míosúla níos lú ná 80 %, agus nach bhfuil an ráta comhlíontachta ráithiúla agus bliantúla níos lú ná 90 %. ⁽⁴²⁾
- (116) Is léir go mbíonn idirghabháil ón Stát i margadh an ghuaile freisin leis an gcinneadh a rinneadh le déanaí chun síneadh bliain amháin eile a chur le ham na hoibríochta trialaí do mhianaigh ghuaile atá dúnta agus an cuspóir aige aschur agus soláthar a mhéadú, chun cur in aghaidh méaduithe praghsais an tráchtearra (tar éis do tháirgeacht na mianach a bheith curtha ar fionraí roimhe sin) ⁽⁴³⁾.
- (117) Mar is féidir a fheiceáil ó na samplaí thuas, bainistíonn Rialtas na Síne forbairt na hearnála sileacain i gcomhréir le raon leathan uirlisí agus treoracha beartais agus rialaíonn siad beagnach gach gné i bhfeidhmiú na hearnála. Baineann an treoraíocht agus idirghabháil rialtais seo leis na príomh-ionchuir a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú freisin.
- (118) Cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoinne san earnáil mhíotaleolaíoch de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán, níor tháinig an t-imscrúdú ar aon fhianaise lena léiriú nach mbeadh tionchar ag an méid sin ar mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.
- (119) Ina theannta sin, tá an earnáil mhíotaleolaíoch faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (nuair atá rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir i gceist ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

⁽⁴⁰⁾ Ar fáil ar shuíomh gréasáin NEA: www.nea.gov.cn/2021-05/18/c_139953498.htm (arna rochtain an 13 Aibreán 2022)

⁽⁴¹⁾ Fógra NDRC Uimh. 902 (2020) https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202012/t20201207_1252389.html?code=&state=123 (arna rochtain an 13 Aibreán 2022)

⁽⁴²⁾ Fógra 338 (2021); ar fáil anseo: www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202104/t20210429_1278643.html (arna rochtain an 13 Aibreán 2022)

⁽⁴³⁾ Féach tuairisc ar shuíomh gréasáin Nasdaq (buntuarisc le Reuters Beijing Newsroom). Ceadaíonn an tSín síntí trialacha 1 bhliain amháin ag 15 mhianach guail chun an t-aschur a mhéadú. 4 Lúnasa 2021; ar fáil anseo: <https://www.nasdaq.com/articles/china-grants-one-year-trial-extensions-at-15-coal-mines-to-boost-output-2021-08-04> (arna rochtain an 13 Aibreán 2022)

- (120) Thairis sin, níor tfolacadh aon fhianaise san imscrúdú sin a léiríonn nach ndéanann idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais difear don earnáil mhiotaleolaíoch de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstaintiúil an rialtais sa chóras airgeadais.
- (121) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin a cheannach nó conradh a dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa; féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil; agus bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus gach earnáil.
- (122) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil.
- (123) Go deimhin, tá na hidirghabhálacha rialtais a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhair, tá siad ann ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá d'ionchur an ionchuir agus mar sin de.
- (124) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.
- (125) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhair, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhrí nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu.
- (126) Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás seo.
- (127) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléadh sa roinn a leanas.

3.2.3. An tír ionadaíoch

3.2.3.1. Barúlacha ginearálta

- (128) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽⁴⁴⁾;

⁽⁴⁴⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncaim, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>

- Táirgeadh an táirge chomhchosúil sa tír sin ⁽⁴⁵⁾;
- Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.
- I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(129) D'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí. Sna nótaí sin, sonraíodh na fíorais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha.

3.2.3.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín

(130) I Nóta 1, d'aithin an Coimisiún gur tíortha iad an Bhrasaíl agus an Mhalaeisia ina dtáirgtear sileacan agus a bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche acu leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda. Rangaíonn an Banc Dhomhanda na tíortha sin mar thíortha “ard-mheánioncaim” ar bhonn ollioncam náisiúnta, áit arbh eol go dtarlaíonn táirgeadh an táirge chomhchosúil.

(131) Níor shainithin aon pháirtí leasmhar aon tír ionadaíoch fhéideartha eile.

3.2.3.3. Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(132) I Nóta 1, thug an Coimisiún le fios nach raibh táirgeoir sileacain sa Bhrasaíl a shainithin an t-iarratasóir, RIMA Industrial, brabúsach le linn na bliana féilire 2020, agus nár sainithníodh aon tháirgeoir Brasaíleach eile ag an gcéim sin.

(133) Ba bhrabúsach an táirgeoir sileacain sa Mhalaeisia a shainithin EUSMET, PMB Silicon Bhd, le linn na bliana féilire 2020. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún i Nóta 1 go bhféadfadh an Mhalaeisia a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí.

(134) Tar éis Nóta 1 a fhoilsiú, thíolaic an t-iarratasóir liosta de tháirgeoirí sileacain sa Bhrasaíl, ina léirítear go bhfuil sonraí airgeadais poiblí ar fáil do gach ceann de na táirgeoirí sin.

(135) Sa liosta a chuir an t-iarratasóir ar fáil, sainithníodh táirgeoir sileacain amháin sa Bhrasaíl, an chuideachta MinasLigas, a bhí brabúsach in 2020.

(136) Dá bhrí sin, bhí dhá tháirgeoir sileacain bhrabúsacha ag an gCoimisiún, ceann sa Mhalaeisia agus ceann sa Bhrasaíl.

(137) I Nóta 2, rinne an Coimisiún comparáid bhreise idir na sonraí atá ar fáil ón Malaeisia agus ón mBrasaíl maidir le tosca táirgeachta. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh tacar sonraí níos ionadaíche ag an Malaeisia do na tosca táirgthe, ós rud é nach raibh aon ghual luaith meánach á n-allmhairiú isteach sa Bhrasaíl, agus nach raibh ach líon teoranta d'allmhairí grianchloiche agus adhmaid a bhí ar phraghsanna neamhionadaíocha freisin.

(138) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le Nóta 2 go raibh sé beartaithe aige an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus an chuideachta PMB Silicon Bhd a úsáid chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaoifa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(139) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Malaeisia mar thír ionadaíoch agus ar PMB Silicon Bhd mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch.

(140) Fuarthas barúlacha maidir le Nóta 2 ó EUSMET, a thacaigh le cinneadh an Choimisiúin an Mhalaeisia a úsáid, agus ón iarratasóir, a dhearbhaigh gur cheart a mheas gur thír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl.

(141) Chuir an t-iarratasóir i gcoinne úsáid na Malaeisia mar thír ionadaíoch ar bhonn shonraí airgeadais na cuideachta PMB Silicon Bhd. Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh an chuideachta ag déanamh cailleanais in 2020, ach níor thug sé aon fhianaise ina leith sin.

⁽⁴⁵⁾ Mura bhfuil an táirge comhchosúil á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge comhchosúil.

- (142) San aighneacht ó EUSMET an 1 Aibreán 2022, sholáthair sé cuntais a foilsíodh go háitiúil do PMB Silicon Bhd, rud a léirigh go raibh brabús le déanamh i rith na bliana 2020. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin ó Euroalliaiges.
- (143) Chaith an t-iarratasóir amhras freisin ar ionadaíocht cuid de na sonraí atá ar fáil go poiblí ón Malaeisia maidir le seachtháirgí agus d'iarr sé arís go n-úsáidfeadh an Coimisiún sonraí na Brasaíle le haghaidh na dtosca sin arbh iomchuí déanamh amhlaidh agus sonraí ó thíortha eile a úsáid nuair nárbh iomchuí.
- (144) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún athscrúdú ar na sonraí ón Malaeisia, agus tuairimí an iarratasóra agus EUSMET maidir leis na sonraí sin á mbreithniú aige. Chinn an Coimisiún go bhfuil sonraí na Malaeisia maidir le tosca táirgeachta iontaofa. Thug an Coimisiún dá aire freisin, ós rud é go mbeadh na gnáth-ríomhanna luacha ag baint úsáide as céatadán chun ioncam fotháirgí a ríomh, nach n-úsáidfí na tagarmharcanna i Nóta 2 maidir le seachtháirgí a thuilleadh.
- (145) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire, maidir leis an mBrasaíl, gur admhaigh an t-iarratasóir nach bhfuil roinnt sonraí iomchuí agus go gcaithfí foinsí eile a úsáid. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'argóint sin an iarratasóra.
- (146) Tar éis dó Nóta 2 a eisiúint, thug an Coimisiún dá aire go raibh earráid ann maidir le hasbhaint sonraí ó GTA i leith sliseanna adhmaid a allmhairítear isteach sa Mhalaeisia. Rinneadh an asbhaint in EUR seachas i CNY agus dá bhrí sin bhí an praghas in aghaidh an tona mícheart. Ar anailís a dhéanamh, áfach, bhí an praghas iarbhair in CNY in aghaidh an tona i bhfad níos mó ná an praghas a d'íoc tionscal an Aontais, agus i bhfad níos mó ná an meánphraghas onmhairiúcháin in aghaidh an tona in GTA i gcás gach tíre.
- (147) Ós rud é gur measadh go raibh praghsanna sliseanna adhmaid neamhionadaíoch, agus in éagmais praghas idirnáisiúnta neamhshaofa ar shliseanna adhmaid, chinn an Coimisiún gur tagarmharc oiriúnach don amhábhair sin é an meánphraghas allmhairiúcháin isteach san Aontas Eorpach in CNY in aghaidh an tona.
- (148) Chuir an t-iarratasóir in aghaidh foinsí sonraí le haghaidh costais leictreachais agus saothair freisin, agus mheas sé go raibh siad "as feidhm" ⁽⁴⁶⁾.
- (149) D'fhóraigh an Coimisiún na foinsí sin arís agus, maidir le leictreachas, thug sé faoi deara go bhfuil na taraifí a luaitear i Nóta 2 fós i bhfeidhm. Maidir le costais saothair, áfach, cumhdaítear an bhliain 2016 leis an bhfoinse a shonraítear i Nóta 2. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún sonraí níos déanaí agus staitisticí maidir le costais saothair sainaitheanta ó Roinn Staidrimh na Malaeisia, "Tuarascáil Suirbhé ar Phá agus ar Thuarastail 2020" ⁽⁴⁷⁾ a foilsíodh i mí Iúil 2021 mar fhoinse oiriúnach sonraí.

3.2.3.4. Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil

- (150) Tar éis a shuí gurb í an Mhalaeisia an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, ar bhonn na ngnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, an abairt deiridh, den bhun-Rialachán.

3.2.3.5. Conclúid

- (151) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Mhalaeisia an critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.4. Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí

- (152) I Nóta 1, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail amhábhair, fuinneamh agus saothar a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta.

⁽⁴⁶⁾ 'Gan a bheith úsáidte ná cleachta a thuilleadh; as dáta.' (Foclóir Béarla Oxford)

⁽⁴⁷⁾ <https://www.dosm.gov.my/v1/index.php> (arna rochtain an 26 Aibreán 2022)

- (153) Ina dhiaidh sin, i Nóta 2, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó shonraí oifigiúla na Malaeisia chun costais neamhshaofa saothair ⁽⁴⁸⁾ agus fuinnimh ⁽⁴⁹⁾ a shuí.

3.2.5. Tosca táirgeachta

- (154) I bhfianaise na faisnéise uile a cuireadh isteach san iarraidh ar athbhreithniú agus an fhianaise a chuir an t-iarratasóir agus na páirtithe leasmhara isteach ina dhiaidh sin, sainathnóidh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a shuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an tsileacain

Toisc tháirgeachta	Cód an tráchtearra sa Mhalaeisia	Luach neamhshaofa in CNY	Aonad tomhais
Amhábhair			
Grianchloch	2506 10	468,20	Tona
Gual Meánach Luatha	2701 19	437,23	Tona
Slisíní adhmaid	4401 21	412,50	Tona
	4401 22	412,50	Tona
Leictreoidí	8545 11	39 692,39	Tona
Saothar			
Saothar		21,92	Uair an tsaothair
Fuinneamh			
Leictreachas		0,53	kWh

3.2.6. Amhábhair

- (155) Táirgtear sileacan i bhfoirnéisí stua leictreacha báite le laghdú carbaitheasach ar ghrianchloiche (silica) i láthair cineálacha éagsúla laghdaitheoirí carbóin, mar shampla gual agus sliseanna adhmaid.
- (156) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhair a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairithe ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA.
- (157) Rinneadh amach praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁰⁾.
- (158) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin.

⁽⁴⁸⁾ <https://bit.ly/3vJD5On> (arna rochtain an 26 Aibreán 2022)

⁽⁴⁹⁾ <https://www.tnb.com.my/commercial-industrial/pricing-tariffs1> (arna rochtain an 26 Aibreán 2022)

⁽⁵⁰⁾ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

- (159) Measadh go raibh na sonraí allmhairiúcháin eile ó thíortha eile, gan an tSín a áireamh, ionadaíoch do gach ionchur seachas sliseanna adhmaid. Mar a luaitear in aithris (146), níor measadh go raibh an praghas allmhairiúcháin ar shliseanna adhmaid a allmhairítear isteach sa Mhalaeisia ionadaíoch agus dá bhrí sin úsáideadh sonraí ó allmhairí isteach san Aontas Eorpach ina ionad sin.
- (160) I gcás líon toscá táirgeachta, b'ionann na costais iarbhir arna dtabhú ag táirgeoirí an Aontais agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhhar iomlána le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.
- (161) Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, agus in éagmais na sonraí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibriocha, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin. Ríomh an Coimisiún céatadán na dtomhaltán ar chostas foriomlán na n-amhábhhar agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhhar le linn dó a bheith ag úsáid na bpraghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí.
- (162) Maidir le seachtháirgí, rinne an Coimisiún céatadán an ioncaim ó na seachtháirgí arna dtuairisciú ag tionscal an Aontais a ríomh i gcoibhneas le costas iomlán táirgthe agus an céatadán sin a asbhaint ó chostas athríofa an táirgthe nuair a bhí na tagarmharcanna neamhshaofa a suíodh á n-úsáid sa tír ionadaíoch iomchuí.
- (163) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Dá bhrí sin, agus aird á thabhairt ar an gcineál imscrúdaithe seo, imscrúdú an athbhreithnithe éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an d'fhéadfadh sí tarlú arís, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe de bhar an iompair intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

3.2.7. Saothar

- (164) Foilsíonn Roinn Staidrimh Rialtas na Malaeisia costais saothair sa Mhalaeisia ⁽⁵¹⁾ agus úsáideadh an fhoinse sin chun pá sa Mhalaeisia a chinneadh trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a foilsíodh le haghaidh meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí san earnáil monaraíochta don bhliain 2020. De réir na Roinne Staitisticí is é seo 2 542 MYR in aghaidh na míosa. Ar 186 uair oibre in aghaidh na míosa ar an meán, ríomh an Coimisiún meánphá 13.67 MYR in aghaidh na huaire.

3.2.8. Leictreachas

- (165) Tá praghsanna leictreachais le haghaidh cuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíochta) sa Mhalaeisia foilsithe ag an gcuideachta leictreachais Tenaga Nasional Berhad (TNB) ⁽⁵²⁾. Foilsíodh na rátaí is déanaí an 1 Eanáir 2014 agus bhí siad fós infheidhme i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. D'úsáid an Coimisiún rátaí na bpraghsanna leictreachais tionsclaíochta sa bhanda tomhaltais "Tairif E2 – Tairif Thionsclaíochta Meánvoltais, Buaictharaif/Taraif Sheachbhuaice" ó TNB chun an costas leictreachais in aghaidh an kWh a shuí.

3.2.9. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímhéas

- (166) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabúis". Ina theannta sin, ní mór luach a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta ar mhaithe leis na costais nár cuimsíodh sna toscá táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach.
- (167) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus toisc comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíoras a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, bhunaigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa an chostais monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

⁽⁵¹⁾ <https://www.dosm.gov.my/v1/index.php>

⁽⁵²⁾ <https://www.tnb.com.my/commercial-industrial/pricing-tariffs1>

3.2.10. *An gnáthluach a ríomh*

- (168) De réir an mhéid thuas, is ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha a ríomh an Coimisiún an gnáthluach in aghaidh an bunchineál táirge, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (169) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair agus lucht saothair) chun sileacan a tháirgeadh. D'iolraigh an Coimisiún na cóimheasa tomhaltais faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a breathnaíodh sa Mhalaeisia mar a thuariscítear thuas.
- (170) Nuair a suíodh an costas monaraíochta neamhshaofa, chuir an Coimisiún na forchostais monaraíochta, costais SGA agus an brabús a sonraíodh thuas leis. Cinneadh forchostais na monaraíochta ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir. Cinneadh costais SGA agus brabús bunaithe ar ráitis airgeadais PMB Silicon Bhd don bhliain 2020 mar a tuairiscíodh i gcuntais iniúchta na cuideachta ⁽⁵³⁾.
- (171) Bhain an Coimisiún úsáid as na céatadáin seo a leanas chun an gnáthluach a ríomh ó chostas neamhshaofa na monaraíochta:
- Is éard a bhí sna forchostais mhonaraíochta ar an iomlán 7,6 % de chostas díreach na monaraíochta.
 - Costais SGA agus costais eile a chur leis, a raibh 17,7 % de chostas iomlán na monaraíochta i gceist leo,
 - Ioncam seachtháirgí a dhíchur, arbh ionann é agus 6,97 % den chostas táirgthe, agus
 - Brabús a chuir leis, arbh ionann é agus 5,05 % de chostas na monaraíochta.
- (172) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (173) Tar éis an nocht, rinne EUSMET trácht ar an modh a úsáidtear chun déileáil le hioncam fotháirgí, modh a bhí bunaithe ar chéatadán de chostas an táirgthe seachas ar chéatadán de chostas na monaraíochta.
- (174) Is iomchuí an modh a úsáidtear sa chás seo, ós rud é nár chomhoibrigh aon táirgeoir Síneach, agus dá bhrí sin go raibh ríomh an ghnáthluacha bunaithe ar fhormáid na sonraí tomhaltais a fuarthas ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais i gcás inar sloinneadh ioncam seachtháirge mar chéatadán de chostas a dtáirgthe.
- (175) Tógann na hionsamhlúcháin i dtíolacadh EUSMET an gnáthluach innéacsaithe ó 122,87 go 119,92, laghdú faoi bhun 3 phointe céatadáin. Ní mheasann an Coimisiún go n-éilíonn an difríocht bheag sin aon athrú ar na sonraí tomhaltais a fhaightear ó thionscal an Aontais, i gcás ina sloinntear ioncam seachtháirge mar chéatadán de chostas na táirgeachta.
- (176) In aon chás, is é is cuspóir don ríomh gnáthluacha in athbhreithniú éaga a chinneadh an leanfar den dumpáil, agus beag beann ar na modhanna atá molta ag EUSMET chun déileáil le hioncam fotháirgí, ní thiocfadh athrú ar an gcinneadh go leanfaí den dumpáil.
- (177) Mar sin féin, agus éilimh EUSMET maidir leis na ríomhanna dumpála á meas, thug an Coimisiún dá aire go raibh earráid sa ríomh (níor baineadh an t-ioncam seachtháirge ón gcostas táirgthe) agus, dá bhrí sin, rinneadh róluacháil ar an ngnáthluach. Ceartaíodh é sin agus nochtadh arís é do na páirtithe leasmhara. Ní bhfuarthas aon bharúil.
- (178) D'iarr EUSMET freisin go ndéanfaí nochtadh mionsonraithe breise dóibh maidir le ríomh an ghnáthluacha agus go háirithe na sonraí maidir le cainníocht na dtosca táirgeachta a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh.

⁽⁵³⁾ <http://www.pmbtechnology.com/investors-relation>

- (179) Chuir an Coimisiún faisnéis maidir leis na tagarmharcanna agus na tosca táirgeachta sa chomhad oscailte an 17 Meitheamh 2022 ⁽⁵⁴⁾, atá i gceangal leis an Nóta Briathartha a seoladh chuig Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach.
- (180) Níor nocht an Coimisiún d'aon pháirtí leasmhar cainníochtaí gach toisce táirgeachta a d'úsáid táirgeoirí sampláilte an Aontais chun tona sileacain amháin a dhéanamh toisc go bhfuil an fhaisnéis sin faoi rún ó thaobh gnó de.
- (181) Míníodh an modh a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh go soiléir do gach páirtí leasmhar sa doiciméad nocht, atá atáirgthe mar aithrisí (168) go (172) thuas.

3.3. An praghas onnmhairiúcháin

- (182) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí ón tSín, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar shonraí CIF Eurostat arna gceartú go leibhéal díreach ón monarcha trí 5 % a bhaint mar mheastachán ar an gcostas (farrage) lasta agus árachais agus ar an gcostas iompair intíre, bunaithe ar shonraí ó chásanna roimhe seo.

3.4. Comparáid

- (183) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha mar a shuítear thuas.
- (184) Ní dharna an Coimisiún aon choigeartú ar an ngnáthluach ná ar an bpraghas onnmhairiúcháin i gcás difríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán, toisc go raibh an dá choigeartú sin ar an leibhéal díreach ón monarcha.

3.5. Corrlach dumpála

- (185) Ar bhonn na sonraí atá ar fáil, ríomh an Coimisiún corrlach dumpála 26.9 %.
- (186) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

4. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

- (187) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas:
- (1) An acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín; agus
 - (2) tarraingteacht mhargadh an Aontais

4.1. An acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

- (188) San iarraidh ar athbhreithniú, measadh go bhfuil an acmhainneacht táirgeachta sa tSín idir 6 milliún tona agus 8 milliún tona in aghaidh na bliana, agus sonraítear freisin go bhfuil comhaontú ginearálta ann go bhfuil an acmhainneacht táirgeachta sa tSín níos airde ná tomhaltas iomlán an domhain. Mheas an t-iarratasóir go mbeadh úsáid acmhainneachta na Síne idir 20 % agus 40 % in 2020. Cuireadh in iúl san iarratas freisin go raibh an acmhainneacht táirgeachta sa tSín idir 3 agus 5 milliún tona in aghaidh na bliana in 2014, rud a thug le fios go bhfuil méadú suntasach tagtha ar acmhainneacht na Síne le blianta beaga anuas.
- (189) Fiú dá nglacfaí cur chuige coimeádach, le hacmhainneacht táirgthe 6 milliún tona agus úsáid acmhainneachta 40 %, bheadh acmhainneacht bhreise thart ar 3,6 milliún tona ag an tSín. Sin tuairim agus seacht n-uaire tomhaltas iomlán an Aontais.
- (190) San imscrúdú athbhreithniúcháin éaga roimhe seo, rinne an Coimisiún amach freisin go raibh acmhainneacht bhreise shuntasach sa tSín agus ba é a chonclúid go bhféadfaí an acmhainneacht bhreise sin a úsáid chun soláthar do mhargadh an Aontais dá rachadh na bearta in éag ⁽⁵⁵⁾. Ní bhfuarthas aon fhianaise chun amhras a chaitheamh ar an gconclúid sin.

⁽⁵⁴⁾ Sábháilte mar chomhad t22.003563, comhaid TRON 171 go 176

⁽⁵⁵⁾ IO L 179, 5.7.2016, lch. 1, aithris (66).

- (191) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh, chuir EUSMET in aghaidh mhéid na hacmhainneachta táirgeachta breise sa tSín mar a leagtar amach san iarraidh ar athbhreithniú. D'iarr EUSMET arís ar na hiarratasóirí an tuarascáil AlloyConsult dá dtagraítear san iarraidh ar athbhreithniú a nochtadh. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil cóipcheart sa tuarascáil sin, agus gur achoimre leordhóthanach é an leagan oscailte den iarraitas ar athbhreithniú ar thorthaí na tuarascála.
- (192) Ina ionad sin, rinne EUSMET tagairt do thuarascáil ó CRU dar dáta Aibreán 2021 ina dtugtar le fios gurb ionann acmhainneacht ainmchláir sa tSín agus 5 mhilliún tona in aghaidh na bliana, agus gurb ionann "acmhainn oibríúcháin" agus 4 mhilliún tona in aghaidh na bliana.
- (193) D'eaasantaigh EUSMET freisin le húsáid acmhainneachta idir 20 % agus 40 %, rud atá bunaithe ar acmhainneacht mheasta de 6 mhilliún tona agus táirgeacht de 2 mhilliún tona a leagtar amach san iarraidh ar athbhreithniú.
- (194) Níor chuir EUSMET aon mheastacháin ar fáil maidir le sileacan a tháirgeadh sa tSín le haghaidh 2020. Trí úsáid a bhaint as an meastachán de 2 mhilliún tona táirgeachta san iarraidh ar athbhreithniú, agus as an meastachán ar acmhainneacht de 4 mhilliún tona ó CRU, léireofaí úsáid acmhainneachta ag 50 % sna sonraí sin, agus meastar go mbeadh 2 mhilliún tona acmhainneachta in úsáid lena n-onnmhairiú chuig margadh an Aontais.
- (195) Dá bhrí sin, níl aon athrú ar thorthaí an Choimisiúin maidir le hacmhainneacht bhreise shuntasach a bheith ann sa tSín a d'fhéadfaí a úsáid chun margadh an Aontais a sholáthar.
- (196) San aighneacht ó EUSMET an 10 Lúnasa 2021 thug siad dá n-aire freisin gur chuir siad fianaise ar fáil go bhfuil éileamh sileacain na Síne ag dul i méid, agus go soláthrófaí an t-éileamh sin amach anseo ón acmhainneacht bhreise sa tSín, rud a laghdódh an méid sileacain a d'fhéadfadh margadh an Aontais a sholáthar.
- (197) Luaitear san aighneacht ó EUSMET an 10 Lúnasa 2021 "De réir CRU, tá méadú ag teacht ar éileamh miotail sileacain na Síne ag an luas is airde sna blianta amach romhainn". Déantar tagairt dó sin in "CRU Silicon Metal Market Outlook [Ionchas CRU ar Mhargadh an Mhiotail], Aibreán 2021".
- (198) Níor sholáthair EUSMET aon achoimre ar Ionchas CRU le haghaidh mhí Aibreáin 2021 agus iad á gcur isteach, ós rud é go raibh an tuarascáil cosanta le cóipcheart.
- (199) Faoi láthair, léiríonn an fhianaise ar fad a cuireadh ar fáil don Choimisiún an acmhainneacht bhreise shuntasach atá ann faoi láthair sa tSín, rud nach gcumhdaítear leis an éileamh ón tSín atá ann cheana. Má thuairiscítear leis na réamh-mheastacháin i dtuarascáil CRU go bhfuil "éileamh miotail sileacain na Síne ag ardú", níl aon fhianaise ann go gcumhdódh an méadú sin an acmhainneacht oibríochtúil spártha go léir sa tSín, gan trácht ar an acmhainn ainmchláir.
- (200) Dá bhrí sin, ní athraíonn na réamh-mheastacháin i dtuarascáil CRU ár gconclúidí go bhfanann acmhainneacht bhreise sa tSín a d'fhéadfadh soláthar a dhéanamh don Aontas Eorpach dá ligfí do bhearta dul in éag.

4.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

- (201) Má leanann na hallmhairí isteach san Aontas, in ainneoin na mbearta atá i bhfeidhm, thabharfaí le fios l go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach i gcónaí, agus dá ligfí do bhearta dul in éag, go leanfaí d'allmhairí ar phraghsanna dumpáilte.
- (202) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil bearta i gcoinne imchéimniú fós i bhfeidhm maidir le hallmhairí a chuirtear chun bealaigh Phoblacht na Cóire agus ón Téaváin⁽⁵⁶⁾. Leis na hiarrachtaí sin a rinneadh chun teacht timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm, is léir go bhfuil margadh an Aontais fós tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.
- (203) Ba í an Ríocht Aontaithe an dara tomhaltóir sileacain ba mhó san Aontas. Cé go bhfuil tionchar ag imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas ar mhargadh an Aontais, is margadh tarraingteach i gcónaí é an tAontas d'onnmhairioirí Síneacha. Is é is cúis leis sin ná na hallmhairí leanúnacha sileacain ón tSín isteach i margadh eile an Aontais dá dtagraítear thuas.
- (204) Rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe féachaint an raibh margadh an Aontais tarraingteach i dtéarmaí leibhéal na bpraghsanna.

⁽⁵⁶⁾ IO L179, 5.7.2016, lch. 1, aithris (218).

- (205) Ar an gcéad dul síos, mar a leagtar amach thíos faoi dhíobháil agus faoi shladghearradh, fuarthas amach san imscrúdú go ndearna praghsanna allmhairiúcháin na Síne, agus na dleachtanna frithdhumpála fós san áireamh, sladghearradh 9,2 % ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn RIP. Gan na dleachtanna, bheadh sladghearradh 14,6 % ann.
- (206) Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar na praghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig tíortha eile a baineadh as GTA don bhliain 2020. Aithníodh san iarraidh ar athbhreithniú na trí phríomh-mhargadh oscailte do shileacan Síneach: An tSeapáin, Poblacht na Cóiré agus an India. Ba ionann onnmhairí chuig na trí tír sin in 2020 agus 46 % d'onnmhairí síleacain uile na Síne. De réir GTA, ba é 1 800 USD in aghaidh an tona an meánphraghas onnmhairiúcháin do na tíortha sin ar leibhéal SAB don bhliain 2020.
- (207) Trí na sonraí céanna a asbhaint ó GTA don tréimhse chéanna léiríodh gurbh é 1 915 USD in aghaidh an tona an meánphraghas onnmhairiúcháin chuig an Aontas ar leibhéal SAB. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach i gcónaí ó thaobh praghsanna d'onnmhairí Síneacha, d'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm.
- (208) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh, thug EUSMET dá aire go raibh praghas SAB 1 915 USD in aghaidh an tona le haghaidh onnmhairí Síneacha chuig tíortha an Aontais Eorpaigh níos airde (agus é coigeartaithe go EUR) ná an praghas CAL € 1 523 in aghaidh an tona le haghaidh allmhairí Síneacha isteach san Aontas Eorpach a luaitear i dTábla 4 thíos.
- (209) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil eastóscadh GTA bunaithe ar shonraí a fuarthas ó údarás custaim na Síne agus gur úsáideadh é díreach mar bhonnlíne chun praghsanna onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid le cinn scríbe éagsúla. Níor cheart é a úsáid chun comparáid a dhéanamh le sonraí ó Eurostat maidir le luach beacht EUR in aghaidh an tona d'allmhairí isteach san Aontas, agus níor asbhaineadh é chun sin a dhéanamh.
- (210) Ar deireadh, ós rud é go bhfuil dleachtanna arda frithdhumpála ar allmhairí síleacain ó PRC sna Stáit Aontaithe, tá sé níos tarraingtí fós do mhargadh an Aontais. Tá bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais i gcoinne allmhairí síleacain ón tSín ag an Astráil agus ag Ceanada freisin.

4.3. Conclúid

- (211) Bunaithe ar an acmhainneacht táirgeachta shuntasach agus ar an acmhainneacht bhreise shuntasach i nDaon-Phoblacht na Síne agus ar tharraingteacht mhargadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhór an dóchúlacht go rachadh líon na méideanna dumpáilte i méid dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.
- (212) I bhfianaise a thorthaí ar leanúnachas na dumpála le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus ar fhorbairt dhóchúil na n-allmhairí Síneacha dá rachadh na bearta as feidhm, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil i méideanna suntasacha dá rachadh na bearta frithdhumpála ar allmhairí ón tSín in éag.

5. DÍOBHÁIL

5.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (213) Trí tháirgeoir a mhonaraigh an táirge comhchosúil, ar leis an ngrúpa céanna iad dhá cheann acu, san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán. Ar chúiseanna rúndachta, dá bhrí sin, déantar na figiúirí a bhaineann leis an tionscal an Aontais a innéacsú agus/nó a thabhairt i raonta.
- (214) Suíodh gur [120 000 go 160 000] tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe⁽⁵⁷⁾. Ríomhadh an figiúr ar bhonn an fhreagra ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais, arb iad tionscal an Aontais iad. Mar a léirítear in aithris (8), is ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais a thagann 100 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

⁽⁵⁷⁾ Tugtar raonta ar chúiseanna rúndachta

5.2. Tomhaltas an Aontais

(215) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais a chur leis na hallmhairí ón tSín agus ó thríú tíortha eile, bunaithe ar shonraí ó Eurostat agus ar fhreagraí ceistneora.

(216) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (i dtonaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais (raonta)	[500 000 – 550 000]	[460 000 – 510 000]	[430 000 – 480 000]	[450 000 – 500 000]
<i>Innéacs</i>	100	88	81	84

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir agus Eurostat

(217) Tháinig laghdú seasta ar thomhaltas an Aontais go dtí 2020 agus tháinig téarnamh beag 3 phointe céatadán air idir 2020 agus RIP. Ar an iomlán, tháinig laghdú 16 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(218) Is éard is cúis leis an laghdú ar an éileamh ná an t-éileamh níos ísle ar shileacan a úsáidtear le haghaidh táirgeadh alúmanaim, arb é táirgeadh feithiclí laghdaithe san Aontas is cúis leis, den chuid is mó, a úsáideann ábhair alúmanaim den chuid is mó, agus is le sileacan a tháirgtear iad. Tharla an meath in earnáil na bhfeithiclí mar gheall ar sháithiú sa mhargadh a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuid is mó de na tíortha tionsclaíocha in 2018, in éineacht le laghdú in 2020 agus san RIP, mar gheall ar phaindéim COVID-19. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú freisin ar éileamh sileacain in earnáil na gceimiceán, a raibh tionchar páirteach air ag cur isteach ginearálta ar shreafaí trádála, le linn 2020 agus an RIP, mar gheall ar phaindéim COVID-19.

5.3. Allmhairí ón tír lena mbaineann

(219) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ón tSín ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais mar a leagtar amach in aithrisí (215) agus (216).

(220) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ón tSín isteach san Aontas:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (i dtonaí) agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí	76 401	48 379	36 310	29 788
<i>Innéacs</i>	100	63	48	39
Méid na n-allmhairí ar íocadh dleacht orthu	33 416	10 714	10 637	12 017
<i>Innéacs</i>	100	32	32	36
Méid na n-allmhairí faoi IPP	42 985	37 665	25 673	17 771
<i>Innéacs</i>	100	88	60	41

An sciar den mhargadh (raon)	[12-18 %]	[8-13 %]	[5-10 %]	[4-9 %]
<i>Innéacs</i>	100	72	59	46

Foinse: Eurostat

- (221) Tháinig laghdú leanúnach ar mhéideanna allmhairí ón tír lena mbaineann thar an tréimhse faoi bhreathnú (laghdú foriomlán 61 %), rud a d'fhág go raibh a sciar den mhargadh faoina leath le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (222) Déantar formhór na sileacan (60 % den iomlán sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe) ón tSín a allmhairiú faoi IPP agus úsáidtear iad mar amhábhair i dtionscal na gceimiceán den chuid is mó. I gcás na n-allmhairí sin, ní íocfar aon dleacht (gnáthdhumpáil nó frithdhumpála), ar choinníoll go n-onnmhaireofar na táirgí iartheachtacha.
- (223) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh, chuir EUSMET in iúl nach raibh aon iomaíocht idir allmhairí agus táirgeadh an Aontais ós rud é gur faoi IPP a rinneadh idir 56 % agus 80 % de na hallmhairí sileacain ón tSín agus go raibh baint acu le grád speisialta sileacain nach dtáirgtear san Aontas.
- (224) Mar is léir ón gconclúid in aithris (65), meastar gur táirge aonchineálach é an sileacan. Mar a tugadh faoi deara in aithrisí (48), níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne leis an imscrúdú agus dá bhrí sin bhí ar an gCoimisiún staidreamh maidir le hallmhairí a úsáid. Tuairiscítear gach grád den táirge faoi athbhreithniú faoin gcód AC céanna agus níl aon sonraí allmhairiúcháin ar fáil lena bhféadfaí difreáil a dhéanamh trí úsáid deiridh nó gráid táirge, beag beann ar an gcóras allmhairiúcháin. Mar a luaitear in aithris (66), mar gheall nár chomhoibrigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú seo, i gcás fhormhór na n-allmhairí, ní féidir leis an gCoimisiún a chinneadh cé na cineálacha táirgí (nó na gráid sileacain) atá á n-allmhairiú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

5.3.1. Pragsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais

- (225) Is ar bhonn sonraí ó Eurostat a shuigh an Coimisiún pragsanna na n-allmhairí. Seo a leanas mar a bhí forbairt meánphraghas allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Pragsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An tSín	1 786	1 693	1 523	1 532
<i>Innéacs</i>	100	95	85	86
Allmhairí a n-íoctar dleacht orthu	1 538	1 337	1 311	1 496
<i>Innéacs</i>	100	87	85	97
Allmhairí IPP	1 980	1 795	1 611	1 556
<i>Innéacs</i>	100	91	81	79

Is iad na figiúirí praghais CAL, teorainn an Aontais, Foinse: Eurostat

- (226) Tháinig laghdú 15 % ar an meánphraghas aonaid idir 2018 agus 2020 agus tháinig méadú beag ar 1 % sa RIP. Ar an iomlán, tháinig laghdú 14 % ar an bpraghas le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (227) Tháinig laghdú 15 % go leanúnach ar phraghsanna allmhairiúcháin allmhairí sileacain faoi IPP le linn na tréimhse atá i gceist, agus tháinig laghdú 15 % ar na hallmhairí a íocadh ar dhleacht idir 2018 agus 2020 agus tháinig méadú 12 % air sa RIP. I gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, bhí pragsanna sileacain arna n-allmhairiú faoi IPP níos airde ná na pragsanna a bhí faoi réir dleachtanna.

5.3.2. Sladghearradh praghsanna

- (228) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:
- an meánphraghas díola ualaithe i gcás tháirgeoirí an Aontais, praghas a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais agus arna shocrú ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha; agus
 - meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an gcéad chustaiméirí neamhspleách ar mhargadh an Aontais, a bhunaítear ar bhonn costais, árachais, lasta (CIF) mar a mhínítear in aithris (182), mar aon le coigeartuithe iomchuí maidir le gnáthdhleachtanna custaim agus dleachtanna frithdhumpála (más infheidhme) agus costais iar-allmhairithe de 1 %.
- (229) Ba é 9,2 % an sladghearradh (arna sloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas tháirgeoirí an Aontais le linn na thréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe) lena gcuirtear i bhfeidhm an dleacht thraidisiúnta agus frithdhumpála ar allmhairí, i gcás inarb infheidhme.
- (230) Ina mbarúlacha faoin nochtadh, mhaígh EUSMET gur cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ríomh corrlaigh sladghearrtha trí chostais iar-allmhairiúcháin a chur san áireamh, ar thaobh amháin, agus trí phraghsanna díola an Aontais a choigeartú, ar an taobh eile. Bhunaigh EUSMET é sin ar an toimhde gurb iad trádálaithe/allmhairí den chuid is mó a rinne 40 % de na hallmhairí ón tSín, cé go ndíolann táirgeoirí de chuid an Aontais a gcuid táirgí leis na húsáideoirí deiridh in earnáil an alúmanaim. Ina theannta sin, shainaithin EUSMET go raibh díolacháin idirchuideachtaí ag roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais, dá bhrí sin tá difríocht ann ó thaobh leibhéal na trádála de.
- (231) Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú, mar a thugtar faoi deara in aithris (48), nár chomhoibrigh aon táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach sladghearrtha ar na fórais a bhí ar fáil. Ar an dara dul síos, ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh, ní mhíníonn EUSMET conas is féidir cineál an cheannaitheora a bhunú bunaithe ar shonraí ar leibhéal TARIC. Ar an tríú dul síos, murab ionann agus maíomh EUSMET, léiríonn an fhianaise i gcomhad go ndearna na húsáideoirí comhoibríocha líon suntasach ceannachán go díreach ón tSín (gan trádálaithe agus/nó dáileoirí). Ar an gceathrú dul síos, níor chuir an Coimisiún díolacháin idirchuideachtaí san áireamh, dá bhrí sin, níl aon difríocht ann ó thaobh leibhéal na trádála de. Dá bhrí sin, ní thacaíonn torthaí an Choimisiúin le linn an imscrúdaithe le haghneacht EUSMET.
- (232) Thairis sin, suíodh an sladghearradh a bhunaítear in aithris (229) bunaithe ar na hallmhairí uile ón tSín. Chun amhras a sheachaint, fuair an Coimisiún sladghearradh 9,2 % nuair a cuireadh iomlán na n-allmhairí san áireamh agus laghdú 0,4 % nuair nár breithníodh ach allmhairí a íocadh ó dhleacht.
- (233) Rinne an Coimisiún an sladghearradh in éagmais dleachtanna frithdhumpála a ríomh freisin. Agus na barúlacha tar éis an nochtá á gcur san áireamh, thug an Coimisiún dá aire, sa leagan nochtá, go raibh botún cléireachais sa sladghearradh iomlán in éagmais dleachtanna frithdhumpála (i.e. nár baineadh na dleachtanna go hiomlán). Tar éis dó an botún cléireachais a cheartú, fuair an Coimisiún sladghearradh 14,6 % nuair a cuireadh iomlán na n-allmhairí san áireamh agus sladghearradh 13,9 % nuair nár breithníodh ach allmhairí a íocadh ó dhleacht.
- (234) Dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfianaise i gcomhad agus ar an anailís ar phraghsanna a rinne an Coimisiún, diúltaíodh d'éileamh EUSMET ar bhoilsciú corrlaigh.

5.4. Allmhairí ó thríú tíortha nach an tSín iad

- (235) Is ón Iorua, ón mBrasaíl agus ón Malaeisia go príomha a tháinig allmhairí sileacain ó thríú tíortha seachas an tSín (íoctar dleacht agus próiseáil isteach).
- (236) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí isteach san Aontas agus ar sciartha den mhargadh agus treochtaí praghsanna i gcás allmhairí sileacain ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Iorua	Méid (tonaí)	136 812	168 827	174 008	185 342
	Innéacs	100	123	127	135
	An sciar den mhargadh (raon)	[21-26 %]	[35-40 %]	[38-43 %]	[39-44 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 960	1 860	1 809	1 787
	Innéacs	100	95	92	91
An Bhrasaíl	Méid (tonaí)	64 467	31 721	41 663	43 467
	Innéacs	100	49	65	67
	An sciar den mhargadh (raon)	[10-15 %]	[5-10 %]	[9-14 %]	[9-14 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 973	1 857	1 567	1 537
	Innéacs	100	94	79	78
An Mhalaeisia	Méid (tonaí)	0	748	17 713	25 747
	Innéacs	<i>neamhbhainteach</i>	<i>neamhbhainteach</i>	<i>neamhbhainteach</i>	<i>neamhbhainteach</i>
	An sciar den mhargadh (raon)	0 %	[0-5 %]	[2-6 %]	[5-10 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)		1 594	1 519	1 569
	Innéacs		100	95	98
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	86 527	85 740	53 865	44 843
	Innéacs	100	99	62	52
	An sciar den mhargadh (raon)	[15-20 %]	[16-21 %]	[10-15 %]	[6-11 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 974	1 662	1 648	1 764
	Innéacs	100	84	83	89
Iomlán na dtríú tíortha seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	287 805	287 036	287 248	299 399
	Innéacs	100	100	100	104
	An sciar den mhargadh (raon)	[50-55 %]	[60-65 %]	[65-70 %]	[65-70 %]
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 967	1 800	1 726	1 729
	Innéacs	100	92	88	88

Foinse: Eurostat

- (237) Tháinig ardú 4 % ar méid na n-allmhairí ó thríú tíortha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise an laghdaithe 16 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 24 % ar an sciar den mhargaidh a bhí ag na hallmhairí ó thríú tíortha idir 2018 agus an RIP. Is san Iorua, sa Bhrasaíl agus sa Mhalaeisia a tháinig formhór na n-iompórtálacha sin. Mar sin féin, cé gur tháinig fás 35 % ar allmhairí ón Iorua, tháinig laghdú 33 % ar allmhairí ón mBrasaíl agus shroich na hallmhairí ón Malaeisia sciar 5-10 % den mhargadh sa RIP in 2018.
- (238) Thit an praghas allmhairiúcháin in EUR in aghaidh an tona ó na tríú tíortha go leanúnach thar an tréimhse lena mbaineann (laghdú foriomlán 12 %). Sa RIP, bhí praghsanna iompórtála ón Iorua, ón mBrasaíl, ón Malaeisia agus ó na tríú tíortha eile go léir níos airde ar an meán ná na praghsanna iompórtála ón tSín.

5.5. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

5.5.1. Barúlacha ginearálta

- (239) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.1.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (240) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na táirgeachta i dtónaí (raon)	[200 000 – 240 000]	[150 000 – 190 000]	110 000 – 150 000]	120 000 – 160 000]
<i>Innéacs</i>	100	78	66	71
Acmhainneacht táirgeachta i dtónaí (i dtónaí) (raon)	[200 000 – 240 000]	[170 000 – 210 000]	[170 000 – 210 000]	[170 000 – 210 000]
<i>Innéacs</i>	100	84	84	83
<i>Úsáid acmhainneachta - Innéacs</i>	100	93	78	86

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (241) Tháinig laghdú 34 % ar mhéid na táirgeachta idir 2018 agus 2020 agus tháinig méadú beag 5 % air sa RIP. Ar an iomlán, le linn na tréimhse lena mbaineann, thit méid na táirgeachta 29 %, chun oiriúnú d'éileamh níos ísle. Léiríonn éabhlóid mhéid an táirgthe barrachas soláthair ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, atá le feiceáil freisin i méid na stoc dúnta in 2018 (féach aithris (256)), rud a laghdaíodh de réir a chéile.
- (242) Thit an acmhainneacht táirgeachta freisin idir 2018 agus 2019 (16 %) den chuid is mó agus d'fhan sí cobhsaí go cothrom go dtí an RIP, nuair a thit sé faoi 1 % sa bhreis. Ó thit na méideanna táirgthe níos tapúla ná an acmhainneacht táirgeachta, tháinig laghdú 17 % ar úsáid na hacmhainne le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.1.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

- (243) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh (i dtonaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (raon)	[150 000 – 190 000]	[120 000 – 160 000]	[100 000 – 140 000]	[110 000 – 150 000]
<i>Innéacs</i>	100	80	64	71
An sciar den mhargadh (raon)	[30-35 %]	[25-30 %]	[26-31 %]	[27-32 %]
<i>Innéacs</i>	100	90	80	85

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (244) Lean méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais patrún cosúil leis an táirgeadh, ag laghdú 36 % de réir a chéile idir 2018 agus 2020 agus ag méadú 10 % sa RIP. Ar an iomlán, tháinig laghdú 29 % dhíolacháin san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse céanna, tháinig laghdú 15 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais.

5.5.1.3. Fás

- (245) Cé gur tháinig laghdú 16 % ar an tomhaltas, tháinig laghdú 29 % ar mhéideanna táirgeachta thionscal an Aontais agus ar dhíolacháin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 15 % ar sciar den mhargadh. Sáraitear crapadh an mhargaidh le caillteanais thionscal an Aontais i dtéarmaí méid an táirgthe agus díolacháin.

5.5.1.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

- (246) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
<i>An líon fostaíthe - Innéacs</i>	100	88	87	88
<i>Táirgiúlacht (tona/fostaí) - Innéacs</i>	100	88	75	81

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (247) I gcomhréir leis an treocht acmhainne, tháinig laghdú 12 % ar an bhfostaíocht idir 2018 agus 2019, agus d'fhan sí cobhsaí go cothrom go dtí an RIP. Ó thit an táirgeadh níos tapúla fós (29 %), tháinig laghdú 19 % ar an táirgiúlacht, idir 2018 agus an RIP.

5.5.1.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

- (248) D'ainneoin leibhéil laghdaitheacha na gcainníochtaí allmhairí ón tSín, bhí tionchar diúltach ag na hallmhairí a dumpáladh ag 39,4 % ar fheidhmíocht thionscal an Aontais, rud a fhágann go raibh sé deacair do thionscal an Aontais téarnamh ó chleachtais dumpála roimhe seo.

5.5.1.6. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

- (249) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán - Raonta	[2 000 - 2 200]	[1 700 - 1 900]	[1 700 - 1 900]	[1 700 - 1 900]
An meánphraghas díolachán aonaid san Aontas ar an margadh iomlán - Innéacs	100	88	85	87
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid - Raonta	[1 800 - 2 000]	[1 700 - 1 900]	[1 700 - 1 900]	[1 700 - 1 900]
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid - Innéacs	100	99	92	95

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (250) Tháinig laghdú 12 % in 2019 ar phraghas díolacháin an tionscail de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas i gcomparáid le 2018 agus tháinig laghdú 1 phointe céatadáin air idir 2019 agus an RIP.
- (251) Murab ionann agus an praghas díolacháin aonaid, d'fhan costas aonaid táirgthe thionscal an Aontais cobhsaí in 2019 agus thit sé 5 % idir 2019 agus an RIP. Léirigh sé seo go páirteach an cinneadh a rinne roinnt táirgeoirí foirneáil áirithe a dhúnadh síos, i bhfianaise an rósholáthair a tháinig ón éileamh níos ísle.
- (252) Mar thoradh air sin, thit an praghas díolacháin dhá oiread (13 %) ná an costas táirgthe (5 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.1.7. Costais saothair

- (253) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR) - Innéacs	100	92	86	88

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (254) Tháinig laghdú 12 % ar an meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mínítear treocht an mheánchostais le bónais na bhfostaithe a íocadh in 2018 agus leis an gclár slándála sóisialta i dtréimhsí an aschuir níos ísle.

5.5.1.8. Fardail

- (255) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar na leibhéil stoic a bhí ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
<i>Stoic dheiridh (i dtónaí) – Innéacs</i>	100	79	65	9
<i>Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht - Innéacs</i>	100	101	98	13

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (256) Tháinig laghdú 91 % ar na stoic dheiridh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an laghdú sin den chuid is mó mar go raibh na stoic in 2018 ard i méideanna, ós rud é go raibh an t-éileamh níos ísle ar shileacan ag tús na tréimhse faoi bhreathnú ina chúis le rósholáthar san Aontas.
- (257) Ar an gcaoi chéanna, tháinig laghdú 87 % ar an gcóimheas idir na stoic deiridh agus na méideanna táirgeachta idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.1.9. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

- (258) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí de chuid tháirgeoirí an Aontais sa tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán) (raon)	[5 % -10 %]	[- 6 % - - 1 %]	[0 % - 5 %]	[0 % - 5 %]
<i>Innéacs</i>	100	- 107	38	12
<i>An sreabhadh airgid (EUR) - Innéacs</i>	100	- 11	104	38
<i>Infheistíochtaí (EUR) - Innéacs</i>	100	88	8	41
Toradh ar infheistíochtaí (raon)	[70 % -75 %]	[- 70 % - - 75 %]	[0 % - 5 %]	[- 15 % -20 %]
<i>Innéacs</i>	100	- 105	6	- 29

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (259) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais a sampláladh trí ghlanbhrabús réamhchánach dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Ó staid brabúsachta dearfaí in 2018, bhain caillteanas do thionscal an Aontais in 2019. Tháinig feabhas mall ar an meánbhrabúsacht in 2019 agus 2020, ach, san iomlán, tháinig laghdú 88 % ar bhrabúsacht thionscal an Aontais thar an tréimhse faoi bhreathnú.

- (260) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig laghdú 111 % ar an treocht i nglansreabhadh airgid in 2019, d'fhás sé 124 % arís in 2020 agus tháinig laghdú 66 % arís air i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'ainneoin an mhéadaithe, bhí an sreabhadh airgid le linn an RIP 62 % níos ísle fós ná mar a bhí in 2018 agus ba thoradh é den chuid is mó ar an laghdú suntasach díolacháin a tháinig ar tháirgeoirí amháin de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (261) Laghdaigh leibhéal na n-infheistíochtaí go leibhéal an-íseal in 2020 chun teacht ar ais beagán sa RIP. Ar an iomlán, tá laghdú faoina leath tagtha ar na hinfeistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Baineann thart ar 70-80 % de na hinfeistíochtaí le trealamh áirithe a athsholáthar ag duine de na táirgeoirí. Níos ginearálta, mar fhreagairt ar an éileamh atá ag titim, bhí na cuideachtaí ag laghdú a gcuid sócmhainní a úsáideadh le haghaidh táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú go dtí an RIP, áit a ndearnadh roinnt infheistíochtaí ar na comharthaí ar aisghabháil éilimh.
- (262) Bhí an toradh ar infheistíochtaí a bhí ag teastáil chun sileacan a tháirgeadh ar an díolachán sileacain iomlán tar éis na mbrabús a bhí ag laghdú.

5.6. Conclúid faoi dhíobháil

- (263) Léirigh gach táscaire díobhála, seachas leibhéil an stoic, patrún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I gcomhthéacs laghdú ar an éileamh (16 %), tháinig laghdú níos mó ar dhíolacháin agus ar tháirgeacht araon (29 %). Ba é a bhí mar thoradh air sin ná laghdú comhchosúil ar an acmhainneacht (17 %) agus ar an bhfostaíocht (12 %). Ós rud é go raibh an laghdú táirgeachta níos tapúla (29 %) ná an laghdú ar thoilleadh agus ar fhostaíocht, thit úsáid na hacmhainne agus an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú freisin.
- (264) Le linn na tréimhse céanna, laghdaigh na meánphraghsanna aonaid (13 %). Mar thoradh air sin, in ainneoin laghdú ar chostas an táirgthe (5 %), tháinig laghdú 88 % ar an mbrabúsacht. Chomh maith leis an bhrabúsacht, chomh maith leis an infheistíocht, thit sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht go mór thar an tréimhse faoi bhreathnú.
- (265) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. NASC CÚISÍOCH IDIR AN DÍOBHÁIL AGUS NA HALLMHAIRÍ DUMPÁILTE ÓN TSÍN

- (266) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú féachaint ar bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an cheist arbh fhéidir go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais de bharr fachtóirí aitheanta eile san am céanna, go háirithe allmhairí ó thríú tíortha.
- (267) Thar an tréimhse faoi bhreathnú, laghdaigh na méideanna allmhairí ón tSín ó 14 % in 2018 go 7 % sa RIP. Tháinig na hallmhairí sin isteach ag leibhéal na bpraghsanna a ghearrann praghsanna díolacháin an Aontais 9,2 % le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe (RIP), agus na dleachtanna frithdhumpála á meas nó 14,6 % nuair nach raibh na dleachtanna frithdhumpála á mbreithniú. I bhfianaise chúla margaidh a bhí ag laghdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí brú á chur, dá bhrí sin, ar an allmhairí ón tír lena mbaineann ar thionscal an Aontais a raibh a bhrabúsacht an-íseal i rith na tréimhse faoi bhreathnú agus a shroich leibhéal dhiúltacha in amanna fiú.
- (268) Ag an am céanna, choinnigh na hallmhairí ó thíortha eile, amhail an Iorua agus an Mhalaeisia, ag méadú agus mhéadaigh a sciar den mhargadh ó 53 % go 66 % idir 2018 agus an RIP. Díoladh allmhairí ó na tíortha sin ar phraghsanna níos ísle nó gar do na hallmhairí Síneacha le dleachtanna san áireamh, rud a chuir le staid dhíobhálach thionscal an Aontais freisin. Dá bhrí sin, an éifeacht a bhíonn ag allmhairí tríú tír ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais, go háirithe i dtéarmaí brabúsachta, maolú go pointe áirithe ar an nasc is cúis leis idir an díobháil agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín.

- (269) Ar bhonn an mhéid sin thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur rannchuidigh na hallmhairí dumpáilte ón tSín leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais, agus allmhairí tríú tír ag maolú a mhéid is cúis leis na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.
- (270) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh, d'áitigh EUSMET gur lean an Coimisiún cur chuige “seicliosta” ina mheasúnú díobhála agus nár bhreithnigh sé fianaise atá ag teacht salach ar a chéile, amhail an fhianaise a thugann le fios nach ionann allmhairí na Síne agus fórsa míniúcháin na díobhála do thionscal an Aontais. Go háirithe, mhaígh EUSMET nár chuir an Coimisiún san áireamh fianaise a bhaineann leis an gcaoi (i) gur tháinig laghdú ar mhéid allmhairí ón tSín le linn na tréimhse a breithníodh, (ii) nach raibh aon chomhghaol idir méideanna agus praghsanna allmhairí sileacain na Síne ar staid thionscal an Aontais, (iii) gur tháinig laghdú ar tháirgeacht thionscal an Aontais, ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais, ar phraghsanna díolacháin thionscal an Aontais agus ar tháscairí airgeadais eile i gcomhréir leis an tréimhse inar tháinig laghdú ar an éileamh agus ar na praghsanna san Aontas agus ar fud an domhain agus (iv) gur faoi IPP a bhí formhór na n-allmhairí sileacain ón tSín sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus bhain siad go bunúsach leis na hallmhairí miotail sileacain de ghrád speisialta a rinne comhalta amháin de chuid EUSMET, (v) nár bhreithnigh an Coimisiún ach oiread na hallmhairí suntasacha de mhíotail sileacain ón Afraic Theas isteach san Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus (vi) nach ndearna an Coimisiún míniú ar an gcaoi nach ndearna méid allmhairí na hIorua i bhfad níos airde ar phraghsanna a shladghearrann praghsanna tháirgeoirí an Aontais difear do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.
- (271) Is léir ó aithris (269) nár chuir an Coimisiún i leith allmhairí Síneacha an ról an fhórsa mhíniúcháin taobh thiar den díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais. Níor tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín an príomhchúis agus an t-aon chúis amháin leis an laghdú ar phraghsanna an Aontais. Agus ar deireadh, níl faillí déanta ag an gCoimisiún ar an laghdú ar an éileamh san Aontas agus ar fud an domhain, mar a mhínítear in aithris (218) agus mar a thuairiscítear go soiléir i dTábla 2. Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire go fíorasach go raibh na hallmhairí sin ón tSín fós, in ainneoin gur tháinig laghdú orthu le linn na tréimhse a breithníodh, ar phraghsanna dumpáilte sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus go raibh siad fós ag sladghearradh praghsanna an Aontais, rud a chuir le staid dhíobhálach thionscal an Aontais.
- (272) Cé go n-aontaíonn an Coimisiún go raibh an chuid is mó de na hallmhairí ón tSín faoi IPP, tá sé ag cur ina choinne gur bhain siad sin le grád sileacan áirithe a d'úsáid comhalta amháin de chuid EUSMET. Go deimhin, fiú dá nglacfaí leis go raibh iomlán na n-allmhairí ó bhail EUSMET le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe go hiomlán den sileacan de ghrád speisialta, ní bheadh na hallmhairí sin ach cothrom le níos lú ná leath na n-allmhairí ón tSín faoi IPP, nó níos lú ná aon trian de na hallmhairí foriomlána ón tSín, le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.
- (273) Mheas an Coimisiún tionchar na n-allmhairí ón Afraic Theas ach rinne sé an tionchar sin a dhírú orthu, toisc go bhfuil na hallmhairí sin i méideanna níos ísle ná allmhairí ó thíortha eile amhail an Iorua, an Bhrasail agus an Mhalaeisia, ar soláthraíodh sonraí mionsonraithe ina leith. Déantar tionchar na n-allmhairí ón Afraic Theas, agus ó mhionthíortha onnmhairiúcháin eile a ghabháil fós i bhfigiúr comhiomlánaithe “allmhairí eile” i dTábla 5.
- (274) Ar deireadh, aontaíonn an Coimisiún le EUSMET gur chuir an Iorua, mar aon le tíortha eile lena n-áirítear an tSín, leis an staid dhíobhálach thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh. Déantar méideanna allmhairí agus praghsanna allmhairí na hIorua a thuairisciú go soiléir i dTábla 5.
- (275) Mar fhocal scoir, mar a mhínítear in aithris (269), chuir an Coimisiún an díobháil i leith allmhairí sileacan ón tSín agus ó thríú tíortha eile araon. Murab ionann agus maímh EUSMET, dhírigh an Coimisiún ar anailís ar atarlú díobhála, mar a thuairiscítear in aithrisí (276) go (294), inar sainithníodh an staid dhóchúil ina ndéanfaí díobháil do thionscal an Aontais, dá rachadh na bearta in éag agus dá dtiocfadh borradh ar na hallmhairí ón tSín ag na praghsanna sladghearrtha reatha.

7. AN DÓCHÚLACHT GO DTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS

- (276) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (265) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin, i bhfianaise na treochna maidir le méideanna agus sciar na n-allmhairí Síneacha sa mhargadh a laghdú thar an tréimhse faoi bhreathnú, scrúdaigh an Coimisiún freisin, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín dá gceadófaí do na bearta i gcoinne na mbearta dul in éag.

- (277) I ndáil leis an méid sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais, na leibhéil praghsanna is dócha a bheidh ag allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais.
- (278) Pléitear an acmhainneacht agus an acmhainneacht bhreise sa tSín in aithris (188). De bharr neamh-chomhoibriú na dtáirgeoirí Síneacha, bhí torthaí an imscrúdaithe bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarratas ar athbhreithniú ar dhul in éag. San iarraidh ar athbhreithniú, rinneadh meastachán ar chumas táirgthe síleacain Síneach idir 6 agus 8 milliún tona in aghaidh na bliana agus luadh go bhfuil acmhainneacht táirgeachta síleacain na Síne i bhfad níos airde ná tomhaltas iomlán an domhain. Dearbhaítear leis sin conclúidí an athbhreithnithe dheireanaigh maidir le dul in éag go bhfuil acmhainneacht shuntasach spártha ag an tSín a d'fhéadfaí a úsáid chun margadh an Aontais a sholáthar má cheadaítear do na bearta dul in éag.
- (279) Pléitear tarraingteacht mhargadh an Aontais in aithrisí (201) go (204). Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithniúcháin, bhí meánphraghas díola thionscal an Aontais i bhfad níos airde ná an meánphraghas allmhairiúcháin ar shileacan Síneach. Ina theannta sin, d'fhan margaí eile dúnta mar gheall ar bhearta cosanta trádála ⁽⁵⁸⁾, ag cur in iúl gur dócha go mbeadh onnmhairí Síneacha i gcainníochtaí móra lena gcuirfí an acmhainneacht bhreise in úsáid dírithe ar an Aontas, i gcás ina rachadh na bearta in éag.
- (280) Bheadh leibhéil praghsanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas gan dleachtanna frithdhumpála réasúnta ina tháscaire réasúnta ar leibhéil praghsanna do mhargadh an Aontais amach anseo. Trí úsáid a bhaint as na sonraí ón tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, gan ach dleachtanna traidisiúnta a chur i bhfeidhm, shroichfeadh an sladghearradh 14,6 % nuair a chuirtear na hallmhairí uile san áireamh agus 13,9 % nuair nach gcuirtear ach allmhairí dleachta a íocadh san áireamh.
- (281) Ní cheadódh an brú praghsanna do thionscal an Aontais patrún brabúsach a choinneáil. Ina ionad sin, thioctadh meath breise ar thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul i léig. Go deimhin, in éagmais na mbearta, is dócha go gcuirfeadh allmhairí dumpáilte na Síne ar phraghsanna díobhála brú anuas breise ar na phraghsanna díola ar mhargadh an Aontais. Tá dóchúlacht an-ard ann go mbeadh ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a laghdú, rud a d'fhágfadh go mbeadh cailteanas bhreise bhrabúsachta ann, agus gach seans go mbeadh cailteanais thábhachtacha ann sa ghearrthéarma.
- (282) De rogha air sin, i gcás ina ndéanfadh tionscal an Aontais iarracht a phraghsanna díolacháin a mhéadú go leibhéil bhrabúsacha, i bhfianaise na ró-acmhainne sa tSín, is dócha go ngnóthódh na hallmhairí dumpáilte sciar suntasach den mhargadh san Aontas chun dochair do thionscal an Aontais.
- (283) Cé go raibh méid na n-allmhairí ón tSín ag laghdú de réir a chéile thar an tréimhse faoi bhreathnú, léiríonn na hallmhairí leanúnacha leas tháirgeoirí onnmhairithe na Síne i margadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, in ainneoin na mbearta atá i bhfeidhm, ag praghsanna a ghearrann faoi phraghsanna thionscal an Aontais. Ina theannta sin, mar a fheictear in aithris (206), bhí na praghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig tíortha eile (i.e. 1 800 USD in aghaidh an tona) níos ísle ná meánphraghsanna na n-onnmhairí chuig an Aontas, le linn na bliana céanna (i.e. 1 915 USD in aghaidh an tona).
- (284) Ina gcuid barúlacha maidir leis an nochtadh, d'athdhearbhaigh EUSMET a bharúil go bhfuil rómheastachán déanta ag an gCoimisiún ar an acmhainneacht agus ar an acmhainneacht bhreise sa tSín.
- (285) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir EUSMET aon fhianaise nua ar fáil ina leith sin agus gur athdhearbhaigh sé na maímh a rinne sé roimhe. Mar a shoiléirítear in aithrisí (191) go (195) a ghabhann le torthaí an Choimisiúin, go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach sa tSín, d'fhéadfaí sin a úsáid chun margadh an Aontais a sholáthar i gcás ina ligfí do bhearta dul in éag nó fanacht gan athrú.
- (286) Thug EUSMET dá aire go raibh an anailís ar tharraingteacht mhargadh an Aontais bunaithe ar phraghsanna onnmhairiúcháin síleacain ón tSín i dtreo an Aontais le haís margaí eile. D'iarr EUSMET go nochtfaí na sonraí sin.
- (287) Mar a shonraítear in aithris (209) bhunaigh an Coimisiún a chuid anailísí ar asbhaint GTA atá ar fáil go héasca. Tá sonraí GTA bunaithe ar shonraí a fhaightear ó údarais chustaim na Síne, agus úsáideadh iad go simplí mar bhonnlíne chun praghsanna onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid le cinn scríbe éagsúla.

⁽⁵⁸⁾ Tá bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais i bhfeidhm ag an Astráil, ag Ceanada agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcoinne allmhairí síleacain ón tSín.

- (288) Mhaígh EUSMET nár léirigh an Coimisiún, trí ligean do bhearta dul in éag, go rólionfaí margadh an Aontais le hallmhairí ón tSín. Bhí sé sin bunaithe ar an gcaoi nár tháinig méadú ar allmhairí ón tSín isteach san Aontas le linn an ghanntanais sileacain idir 2021 agus 2022.
- (289) Mheas an Coimisiún gur de chineál sealadach é an staid tar éis na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus go háirithe an méadú géar ar an éileamh agus an easpa soláthair dá bharr. Go deimhin, tá na suaití sin san éileamh agus sa soláthar nasctha le paindéim COVID-19, le hionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus leis an méadú ar phraghsanna leictreachais (ar tharla cuid de fiú sula ndearna an Rúis ionsaí ar an Úcráin). Mar sin féin, níl aon ghnéithe ann a thacaíonn leis na hargóintí nach de chineál sealadach iad na suaití sin, ná níor léirigh EUSMET an méid sin ina chuid aighneachtaí. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire nach ionann an cás ina dtagann méadú sealadach ar an éileamh agus cás ina ndéantar dleachtanna a bhaint go buan. Ní féidir freagairt an onnmhairora ar chás ina dtagann méadú sealadach ar an éileamh a mheas mar threoirphlean chun freagairt a thabhairt ar chás ina ndéantar dleachtanna a bhaint go buan. Thairis sin, bunaithe ar na breithnithe maidir le hacmhainneacht bhreise na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais, measann an Coimisiún fós go dtiocfadh allmhairí sileacain na Síne isteach i margadh an Aontais i gcainníochtaí suntasacha ar phraghsanna dumpáilte, dá ligfí do na bearta dul in éag.
- (290) Mhaígh EUSMET freisin go méadódh an toimhde ón gCoimisiún go dtiocfadh méadú ar allmhairí na Síne dá ndéanfaí bearta a aisghairm ós rud é: (i) go raibh an corrlach sladghearrtha boilsicthe; (ii) nár léiríodh an difríocht idir gráid éagsúla an táirge lena mbaineann san anailís, (iii) nárbh é an tAontas príomhmhargadh na Síne d'onnmhairí, (iv) nárbh é miotal sileacain na Síne an fórsa míniúcháin taobh thiar de dhíobháil thionscal an Aontais.
- (291) Níor cuireadh aon fhianaise nua ar fáil sna barúlacha maidir leis an nochtadh chun tacú leis na maímh sin. I bhfianaise na gceithre eilimint thuas ar tugadh aghaidh orthu sna haithrisí roimhe seo maidir le corrlach sladghearrtha (féach aithris (234)), difreáil táirgí (féach aithris (65)), murab é an tAontas an príomhmhargadh onnmhairiúcháin do Dhaon-Phoblacht na Síne (féach aithrisí (206) go (210)) agus an chúisíocht (féach aithris (275)), níor tháinig aon athrú ar anailísí an Choimisiúin maidir le méideanna agus éifeachtaí praghsanna a d'fhéadfadh a bheith ag allmhairí na Síne ar mhargadh an Aontais, dá ndéanfaí bearta a aisghairm.
- (292) Mhaígh EUSMET nár chuir an Coimisiún san áireamh an fhorbairt margaidh iar-RIP agus go háirithe an méadú géar ar phraghsanna sileacain an Aontais, an ganntanas soláthair domhanda, lena n-áirítear ar leibhéal thionscal an Aontais, rud a d'fhágfadh go mbeadh brabús suntasach á dhéanamh ag táirgeoirí de chuid an Aontais.
- (293) Mheas an Coimisiún gur treochtaí sealadacha iad an fhorbairt praghsanna chomh maith leis an nganntanas domhanda sileacan tar éis na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, dhá ní a raibh baint acu den chuid is mó le paindéim COVID-19 agus le himeachtaí geopholaitiúla in 2021 agus 2022. Ní thugtar le fios san fhianaise a chuireann EUSMET ar fáil, lena n-áirítear an réamhaisnéis maidir leis an méadú ar éileamh agus ar phraghsanna sileacain, gur de chineál buan a bheidh an ganntanas soláthair domhanda nó an méadú géar ar phraghsanna.
- (294) Ar an mbonn sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa beart agus gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís.

8. LEAS AN AONTAIS

- (295) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomlán nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhairioirí agus na n-úsáideoirí.

8.1. Leas thionscal an Aontais

- (296) Chomhoibrigh trí tháirgeoir de chuid an Aontais, a bhfuil 100 % de tháirgeachta an Aontais acu, san imscrúdú seo. Mar a shonraítear in aithris (265), baineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán in ainneoin na mbearta atá i bhfeidhm.

- (297) Is éard a bhí sna bearta atá i bhfeidhm den chuid is mó na méideanna allmhairí ón tSín, a tharla fós ag praghsanna díobhálacha a ghearrann praghsanna an Aontais agus a rannchuidigh tuilleadh, dá bhrí sin, le riocht forbhásach thionscal an Aontais.
- (298) Go deimhin, dá n-aisghairfí bearta, is dócha go dtiocfadh borradh ar an méid allmhairí ón tSín, agus i bhfianaise chumas spártha na Síne agus tharraingteacht mhargadh an Aontais, chuirfí tuilleadh dochair ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, rud a d'fhágfadh go laghdófaí táirgeadh, díolacháin agus fostaíocht san Aontas.
- (299) Dá mbeadh aon mheath breise ar staid airgeadais thionscal an Aontais bheadh an baol ann go ndéanfaí an táirgeadh a laghdú nó fiú go ndúnfaí láithreáin táirgthe san Aontas go cinnitheach. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais dá gcoinneofaí ar bun na bearta in aghaidh na Síne.
- (300) Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara
- (301) Níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh ná le linn an imscrúdaithe.
- (302) Dá bhrí sin, ní raibh aon chomhartha ann lenar léiríodh go mbeadh tionchar diúltach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na hallmhaireoirí ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart.

8.2. Leas úsáideoirí

- (303) Fuair an Coimisiún freagraí ó thrí úsáideoir, dhá cheann ó na hearnálacha ceimiceacha (Wacker agus Evonik, a bhunaigh an cuibhreannas EUSMET) agus ceann amháin ó earnáil an alúmanaim (Raffmetal). Thairis sin, fuair an Coimisiún barúlacha ó Chomhlachas Alúmanaim na hEorpa, a sheasann do shlabhra luacha iomlán thionscal an alúmanaim san Eoraip.
- (304) Tacaíonn Cumann Alúmanam na hEorpa mar aon le Raffmetal leis na bearta atá ann cheana a leanúint. Na húsáideoirí béim go bhfuil sileacain ábhar riachtanach i dtáirgeadh alúmanaim. Más rud é, ar thaobh amháin, go mbíonn drochthionchar ag na bearta frithdhumpála ar chostas táirgthe na n-úsáideoirí, ar an taobh eile, caomhnaíonn na bearta táirgeadh sileacain san Aontas. Mar thoradh air sin, baineann na húsáideoirí tairbhe as soláthar sileacain atá iontaofa agus gar ó thaobh na tíreolaíochta de.
- (305) Mhaígh EUSMET nár cheart na bearta frithdhumpála a choimeád. I gcás na n-úsáideoirí, tá sileacan tábhachtach go suntasach agus is ionann é agus sciar mór dá gcostas amháibhar. Tá na húsáideoirí sin ag allmhairiú ón tSín agus méadaíonn na dleachtanna frithdhumpála a gcostas táirgthe le haghaidh táirgí atá bunaithe ar shileacain. Thairis sin, mhaígh siad go bhféadfadh éifeacht na mbeart ar úsáideoirí ceimiceacha a bheith níos suntasaí ná i gcás na dtionscal alúmanaim.
- (306) Mar sin féin, léiríonn an fhaisnéis a chuireann an dá úsáideoir comhoibritheacha a tháirgeann táirgí ceimiceacha ar fáil go n-allmhairíonn siad méideanna suntasacha faoi IPP, agus dá bhrí sin tá siad díolmhaithe go pointe áirithe ón dleacht frithdhumpála. Dá bhrí sin, measadh éifeacht na mbeart ar chuid de na hallmhairí ó na húsáideoirí sin a bheith teoranta.
- (307) Tharraing EUSMET aird bhreise ar dhea-staid airgeadais tháirgeoirí an Aontais, go háirithe tar éis RIP.
- (308) Tugann an Coimisiún dá aire gurb ionann an feabhas is dealraitheach a tháinig ar staid airgeadais tháirgeoirí an Aontais agus an fás domhanda a tháinig ar an éileamh sileacain le déanaí. Forbairt margaidh ghearrthéarma, a tharlaíonn in aon chás tar éis RIP, ní féidir a mheas go léiríonn sé staid airgeadais an Aontais, go háirithe i bhfianaise na gconclúidí in aithrisí (211), (212) agus (294). Dá bhrí sin, ós rud é nach bhfuil tionscal an Aontais i staid chobhsaí eacnamaíoch agus ós rud é go mbeadh sé faoi réir tionchar diúltach na n-allmhairí dumpáilte ón tSín amach anseo, níorbh fhéidir na bearta a chur in éag.

- (309) D'éiligh EUSMET go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh ar shileacain agus gur tháinig laghdú ar an soláthar in AE le blianta beaga anuas. Chuir EUSMET in iúl go raibh inní air faoi chinnteacht an tsoláthair agus go háirithe faoi neamhábaltacht thionscal an Aontais soláthar iomlán a dhéanamh d'éileamh an Aontais. D'fhágfadh sé sin nach mbeadh an táirge comhchosúil ar fáil chun an t-éileamh a shásamh, rud atá ag fás go tapa, go háirithe tar éis an RIP. Tharraing EUSMET aird freisin ar an dianiomaíocht ina margaí táirgí iartheachacha, áit a raibh EUSMET faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht le costais arda sileacain i gcomparáid le táirgeoirí eile ar fud an domhain.
- (310) An t-imscrúdú, áfach, léirigh go bhfuil éagsúlacht na foinsí sileacain ann. Ar an gcéad dul síos, tá acmhainneacht bhreise ag tionscal an Aontais is féidir a athghníomhachtú chun freastal ar éileamh a bheidh ag dul i méid amach anseo. Go deimhin, mar a léirítear i dTábla 2, fiú má laghdaigh tionscal an Aontais a gcumas táirgeachta agus táirgthe go pointe áirithe mar fhreagairt ar thomhaltas sileacain atá ag meath, tá acmhainneacht shaor shuntasach (i. e. thart ar 26 % san RIP) fós ar fáil san Aontas má éilíonn an méadú sin arís. Thaispeáin an t-imscrúdú go bhféadfaí na foirnéisí a dúnadh síos a athghníomhachtú chomh gearr le dhá sheachtain go dhá mhí, ag brath ar an am neamhghníomhaíochta.
- (311) Thairis sin, is féidir sileacan a fháil ó thíortha eile, amhail an Iorua, an Mhalaeisia, an Bhrasaíl, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Mar atá leagtha amach in aithris (236) déantar dhá thrian den sileacan a cheannaítear san Aontas a allmhairiú ón Iorua, ón mBrasaíl, ón Malaeisia, agus ó roinnt tíortha eile. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár chuir na bearta atá i bhfeidhm bac ar allmhairiú sileacain Síneach ó dhul isteach i margadh an Aontais.
- (312) Mar fhocal scoir, is ionann an meascán idir foinsí eile soláthair agus an acmhainneacht breise san Aontas agus éagsúlacht roghanna éagsúla d'úsáideoirí sileacain an Aontais. Ní fhéadfaí glacadh leis an argóint.
- (313) D'éiligh EUSMET gur cheart deireadh a chur leis na bearta freisin i bhfianaise go ndearna an Coimisiún sileacan a aicmiú mar amhábhhar criticiúil ("CRM")⁽⁵⁹⁾ bunaithe ar a thábhacht eacnamaíoch agus a riosca soláthair. D'áitigh EUSMET go gcuirfí teorainn leis an méid sileacain agus éagsúlacht na bhfoinsí atá ar fáil ar an margadh dá gcoinneofaí na bearta.
- (314) Comhaontaíonn an Coimisiún maidir le nádúr criticiúil sileacain san éiceachóras tionsclaíoch san Aontas. Mar sin féin, dá mbeadh allmhairí ar phraghas dumpáilte sa mhargadh, chuirfí tionscal an Aontais i mbaol go mór, agus dhéanfaí iontaofacht soláthair sileacain san Aontas a chur i mbaol san fhadtárma. Diúltaíodh don mhaíomh ar an gcúis sin.
- (315) Ina gcuid barúlacha maidir leis an nochtadh, d'esaontaigh EUSMET le conclúidí an Choimisiúin go bhfuil an sileacan de ghrád speisialta, a bhí ag teastáil ó roinnt úsáideoirí chun táirgí a tháirgeadh a dtiocfaidh méadú ar a n-éileamh amach anseo, ar fáil i gcainníochtaí leordhóthanacha i margaí eile seachas i nDaon-Phoblacht na Síne. Thairis sin, mhaígh EUSMET go mbaineann formhór na n-allmhairí IPP leis an sileacan de ghrád speisialta sin a d'allmhairigh ceann dá chomhaltaí.
- (316) Thug an Coimisiún dá aire nach dleachtanna toirmeascacha iad na dleachtanna ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus má tá grád speisialta sileacain de dhíth ar na húsáideoirí, tá sé sin fós ar fáil lena allmhairiú faoi dhálaí cothroma iomaíochta.
- (317) Thairis sin, mar atá soiléirithe cheana féin in aithris (272), bunaithe ar mhéideanna Eurostat, baineann formhór na n-allmhairí IPP le hallmhairí eile seachas na hallmhairí sin ón gcomhalta EUSMET a allmhairíonn an sileacan de ghrád speisialta, fiú dá nglacfaí leis nach gceannaíonn an comhalta sin ach an sileacan de ghrád speisialta faoi IPP.
- (318) Chuir EUSMET in iúl nach bhfuil IPP ábhartha ach amháin a mhéid a onnmhairítear earraí agus nach féidir iad a úsáid faoi roinnt comhaontuithe saorthrádála de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an tSeapáin. Dá bhrí sin, ní laghdaíonn an rochtain ar IPP an míbhuntáiste iomaíoch a bhain do chomhaltaí EUSMET.

⁽⁵⁹⁾ Féach an dara liosta CRM (COM (2014) 297 final an 26 Bealtaine 2014), an tríú liosta (COM (2017) 490 final) agus an liosta deireanach (COM (2020) 474 final) a foilsíodh i Meán Fómhair 2020

- (319) Luaigh an Coimisiún in aithris (306) nach bhfuil méideanna áirithe arna n-allmhairiú ag comhaltaí EUSMET faoi IPP ach amháin chun a chur in iúl nach raibh an chuid dá n-allmhairí faoi réir na ndleachtanna agus, dá bhrí sin, go raibh tionchar teoranta ag na dleachtanna sin le linn tréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe. Is eol don Choimisiún nach féidir le comhaltaí EUSMET allmhairiú trí IPP amháin agus go bhfuil na hallmhairí iarmharacha faoi chóras rialta arna ndéanamh ag comhaltaí EUSMET faoi réir na ndleachtanna agus go bhfuil tionchar acu ar na hallmhairí. Mar sin féin, má tá cuideachta in ann sileacan a allmhairiú faoi IPP, cuireann sé sin teorainn le tionchar na ndleachtanna do na húsáideoirí lena mbaineann, fiú mura gcuireann sé teorainn leis an tionchar sin ar an méid iomlán a allmhairítear dá réir sin.
- (320) Thug EUSMET dá aire nach leor acmhainneacht bhreise thionscal an Aontais chun an t-éileamh méadaitheach sileacain san Aontas a sholáthar. Thairis sin, chuir EUSMET i dtábhacht nach mbeidh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann a n-úsáid acmhainneachta a mhéadú de bharr praghsanna leictreachais a bheith á bhforbairt san Aontas.
- (321) Measadh gur suntasach an acmhainneacht bhreise atá san Aontas (26 % ar an meán, arb ionann í agus thart ar 10 % de thomhaltas reatha an Aontais). Ina theannta sin, tá allmhairí sileacain ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an tSín, ar fáil. Níor léirigh EUSMET ach oiread nach mbeadh an praghas díolacháin sileacain ag gabháil leis an méadú féideartha ar phraghsanna leictreachais, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí úsáid acmhainneachta tháirgeoirí de chuid an Aontais a mhéadú. Ós rud é gur mórchostas é an leictreachas sa táirgeadh, is dócha go mbeidh comghaol idir an dá ní sin, dá bhrí sin, diúltaítear an maíomh sin.
- (322) Mhaígh EUSMET nár chuir an Coimisiún san áireamh, ar an gcéad dul síos, an méadú ar an éileamh don tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Go háirithe, níor chuir an Coimisiún san áireamh go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar an ngrád speisialta sileacain nach dtáirgtear san Aontas agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é den chuid is mó. Ar an dara dul síos, líomhnaítear nár chuir an Coimisiún san áireamh an ganntanas sileacain díreach tar éis na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Ar an tríú dul síos, níor chuir an Coimisiún san áireamh an iomaíocht mhéadaithe a bhíonn ag úsáideoirí san Aontas ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”) agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Ar an gceathrú dul síos, níor chuir an Coimisiún san áireamh éifeachtaí na smachtbhannaí ar onnmhairí na Rúise.
- (323) Chuir an Coimisiún san áireamh an staid tar éis na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus, mar ba léir ón gconclúid in aithris (293), mheas sé gur de chineál sealadach é.
- (324) Ina theannta sin, aontaíonn an Coimisiún le EUSMET go bhfuil éagsúlacht agus cinnteacht soláthair de dhíth ar úsáideoirí an Aontais chun táirgeadh leanúnach a áirithiú. Mar sin féin, ní fhéadfar an éagsúlacht ná an tslándáil sin a áirithiú dá dtiomáiní táirgeoirí de chuid an Aontais ag gnó mar gheall ar allmhairí díobhálacha sileacan ón tSín ar phraghsanna dumpáilte.
- (325) Maidir leis an iomaíocht mhéadaithe ón Ríocht Aontaithe, tugann an Coimisiún dá aire nár chuir EUSMET faisnéis leordhóthanach ar fáil a raibh gá léi chun tionchar na hiomaíochta méadaithe ón Ríocht Aontaithe a thomhas, mar sin díbhteas an maíomh sin.
- (326) Maidir le héifeachtaí na smachtbhannaí ar an Rúis, thug an Coimisiún dá aire go laghdódh sé sin tuilleadh na foinsí sileacain a d'fhéadfadh a bheith ann ar mhargadh an Aontais. Mar sin féin, bunaithe ar shonraí na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, ní raibh in allmhairí na Rúise ach 2 % d'iomlán na n-allmhairí sileacan san Aontas. I bhfianaise mhéid allmhairí na Rúise agus foinsí eile a bheith ar fáil ar an leibhéal domhanda, mheas an Coimisiún nach mbeadh an tionchar ar úsáideoirí sileacain suntasach le linn na tréimhse fada.
- (327) Ar deireadh, chuir EUSMET i dtábhacht go láidir nach mian le táirgeoirí miotail sileacain i dtíortha éagsúla ar fud an domhain díolacháin le comhaltaí EUSMET a mhéadú mar gheall ar an eagla faoi bhearta AD.
- (328) Níor thacaigh aon fhianaise fhíorasach ná an chaoi go ndiúltoídh na soláthóirí lasmuigh den Aontas soláthar a dhéanamh leis an maíomh sin. Go deimhin, thug an Coimisiún dá aire gur leanadh d'allmhairí ó thríú tíortha agus, i gcásanna áirithe, gur tháinig méadú orthu, le linn na tréimhse a breithníodh.
- (329) Tríd is tríd, is mó tionchar dearfach na mbeart ar thionscal an Aontais agus ar úsáideoirí sa tionscal alúmanaim ná tionchar diúltach teoranta na mbeart atá i bhfeidhm ar na húsáideoirí eile.

8.3. Conclúid maidir le leas an Aontais

- (330) Ar bhonn a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí sileacain de thionscnamh na Síne.

9. BEARTA FRITHDHUMPÁLA

- (331) Ar bhonn na gconclúidí maidir le leanúint den dumpáil, atarlú na díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála ar shileacan de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.
- (332) Chun na rioscaí imchémniúcháin a íoslaghú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn an sonrasc sin ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".
- (333) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a mheasfaidh na húdaráis chustaim. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.
- (334) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchémniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.
- (335) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, is infheidhme go heisiach iad maidir leis an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Allmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna mhonarú ag aon chuideachta eile nach luaitear a hainm i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá gaolmhar leis na cuideachtaí a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair.
- (336) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfead na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin⁽⁶⁰⁾. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (337) Cuireadh gach páirtí leasmhar ar an eolas faoi na bunfhórais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uirill a dhéanamh tar éis an nochtadh sin. Níor thug ach páirtí leasmhar amháin barúlacha — EUSMET.
- (338) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh, d'iarr EUSMET, i gcás ina ndeimhneofaí bearta, go mbeadh na bearta teoranta do thréimhse dhá bhliain, i bhfianaise na n-athruithe sa mhargadh a bhaineann le héileamh agus soláthar araon agus spleáchas ard an Aontais ar allmhairí ar ghráid sileacain ar leith.

⁽⁶⁰⁾ Commission européenne, Direction générale du commerce, Direction G, Rue de la Loi 170, 1040 Bruxelles, Belgique

- (339) Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon rud sna sonraí don tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a thacódh leis an gconclúid sin. Thairis sin, mar a phléitear in aithrisí (289) agus (293), is cosúil gur forbairtí de chineál sealadach iad na forbairtí iar-RIP. In aon chás, má bhíonn imthosca speisialta ann a thugann le fios go ndéanfar athmheasúnú ar an staid amach anseo, féadfar athbhreithniú eatramhach a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán.
- (340) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶¹⁾, nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.
- (341) Níor thug an Coiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim uaidh maidir leis na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sileacain, atá faoi láthair faoi chód AC 2804 69 00, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.
- Rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithe is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a thairgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Datong Jinneng Industrial Silicon Co., Pingwang Industry Garden, Datong, Shanxi	16,3 %	A971
Gach cuideachta eile	16,8 %	A999

- An dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir le hallmhairí ó "gach cuideachta eile" de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, mar a leagtar amach i mír 2, leathnaítear é leis seo chun go gcumhdófar allmhairí an táirge a shonraítear i mír 1 arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré iad nó na bíodh (cód TARIC 2804 69 00 10) agus allmhairí an táirge a shonraítear i mír 1 arna gcur chun bealaigh ó na Téaváine, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Téaváine iad nó ná bíodh (cód TARIC 2804 69 00 20).

- Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, sonrasc ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint agus a shainaitheofar lena ainm/hainm agus lena fheidhm/feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "Déanamise, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onmmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é in [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo." Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

⁽⁶¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1)

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1395 ÓN gCOIMISIÚN**an 11 Lúnasa 2022****lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ (“an bun-Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA**1.1. Tionscnamh**

- (1) An 24 Meitheamh 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) imscrúdú frithdhumpála maidir le hallmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce (“na tíortha lena mbaineann”) ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D’fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾ (“an Fógra Tionscnaimh”).
- (2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne an Comhlachas Eorpach Cruach (“Eurofer” nó “an gearánach”) an 12 Bealtaine 2021. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal cineálacha áirithe cruach frithchreimní an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. An fhianaise a bhí sa ghearán maidir leis an dumpáil agus leis an díobháil ábhartha ba thoradh uirthi, ba leor an fhianaise í chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

1.2. Páirtithe leasmhara

- (3) San Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus d’údaráis na Rúise agus na Tuirce, allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta, mar aon le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.
- (4) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Reáchtáil an Coimisiún éisteacht le táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Tuirce an 17 Meán Fómhair 2021.

1.3. Sampláil

- (5) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ IO C 245, 24.6.2021, lch. 21.

1.3.1. Sampláil na dtáirgeoirí de chuid an Aontais

- (6) Ina Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn tháirgeacht agus mhéid díolachán an Aontais arna dtuairisciú ag na táirgeoirí ón Aontas i gcomhthéacs na hanailíse measúnaithe réamhthionscnaimh i gcéim an tseasaimh, agus a suíomh geografach á chur san áireamh freisin. Bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sealadach sin, agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Bhí 23 % de tháirgeacht agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas i gceist leis an sampla. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach ⁽³⁾. Níor thug aon pháirtí barúil faoin sprioc-am a leagadh síos.
- (7) Le linn na cuairte fíorúcháin ar áitreabh ceann amháin de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, suíodh gur chuimsigh an chuideachta go hearráideach ina fhreagra ar an gceistneoir seasta agus ina fhreagra ar an gceistneoir frithdhumpála freisin, cion suntasach sonraí a bhaineann le táirgí atá lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe. Chun a áirithiú nach mbeadh tionchar ag an gcás sin ar ionadaíocht an tsampla, chinn an Coimisiún an chuideachta lena mbaineann a choimeád sa sampla agus cuideachta bhreise a chur leis an sampla. Dá bhrí sin, an sampla deiridh a bunaíodh, bhí ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais ann, iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla, agus bhí thart ar 25 % de mhéid iomlán táirgeachta agus díolachán measta le haghaidh an táirge chomhchosúil san Aontas acu. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla críochnaitheach ⁽⁴⁾. Níor thug aon pháirtí barúil faoin sprioc-am a leagadh síos.

1.3.2. Sampláil na n-allmhairí

- (8) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhairí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.
- (9) Níor thuairiscigh aon cheann de chuideachtaí a chuir isteach Iarscríbhinn a ghabh leis an bhFógra Tionscnaimh allmhairí an táirge lena mbaineann. Chinn an Coimisiún éirí as an tsampláil. Níor tugadh aon bharúil maidir leis an gcinneadh sin.

1.3.3. Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis

- (10) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa Rúis n an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Bhuanmhisean Chónaidhm na Rúise chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.
- (11) Sholáthair trí tháirgeoir onnmhairiúcháin/grúpaí de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis, a bhfuil thart ar 98 % de mhéid iomlán onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann sa Rúis chuig an Aontas acu, an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith páirteach sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá chuideachta ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann, agus le húdaráis na Rúis, maidir le roghnú an tsampla.
- (12) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an sampla o PJSC Novolipetsk Steel. Chuir an chuideachta in iúl go raibh cúiseanna dlíthiúla fóna ann chun an imscrúdú a dhéanamh ar thrí tháirgeoir seachas ar dhá cheann, go háirithe dá mba rud é go ndéanfadh ceann de na cuideachtaí a sampláladh ar dtús a chomhar tharraingt siar. D'fhágadh tarraingt siar den sórt sin go mbeadh sé ní ba chasta an corrlach dumpála a chinneadh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár sampláladh.
- (13) Sa bhreis air sin, chuir an chuideachta i dtábhachta go ndearna an Coimisiún an táirgeoir onnmhairiúcháin PJSC Magnitogorsk Iron and Steel Works sa Rúis a shampláil mar aon lena fhochuideachta MMK Metalurji Sanayi Ticaret ve Liman İşletmeciliği A.Ş. sa Tuirc. D'áitigh an chuideachta gur roinn an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ghaolmhara cuid dá gcainéil díolachán. Laghdódh sin ualach oibre an Choimisiúin, rud a d'fhágadh go bhféadfaí NLMK a imscrúdú.

⁽³⁾ Nóta a ghabhann leis an gcomhad t21.005164 an 6 Iúil 2021.

⁽⁴⁾ Nóta a ghabhann leis an gcomhad t21.007177 an 21 Deireadh Fómhair 2021.

- (14) Tar éis anailís a dhéanamh ar bharúlacha NLMK, shuigh an Coimisiún go raibh údar leis na maímh a shonraítear in aithris (12) agus chinn sé éirí as an tsampláil i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis. Chuir an Coimisiún an cinneadh sin in iúl don chuideachta lena mbaineann agus d'údarás na Rúise chomh maith.

1.3.4. Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc

- (15) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa Tuirc an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Tuirce chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainnithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.
- (16) Sholáthair ocht dtáirgeoir onnmhairiúcháin/grúpaí de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc, a bhfuil thart ar 100 % de mhéid iomlán onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann sa Tuirc chuig an Aontas acu, an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith páirteach sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí chuideachta ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den am a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdarás na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an sampla a bhí beartaithe. Dá bhrí sin, chuimsigh an sampla deiridh a bunaíodh 62,6 % de mhéid iomlán onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann sa Tuirc chuig an Aontas.

1.4. Scrúdú aonair

- (17) D'iarr táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa Tuirc go ndéanfaí scrúdú aonair air faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Chinn an Coimisiún go mbeadh ualach míchúil i gceist le scrúdú na hiarrata sin agus go gcuirfeadh sé cosc ar an imscrúdú a thabhairt chun críche in am trátha. Baineann sé sin le struchtúr corparáideach casta na cuideachta atá i gceist. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh ar scrúdú aonair.

1.5. Freagraí ar an gceistneoir

- (18) Sheol an Coimisiún chuig an ngearánach agus iarradh ar na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais ⁽⁵⁾, na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sa Rúis agus na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte sa Tuirc na ceistneoirí a líonadh isteach ar cuireadh ar fáil ar líne iad ⁽⁶⁾ lá an tionscnaimh.
- (19) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na ceithre tháirgeoirí shampláilte de chuid an Aontais, ón ngearánach, ó na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin ón Rúis, na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ón Tuirc agus ón táirgeoir onnmhairiúcháin ón Tuirc a d'iarr go ndéanfaí imscrúdú aonair air.

1.6. Cuairteanna fíorúcháin

- (20) Lorg agus d'fhioraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil de thoradh na dumpála agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais:

- Acciaieria Arvedi S.p.A, Cremona, an Iodáil
- ArcelorMittal Poland, Dabrowa Górnicza, an Pholainn
- Marcegaglia Carbon Steel S.p.A, Gazoldo degli Ippoliti, an Iodáil
- U.S. Steel Košice, s.r.o., Košice, an tSlóvaic

⁽⁵⁾ Ordaíodh do na trí tháirgeoir de chuid an Aontais a sampláladh ar dtús an ceistneoir a líonadh ar dheimhní an tsampla shealadaigh an 6 Iúil 2021, ach ordaíodh don táirgeoir de chuid an Aontais a cuireadh leis an sampla (féach aithris (7)) déanamh amhlaidh an 21 Deireadh Fómhair 2021.

⁽⁶⁾ Bhí ceistneoirí le haghaidh na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, na n-allmhairioirí agus na n-úsáideoirí ar fáil ar https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2531.

Trádálaithe agus allmhaireoirí atá gaolmhar leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin Rúiseacha:

- MMK Steel Trade AG, Lugano, an Eilvéis
- NLMK Trading SA, Lugano, an Eilvéis
- Severstal Export GmbH (“SSE”), Manno, an Eilvéis
- SIA Severstal Distribution (Severstal Distribution Europe, “SDE”), Riga, an Laitvia

(21) Rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar na páirtithe seo a leanas:

Comhlachas na dtáirgeoirí de chuid an Aontais:

- Eurofer, an Bhruiséil, an Bheilg

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis:

- PJSC Magnitogorsk Iron and Steel Works (“MMK”), Magnitogorsk, an Rúis
- Novolipetsk Steel (“NLMK”), Lipetsk, an Rúis
- PAO Severstal (“PAOS”), Cherepovets, an Rúis

Trádálaithe intíre atá gaolmhar leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin Rúiseacha:

- LLC Torgovy dom MMK (“TD MMK”), Magnitogorsk, an Rúis
- Novolipetsk Steel Service Center LLC (“NSSC”), Lipetsk, an Rúis
- Torgovy dom NLMK LLC (“NLMK Shop”), Moscó, an Rúis
- JSC Severstal Distribution (Severstal Distribution Russia, “SDR”), Cherepovets, an Rúis

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc:

- MMK Metalurji Sanayi Ticaret ve Liman İşletmeciliği A.Ş. (“MMK Turkey”), Dordyol, an Tuirc
- TatMetal Çelik Sanayi ve Ticaret A.Ş. (“Tatmetal”), Iostanbúl, an Tuirc
- Tezcan Galvanizli Yapi Elemanlari Sanayi ve Ticaret A.Ş. (“Tezcan”), Kartepe-Kocaeli, an Tuirc

1.7. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (22) Bhain an t-imscrúdú ar fhrithdhumpáil agus díobháil leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí 31 Nollaig 2020 (“an tréimhse imscrúdúcháin”). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an díobháil, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin (“an tréimhse faoi bhreathnú”).
- (23) Cheap an comhlachas Turcach IB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin gur claonta iad an tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú a roghnaíodh. Mheas siad gurbh iomchuí iad, toisc gur bliain measartha maith a bhí in 2017 don ghnó cruach ach go raibh tionchar diúltach ar 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Líomhain siad nach mbeadh comparáid ar an dá chríochphointe ionadaíoch ar fheidhmíocht agus ar staid thionscal an Aontais. D'iarr cuid acu anailís ráithiúil ar mhaithe le comparáid níos fearr a dhéanamh.
- (24) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maíomh toisc gurbh iomchuí í an tréimhse faoi bhreathnú agus an tréimhse imscrúdúcháin araon i bhfianaise an dáta a taisceadh an gearán agus na rialacha is infheidhme. In aon chás, ní dhéantar anailís an Choimisiúin ar bhonn comparáide idir an bhonnbhliain agus an tréimhse imscrúdúcháin, ach ar bhonn treochtaí le linn na tréimhse lena mbaineann agus cuimsíonn sí treochtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mhargadh na cruach frithchreimní (“CRS”) san Aontas agus cuirtear san áireamh san imscrúdú, mar a léirítear *inter alia* i roinn 5 thíos.

- (25) Tar éis an nochta deiridh, d'eaontaigh roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin le seasamh an Choimisiúin. D'áitigh siad gur cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar fhorbairtí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, toisc gur tháinig méadú mór san Aontas le linn na chéad 8 mí de 2021 ar phraghsanna na dtáirgí galbhánaithe teothumtha, lena n-áirítear CRS, agus ar mheánchorrlach na dtáirgí cruach galbhánaithe teothumtha thar chornaí teorollta. An tráth céanna, in 2021 bhain leibhéil táirgeachta thionscal an Aontais leibhéil 2019 amach arís. Agus iad ag tagairt don bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta in *Rusal Armenal ZAO v an Chomhairle* (⁷), mhaígh siad dá bhrí sin gur fíorais nua atá sna forbairtí sin a fhágann gur léir nach iomchuí an dleacht frithdhumpála atá á moladh, agus nach mór don Choimisiún na fíorais sin a mheas, lena n-áirítear tríd an tréimhse imscrúdúcháin a leathnú chun 2021 agus an chéad ráithe de 2022 a chumhdach.
- (26) Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh. Shuigh sé nach léiríonn an mhéadú ar phraghsanna díola in 2021 gur tháinig feabhas, cibé méid a bhí i gceist leis, ar bhrabúsacht thionscal an Aontais. Go deimhin, luaigh an Coimisiún nach féidir le hardú praghsanna tionchar dearfach a imirt ar staid an tionscail le hais na bliana roimhe sin ach amháin má tá sé i bhfad níos airde ná an méadú ar chostais le linn na tréimhse céanna. Níor cuireadh isteach aon fhianaise ina leith sin. Maidir leis an táirgeacht, d'admhaigh an Coimisiún go raibh deacrachtaí ag táirgeoirí áirithe in 2021 freastal ar éileamh láidir an mhargaidh CRS ag amanna áirithe, go háirithe ag tús na bliana sin. Mar sin féin, chuir sé i dtábhacht gur feiniméan sealadach a bhí ann agus nach raibh aon fhaisnéis ar fáil dó a léireodh go mbainfeadh sé sin leis an tionscal ina iomláine. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún nár léirigh aon cheann de na maímh a d'agair na páirtithe lena mbaineann go mbeadh an dleacht frithdhumpála a bhí á moladh míchuí go follasach i ngeall ar na forbairtí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

1.8. Neamh-fhorchur na mbeart sealadach

- (27) De bhun Airteagal 7(1) den bhun-Rialachán, ba é an 23 Feabhra 2022 an sprioc-am chun bearta sealadacha a fhorchur. An 26 Eanáir 2022, i gcomhréir le hAirteagal 19a(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara go raibh sé beartaithe aige gan bearta sealadacha a fhorchuir agus thug sé deis do na páirtithe leasmhara faisnéis bhreise a chur isteach agus/nó éisteach a fháil. Níor chuir aon pháirtí barúlacha isteach ná níor iarr siad éisteacht.
- (28) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Rialtas na Rúise gur ó tharla nár forchuireadh aon bheart sealadach, chiallaigh sé sin go raibh tionscal an Aontais cobhsaí agus nach raibh idirghabháil ag teastáil uaidh ón gCoimisiún chun díobháil a chosc. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. De réir Airteagal 7(1) den bhun-Rialachán, féadfar bearta sealadach a fhorchur. Níl aon oibleagáid ar an gCoimisiún bearta sealadach a fhorchur má tá díobháil á déanamh do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar aon chonclúid maidir le staid thionscal an Aontais má chinneann an Coimisiún gan bearta sealadacha a fhorchuir ach leanúint leis an imscrúdú ina ionad sin, mar a bhí déanta aige sa chás seo.
- (29) Ó tharla nár forchuireadh aon bheart sealadach frithdhumpála, níor feidhmíodh aon chlárú allmhairí.

1.9. An nós imeachta ina dhiaidh sin

- (30) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh na dtorthaí deiridh.
- (31) Tar éis anailís a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh agus a fíoraíodh, chuir an Coimisiún in iúl do MMK agus POAS go raibh sé beartaithe aige feidhm a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil i gcás codanna áirithe dá gcuid freagraí ar an gceistneoir, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Thug an Coimisiún deis do na cuideachtaí barúlacha a thabhairt. Tugtar aghaidh in roinn 3.1.2 den Rialachán seo ar an bhfáth ar baineadh feidhm as na fíorais a bhí ar fáil agus ar na barúlacha a chuir na cuideachtaí isteach.
- (32) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thíolaic na páirtithe leasmhara agus é ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha.

(⁷) An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Eanáir 2017 i gcás T-512/09 RENV, *Rusal Armenal ZAO v an Chomhairle*, ECLI:EU:T:2017:26, mír. 130.

- (33) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar an mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí CRS de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce (“an nochtadh deiridh”). Ceadaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.
- (34) Tar éis an nochtadh deiridh, fuarthas barúlach ón ngearánach, ó Rialtas na Rúise, ó na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha go léir de chuid na Rúise, ó Rialtas na Tuirce, ó na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha go léir de chuid na Tuirce, agus ó Chomhlachas Onnmhairioirí Cruach na Tuirce. D'iarr MMK, NLMK, Rialtas na Tuirce, Tezcan agus Comhlachas Onnmhairioirí Cruach na Tuirce éisteachtaí agus reáchtáladh iad leo. Tugtar aghaidh ar na barúlacha a chuir na páirtithe isteach agus/nó a chuir siad i láthair le linn na n-éisteachtaí sna codanna ábhartha den Rialachán seo.
- (35) Thairis sin, tar éis na nochtadh cinntitheacha bhreise, d'iarr Tezcan agus MMK idirghabháil an Oifigigh Éisteachta.
- (36) Tar éis an nochtadh deiridh, d'áitigh CIB gur cheart na bearta frithdhumpála a chur ar fionraí de bhun Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán, mar gheall ar athruithe sa mhargadh a tharla tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Go háirithe, thagair CIB do mhéaduithe géara ar phraghas CRS ó dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin, don fheabhas láidir a tháinig ar bhrabúsacht tháirgeoirí áirithe de chuid an Aontais ó shin agus na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise a rathódh nach dócha go dtosófaí ar an díobháil arís de thoradh na fionraí.
- (37) Sonraítear in Airteagal 14(4) nach bhféadfar bearta a chur ar fionraí ach amháin i gcás nach dócha go dtosófaí ar an díobháil arís do thionscal an Aontais de thoradh na fionraí. Níl aon fhaisnéis ar comhad ag an gCoimisiún a thacaíonn leis an maíomh go ndeachaigh tionscal an Aontais i bhfeabhas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin sa tslí gur dócha nach dtosófaí ar an díobháil arís. An chaoi a bhféadfadh sé gur tháinig méadú ar phraghsanna CRS tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, ní bhonn é sin ina aonair leis an gconclúid nach bhfuil díobháil á déanamh a thuilleadh do thionscal an Aontais, fiú dá nglacfaí le maíomh CIB gur tháinig méadú ar bhrabúsacht “táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais”. Go deimhin, d'fhéadfadh sé go raibh oscailt an imscrúdaithe é féin ina cúis leis na héifeachtaí sin, rud a mbeadh deireadh leis go tapa dá gcuirfí na bearta cinntitheacha ar fionraí. Ní féidir leis an gCoimisiún bearta a chur ar fionraí ach amháin tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar staid thionscal an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, agus ar na hathruithe líomhnaithe i ndálaí an mhargaidh, rud a éilíonn go mbaileofaí faisnéis mhionsonraithe. Déantar an measúnú sin de ghnáth lasmuigh de na himeachtaí imscrúdúcháin, go háirithe nuair a chuirtear maímh den sórt sin isteach ag céim dhéanamh agus gan an fhianaise thacaíochta riachtanacha, mar a tharla sa chás seo.
- (38) Tar éis an nochtadh deiridh, d'áitigh Rialtas na Rúise nach raibh údar le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Rúise toisc gur léirigh na cuideachtaí iompraíocht chomhoibríoch, gur sholáthair siad freagraí fairsinge ar an gceistneoir agus ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise, lena n-áirítear na ríomhanna idirmheánacha, agus go ndearna siad na ceartúcháin a iarradh. Sa bhreis air sin, chuir Rialtas na Rúise in iúl gur seoladh na litreacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18 níos mó ná mí tar éis thabhairt i gcrích na bhfíorúcháin agus na gcos-seiceálacha cianda.
- (39) Luaigh an Coimisiún gur cuireadh in iúl agus gur míníodh go cuí do na cuideachtaí faoi seach na fáthanna ar cuireadh Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm, tar éis anailís cheart a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir a bailíodh ó na freagraí ón gceistneoir agus ó na hiarrataí ar fhaisnéis bhreise agus le linn na bhfíorúcháin. Maidir le POAS, tugtar aghaidh go mion ar an tsaincheist in aithrisí (93) go (109). Maidir le MMK, mínítear na fáthanna in aithrisí (75) go (90) go ginearálta, agus, i nochtadh sonracha na cuideachta go mionsonraithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh Rialtas na Rúise maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

2. AN TÁIRGE LENA MBAINNEAN AGUS AN TÁIRGE COMHCOSÚIL

2.1. An táirge lena mbaineann

- (40) Is éard atá sa táirge lena mbaineann, táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú tothumtha le sinc agus/nó alúmanam agus/nó maignéisiam, bídis cóimhiotalaithe le sileacan nó ná bídis; iad éighníomhaithe go ceimiceach; bíodh cóireáil dromchla bhreise amháil olú nó séalú orthu nó ná bíodh; ina bhfuil, de réir meáchain: cion nach mó ná 0,5 % de charbón, cion nach mó ná 1,1 % d'alúmanam, cion nach mó ná 0,12 % de niaibiam, cion nach mó ná 0,17 % de thiótáiniam agus cion nach mó ná 0,15 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcoraí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha

cúnga, de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7210 41 00, ex 7210 49 00, ex 7210 61 00, ex 7210 69 00, ex 7210 90 80, ex 7212 30 00, ex 7212 50 61, ex 7212 50 69, ex 7212 50 90, ex 7225 92 00, ex 7225 99 00, ex 7226 99 30, ex 7226 99 70 (cóid TARIC: 7210 41 00 20, 7210 41 00 30, 7210 49 00 20, 7210 49 00 30, 7210 61 00 20, 7210 61 00 30, 7210 69 00 20, 7210 69 00 30, 7210 90 80 92, 7212 30 00 20, 7212 30 00 30, 7212 50 61 20, 7212 50 61 30, 7212 50 69 20, 7212 50 69 30, 7212 50 90 14, 7212 50 90 92, 7225 92 00 20, 7225 92 00 30, 7225 99 00 22, 7225 99 00 23, 7225 99 00 41, 7225 99 00 92, 7225 99 00 93, 7226 99 30 10, 7226 99 30 30, 7226 99 70 13, 7226 99 70 93, 7226 99 70 94 (“an táirge lena mbaineann”).

Tá na táirgí seo a leanas eisiata:

- de chruach dhosmálta, de chruach shileacain-leictreach, agus de chruach ardluais,
- gan oibriú breise déanta orthu seachas teorolladh nó fuar-rolladh (fuarlaghdú).

- (41) Táirgtear CRS trí chornaí, leathain agus stiallacha cruach cothromrollta a bhratú trí iad a thumadh i bhfolcadán miotail leáite nó cóimhiotail since. Déantar an miotal bratúcháin a chumasc leis an bhfoshraith chruach in imoibriú miotalóireachta chun struchtúr ilsrathach cóimhiotal a dhéanamh, rud a chruthaítear bratú atá nasctha go miotalóireach leis an gcruach. Déantar dromchla an táirge a chóireáil thairis sin le héighníomhú ceimiceach chun an dromchla a chosaint ar bhogthaise agus chun an riosca go gcruthófaí táirgí creimthe le linn stórála agus iompair a laghdú.
- (42) Úsáidtear CRS go príomha san earnáil tógála le haghaidh ábhair éagsúla um chumhdach foirgneamh agus chun fearais tí a mhonarú chomh maith, sin agus le haghaidh próisis domhaintarraingthe agus stampála agus píopaí táite beaga.

2.2. An táirge comhchosúil

- (43) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na úsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge i dtrácht;
 - an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na Rúise agus na Tuirce; agus
 - an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.
- (44) Dá bhrí sin chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.3. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

- (45) D'iarr allmhaireoir go gcuirfí as an áireamh san imscrúdú CRS a bhfuil tiús faoi bhun 0,40 mm acu (“méideanna tanaí”). D'áitigh an páirtí go bhfuil deighleog ar leith i gceist le méideanna tanaí, atá níos costasaí agus a bhfuil dlúthshaothar i gceist leo, ar táirgí iad nach dtáirgeann tionscal an Aontais cainníochtaí leordhóthanacha díobh. Luaigh an páirtí freisin nach laghdófaí éifeacht cheartaithreach na mbeart atá á lorg ag na gearánaigh dá gcuirfí na méideanna tanaí as an áireamh, ach go ndéanfaí dochar d'úsáideoirí mar gheall ar fhorchur na mbeart ar mhéideanna tanaí (toisc nach mbeidh rochtain acu ar na táirgí sin ar phraghsanna iomaíocha).
- (46) Shuigh an Coimisiún go raibh na forais leis an iarraidh gan bhunús toisc go bhfuil acmhainneacht táirgeachta ar an iomlán ag tionscal an Aontais le haghaidh na méideanna uile de CRS atá ag teastáil⁽⁸⁾. Shuigh an Coimisiún freisin go dtáirgtear CRS de gach saghas, beag beann ar a mhéid nó a phointe allmhairiúcháin, i línte galbhánúcháin teothumtha agus go bhfuil na gnéithe céanna acu ó thaobh a saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla, a n-úsáidí deiridh agus a n-inmhalartachta. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar eisiamh.
- (47) D'iarr Tezcan, táirgeoir Turcach a tháirgeann, *inter alia*, CRS atá brataithe le AluZinc (“CRS AluZinc”) go ndéanfaí CRS AluZinc a eisiamh ó raon feidhme na mbeart. Dar leis an bpáirtí, is deighleog ar leith de CRS iad táirgí AluZinc CRS, nach dtéann in iomaíocht le táirgí a tháirgeann tionscal an Aontais. Shonraigh an páirtí nach dtáirgtear “cainníochtaí atá innharthana ó thaobh na tráchtála de” de tháirgí AluZinc CRS san Aontas, agus nach bhfuil an táirgeoir de chuid an Aontais a mhonaraíonn an táirge sin in ann an méid CRS AluZinc is gá a sholáthar chun an t-éileamh san Aontas a shásamh.

⁽⁸⁾ Sa chomhad neamhrúnda t21.005520, sholáthair an gearánach liosta de 9 dtáirgeoir de chuid an Aontais agus leathanaigh gréasáin catalóige a léirigh gur féidir leis na táirgeoirí sin CRS a bhfuil tiús faoi bhun 0,40 mm aige a tháirgeadh.

- (48) Shuigh an Coimisiún go raibh na forais leis an iarraidh gan bhunús toisc gur fiú dá mba rud é go raibh táirgeacht theoranta de AluZinc CRS san Aontas go sealadach, ar an iomlán, tá acmhainneacht táirgeachta le haghaidh AluZinc ag tionscal an Aontais. Shuigh an Coimisiún freisin go dtáirgtear CRS de gach saghas, beag beann ar a mbratú, i línte galbhánúcháin teothumtha. Sa bhreis air sin, is ionann na gnéithe atá ag AluZinc CRS agus CRS a bhfuil bratuithe eile orthu ó thaobh a saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla, a n-úsáidí deiridh agus a n-inmhalartachta ⁽⁹⁾. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar eisiamh.
- (49) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Tezcan a iarraidh. Shonraigh sé nach raibh aon táirgeacht san Aontas mar gheall ar mhíbhainistiú airgeadais ó thaobh an aon táirgeoir san Aontas a tháirgeann AluZinc CRS. D'áitigh Tezcan nárbh ionann CRS AluZinc agus CRS Since mar tháirgí in aon chor - ó thaobh saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla de - mar gheall ar phróiseas táirgthe CRS AluZinc agus roinnt airíonna AluZinc.
- (50) Shuigh an Coimisiún go raibh na forais a bhí ag Tezcan leis an iarraidh gan bhunús toisc go raibh plean gnó inmharthana ag an táirgeoir a luaigh Tezcan agus go raibh sé fós ina chuid inmharthana de thionscal an Aontais. Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún go dtáirgtear CRS de gach saghas, beag beann ar a mbratú, i línte galbhánúcháin teothumtha, rud a d'admhaigh Tezcan agus é ag lua go bhfuil líne galbhánúcháin teothumtha amháin ach dhá phota ag an aon táirgeoir amháin san Aontas a tháirgeann AluZinc, agus gur féidir leis iad a athrú ag brath ar cibé an raibh an táirgeoir ag iarraidh CRS AluZinc nó táirgí eile a tháirgeadh. Sa bhreis air sin, ní bhaineann an maíomh nach bhfuil na hairíonna ceannann céanna ag gach bratú CRS an bonn den fhíoras gurb ionann na gnéithe atá ag AluZinc CRS agus CRS a bhfuil bratuithe eile orthu ó thaobh a saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla, a n-úsáidí deiridh agus a n-inmhalartachta ⁽¹⁰⁾. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar eisiamh.

3. DUMPÁIL

3.1. An Rúis

3.1.1. Gnáthluach

- (51) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús lena fháil amach an raibh an méid iomlán díolachán intíre le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibrithigh ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Méid iomlán díolachán intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin, más rud é gur comhionann é agus 5 % dá mhéid iomlán díolachán onnmhairiúcháin i gcás an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is ionadaíoch iad na díolacháin intíre. Ar an mbonn sin, bhí iomlán na ndíolachán a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.
- (52) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas.
- (53) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach ar a margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Méid iomlán díolachán intíre de chuid cineál táirge le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin, más rud é gur comhionann é agus ar a laghad 5 % de mhéid iomlán díolachán onnmhairiúcháin an chineál táirge chomhionann nó an chineál táirge inchomparáide leis an Aontas, is ionadaíoch iad díolacháin intíre an chineáil táirge.
- (54) Shuigh an Coimisiún nár dhíol MMK cineál táirge amháin i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre. Sa bhreis air sin, níor dhíol na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha de chuid na Rúise cineálacha táirgí áirithe ar an margadh intíre in aon chor.

⁽⁹⁾ Sa chomhad neamhrúnda t21.005520, sholáthair an gearánach samplaí, iad tacaithe leis na caighdeáin AE is infheidhme, a léirigh gur féidir AluZinc CRS agus CRS a bhfuil bratuithe eile orthu a úsáid go hinmhalartach san earnáil tógála.

⁽¹⁰⁾ Sa chomhad neamhrúnda t22.003396, sholáthair an gearánach samplaí, iad tacaithe leis na caighdeáin AE is infheidhme, a léirigh gur féidir AluZinc CRS agus CRS a bhfuil bratuithe eile orthu a úsáid go hinmhalartach i dtáirgí áirithe creata miotail, dín agus cumhdra.

- (55) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún cion na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun cinneadh a dhéanamh cé acu na fíordhíolacháin intíre a úsáid nó gan iad a úsáid chun gnáthluach gach cineáil táirge a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.
- (56) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, beag beann ar cé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é an méid seo a leanas:
- (a) méid díolachán an chineáil táirge, arna dhíol ar ghlanphraghas díola atá cothrom le costas ríofa an táirgthe, sin nó ar mó é ná sin, tá breis agus 80 % de mhéid iomlán díolachán an chineáil táirge sin i gceist leis; agus
- (b) tá meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin cothrom le costas aonaid an táirgthe nó níos airde ná sin.
- (57) Sa chás sin, is éard atá sa ghnáthluach, meán ualaithe na bpraghsanna ar dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (58) Is ionann an gnáthluach agus an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge i gcás díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí amháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, más rud é an méid seo a leanas:
- (a) méid dhíolacháin bhrabúsacha an chineáil táirge, tá 80 % nó níos lú de mhéid iomlán díolachán an cineáil sin i gceist leis; nó
- (b) tá meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.
- (59) Léirigh an anailís ar na díolacháin intíre, gur ag brath ar an gcineál táirge a bhí i gceist, ba brabúsach iad idir 47 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag MMK go léir, idir 43 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag NLMK agus idir 24 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag PAOS agus go raibh a meánphraghas díola ualaithe ní ba airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin nó mar meán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.
- (60) I gcás na gcineálacha táirgí inar lú meánphraghas díola ualaithe ná an costas táirgthe, ríomhadh an gnáthluach mar meán ualaithe dhíolacháin bhrabúsacha an chineáil táirge sin.
- (61) I gcás nár díoladh aon cheann de chineálacha táirgí an táirge chomhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, sin nó nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.
- (62) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdúcháin:
- (a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin (“SGA”) ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibrítheacha ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus
- (b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibrítheacha ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (63) I gcás na gcineálacha táirgí nach ndíoltar ina gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, na meánchostais SGA agus meánbhrabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre i gcás na gcineálacha sin, cuireadh leo iad. I gcás na gcineálacha táirgí nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, na meánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart go léir a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre, cuireadh leo iad.
- (64) Rinneadh coigeartú ar an gcostas táirgthe i gcás ina raibh údar leis de bhun Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Sholáthair gach ceann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríocha amháibhair áirithe ó sholáthróirí gaolmhara. Scrúdaigh an Coimisiún ar ceannaíodh na hamháibhair sin praghas ar neamhthuilleamaí agus, más gá, rinne sé coigeartú ar an gcostas táirgthe chun na costais a bhaineann le táirgeadh agus díol an táirge lena mbaineann a léiriú go réasúnach.

- (65) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh NLMK nach raibh údar leis na coigeartuithe sin, go háirithe, ós rud é nár chuir an Coimisiún san áireamh tionchar an chostais lasta a áiríodh i bpraghas na n-amhábhar a scrúdaíodh agus a díoladh le NLMK agus le custaiméirí neamhghaolmhara ar théarmaí seachadta éagsúla cé go raibh an fhaisnéis seo ar fáil. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh maidir le hamhábhair áirithe agus d'athbhreithnigh sé an gnáthluach dá réir. Nochtadh an ríomh athbhreithnithe don chuideachta.
- (66) Tar éis an nochta deiridh, thug PAOS le fios go raibh an coigeartú ar chostas amhábhair faoi Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán neamhdhleathach. Go háirithe, d'áitigh an chuideachta gur cheadaigh Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán don Choimisiún gan úsáid a bhaint as taifid na cuideachta in dhá chás: (a) i gcás nach raibh na taifid de réir phrionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta atá ag an tír lena mbaineann agus (b) i gcás nár léirigh na taifid go réasúnach na costais a bhain le táirgeadh agus díol an táirge faoi imscrúdú. Maidir leis an dara cás, an chuideachta dá dtagraítear i mír 6.97 de thuarascáil ó Chomhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Úcráin – Níotráit Amóiniam (an Rúis) ⁽¹¹⁾, ar dá réir a deirtear go mbaineann “an dara coinníoll sa chéad abairt d’Airteagal 2.2.1.1 [de Chomhaontú Frithdhumpála na hEagraíochta Domhanda Trádála] le cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn na taifid a choimeádann an t-onnmhaireoir nó an táirgeoir atá faoi imscrúdú go cuí agus go leordhóthanach do na costais sin a thabhaigh an t-onnmhaireoir nó an táirgeoir a ndearnadh imscrúdú air agus a bhfuil fíorghaol aige le táirgeadh agus díol an táirge ar leith i dtrácht”.
- (67) Thug an Coimisiún dá aire gur cheart mír 6.97 den tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc maidir leis san Úcráin – Níotráit Amóiniam (an Rúis) a bhreithniú sa chomhthéacs dá bhforáiltear sna míreanna roimhe. San Aontas Eorpach cheana féin – Bithdhíosal (an Airgintín) ⁽¹²⁾, d’fhaomh an Comhlacht Achomhairc go bhféadfaí praghsanna na n-amhábhar idir páirtithe gaolmhara a mheas mar phraghsanna nach bhfuil ar neamhthuilleamaí agus go bhféadfaí diúltú dóibh dá bharr sin. Le mír 6.97 de thuarascáil an Chomhlachta Achomhairc maidir leis an Úcráin – Níotráit Amóiniam (an Rúis) soiléiríodh a thuilleadh nár cheart na cásanna a luaitear sa tuarascáil ón bPainéal san Aontas Eorpach – Bithdhíosal (an Airgintín) a thuiscint mar eisceachtaí nach bhfuil dáta deiridh luaite leo ach gur cheart scrúdú a dhéanamh orthu ar bhonn cás ar chás. Sa chás seo, dhiúltaigh an Coimisiún do phraghsanna amhábhar áirithe arna gceannach ag PAOS ó sholáthróirí gaolmhara, tar éis anailís cheart a dhéanamh agus, dá bhrí sin, i gcomhsheasmhacht iomlán le rialacha EDT. Rinne an Coimisiún comparáid idir na praghsanna a ghearrann an soláthróir gaolmhar agus na praghsanna a ghearrann an soláthróir gaolmhar ar chustaiméirí neamhghaolmhara. Ar bhonn an mhéid sin, chinn an Coimisiún nach ar neamhthuilleamaí atá na praghsanna a ghearrann an soláthróir gaolmhar ar PAOS. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (68) Thairis sin, mhaígh PAOS nár úsáid an Coimisiún an mhodheolaíocht cheart agus anailís á déanamh aige ar cé acu a bhí praghas na n-amhábhar áirithe a íocadh idir PAOS agus a sholáthróirí gaolmhara ar neamhthuilleamaí nó nach raibh. D’áitigh an chuideachta gur cheart don Choimisiún comparáid a dhéanamh idir na praghsanna a íocann PAOS agus amhábhar á cheannach aige óna sholáthróirí gaolmhara leis na praghsanna a ghearrann soláthróirí neamhspleácha.
- (69) Maidir leis sin, thug an Coimisiún dá aire gur chleachtas seanbhunaithe é úsáid a bhaint as na praghsanna a ghearrann an soláthróir gaolmhar chun anailís a dhéanamh ar an bpraghas ar neamhthuilleamaí. Sa chás seo, bhí na praghsanna díola a ghearrann an soláthróir gaolmhar ar PAOS agus ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar fáil agus fíoraithe. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur bhí iomchuí an fhaisnéis fhíoraithe a úsáid chun a anailís a dhéanamh. Ina theannta sin, níor sholáthair an chuideachta aon mhíniú ar an difríocht sa phraghas seachas an gaol idir an soláthróir agus PAOS. Dá bhí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.
- (70) Ar deireadh, thug PAOS a bharúil maidir le roinnt sonraí teicniúla a bhain leis an anailís ar na praghsanna ar neamhthuilleamaí. Ar an gcéad dul síos, chuir an chuideachta ina choinne gur diúltaíodh d’ioncam airgeadais agus an cailleanas a ghineann an soláthróir guail á ríomh. Ar an dara dul síos, d’áitigh an chuideachta nár léirigh an Coimisiún i gceart, sa chomparáid idir na praghsanna, na difríochtaí i ngráid ghuail áirithe a cheannaigh PAOS. Ar an tríú dul síos, chuir an chuideachta in iúl go ndearnadh earráid chléreachais agus tomhaltas iomlán an ghuail a ríomh. Ar an gceathrú dul síos, mhaígh an chuideachta go ndearna an Coimisiún an rud mícheart nuair a chuir sé praghas díola na millíní amhiarainn do chustaiméirí neamhghaolmhara i gcomparáid leis an bpraghas athdhíola a

⁽¹¹⁾ Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS493 – an Úcráin – Bearta Frithdhumpála ar Níotráit Amóiniam (an Rúis), mír 6.97.

⁽¹²⁾ Tuarascáil painéil, DS473 – AE – Bithdhíosal (an Airgintín), mír 7.232.

ghearrann PAOS le haghaidh millíní amhiarainn, a ceannaíodh ón soláthróir gaolmhar chun críoch a n-athdhíola agus chun na críche sin amháin. Ar an gcúigiú dul síos, mhaígh an chuideachta nár chuir an Coimisiún san áireamh na difríochtaí i dtéarmaí seachadta agus, dá bhrí sin, sa last-táille a áirítear i bpraghas díola millíní amhiarainn nuair a sholáthraítear iad do PAOS agus do chustaiméirí neamhghaolmhara. Agus ar an séú dul síos, i gcás ina ndearna an Coimisiún an anailís ar an bpraghas i gcomhair catagóir leathan de mhillíní amhiarainn (flosctha agus neamhflosctha), mhaígh an chuideachta gur cheart millíní áirithe, nár sonraíodh an fhaisnéis ina leith sa liostú ceannachán, a mheas mar millíní atá flosctha nó nach bhfuil.

- (71) Scrúdaigh an Coimisiún na maímh agus tháinig sé ar an gconclúid gur ghá ceartú a dhéanamh i ríomh an choigeartaithe costais mar gheall ar phointe a dó, pointe a trí agus pointe a ceathair a bhfuil tuairisc orthu in aithris (70). I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún praghas an ghráid ghual i gceist i gcomparáid leis an ngrád guail is cosúla, cheartaigh sé an earráid chléireachais agus tomhaltas iomlán an ghuail á ríomh, agus d'úsáid sé an praghas díola millíní amhiarainn le haghaidh thomhaltas PAOS chun anailís a dhéanamh ar phraghsanna ar neamhthuilleamaí. Rinneadh na figiúirí ceartaithe a nochtadh an athuair don chuideachta.
- (72) Mar sin féin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh, áfach, a bhfuil tuairisc orthu faoi phointí a haon, a cúig agus a sé in aithris (70) ar na cúiseanna seo a leanas:
- Diúltaíodh don ioncam airgeadais toisc gur gineadh é ó ús a fuarthas ó iasachtaí a deonaíodh. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh an t-ioncam sin nasctha le táirgeadh agus díol an amhábhair.
 - Ní fhéadfadh an Coimisiún na difríochtaí sa last-táille a áirítear sa phraghas díola idirbheart faoi théarmaí seachadta éagsúla a chur san áireamh ós rud é nár thuairiscigh an soláthróir gaolmhar ná PAOS an last-táille tabhaithe.
 - An fhaisnéis a chuir PAOS ar fáil maidir le cineálacha áirithe millíní iarnmhéine atá á bhfloscadh nó nach bhfuil á bhfloscadh, ní fhéadfaí í a fhíorú ag an bpointe seo den imscrúdú. Níor chuir an chuideachta aon fhianaise ar fáil ach oiread a thacaíonn lena mhaíomh.

3.1.2. An praghas onnmhairiúcháin

- (73) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha Rúiseacha chuig an Aontas trí chuideachtaí gaolmhara a bhí ag gníomhú mar allmhaireoir de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán nó trí thrádálaithe gaolmhara atá lonnaithe i dtríú tír.
- (74) Thuairiscigh MMK díolacháin CRS leis an Aontas trí MMK Steel Trade, trádálaí gaolmhar atá lonnaithe san Eilvéis, agus trí chuideachta eile atá lonnaithe san Eilvéis a bhfuil tuairisc MMK uirthi mar chuideachta neamhghaolmhar (dá ngairtear "an trádálaí Eilvéiseach" anseo feasta).
- (75) Maidir leis an trádálaí Eilvéiseach, d'fhiosraigh an Coimisiún an cineál gaoil a bhí aige le MMK. Go háirithe, rinne an Coimisiún anailís ar dhoiciméid atá ar fáil go poiblí agus a d'eisigh MMK, amhail ráitis chomhdhlúite airgeadais MMK Group ⁽¹³⁾, anailís ar nochtadh idirbheart le páirtithe leasmhara ⁽¹⁴⁾, tuarascálacha bliantúla agus na hianscríbhinní a ghabhann leo ⁽¹⁵⁾, agus faisnéis atá ar fáil go héasca i mbunachair sonraí faisnéise margaidh, amhail Dun & Bradstreet.
- (76) Mar thoradh ar an bhfaisnéis a chuir an chuideachta ar fáil agus a bhailigh an Coimisiún ó fhoinse eile, chinn an Coimisiún gur chuir MMK faisnéis mhíthreorach ar fáil maidir lena ghaol leis an trádálaí Eilvéiseach agus, dá bhrí sin, chuir sin bac ar an imscrúdú. Ar chúiseanna rúndachta, níor nochtadh ach do MMK amháin an anailís as ar tháinig conclúid an Choimisiúin.

⁽¹³⁾ PJSC MMK agus a Fhochuideachtaí. Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don Bhlianta dar críoch 31 Nollaig 2012, 2013 agus 2014. Le fáil ar <https://establishbrazil.com/articles/whats-real-cost-employee> (a breathnaíodh go deireanach an 25 Deireadh Fómhair 2021).

⁽¹⁴⁾ Nochtadh 'Making of an interested-party transaction by the Issuer'. Le fáil ag <https://mmk.ru/en/about/corporate-governance/disclosure-of-information/essential-facts/>. Amhail an 4 Aibreán 2022, ní raibh an nasc seo ar shuíomh gréasáin na cuideachta ar fáil. Tá na cáipéisí ar fáil go poiblí fós ar thairseach ar líne an Ionaid um Nochtadh Faisnéise Corparáidí in Interfax LLC, <https://e-disclosure.ru/portal/company.aspx?id=9&attempt=1> (arna breathnaíodh go deireanach 4 Aibreán 2022).

⁽¹⁵⁾ Ianscríbhinní a ghabhann le tuarascáil bhliantúil 2017 MMK. Le fáil ar <https://establishbrazil.com/articles/whats-real-cost-employee> (a breathnaíodh go deireanach an 4 Aibreán 2022).

- (77) Mar thoradh air sin, ní raibh aon fhaisnéis ag an gCoimisiún maidir leis na praghsanna athdhíola idirbheart don chéad chustaiméir neamhspleách san Aontas le haghaidh díolacháin a dhéantar tríd an trádálaí Eilvéiseach, ná maidir lena fheidhmeanna nithiúla, agus dá bhrí sin ní raibh sé in ann an praghas onnmhairiúcháin a shuí d'aon bhealach amháin de dhíolacháin na cuideachta ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl don chuideachta go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis nár chuir sí ar fáil.
- (78) In ainneoin na mínithe a chuir MMK ar fáil, tar éis litir faoi Airteagal 18, níor athraigh an Coimisiún a chonclúid gur chuir MMK faisnéis mhíthreorach ar fáil maidir lena ghaol leis an trádálaí Eilvéiseach agus, dá bhrí sin, chuir sin bac ar an imscrúdú. Ar chúiseanna rúndachta, níor nochtadh ach do MMK amháin an anailís ar bharúlacha MMK ar chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán a bhí beartaithe.
- (79) I ngeall air sin, dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil Airteagal 18 den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm maidir le díolacháin ar mhargadh an Aontais a dhéantar tríd an trádálaí Eilvéiseach. I ndáil leis sin, bhunaigh an Coimisiún an cinneadh maidir leis an gcorrlach dumpála don bhealach díolacháin sin maidir leis na corrlaigh dhumpála arna ríomh do dhíolacháin a dhéantar trí MMK Steel Trade.
- (80) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, thug MMK le fios go ndearna an Coimisiún earráid trí Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ar MMK i dtaca leis an trádálaí Eilvéiseach. Maidir leis sin, mhaigh an chuideachta nár chuir an Coimisiún san áireamh doiciméid áirithe a chuir MMK ar fáil agus d'athdhearbhaigh sí a míniú ar na contrárthachtaí a d'aimsigh an Coimisiún. Thairis sin, bhí MMK den tuairim gur sháraigh an Coimisiún an caighdeán dlíthiúil a leagtar síos le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán chun na fíricí atá ar fáil a roghnú trí na fíorais sin a roghnú arb é is aidhm dóibh go sonrach pionós a ghearradh ar MMK, is é sin trí na fíorais díobhálacha atá ar fáil a chur i bhfeidhm, fíorais nach bhfuil go hiomlán ag luí le cuspóir agus aidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (81) Níor sholáthair MMK aon fhianaise nua maidir leis an ngaol leis an trádálaí Eilvéiseach. Rinne an Coimisiún anailís chúramach cheana féin ar an bhfaisnéis ar fad, lena n-áirítear na doiciméid a ndearna an chuideachta tagairt dóibh. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún nár chuir an chuideachta fianaise ar bith ar fáil a thacaíonn leis an míniú ar an bhfaisnéis a thagann salach ar an ngaol idir MMK agus trádálaí na hEilvéise. Dá bhrí sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (82) Maidir leis an maíomh gur sháraigh an Coimisiún caighdeán dlí Airteagal 18 den bhun-Rialachán, ní chomhaontaíonn an Coimisiún leis sin. Mar a míníodh thuas, ní raibh an Coimisiún in ann an praghas onnmhairiúcháin a shuí do bhealach iomlán díolacháin amháin de dhíolacháin na cuideachta ar mhargadh an Aontais, agus dá bhrí sin bhunaigh sé an corrlach dumpála don bhealach díolacháin sin ar chorrlaigh dhumpála arna ríomh do dhíolacháin arna ndéanamh trí thrádálaí gaolmhar, MMK Steel Trade, a bhféadfadh sé an praghas onnmhairiúcháin a shuí dó.
- (83) Tá an cur chuige sin i gcomhréir go hiomlán le rialacha ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála agus le dlí an Aontais. De réir na tuarascála ó Phainéal na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis na Stáit Aontaithe – Dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh ar tháirgí áirithe agus úsáid na bhfíoras atá ar fáil ⁽¹⁶⁾, agus na fíorais atá ar fáil á gcur i bhfeidhm, tá sé de cheangal ar na húdaráis imscrúdúcháin na fíorais sin atá ar fáil a roghnú, ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil, arb ionann iad agus ionadú réasúnta don fhaisnéis “riachtanach” atá in easnamh i bhfíorais sonracha agus in imthosca sonracha a bhaineann le cás ar leith. Agus é sin á dhéanamh acu, ní mór do na húdaráis imscrúdúcháin gach fíoras atá ar fáil go cuí dóibh a chur san áireamh. Agus na fíorais ionaid á roghnú, ní cheanglaítear le hAirteagal 6.8 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT ar na húdaráis imscrúdúcháin na fíorais sin “is fabhraí” a roghnú don pháirtí neamh-chomhoibríoch. Féadfaidh na húdaráis imscrúdúcháin na himthosca nós imeachta ina bhfuil faisnéis ar iarraidh a chur san áireamh, ach ní bhaineann Airteagal 6.8 le fíorais ionaid a roghnú chun pionós a ghearradh ar pháirtí leasmhar.
- (84) Chloígh an Coimisiún leis an gceanglas seo go hiomlán ina chur chuige. Ar bhealach neamhchlaonta, d'úsáid sé iompraíocht praghsála iarbhrí agus fíoraithe MMK a breathnaíodh i mbealach díolacháin a raibh an Coimisiún in ann na sonraí ábhartha a fhíorú ina leith agus d'úsáid sé iad mar shamhail iompraíochta praghsála don bhealach i gcás nár soláthraíodh na sonraí ann. D'úsáid sé meánmhéid dumpála le haghaidh cineál táirge atá ionadaíoch d'acmhainneacht dumpála aitheanta na cuideachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcás inar roghnaigh an

⁽¹⁶⁾ Tuarascáil ón bPainéal, SAM — *Dleachtanna Frithdhumpála agus Frithchúitimh (An Chóiré)*, WT/DS539/R, mír 7.36. Féach freisin Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, SAM – *Cruach Charbóin (an India)*, WT/DS436/AB/R, mír 4.421.

chuideachta gan cion mór dá díolacháin onnmhairiúcháin a chur ar fáil don Choimisiún, trí iompraíocht praghsála iarbhrí agus fíoraithe a bhí an chuideachta á húsáid le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar shamhail, ní féidir a rá go bhfuil sé suibhiachtúil ná pionósach. Mar thoradh air sin, bíonn corrlaigh dhumpála agus dhíobhála chomh cruinn agus is féidir i gcomhthéacs easpa mhór comhair na cuideachta, agus ar an gcaoi sin comhlíonann sí dlí-eolaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála arna lua ag MMK. Dá bhí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

- (85) Mar a luadh in aithris (35), d'iarr MMK éisteacht os comhair na hOifigigh Éisteachta. Ag an éisteacht, chuir MMK in iúl gur luaigh an Coimisiún, ina litir faoi Airteagal 18, go gcuirfeadh sé Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán i bhfeidhm. D'iarr an chuideachta soiléiriú ar an mbunús dlí mar nár luadh ach Airteagal 18 den bhun-Rialachán sa doiciméad ginearálta nochtta. I ndáil leis sin, d'áitigh an chuideachta gur cheart don Choimisiún forálacha Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán a bheith curtha i bhfeidhm aige toisc gur thug MMK freagraí ar na hiarrataí uile ón gCoimisiún ar fhaisnéis riachtanach agus nár chuir MMK faisnéis mhíthreorach ar fáil, agus nach raibh sé sin ina bhac ar an imscrúdú. Ina theannta sin, thug an chuideachta le fios nár iarr an Coimisiún riamh an fhaisnéis maidir le praghsanna onnmhairiúcháin an trádálaí Eilvéisigh. Ar deireadh, d'athdhearbhaigh MMK gur sháraigh an Coimisiún caighdeán dlí Airteagal 18 den bhun-Rialachán agus na fíorais sin atá ar fáil á gcur i bhfeidhm aige.
- (86) Go deimhin, ba léir go ndearnadh earráid chléireachais nuair a rinneadh tagairt d'Airteagal 18(3) sa litir faoi Airteagal 18 ó dúradh sa litir freisin gur tháinig seirbhísí an Choimisiúin ar an gconclúid gur thug MMK faisnéis mhíthreorach agus gur chuir sin bac ar an imscrúdú, dá bhforáiltear in Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán. Is léir ó fhocláocht litir Airteagal 18 agus ó fhíorais an cháis nár comhlíonadh na coinníollacha chun glacadh le sonraí easnamhacha faoi Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán ós rud é nár soláthraíodh na sonraí – praghsanna onnmhairiúcháin don chéad chustaiméir neamhspleách – agus nach raibh siad infhíoraithe dá bhrí sin. Ina theannta sin, is léir nach ndearna an páirtí a dhícheall. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh an freagra a thug MMK ar an litir faoi Airteagal 18 ríshoiléir agus gur thug MMK go raibh Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán le cur i bhfeidhm i ngeall ar na himthosca agus go ndíreodh an Coimisiún a aird ar na fíorais atá ar fáil. Sin é an fáth ar mhaígh MMK sa fhreagra sin gur cheart tacair faisnéise a úsáid in ionad na sonraí sin a ndearnadh neamhaird díobh.
- (87) Thairis sin, deimhníodh gur earráid chléireachais í an tagairt d'Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán toisc nach raibh aon tagairt d'Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán sa doiciméad ginearálta nochtta.
- (88) Maidir leis na maímh a liostaítear in aithris (85) a bhaineann le comhar na cuideachta, thug an Coimisiún dá aire gur chuir an chuideachta an Coimisiún ar míthreoir maidir leis an ngaol a bunaíodh idir MMK agus an trádálaí Eilvéiseach toisc go raibh sé fós ag maíomh nach raibh na cuideachtaí gaolmhar. Ina theannta sin, níor sholáthair an chuideachta praghsanna onnmhairiúcháin an trádálaí Eilvéiseach, i.e. an fhaisnéis is gá chun an corrlach dumpála a chinneadh. Mheas an Coimisiún nach raibh an chuideachta mícheart nuair a mhaígh sí nár iarr an Coimisiún praghsanna onnmhairiúcháin an trádálaithe Eilvéisigh. Sa cheistneoir maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ar an dáta a tionscnaíodh an t-imscrúdú, is léir go gceanglaítear ar chuideachtaí gaolmhara atá bainteach le díolachán an táirge atá faoi imscrúdú leis an Aontas Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gceistneoir a líonadh isteach⁽¹⁷⁾. Dá bhrí sin, cuireadh bac ar an imscrúdú i ngeall ar shéanadh leanúnach an ghaoil idir MMK agus an trádálaí Eilvéiseach agus an mhainneachtain praghsanna onnmhairiúcháin an trádálaí Eilvéisigh a sholáthar.
- (89) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún gur mheas sé go raibh na fíorais le breithniú de réir Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, mar a míníodh in aithrisí (82) go (84), d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach cad iad na fíorais atá ar fáil, ar bhonn na faisnéise iarbhrí a chuir an chuideachta atá i gceist ar fáil, agus go ndéanfaí ionadú réasúnta ar an bhfaisnéis riachtanach atá in easnamh sa chás sin.
- (90) Mar thoradh ar na moltaí ón Oifigeach Éisteachta, rinne an Coimisiún breithniú cúramach ar na saincheistanna a tharraing an chuideachta anuas ag an éisteacht agus chuir sé a chonclúidí in iúl don Oifigeach Éisteachta.
- (91) Sa bhreis ar na soiléirithe dá bhforáiltear in aithrisí (81) go (84) agus (86) go (89), nocht an Coimisiún anailís níos mionsonraithe ar bharúlacha MMK maidir leis an nochtadh deiridh agus cuireadh an anailís faoi bhráid na cuideachta ag an éisteacht agus, fúithi sin amháin, ar chúiseanna rúndachta.

⁽¹⁷⁾ Réamhrá, pointe (5) den Cheistneoir do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis (Ich. 7). Le fáil ar <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-history?caseId=2531> (a breathnaíodh go deireanach 10 Meitheamh 2022).

- (92) D'onnmhairigh PAOS chuig an Aontas trí Severstal Export GmbH, trádálaí gaolmhar atá lonnaithe san Eilvéis, agus SIA Severstal Distribution, allmhaireoir gaolmhar atá lonnaithe sa Laitvia. Is lárionad seirbhíse é SDE, a dhíol CRS le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas gan phróiseáil agus tar éis tuilleadh próiseála freisin.
- (93) Níor chuir SDE faisnéis isteach maidir le ceannacháin agus stoic CRS ina cheistneoir agus ina fhreagraí ar easnamh. Meabhraíodh don chuideachta na sonraí sin a chur ar fáil trí ríomhphost a seoladh an 15 Samhain 2021 agus an 25 Eanáir 2022. D'ainneoin an iarratais sa litir easnaimh agus na meabhrúcháin réamhluaithe, níor chuir an chuideachta an fhaisnéis a bhí in easnamh ar fáil go dtí an chéad lá den chuairt fíorúcháin ar an láthair. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar na sonraí ceannachán roimh an gcuairt fíorúcháin, go háirithe chun a sheiceáil go bhfuil siad comhsheasmhach le codanna eile den cheistneoir agus de na freagraí ar an easnamh. De ghnáth, úsáidtear sonraí ceannachán trádálaí ghaolmhair chun díolacháin táirgeora onnmhairiúcháin a nascadh lena thrádálaí nó lena allmhaireoir in éineacht lena athdhíolacháin ina dhiaidh sin agus tá sé rithábhachtach chun an praghas onnmhairiúcháin a chinneadh.
- (94) Le linn na cuairte fíorúcháin in áitreabh SDE cheana féin, thug an Coimisiún faoi deara saincheisteanna maidir leis na cineálacha táirgí a shann SDE d'idirbhearta athdhíola agus chuir sé na saincheisteanna sin ar aird na cuideachta. Roghnaigh an Coimisiún sampla d'idirbhearta athdhíola agus rinne sé seiceáil ar na doiciméid atá ar fáil a thacaíonn leis an bhfaisnéis a chuir an chuideachta isteach, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla na dtáirgí a dhíoltar. Bhailigh an Coimisiún doiciméid tacaíochta a bhaineann le sampla de dhá shonrasc díolacháin déag. I gceithre chás, thug an Coimisiún faoi deara gur sannadh an cineál táirge go hearráideach. Chomhaontaigh an chuideachta ceartúcháin a dhéanamh. Mhaígh sí, áfach, go mbeadh ualach rómhór ag baint le gach idirbheart athdhíola a bhféadfaí difear a dhéanamh dó a chros-seiceáil leis na sonraíochtaí teicniúla arna gcomhaontú sna horduithe díolacháin. Dá bhrí sin, mhol an chuideachta modheolaíocht a úsáid ar bhonn na gcineálacha táirgí a dhíolann PAOS le SDE. Rinneadh an tsaincheist sin a thaifeadh i gceart sa tuarascáil fíorúcháin, a roinneadh leis an gcuideachta. Bhí an deis ag an gcuideachta a barúil a thabhairt faoi earráidí fíorasacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar sin féin, níor chuir SDE i gcoinne aon chuid den tuarascáil fíorúcháin.
- (95) Tar éis an fhíoraithe ar an láthair, is le linn na cuairte fíorúcháin amháin a rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar na sonraí ceannachán a sholáthair SDE le sonraí comhfhreagracha díolacháin PAOS. Thug an Coimisiún dá aire go raibh an dá thacar sonraí fós neamh-chomhsheasmhach ó thaobh cineálacha táirgí de.
- (96) I ndáil leis sin, is thart ar 30 % den mhéid iomlán a ceannaíodh a thuairiscigh SDE atá sna cineálacha táirgí arna dtuairisciú ag SDE mar tháirgí a ceannaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin ó PAOS ach nach dtuairiscíonn PAOS mar tháirgí a dhíoltar le SDE.
- (97) Seachas an tacar sonraí ar fad a chur as an áireamh, d'úsáid an Coimisiún na hidirbhearta athdhíola, ar sannadh na cineálacha táirgí dóibh i gceart, chun an corrlach dumpála d'idirbhearta athdhíola le cineálacha táirgí a sannadh go mícheart a chinneadh.
- (98) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chuir PAOS an fhaisnéis riachtanach ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, rud a chuir bac ar an imscrúdú. Chuir an Coimisiún in iúl don chuideachta go raibh sé ar intinn aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis nár chuir sí ar fáil.
- (99) Ina barúlacha faoin litir faoi Airteagal 18, luaigh an chuideachta gur sholáthair sí na sonraí go léir, lena n-áirítear comhaid idirmheánacha, i gcás inar iarradh iad. Mheabhraigh sí freisin gur míníodh cruthú na gcineálacha táirgí don Choimisiún agus gur fhíoraigh sé iad. I gcás inar shainithin an Coimisiún earráidí i gcineálacha táirgí tuairiscithe, sholáthair an chuideachta ceartúcháin. D'áitigh PAOS nár úsáideadh an fhaisnéis faoi cheannacháin sa ríomh dumpála. Thug sí le fios freisin nár tharraing an Coimisiún aird riamh ar na saincheisteanna sin le linn na gcros-seiceálacha agus na bhfíoruithe ar an láthair. Maidir leis an gconclúid ón gCoimisiún go raibh sé dodhéanta na cineálacha táirgí arna ndíol ag SDE ar mhargadh an Aontais a shainaithint, meabhraigh an chuideachta na mínithe a thug sí sa fhreagra ar an easnamh. De réir na cuideachta, ní raibh SDE in ann nasc idirbheart ar idirbheart a chur ar fáil idir earraí a ceannaíodh agus earraí a díoladh de bharr stóráil, agus neamhréir idir an meascán soláthairtí agus meascán díolachán.
- (100) Ní chuireann an Coimisiún ina choinne gur chuir PAOS ná SDE an fhaisnéis a iarradh sa cheistneoir ar fáil faoi dheireadh. Mar sin féin, chuir soláthar déanach faisnéise áirithe isteach go mór ar chumas an Choimisiúin anailís cheart a dhéanamh ar na sonraí.

- (101) Cé nach n-úsáidtear an fhaisnéis faoi cheannacháin go díreach i ríomh an chorrlaigh dumpála, is uirlis í chun cros-seiceáil agus fíorúchán a dhéanamh ar chomhsheasmhacht inmheánach na faisnéise arna cur isteach ag an táirgeoir agus ag a allmhaireoir gaolmhar a úsáidtear sa ríomh. Sa chás sin, léiríodh sa chomparáid idir sonraí díolacháin PAOS agus sonraí ceannachán SDE le linn na tréimhse céanna, an tréimhse imscrúdúcháin, go ndearna PAOS nó SDE tuairisciú mícheart ar chineálacha táirgí.
- (102) Ina theannta sin, ní fhéadfadh an Coimisiún a bheith ar an eolas faoi thábhacht na saincheiste seo le linn na gcros-seiceálacha cianda agus an fhíoraithe ar an láthair ós rud é nár chuir SDE a chuid sonraí ceannachán ar fáil ach ar an gcéad lá den fhíorúchán, agus dá bhrí sin, níor thug sé aon am don Choimisiún chun anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis roimh ré. Mar sin féin, le linn na cuairte fíorúcháin cheana, thug an Coimisiún le fios gur tuairiscíodh go hearráideach roinnt cineálacha táirgí sa sampla d'idirbhearta díolachán a fíoraíodh go mion.
- (103) Ar deireadh, níorbh é an tsaincheist a bhí i dtrácht aon nasc díreach a bheith idir sonraí díolachán PAOS agus sonraí athdhíola SDE. Thug an Coimisiún faoi deara gur ceannaíodh na hearraí a d'athdhíol SDE le linn na tréimhse imscrúdúcháin, go pointe áirithe, roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Ba é an phríomhcheist, áfach, nach raibh na cineálacha táirgí a tuairiscíodh gur cheannaigh SDE iad ó PAOS le linn na tréimhse imscrúdúcháin ina lán cásanna ag teacht leis na cineálacha táirgí a tuairiscíodh gur cheannaigh PAOS iad ó SDE le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar thoradh air sin, ní raibh an Coimisiún in ann a chinneadh ná a fhíorú cé na cineálacha táirgí, arna dtáirgeadh ag PAOS, a d'athdhíol SDE go hiarbhrí ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (104) I bhfianaise an mhéid thuas, dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil Airteagal 18 den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm maidir le díolacháin ar mhargadh an Aontais a dhéantar trí SDE.
- (105) Dá bhrí sin, i gcás díolacháin PAOS leis an Aontas trí SDE a bheith ag gníomhú mar allmhaireoir, i gcás gur inar sainaithníodh an cineál táirge i gceart, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas maidir le gach costas a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus brabúis a fabhraíodh. D'úsáid an Coimisiún fíoras atá ar fáil chun an praghas onnmhairiúcháin a chinneadh agus ina dhiaidh sin an corrlach dumpála maidir leis na cineálacha táirgí a shanntar go hearráideach don Aontas trí SDE.
- (106) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh PAOS nár ghá Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm. Go háirithe, d'áitigh an chuideachta ní amháin go raibh an fhaisnéis a thíolaic sí “neamhoiriúnach ó thaobh gach gné de” agus gur soláthraíodh in am í ón uair a fuair an Coimisiún an fhaisnéis a bhí in easnamh roimhe sin i bhfad roimh an nochthead deiridh. Ina theannta sin, mhaígh an chuideachta gur cheart don Choimisiún dul i dteagmháil leis an gcuideachta nuair a tháinig sé ar na neamhréireachtaí sna cineálacha táirgí a tuairiscíodh. D'áitigh PAOS go raibh na neamhréireachtaí sin mar thoradh ar an táirgeoir a úsáideann an mhais brataithe since iarbhrí (arna tomhas sa táirgeadh) agus SDE ag baint úsáid as an mais bhrataithe since ainmniúil (a chuirtear san áireamh i gcóid táirgí na cuideachta).
- (107) Chomh maith leis an gcinneadh ón gCoimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, chuir PAOS in aghaidh rogha na bhfíoras atá ar fáil freisin. Seachas an corrlach dumpála is airde a shannadh don táirge a ndearnadh difear dó, ar corrlach é a ríomhadh do chineál táirge nach bhfuil ann ach 0,01-0,03 % d'onnmhairí na cuideachta sa tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart don Choimisiún an corrlach dumpála a bheith úsáidte aige don chineál táirge is ionadaíche i dtéarmaí cainníochtaí díolachán. De rogha air sin, mhol an chuideachta don Choimisiún an meánchorrlach dumpála do chineálacha táirgí a thuairiscítear i gceart a úsáid.
- (108) Ar an gcéad dul síos, ní chomhaontaíonn an Coimisiún le measúnú na cuideachta ar sholáthar tráthúil sonraí nach raibh ann ach “nach raibh siad oiriúnach i ngach gné”. Cuireadh an fhaisnéis faoi cheannacháin SDE ar fáil tráth a bhí sé dodhéanta don Choimisiún aon cheartúchán a d'fhéadfaí a sholáthar tar éis na bhfíoruithe agus/nó na gcros-seiceálacha cianda a fhíorú. Dá bhrí sin, bheadh an fíoras fós gan éifeacht go ndeachaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gcuideachta tar éis na neamhréireachtaí a aimsiú. Thairis sin, ní hé gur míchaoithiúlacht amháin é sannadh mícheart cineálacha táirgí. Ag tús an imscrúdaithe, shainigh an Coimisiún cineálacha táirgí ar bhonn saintréithe áirithe a raibh tionchar acu ar chostais agus ar phraghsanna CRS chun comparáid chuí a dhéanamh. Gan na cineálacha táirgí cearta a bheith ann, ní féidir an praghas díolacháin intíre a chur i gcomparáid leis an gcostas táirgthe chun an gnáthluach de réir chineál an táirge a chinneadh, ná ní féidir an gnáthluach a chur i gcomparáid leis

an bpraghas onnmhairiúcháin chun an corrlach dumpála a shuí de réir chineál an táirge. Ar an dara dul síos, ós rud é nár eascair na neamhréireachtaí ó chineálacha éagsúla cur chuige de chuid PAOS agus SDE agus ó thuairisciú na maise brataithe since araon, níor athraíodh an fíoras gur sannadh na cineálacha táirgí go hearráideach. Bhí sé d'fhreagracht ar an gcuideachta cruinneas agus comhsheasmhacht sa tuairisciú a áirithiú. Ina theannta sin, mar thoradh ar an gcros-seiceáil chianda, is cinnte a d'úsáid PAOS trí chineál dhifriúla cur chuige chun an mhais brataithe since a chinneadh. Dá bharr sin, ní fhéadfaí glacadh leis an soiléiriú a tugadh tar éis an nochta deiridh. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh nár ghá Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

- (109) Maidir leis an rogha fíoras atá ar fáil, thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon cheann de na cineálacha táirgí ar bhonn substaintiúil i bhfad níos ionadaíche ar dhíolacháin iomlána PAOS ar mhargadh an Aontais. An cineál táirge a mhol an cuideachta, is é a bhí ann 1-3 % de dhíolacháin onnmhairithe na cuideachta. Ina theannta sin, dá n-úsáidfí meánchorrlach dumpála na gcineálacha táirgí uile a thuairiscítear i gceart, bheadh an éifeacht chéanna aige sin ar an gcorrlach dumpála foriomlán ionann agus dá ndéanfaí neamhshuim iomlán a dhéanamh de na díolacháin le cineálacha táirgí anaithnide. Sa chás seo, is é atá sna hidirbhearta díolachán sin formhór mór dhíolachán uile PAOS san Aontas. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurb iomchuí a léirítear acmhainneacht na cuideachta maidir le hiompraíocht dumpála agus úsáid á baint as an meánmhéid dumpála is airde a shuítear do chineál táirge. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh PAOS maidir leis an rogha fíoras atá ar fáil.

3.1.3. Comparáid

- (110) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha.
- (111) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir na ndifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den Bhunrialachán. Rinneadh coigeartuithe i leith costais iompair, árachais, láimhseála agus lódála, costas creidmheasa, agus coimisiúin.
- (112) Mhaígh dhá cuideachta go ndearnadh coigeartú i leith lascainí i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(c) den bhun-Rialachán. Ós rud é nach raibh na cuideachtaí in ann luach an choigeartaithe atáthar a mhaíomh a réiteach lena dtaifid chuntasáíochta, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.
- (113) Tar éis an nochta deiridh, chuir NLMK i gcoinne an ríofa a rinne an Coimisiún ar choigeartuithe áirithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin. Mhaígh an cuideachta gur cheart go mbeadh coigeartú déanta ag an gCoimisiún ar phraghas onnmhairiúcháin na n-earraí a díoladh le linn na tréimhse imscrúduithe ach a cheannaigh an trádálaí gaolmhar roimh an tréimhse imscrúdúcháin ar an last-táille a thabhaigh an trádálaí go hiarbhír roimh an tréimhse imscrúdúcháin (in ionad an last-táille a tabhaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin a úsáid faoin téarma seachadta céanna agus don tír cinn scríbe chéanna). Go háirithe, mhaígh an cuideachta go mbeadh an asbhaint níos ísle dá n-úsáidfeadh an Coimisiún an last-táille a tabhaíodh roimh an tréimhse imscrúdúcháin.
- (114) Scrúdaigh an Coimisiún an maíomh sin agus chinn sé nach raibh údar leis. Go háirithe, ní mar thoradh ar an úsáid last-táille a tabhaíodh le linn na imscrúdúcháin a bhí difríocht ann, difríocht a chuir an cuideachta in iúl ach gur chumhdaigh an coigeartú ábhartha ar an bpraghas onnmhairiúcháin an last-táille, ach lamháltas le haghaidh pacáil freisin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh. Ar chúiseanna rúndachta, is chuig NLMK amháin a seoladh anailís mhionsonraithe ar an maíomh seo.
- (115) Tar éis an nochta deiridh, thug PAOS le fios nár cheart go mbeadh an lamháltas diúltaithe ag an gCoimisiún i leith last-táille arna tabhú idir an cuideachta agus a trádálaí intíre gaolmhar nó idir stórais an trádálaí ghaolmhair ós rud é go n-áirítear an costas ar an bpraghas díolacháin. Ina theannta sin, mhaígh an cuideachta nár chóir don Choimisiún diúltú don lamháltas i leith lascainí ós rud é go raibh an cuideachta in ann réiteach a dhéanamh lena taifid chuntasáíochta an lascaine a deonaíodh dá custaiméir leis an luach lascaine is airde le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (116) Maidir leis an last-táille, thug an Coimisiún dá aire nach raibh díospóid ann cibé a thabhaigh an cuideachta agus/nó a trádálaí gaolmhar an last-táille iarbhír nó nár thabhaigh. Sa chás seo, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, an pointe ina ndearnadh an díol leis an gcéad custaiméir neamhghaolmhar – arbh é áitreabh an táirgeora i gcás díolacháin intíre dhíreacha chuig custaiméirí neamhghaolmhara nó áitreabh an trádálaí intíre ghaolmhair – measadh gurbh é an pointe iomchuí chun praghas díolachán intíre díreach ón monarcha a shuí.

- (117) Maidir leis an lamháltas le haghaidh lascainí, d'athdhearbhaigh an Coimisiún nach raibh an chuideachta in ann an lamháltas a maíodh a deonaíodh le haghaidh lascainí a réiteach lena taifid chuntasaíochta cé is moite de chustaiméir amháin. Tar éis don chuideachta a barúil maidir le nochtadh deiridh a thabhairt, rinne an Coimisiún scrúdú ar a mhéid a d'fhéadfaí luach na lascainí a tugadh don chustaiméir i dtrácht a réiteach. Shoiléirigh an Coimisiún go raibh an lamháltas a iarradh comhionann leis an luach i mbileog oibre idirmheánach ullmhúcháin de chuid na cuideachta, ach fós nach raibh réitithe lena taifid chuntasaíochta. Maidir le custaiméirí eile a roghnaíodh go randamach le haghaidh cros-seiceáil, ní raibh an lamháltas a iarradh fiú comhionann leis an mbileog oibre ullmhúcháin. Ina dhiaidh sin, dheimhnigh an Coimisiún an diúltú.
- (118) D'onnmhairigh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin Rúiseacha go léir táirgí chuig an Aontas trí thrádálaithe gaolmhara atá lonnaithe i dtríú tír.
- (119) Chuir MMK Steel Trade feidhmeanna i gcrích, atá coibhéiseach le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin de réir bhrí Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin chun comparáid chothrom a áirithiú. Rinne an Coimisiún asbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin a gearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách SGA de MMK Steel Trade agus brabús réasúnta, ar bhonn bhrabús allmhaireora neamhghaolmhair.
- (120) Níor tháinig aon allmhaireoir neamhghaolmhar chun tosaigh san imscrúdú seo. Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún leas as brabús allmhaireora neamhghaolmhair san Aontas a suíodh ar bhonn torthaí ó imscrúdú roimhe sin ar allmhairí táirgí atá cosúil leis an táirge atá faoi imscrúdú ⁽¹⁸⁾. Ba é 2 % an brabús.
- (121) D'onnmhairigh NLMK táirgí chuig an Aontas trí NLMK Trading SA, trádálaí gaolmhar atá lonnaithe san Eilvéis. Tar éis anailís a dhéanamh ar a chuid feidhmeanna, measadh go gcomhlíonann MMK Trading feidhmeanna atá coibhéiseach le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin de réir bhrí Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Ar chúiseanna rúndachta, níor nochtadh an anailís a rinne an Coimisiún ach do NLMK amháin.
- (122) Dá réir sin, rinne an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun comparáid chothrom a áirithiú. Rinne an Coimisiún asbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin a gearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách SGA de NLMK Trading agus brabús réasúnta, ar bhonn bhrabús allmhaireora neamhghaolmhair.
- (123) Tar éis an nochtadh deiridh, mhaígh NLMK nach raibh aon bhunús dlí ag an gCoimisiún chun an asbhaint sin a dhéanamh faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Rinneadh an asbhaint, áfach, faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán mar a luaitear in aithrisí (121) agus (122) agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.
- (124) Ina theannta sin, mhaígh NLMK go raibh na conclúidí a rinne an Coimisiún maidir lena chuideachta ghaolmhar don mhargadh onnmhairiúcháin chomh bailí céanna ar an margadh intíre, i.e. rinne na cuideachtaí gaolmhara feidhmeanna den chineál céanna i gcás díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin. Ina dhiaidh sin, d'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún an gnáthluach a choigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán maidir le díolacháin intíre trí NSSC agus NLMK Shop.
- (125) Thug an Coimisiún dá aire nach ionann an fhoclaíocht in Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, lena gcinntear an gnáthluach, agus in Airteagal 2(8) agus in Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, lena gcinntear an praghas onnmhairiúcháin. De bhun Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, is ar an bpraghas díolachán baile sin don chéad chustaiméir neamhspleách gur gá an gnáthluach a shuí. Dá ndéanfaí coigeartú de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, thiomhdeofaí gurbh é an díol a dhéanfaí idir NLMK agus NLMK Shop/NSSC an díol ábhartha chun an gnáthluach a shuí. Mar sin féin, níor dhíolacháin le custaiméirí neamhspleácha na díolacháin seo. Sna himthosca sin, ní bheadh asbhaint na marcála suas a ghearrann Sveza-Les comhsheasmhach le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán.

⁽¹⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1795 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Brasaíle, na hIaráine, na Rúise agus na hÚcráine iad agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Seirbia iad (IO L 258, 6.10.2017, lch. 24), aithris (569).

- (126) Tá foclaíocht Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán i gcodarsnacht leis an gcur chuige agus le foclaíocht Airteagal 2(8) agus Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Go deimhin, tugadh isteach go sonrath an dara habairt d'Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán, a bhaineann le brabús corrlaigh, d'fhonn a áirithiú go bhféadfaí an brabús corrlaigh a ghearrann trádálaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas a asbhaint agus an praghas onnmhairiúcháin á ríomh. Murach sin, d'fhéadfadh úsáid trádálaí ghaolmhair cuid de na difríochtaí onnmhairiúcháin a cheilt agus féachtar sa chomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal díreach ón monarcha déireadh a chur leis na difríochtaí sin. Os a choinne sin, ar an margadh intíre, is minic a rachaidh earraí idir cuideachtaí gaolmhara nó trádstórais sula ndíolfar iad, agus a mhéid a bheidh forluí idir speansais agus feidhmeanna díolacháin páirtithe gaolmhara ar an margadh intíre, tá údar maith ann caitheamh le cuideachtaí gaolmhara mar eintiteas eacnamaíoch aonair.
- (127) Ina theannta sin, agus gan dochar don mhéid thuas, thug an Coimisiún dá aire gur lárionad seirbhíse é NSSC ina ndéantar próiseáil bhreise ar chruach fhrithchreimneach NLMK a tháirgeann NLMK agus dá bhrí sin, is leathnú é ar tháirgeacht NLMK ⁽¹⁹⁾. Tá an comhlacht lonnaithe i Lipetsk, i ngarchomharsanacht mhonarcha NLMK. I bhfianaise chomhtháthú na cuideachta sa slabhra táirgthe NLMK, ní féidir a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil feidhmeanna á ndéanamh ag NSSC atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag gníomhú ar bhonn coimisiúin de réir bhrí Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.
- (128) Ina theannta sin, maidir le NLMK Shop, mheabhraigh an Coimisiún go raibh codán beag de dhíolacháin an táirge chomhchosúil ar an margadh intíre (níos lú ná 2 %) ag NLMK Shop, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá mba ghá sin, bheadh tionchar diomaibhseach ag aon choigeartú bunaithe ar Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán ar an ngnáthluach agus, dá thoradh sin, ar an gcorrlach dumpála (athrú níos lú ná 0,1 % ar an gcorrlach). Ina theannta sin, ós rud é go raibh dleacht frithdhumpála deiridh NLMK bunaithe ar an gcorrlach díobhála, ní dhéanadh choigeartú ar dhíolacháin intíre NLMK trí NLMK Shop difear do thoradh an imscrúdaithe.
- (129) Dá bhí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.
- (130) Mar a luaitear in aithris (92), sa bhreis ar SDE, d'onnmhairigh PAOS táirgí chuig an Aontas freisin trí Severstal Export GmbH, trádálaí gaolmhar atá lonnaithe san Eilvéis. Chuir Severstal Export GmbH feidhmeanna i gcrích, atá coibhéiseach le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin de réir bhrí Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin chun comparáid chothrom a áirithiú. Rinne an Coimisiún a asbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin a gearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách na costais SGA de chuid Severstal Export GmbH agus brabús réasúnta, ar bhonn bhrabús allmhaireora neamhghaolmhair.
- (131) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh NLMK gur cheart a chorrlach dumpála a ríomh ar bhonn ráithiúil mar gheall ar threochtaí méadaitheacha an chostais monaraíochta, an ghnáthluacha agus an phraghais onnmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus mar gheall ar dháileadh míchothrom a dhíolachán leis an Aontas chomh maith.
- (132) Luaigh an Coimisiún nach mbeadh údar le ríomh ráithiúil ach amháin in imthosca an-sonrach, mar shampla dá dtiocfadh méadú suntasach ar an gcostas táirgthe ar fud IP mar aon leis na díolacháin onnmhairiúcháin a bheith comhchruinnithe i gcuid amháin de IP, agus na díolacháin intíre i gcuid eile. Sa chás seo, dáileadh an táirgeadh agus na díolacháin intíre ar bhonn chothrom le linn na tréimhse imscrúdúcháin go léir. Ina theannta sin, is mar a leanas a bhí treocht chomhchosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is é sin an praghas in aghaidh an aonaid ar an margadh intíre (+ 6 – 10 % sa tríú ráithe, +10 – 13 % sa dara ráithe, +25 – 26 % sa cheathrú ráithe) agus an costas aonaid táirgthe (+ 1 – 4 % sa tríú ráithe, +10 – 13 % sa dara ráithe, +25 – 26 % sa cheathrú ráithe). Lean na cinntí praghsála a rinne an chuideachta i leith mhargadh an Aontais treocht iomlán difriúil ar fad, áfach. Tháinig méadú 28-32 % ar an bpraghas onnmhairiúcháin idir an chéad ráithe agus an dara ráithe, tháinig laghdú beag air sin sa tríú ráithe ach lean sé de bheith ag fás agus sa cheathrú ráithe shroich sé + 43-47 % dá luach sa chéad ráithe. Ní raibh an méadú ag teacht leis na costais táirgthe sin nár tháinig ach méadú beag orthu idir an chéad ráithe agus an dara ráithe agus ansin tháinig méadú beagán níos géire ar na costais sa tríú ráithe agus ar bhonn suntasach sa cheathrú ráithe. Ba é cinneadh na cuideachta a cuid onnmhairí chuig an Aontas a phraghsáil ar leibhéal i bhfad níos ísle le linn ráithe, ina raibh na cainníochtaí a onnmhairíodh níos comhchruinnithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach raibh údar leis an iarratas ar ríomh ráithiúil sa chás seo agus dhíbh sé an maíomh dá bhrí sin.

⁽¹⁹⁾ Cé nár sholáthair an chuideachta faisnéis faoi cé acu ar fíor-athdhíol é nó athdhíol tar éis oibríocht phróiseála gach idirbheart athdhíola nó nach iad, is féidir é a fheiceáil, má dhéantar comparáid shimplí idir PCNanna agus na cainníochtaí a dhíol NLMK le NSSC agus a d'athdhíol NSSC le custaiméirí neamhghaolmhara, gurb é a bhí sna hearraí neamhphróiseáilte a ceannaíodh ó NLMK sa tréimhse imscrúdúcháin ná thart ar 1/3 amháin den chainníocht a d'athdhíol NSSC. Díoladh an 2/3 a bhí fágtha as stoc nó tar éis oibríocht phróiseála agus d'athraigh sin an cineál táirge.

- (133) Tar éis an nochta deiridh breise a luaitear in aithris (65), mhaígh NLMK, i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán, gur cheart don Choimisiún dáta an chonartha a aithint mar an dáta a suíodh téarmaí trádála ábhartha sa chás seo a mhéid a bhaineann sé leis na hidirbhearta díolacháin onnmhairiúcháin a bheidh le húsáid sa ríomh dumpála. I ndáil leis sin, thagair an chuideachta d'imscrúdú a rinneadh roimhe sin freisin ⁽²⁰⁾, inar úsáideadh an dáta ordaithe conartha/ceannacháin chun na téarmaí trádála ábhartha a shuí seachas dáta an tsonrais.
- (134) Thug an Coimisiún dá aire go mbaineann Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán le comhshó airgeadra agus dáta an ráta malairte a úsáidtear i gcás ina raibh comhshó airgeadra riachtanach chun críche comparáide. Thug an Coimisiún dá aire nach raibh na forálacha sin infheidhme chun a chinneadh cé na hidirbhearta ba cheart a chur san áireamh sa ríomh corrlaigh dumpála. Sa bhreis air sin, thug an Coimisiún dá aire san imscrúdú roimhe seo nach raibh an dáta le haghaidh an ordaithe conartha/ceannacháin rithábhachtach ach amháin chun dáta an ráta malairte a bheidh le húsáid a chinneadh. Is é seo a mhéid is féidir coigeartú féideartha a dhéanamh faoi Airteagal 2(10)(j) den bhun-Rialachán. Ní féidir an fhoráil seo a úsáid chun idirbhearta a eisiáimh ón ríomh dumpála.
- (135) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

3.1.4. Corrlaigh dhumpála

- (136) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (137) Mar a mhínítear in aithrisí (12) go (14), éiríodh as sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis agus rinneadh an t-imscrúdú ar na cuideachtaí comhoibríocha go léir.
- (138) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa Rúis, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfóras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méideanna onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn bhunachar sonraí Surveillance 2 mar a mhínítear in aithris (201).
- (139) Sa chás seo, is leibhéal ard atá i leibhéal an chomhair toisc go raibh in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 98 % de na hallmhairí iomlána le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún gur iomchuí an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta comhoibríche ag a bhfuil an corrlach dumpála is airde.
- (140) Is mar seo a leanas atá na corrlaigh dhumpála chinntitheacha, agus na hathruithe tar éis an nochta deiridh á gcur san áireamh, arna sloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, an dleacht neamhíochta:

Cuideachta	Corrlach dumpála
PJSC Magnitogorsk Iron and Steel Works	36,6 %
Novolipetsk Steel	12,7 %
PAO Severstal	39,8 %
Gach cuideachta eile	39,8 %

⁽²⁰⁾ Aithris 71 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1328 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinnitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus de Chónaidhm na Rúise (IO L 210, 4.8.2016, lch. 1).

3.2. An Tuirc

3.2.1. Gnáthluach

- (141) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús lena fháil amach arbh ionadaíoch é méid iomlán na ndíolachán laistigh den Aontas i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Méid iomlán díolachán intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin, más rud é gur comhionann é agus 5 % dá mhéid iomlán díolachán onnmhairiúcháin i gcás an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is ionadaíoch iad na díolacháin intíre. Ar an mbonn sin, ba ionadaíoch é iomlán na ndíolachán a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte maidir leis an táirge chomhchosúil ar an margadh intíre.
- (142) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh sa bhaile féin agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin intíre ionadaíocha.
- (143) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin le fáil amach an raibh na díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Méid iomlán díolachán intíre de chuid cineál táirge le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin, más rud é gur comhionann é agus ar a laghad 5 % de mhéid iomlán díolachán onnmhairiúcháin an chineál táirge chomhionann nó an chineál táirge inchomparáide leis an Aontas, is ionadaíoch iad díolacháin intíre an chineáil táirge.
- (144) I gcás gach ceann de na trí onnmhairioir, le haghaidh cineálacha táirge áirithe a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níorbh ann d'aon díolachán intíre, nó bhí díolacháin intíre an chineáil táirge sin faoi bhun 5 %, rud a d'fhág nach raibh siad ionadaíoch.
- (145) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún cion na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre le haghaidh gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun cinneadh a dhéanamh cé acu na fíordhíolacháin intíre a úsáid nó gan iad a úsáid chun gnáthluach gach cineáil táirge a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.
- (146) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, beag beann ar cé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é an méid seo a leanas:
- (a) méid díolachán an chineáil táirge, arna dhíol ar ghlanphraghas díola atá cothrom le costas ríofa an táirgthe, sin nó ar mó é ná sin, tá breis agus 80 % de mhéid iomlán díolachán an chineáil táirge sin i gceist leis; agus
 - (b) tá meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin cothrom le costas aonaid an táirgthe nó níos airde ná sin.
- (147) Sa chás sin, is éard atá sa ghnáthluach, meán ualaithe na bpraghsanna ar dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (148) Is ionann an gnáthluach agus an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineál táirge i gcás díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí amháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, más rud é an méid seo a leanas:
- (a) méid dhíolacháin bhrabúsacha an chineáil táirge, tá 80 % nó níos lú de mhéid iomlán díolachán an chineáil sin i gceist leis; nó
 - (b) tá meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.
- (149) Léirigh an anailís ar na díolacháin intíre, gur ag brath ar an gcineál táirge a bhí i gceist, ba brabúsach iad idir 14 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag MMK Turkey, idir 28 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag Tatmetal agus idir 19 % agus 100 % de na díolacháin intíre go léir a bhí ag Tezcan agus go raibh a meánphraghas díola ualaithe ní ba airde ná an costas táirgthe. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin nó mar meán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.
- (150) I gcás na gcineálacha táirgí inar lú meánphraghas díola ualaithe ná an costas táirgthe, ríomhadh an gnáthluach mar meán ualaithe dhíolacháin bhrabúsacha an chineáil táirge sin.

- (151) I gcás nár díoladh aon cheann de chineálacha táirgí an táirge chomhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála, sin nó nár díoladh cineál táirge i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.
- (152) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur le meánchostas táirgthe an tairge chomhchosúil de chuid na dtáirgeoirí comhoibríoch sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin:
- (a) na meánchostais díolacháin, ghinearálta agus riaracháin (“costais SGA”) ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar dhíolacháin intíre an tairge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus
 - (b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin bhaile an tairge chomhchosúil, i ngnáthchúrsa na trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (153) I gcás na gcineálacha táirgí nach ndíoltar ina gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, na meánchostais SGA agus meánbhrabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre i gcás na gcineálacha sin, cuireadh leo iad. I gcás na gcineálacha táirgí nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, na meánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart go léir a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre, cuireadh leo iad.
- (154) Tar éis an nochtá deiridh, mhaígh MMK Turkey go ndearna an Coimisiún earráid nuair a rinne sé cuid de chostais airgeadais na cuideachta a eisiamh ó chostais SGA agus an gnáthluach á ríomha aige.
- (155) Ioncam/caillteanais ó mhalartán eachtrach a bhí sna costais airgeadais a eisíodh, nár chostais iarbhír a bhí iontu ach costais ba thoradh ar an difríocht i rátaí malairte idir airgeadra an tsonraisc agus an t-airgeadra cuntasafóchta ar dháta an idirbhirt agus ar dháta na híocaíochta, agus dá bhrí sin ní léiríonn siad costais SGA iarbhír a bhaineann le táirgeadh ná le díolacháin an tairge faoi imscrúdú. Thairis sin, luaigh an Coimisiún go raibh an cur chuige céanna aige i leith na gcuideachtaí sampláilte go léir beag beann ar cibé acu an raibh caillteanais nó gnóthachain as malartán eachtrach. Is éard is cúis leis an gcur chuige sin, gur i gcásanna eisceachtúla, bheadh costais fhoriomlána SGA dhiúlta ann mura ndéanfaí é, rud nach léireodh costais SGA iarbhír. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (156) Tar éis an nochtá deiridh, thug Tezcan le fios go raibh earráid i ríomh na gcostas i gcás ceann amháin de na hamhábhair mar gheall ar chomhaireamh dúbailte a stoc tosaigh. Cheartaigh an Coimisiún an earráid sin agus d’athnocht sé ríomh dumpála athbhreithnithe do Tezcan. Níor athraíodh corrlach dumpála na cuideachta mar gheall ar thionchar an cheartúcháin sin toisc go sloinntear na corrlaigh dhumpála chríochnaitheacha ar leibhéal na chéad digite tar éis na camóige.
- (157) Mhaígh an chuideachta chéanna gur sna leasuithe a rinneadh ar a costas táirgthe, níor chuir an Coimisiún san áireamh na difríochtaí i gcostas na gcornaí a úsáidtear i dtáirgeadh CRS a onnmhairítear agus a dhíoltar ar an margadh intíre, rud is toradh, más fíor, ar scéim díolúine ó dhleacht a úsáideann an chuideachta.
- (158) Léirigh an t-imscrúdú nach féidir na cornaí a allmhairítear agus a cheannaítear ar bhonn intíre a nascadh go díreach le monarú na dtáirgí a onnmhairítear, sin nó a dhíoltar ar bhonn intíre, agus i gcás an chórais díolúine ó dhleacht, is féidir le táirgeoir onnmhairiúcháin “táirgí coibhéiseacha” a úsáid in ionad na n-earraí allmhairithe a shonraítear sa deimhniú údarúcháin. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún aon difríocht is toradh ar úsáid na scéime díolúine ó dhleacht a shuí i gcostas iarbhír mhonaraíocht CRS le haghaidh onnmhairiú agus le haghaidh an mhargaidh intíre. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (159) Ar deireadh, sna barúlacha a thug sé maidir le nochtadh, agus ag éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin, mhaígh Tezcan gur bhain an Coimisiún úsáid mhícheart as a chostas táirgthe le haghaidh an mhargaidh intíre (“DMCOP”) seachas an costas táirgthe le haghaidh onnmhairí chuig an Aontas (“EUCOP”) i ríomh an ghnáthluacha le haghaidh na gcineálacha táirgí nár díoladh ar bhonn intíre sa tréimhse imscrúdúcháin. Mhaígh an chuideachta go bhfuil sin ar neamhréir le tuairisc an Choimisiúin ar an modheolaíocht arna soláthar sa nochtadh sonrach, le “cleachtas seanbhunaithe” an Choimisiúin, agus le dlí-eolaíocht an Aontais. Ina theannta sin, mhaígh an chuideachta gur cheart AECOP a úsáid chun gnáthluach na gcineálacha táirgí sin a raibh díolacháin intíre “teoranta” acu tréimhse imscrúdúcháin a ríomh.

- (160) Is é cleachtas an Choimisiúin an gnáthluach a ríomh ar bhonn DMCOP agus chostais SGA agus bhrabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre. Ní úsáidtear EUCOP ach amháin mura bhfuil aon DMCOP le haghaidh cineálacha sonracha táirgí sa tréimhse imscrúdúcháin. Tá an cleachtas sin comhsheasmhach leis an gcás Cúirte a luaigh Tezcan ina sonraítear gurb é “cuspóir an ghnáthluacha a ríomh, praghas díola an táirge a chinneadh, faoi mar a bheadh sé dá ndíolfaí an táirge sin ina thír thionscnaimh nó sa tír is onnmhaireoir ⁽²¹⁾”. San imscrúdú seo, monaraíodh na cineálacha táirgí a bhí i gceist sa tréimhse imscrúdúcháin le haghaidh an mhargaidh intíre ach níor díoladh iad, i.e. bhí siad fós i stoc ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Thuairiscigh an chuideachta, agus an ceart aici, DMCOP le haghaidh na gcineálacha táirgí sin. D’fhíoraigh an Coimisiún an DMCOP. Foclaíocht na modheolaíochta arna soláthar sa nochtadh sonracha a thagair do chineálacha táirgí “nach ndíoltar ar bhonn intíre”, cineálacha táirgí dá n-úsáidtear EUCOP i ríomh an ghnáthluacha, is éard atá i gceist leis an bhfoclaíocht sin, na cineálacha táirgí “nár bh ann do DMCOP ina leith”. Is tuairisc ghinearálta atá san fhoclaíocht ar a ndéanann an Coimisiún agus an gnáthluach á ríomh aige, agus níl sí saincheaptha le haghaidh cásanna neamhghnácha inarb ann do chostais shonracha intíre maidir le táirgeadh ach ní ann do dhíolacháin. Mar sin féin, is cinnte nach léiríonn an fhoclaíocht sin cleachtas an Choimisiúin a leanann an cásdlí a mheabhraigh an táirgeoir onnmhairiúcháin agus dá dtagraíodh thuas, ó tharla gur cheart an gnáthluach a bhunú i dtús báire ar chostais agus ar phraghsanna sa mhargadh intíre. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (161) Mar a shonraítear in aithris (35), d’iarr Tezcan idirghabháil an Oifigigh Éisteacha maidir leis an tsaincheist sin. D’athdhearbhaigh Tezcan an maíomh a sonraíodh in aithris (159) agus dúirt freisin gur san éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin, d’aontaigh an Coimisiún ó bhéal glacadh leis an maíomh sin. Is mian leis an gCoimisiún an cás a shoiléiriú. Go deimhin, le linn na héisteachta, dúirt an Coimisiún leis an gcuideachta gur tuigeadh an maíomh agus na bunúis a bhí leis, agus go bhféadfaidís bogadh ar aghaidh go dtí na pointí ina dhiaidh sin. Mar sin féin, mhol an Coimisiún don chuideachta an maíomh a fhágáil i scríbhinn san aighneacht. Tar éis anailís níos mion a dhéanamh ar an maíomh tar éis na héisteachta áfach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh údar leis an maíomh ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (160). Chuir an Coimisiún an tOifigeach Éisteachta ar an eolas faoina mhachnamh breise agus faoina chonclúidí.

3.2.2. An praghas onnmhairiúcháin

- (162) Rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas, go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha. Dá bhrí sin, ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den Bhunrialachán.

3.2.3. Comparáid

- (163) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.
- (164) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir na ndifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d’inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den Bhunrialachán. Rinneadh choigeartuithe i leith costais iompair, árachais, láimhseála, lódála agus choimhdeacha, costais chreidmheasa, coimisiúin, agus costais phacáistithe.
- (165) Tar éis an nochtadh deiridh, mhaígh MMK Turkey gur chaith an Coimisiún le costais iompair intíre áirithe idir an dá shuíomh táirgeachta de chuid na cuideachta mar chostais iompair inmheánacha, rud a bhí mícheart, agus sholáthair sé fianaise lena léiriú nach costais inmheánacha a bhí iontu. Chinn an Coimisiún go raibh údar leis an maíomh i bhfianaise na fianaise agus d’athnocht sé ríomh dumpála athbhreithnithe do MMK. Dá thoradh sin, laghdaigh corrlach dumpála MMK Turkey ó 10,6 % go dtí 10,5 %.
- (166) Rinne dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte éileamh faoi Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán ar choigeartú aisíocaíochta dleachta, agus d’áitigh siad, ós rud é gurb ann do scéim aisíocaíochta dleachta le haghaidh ábhair ionchuir áirithe sa tír lena mbaineann, go bhfuil sé intuigthe go mbeadh cáin indíreach ionchorpraithe ina ndíolacháin intíre uile i gcomparáid leis na díolacháin onnmhairí.

⁽²¹⁾ Breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 1988, Silver Seiko Limited agus eile v Comhairle na gComhphobal Eorpach, C-273/85 agus C-107/86, ECLI:EU:C:1988:466, mír. 16.

- (167) Sa Tuirc, tá feidhm ag dleacht allmhairiúcháin maidir le cornaí teorollta ar ionchur iad i monarú CRS. Faoin gcóras próiseála isteach, díolmhaítear táirgeoirí intíre ó dhleacht den sórt sin a íoc má úsáidtear an amhábhair allmhairithe chun táirgí críochnaithe a onnmhairítear ar deireadh a tháirgeadh. Mhaígh an dá onnmhaireoir shampláilte gur cheart méid na ndleachtanna a bheadh íoctha acu dá mbeadh an críochtháirge CRS díolta ar bhonn intíre, seachas é a bheith onnmhairithe, a chur san áireamh chun comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin.
- (168) Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú nár íoc aon cheann den dá onnmhaireoir shampláilte aon dleacht onnmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní le haghaidh díolacháin intíre, ná le haghaidh díolacháin onnmhairiúcháin toisc gur chomhlíon siad an gealltanas onnmhairiúcháin a bhí nasctha le gach cead IRP. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh aon cheist a bheith ann maidir le comparáid praghsanna idir onnmhairiú CRS a chuimsíonn cornaí teorollta nár íocadh dleacht ina leith, agus díolacháin intíre CRS a chuimsíonn cornaí teorollta ar íocadh dleacht ina leith (ós rud é nár tharla an cás deireanach le linn na tréimhse imscrúdúcháin). Ní raibh ceachtar de na táirgeoirí onnmhairiúcháin in ann aon fhianaise a thabhairt mar bhunús leis an maíomh gur in éagmais íocaíocht iarbhair na ndleachtanna allmhairiúcháin, chuimsigh CRS a díoladh ar bhonn intíre costas na dleachta allmhairiúcháin ar chornaí teorollta i gcásanna nár íocadh iarbhair aon dleacht allmhairiúcháin. Ní féidir glacadh leis gurb amhlaidh an cás. Ar na cúiseanna sin, measadh go raibh an maíomh gan bhunús agus diúltaíodh dó dá bhrí sin.
- (169) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Tatametal a maíomh maidir leis an coigeartú de bharr aistarraingt dleachta, ach níor sholáthair sé aon fhianaise nua a d'fhéadfadh conclúid an Choimisiúin a athrú mar a mhínítear in (129). Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (170) D'iarr táirgeoirí sampláilte amháin ar an gCoimisiún an modh ráithiúil a úsáid chun a corrlach dumpála aonair a shocrú de bharr bhoilsciú sa Tuirc agus luachanna lira na Tuirce a bhí ag laghdú.
- (171) Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh sin agus chinn sé nach raibh an meánráta boilscithe ná díluacháil lira na Tuirce sa tréimhse imscrúdúcháin chomh mór sin chun údar a thabhairt le himeacht ó chleachtas comhsheasmhach an Choimisiúin an corrlach dumpála a ríomh ar bhonn bliantúil. Thairis sin, tá na díolacháin intíre agus na ceannacháin amhábhair ar fad nach mór in USD ag an cuideachta, mar sin ba cheart tionchar an ráta malairte ar an ngnáthluach agus ar an bpraghas onnmhairiúcháin a bheith comhchosúil. Thairis sin, ní raibh aon dlús díolacháin intíre nó onnmhairiúcháin in aon ráithe ar leith, ach dáileadh díolacháin go cothrom le linn na tréimhse imscrúdúcháin, cé is moite de mheath, i gcás na trí chuideachta shampláilte, ar dhíolacháin allmhairiúcháin sa tríú ráithe, ar léir go raibh tionchar ag srianta COVID orthu. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh ar ríomh na gcorrlach dumpála ar bhonn ráithiúil.
- (172) Tar éis na nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Tezcan a mhaíomh gur cheart an corrlach dumpála a ríomh ar bhonn ráithiúil. Níor sholáthair an chuideachta aon fhianaise bhreise, ach d'áitigh sí gur sna himscrúduithe roimhe seo, roinnt acu in aghaidh na Tuirce, chuaigh an Coimisiún i muinín an mhodha sin agus bheadh údar leis an gcur chuige sin i ngeall ar an ráta boilscithe 12 % sa Tuirc agus an díluacháil 37 % ar lira na Tuirce in aghaidh an Euro sa tréimhse imscrúdúcháin.
- (173) D'áitigh an chuideachta thairis sin gur i gcás ina bhfaightear na meánchostais ualaithe ar feadh 12 mhí, ach go ndéantar anailís ar bhonn idirbheart ar idirbheart, go gcaitheadh le hidirbheart áirithe mar idirbheart ina ndearnadh cailleanas, cé go raibh siad brabúsach i ndáiríre, rud a d'fhág go raibh corrlach dumpála saofa ann, agus go mbeadh corrlach dumpála ní ba shásúla ann dá n-úsáidí ríomhanna ráithiúla.
- (174) D'áitigh an Coimisiún sa chás sin nár thug leibhéal an bhoilscithe ná rátaí díluachála lira na Tuirce údar leis an gcur chuige sin. Luaigh an Coimisiún gur sna himscrúduithe a rinneadh roimhe seo in aghaidh na Tuirce arna lua ag Tezcan, bhí na rátaí boilscithe i bhfad níos airde.
- (175) Ar an gcaoi chéanna, chloígh an Coimisiún lena chonclúid gur san imscrúdú seo ní raibh aon dlús díolacháin intíre nó onnmhairiúcháin in aon ráithe ar leith a thabharfadh údar le ríomhanna ráithiúla. Tá coinne leis go mbíonn éagsúlachtaí ráithiúla ann ó thaobh díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin de, ach is i gcásanna eiseachtúla amháin a fhéadfaidh an Coimisiún a mhodheolaíocht chaighdeánach a chur i leataobh, mar shampla sa chás a shonraítear sa chéad abairt d'aithris (132). Níor mheas an Coimisiún go raibh an éagsúlacht sa chás seo chomh suntasach sin chun údar a thabhairt le ríomh ráithiúil. Go deimhin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún nach féidir é a bheith faoi oibleagáid imeacht ón mhodheolaíocht a leagtar amach sa bhun-Rialachán gach uair a iarrann táirgeoirí onnmhairiúcháin modheolaíocht dhifriúil a chuirfeadh feabhas ar a chorrach dumpála.

(176) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún diúltú an mhaímh sin.

3.2.4. Corrlaigh dhumpála

- (177) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Tezcan, dá mba rud é nach ndéanadh an Coimisiún CRS AluZinc a eisiámh ó raon feidhme na táirge, ba cheart dó a chorrach dumpála a athríomh gach AluZinc toisc gur stad sé dá tháirgeadh ó mhí Mheán Fómhair 2021 i leith. Ar an gcaoi sin, léireodh corrlach dumpála Tezcan réaltach an lae inniu go hiomchuí agus go leordhóthanach. Dúirt Tezcan freisin go bhfuil an staid le táirgeadh follasach, gan cheistiú, agus buan. Tharraing Tezcan an maíomh sin anuas freisin leis an Oifigeach Éisteachta, cé go raibh an iarraidh ar éisteacht ar dtús teoranta don mhaíomh maidir le húsáid EUCOP in ionad DM COP agus níor iarr Tezcan ach cur leis an gcuid sin, agus chuir sé isteach a chur i láthair ar an tsaincheist lá amháin sular tharla an t-éisteacht.
- (178) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a fhoráiltear in Airteagal 6(1) den bhun-Rialachán, de ghnáth, ní chuirfear san áireamh faisnéis a bhaineann leis an tréimhse i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Go deimhin, de réir chleachtas an Choimisiúin, ní féidir imeachtaí a bhaineann le tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin a chur san áireamh ach amháin má tá siad follasach, gan cheistiú, agus buan. Níos tábhachtaí fós, mar a shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta i gCás T-462/04 ⁽²²⁾, níor mhór go bhféadfadh na himeachtaí sin go raibh an corrlach dumpála go follasach míchuí. Ní hamhlaidh an cás san imscrúdú seo, toisc nach féidir leis an gCoimisiún, ar bhonn na bhfíoras a d'fhóirigh sé, a shuí le deimhneacht leordhóthanach nach dtáirgeadh Tezcan AluZinc amach anseo. Fiú dá mba amhlaidh an cás, níor sholáthair an táirgeoir onnmhairiúcháin aon fhianaise lena léiriú, sin nó nár áitigh sé fiú, go raibh an dleacht atá á moladh go follasach míchuí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.
- (179) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (180) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrailigh na dtrí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte.
- (181) Ar an mbonn sin, is é 8 % corrlach dumpála cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla. Ní dhearnadh difear don chorrach sin mar gheall ar na hathruithe beaga ar chorrailigh dhumpála aonair de chuid MMK Turkey agus Tezcan a shonraítear in aithrisí (156) agus (165).
- (182) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa Tuirc, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn bhunachar sonraí Surveillance 2 mar a mhínítear in aithris (201).
- (183) Sa chás seo, is leibhéal ard atá i leibhéal an chomhair toisc go raibh in onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha 100 % de mhéid iomlán na dtáirgeoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a leagan síos le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta sampláilte a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.
- (184) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrilaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

⁽²²⁾ An Breithiúnas ón Chúirt Céadchéime an 17 Nollaig 2008, HEG Ltd, Graphite India Ltd v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-462/04, EU:T:2008:586, mír 64.

Cuideachta	Corrlach dumpála
MMK Turkey	10,5 %
Tatmetal	2,4 %
Tezcan	11,0 %
Cuideachtaí comhoibríocha nár sampláladh	8,0 %
Gach cuideachta eile	11,0 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (185) Rinne níos mó ná 20 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad “tionscal an Aontais” iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (186) Mhaígh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise gur onnmhairigh Lárionaid Seirbhíse Cruach (“SSCanna”), atá gaol aige leis na gearánaigh, an táirge faoi imscrúdú ón Rúis agus ón Tuirc agus gur cheart táirgeoirí den sórt sin de chuid an Aontais a dhícháiliú mar ghearánaigh.
- (187) Níor sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise aon fhianaise isteach a léirigh go raibh allmhairí ón Rúis agus ón Tuirc ag na táirgeoirí de chuid an Aontais, ná go raibh méideanna suntasacha d’allmhairí den sórt sin ag SSCanna a bhí gaolmhar leo. Dheimhnigh na cuairteanna fíorúcháin nach raibh bunús le maíomh na dtáirgeoirí Rúiseacha a mhéid a bhain leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.
- (188) Dhírigh na táirgeoirí Rúiseacha aird ar na naisc idir ceann amháin de na táirgeoirí a thacaíonn leis an ngearán agus na táirgeoirí Turcacha agus d’iarr sé ar an gCoimisiún iad a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais.
- (189) Ag an céim tosaigh, d’admhaigh an cuideachta lena mbaineann í féin go raibh leasanna gnó aici sa Tuirc ⁽²³⁾. Mar sin féin, mheas an Coimisiún nár leor na leasanna sin chun í a dhícháiliú mar tháirgeoir de chuid an Aontais san imscrúdú seo toisc go mbaineann siad le plananna amach anseo. Dá bhrí sin, ní raibh aon chúis oibiachtúil ann an táirgeoir sin a eisiamh.
- (190) Suíodh gur 9 797 517 dtona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, lena n-áirítear táirgeacht le haghaidh an mhargaidh faoi chuing. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na bhfreagraí ar an gceisteoir a fuarthas ó Eurofer agus na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.
- (191) Mar a léirítear in aithris (7), is ó na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais a tháinig 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

4.2. Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh

4.2.1. An saormhargadh agus an Margadh faoi chuing

- (192) Chun a shuí cé acu ar bhain nó nár bhain díobháil don tionscal de chuid an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid an tionscail de chuid an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ar ghá, an úsáid a bhainfís as tháirgeacht an tionscail de chuid an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil (i.e. úsáid faoi chuing nó úsáid gan a bheith faoi chuing) a chur san áireamh san anailís.
- (193) Shuigh an Coimisiún go raibh cuid mhaith den tháirgeacht a bhí ag na táirgeoirí de chuid an Aontais, is é sin thart ar 22 %, ceaptha don mhargadh faoi chuing san Aontas. Úsáidtear CRS faoi chuing mar ábhar idirmheánach le haghaidh tháirgeadh na cruach a bhfuil bratú orgánach uirthi.

⁽²³⁾ t21.005086.

- (194) Tá an t-idirdhealú idir an Margadh faoi chuing agus an saormhargadh ábhartha le haghaidh na hanailíse díobhála sa chás seo. Ní bhíonn táirgí atá ceaptha le húsáid faoi chuing i mbaol iomaíochta díri ó allmhairí, ach aistrítear iad go dtí an chéad chéim eile sa phróiseas táirgthe agus/nó seachadtar iad ar phraghsanna aistrithe laistigh den chuideachta chéanna nó grúpaí de chuideachtaí le haghaidh próiseáil iartheachtach bhreise orthu de réir na mbeartas praghsanna éagsúla. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht atá dírithe ar dhíolachán ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann agus díoltar ar phraghsanna an tsaormhargaidh í.
- (195) Chun léargas a bheadh chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh na gníomhaíochta iomláine maidir le CRS agus rinne sé amach an raibh an táirgeacht dírithe ar úsáid faoi chuing nó ar an saormhargadh.
- (196) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann leis an tionscal de chuid an Aontais ar bhonn sonraí le haghaidh an tsaormhargaidh. Is iad na táscairí sin: méid na ndíolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; sciar den mhargadh; an fás; méid na ndíolachán agus praghsanna allmhairiúcháin; brabúsacht; an toradh ar infheistíocht; agus an sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí le haghaidh an mhargaidh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.
- (197) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht CRS iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: táirgeacht; acmhainneacht, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; pá; agus an cumas caipiteal a thiomsú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, cibé acu atá an táirgeacht faoi chuing nó a dhíoltar ar an saormhargadh í.

4.2.2. *Sonraí staidrimh*

- (198) Tar éis iarraidh ó roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin, d'iarr an Coimisiún ar an ngearánach an fhaisnéis a soláthraíodh sa leagan oscailte den ghearán a fhorlíonadh a mhéid a bhaineann le méideanna agus luachanna allmhairiúcháin. Na comhaid a fhorlíonann Iarscríbhinn I-1 a ghabhann leis an ngearána, cuireadh ar fáil sa cháschomhad iad ⁽²⁴⁾.
- (199) De bhun Airteagal 14(6) den bhun-Rialachán, i rith an imscrúdaithe, sholáthair an Coimisiún faisnéis maidir le méideanna agus luachanna allmhairiúcháin comhiomlánaithe in aghaidh na tíre is onnmhairioir don bhliain féilire 2020 le haghaidh an táirge faoi imscrúdú ⁽²⁵⁾.
- (200) An fhaisnéis bhreise a sonraíodh sa dhá aithis thuas, bhí sé gan dochar do chinneadh críochnaitheach mhéideanna na n-allmhairí san imscrúdú seo.
- (201) Le linn an imscrúdaithe, rinne an Coimisiún na sonraí i mbunachar sonraí Comext a chros-seiceáil leis na sonraí i mbunachar sonraí Surveillance 2 ("Surveillance 2") agus thug sé faoi deara neamhréireachtaí áirithe ar an leibhéal TARIC. D'fhiosraigh an Coimisiún an cheist le Eurostat agus rinne sé amach nár thuairiscigh Ballstáit áirithe cuid na hallmhairí lena mbaineann in Comext. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún brath ar shonraí Surveillance 2 chun praghsanna mhargadh an Aontais, praghsanna allmhairiúcháin agus sciartha den mhargadh a chinneadh.
- (202) Níor sannadh ach cód TARIC 10 ndigit do chineálacha táirgí áirithe a chumhdaítear leis an imscrúdú tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frith-imchéimniúcháin i mí na Samhna 2019 ⁽²⁶⁾. Dá thoradh sin, ní raibh sonraí le haghaidh na gcineálacha sin ar fáil in Surveillance 2 don tréimhse 2017-2019. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún na méideanna sin ar bhonn thábla 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156 ⁽²⁷⁾.

⁽²⁴⁾ Na comhaid a fhorlíonann Iarscríbhinn I-1 a ghabhann leis an ngearán, tá siad i gceangal leis an Nóta a ghabhann leis an gcomhad t21.006245 dar dáta an 8 Meán Fómhair 2021 (le haghaidh iniúchadh ag páirtithe leasmhara).

⁽²⁵⁾ An nóta a ghabhann leis an gcomhad t22.001059 dar dáta an 4 Feabhra 2022 (le haghaidh iniúchadh ag na páirtithe leasmhara).

⁽²⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1948 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena dtionscnaítear imscrúdú i dtaca le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 ón gCoimisiún ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gclártaíthe (IO L 304, 26.11.2019, lch. 10).

⁽²⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2020 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun cineálacha áirithe cruach frithchreimní atá modhnaithe beagán a chumhdach (IO L 255, 5.8.2020, lch. 36). An mhodheolaíocht a úsáideadh chun na figiúirí i dTábla 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156, tugtar tuairisc mhionsonraithe uirthi faoin tábla sin. Tarraingíonn sí ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 ón gCoimisiún, Eurostat agus meastachán ón Tionscal.

4.3. Tomhaltas an Aontais

- (203) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn: (a) sonraí Eurofer maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil ag tionscal an Aontais, mar aon lena úsáid faoi chuing (lena n-áirítear díolacháin faoi chuing), iad cros-seiceáilte leis na méideanna díolacháin agus méideanna na n-úsáidí faoi chuing a thuairiscigh na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais; agus (b) allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach san Aontas ó gach tríú tír mar a thuairiscítear in Surveillance 2.
- (204) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	11 494 857	11 062 815	11 306 869	10 691 239
<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	96	98	93
Margadh faoi chuing	2 504 391	2 667 375	2 358 802	2 167 741
<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	107	94	87
An saormhargadh	8 990 466	8 395 440	8 948 067	8 523 498
<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	93	100	95

Foinse: Eurofer, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus Surveillance 2 (coigeartuithe)

- (205) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 7 % ar thomhaltas an Aontais. Sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú 5 % ar an éileamh sa saormhargadh agus laghdú 13 % ar an éileamh sa mhargadh faoi chuing.

4.4. Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann

4.4.1. Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann

- (206) Scrúdaigh an Coimisiún an cheist ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí CRS de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.
- (207) Sonraítear leis an bhforáil sin nár cheart measúnú carnach a dhéanamh ar na hallmhairí ó níos mó ná tír amháin, ach amháin más rud é go gcinntear an méid seo a leanas:
- (a) go bhfuil an corrlach dumpála arna suíomh i ndáil leis na hallmhairí ó gach tír níos mó ná de minimis mar a shainmhínítear in Airteagal 9(3), agus nach diomaibhseach méid na n-allmhairí ó gach tír; agus
- (b) gurb iomchuí measúnú carnach a dhéanamh ar éifeachtaí na n-allmhairí i bhfianaise na ndálaí iomaíochta idir na táirgí allmhairithe agus na táirgí allmhairithe agus táirge comhchosúil an Aontais.
- (208) Déantar achoimre ar na corrlaigh dumpála arna socrú i ndáil leis na hallmhairí ó gach ceann den dá thír lena mbaineann faoi aithrisí (140) agus (184). Tá siad ar fad os cionn na tairisí de minimis a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán.
- (209) Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. 9,3 % i gcás allmhairí ón Tuirc agus 3,5 % i gcás allmhairí ón Rúis a bhí sna sciartha den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Rialtas na Rúis go raibh an sciar den mhargadh 3,5 % a bhí ag an Rúis neamhshuntasach, maíomh a bhí gan bhunús áfach.

- (210) Na dálaí iomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ón Tuirc agus ón Rúis agus idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil, bhí siad cosúil le chéile. Go sonrach, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht lena chéile agus le CRS a tháirgtear san Aontas ar bhonn comhchosúil, díoltar iad trí na bealaí díolacháin céanna agus le catagóirí custaiméirí comhchosúla. Is tráchtearra é an táirge lena mbaineann agus is ar bhonn na bpraghsanna amháin is mó a tharla an iomaíocht.
- (211) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir eile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ón Tuirc agus ón Rúis go carnach chun an díobháil a dhéanamh amach.

4.4.2. Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

- (212) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn Surveillance 2, mar a mhínítear in roinn 4.2.2. Suíodh an sciar den mhargadh le haghaidh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann trí chomparáid a dhéanamh idir na hallmhairí sin ar an taobh amháin, agus tomhaltas an Aontais ar an taobh eile, agus an coigeartú i ndáil le hallmhairí ón tSín san áireamh, mar a mhínítear in aithris (202), rud a raibh tionchar aige ar mhéideanna na n-allmhairí ón tSín, agus ar an gcaoi sin, ar mhéideanna iomlán na n-allmhairí, agus ar mhéideanna tomhaltais agus sciartha den mhargadh freisin dá bharr.
- (213) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 2

Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh ar an saormhargadh

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
An Tuirc (tonaí)	84 581	166 295	529 087	796 524
Innéacs (2017 = 100)	100	197	626	942
An sciar den mhargadh (%)	0,9	2,0	5,9	9,3
Innéacs (2017 = 100)	100	211	629	997
An Rúis (tonaí)	112 062	175 772	240 240	300 729
Innéacs (2017 = 100)	100	157	214	268
An sciar den mhargadh (%)	1,2	2,1	2,7	3,5
Innéacs (2017 = 100)	100	168	215	284
Iomlán na dtíortha lena mbaineann	196 643	342 067	769 327	1 097 253
Innéacs (2017 = 100)	100	174	391	558
An sciar den mhargadh (%)	2,2	4,1	8,6	12,9
Innéacs (2017 = 100)	100	186	393	589

Foinse: Surveillance 2 (tonaí) agus Eurofer

- (214) Tháinig méadú breis agus cúig oiread ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus ar a sciar den mhargadh freisin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. 12,9 % bhí sa sciar de mhargadh an Aontais a bhí ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tharla an méadú sin in ainneoin go raibh beart coimirce i bhfeidhm le linn an chuid is mó den tréimhse faoi bhreathnú, toisc gur faoin mbeart coimirce, d'onnmhairigh an dá thír an táirge lena mbaineann faoin gcúóta iarmharach a bhí mór go leor chun na méideanna méadaithe d'allmhairí sin a bhí saor ón dleacht choimirce a ligean isteach i margadh an Aontais.

4.4.3. Pragsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, sladghearradh praghais/íslíú pragsanna

- (215) Shuigh an Coimisiún pragsanna na n-allmhairí ar bhonn Surveillance 2, mar a mhínítear in roinn 4.2.2.
- (216) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 3

Pragsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
An Tuirc	659	657	616	564
Innéacs (2017 = 100)	100	100	93	85
An Rúis	639	643	598	548
Innéacs (2017 = 100)	100	101	94	86
Iomlán na dtíortha lena mbaineann	648	650	611	559
Innéacs (2017 = 100)	100	100	94	86

Foinse: Surveillance 2

- (217) D'fhan na meánphraghsanna ó na tíortha lena mbaineann cobhsaí idir 2017 agus 2018 ach ansin laghdaigh siad 14 % 2 bhliain ina dhiaidh sin. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar fad, bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin ón dá thír lena mbaineann (le chéile nó ar leithligh) i gcónaí níos ísle ná pragsanna na dtáirgeoirí de chuid an Aontais (féach tábla 7) agus tháinig méadú faoi dhó beagnach ar an difríocht idir meánphraghsanna díola AE thionscal an Aontais agus meánphraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (218) Shuigh an Coimisiún an sladghearradh praghais freisin le linn na tréimhse imscrúdúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:
- (1) na meánphraghsanna ualaithe de réir an chineáil táirge atá ar na hallmhairí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid na Tuirce agus ó na táirgeoirí comhoibríocha de chuid na Rúise don chéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), le coigeartuithe iomchuí de bharr dhleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin; agus
 - (2) na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge a bhí ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, rud a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú don leibhéal díreach ón monarcha ⁽²⁸⁾.
- (219) Rinneadh an chomparáid pragsanna ar bhonn cineál ar chineál maidir le hidirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cúí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascaíní a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na thréimhse imscrúdúcháin.
- (220) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Severstal nach ann d'aon bhunús dlí ná réasúnaíocht le cur i bhfeidhm Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán de réir analaí chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí ar mhaithe le sladghearradh (agus tearcdhiol) a ríomh. I dtuairim Severstal, bheadh sé sin ag sárú Airteagal 3(1) den bhun-Rialachán. Luaigh sé freisin gur cháin an Chúirt Ghinearálta an Coimisiún cheana féin i bPáipéar Hansol ⁽²⁹⁾ mar gheall ar an gcleachtas sin. Go háirithe d'áitigh Severstal gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta sa chás sin go raibh earráid déanta ag an gCoimisiún trí chinneadh a dhéanamh Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm de réir analaí i gcomhthéacs chinneadh

⁽²⁸⁾ Dhíol na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais an táirge comhchosúil go díreach le custaiméirí neamhspleácha san Aontas den chuid is mó. Rinneadh thart ar 5 % de na díolacháin AE sin trí eintitis díola ghaolmhara agus rinneadh na díolacháin ar phraghsanna a bhí cosúil le pragsanna na ndíolachán díreach le custaiméirí neamhspleácha.

⁽²⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Aibreán 2020, Hansol Paper Co. Ltd. v an Coimisiún, Cás T-383/17, EU:T:2020:139, míreanna. 200-203.

na díobhála, go háirithe “trí chinneadh a dhéanamh costais SGA agus corrlach brabúis a asbhaint le haghaidh athdhíolacháin an táirge lena mbaineann” le custaiméirí neamhspleácha, ó tharla gurb iad praghsanna an táirge lena mbaineann a ghearrtar ar chustaiméirí neamhspleácha atá in “iomaíocht le tairge comhchosúil thionscal an Aontais agus a dhéanann díobháil don tionscal sin”, seachas praghsanna CAL a ríomhadh go teoiriciúil. Dar le Severstal, dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta an prionsabal sin in Giant ⁽³⁰⁾ agus CRIA ⁽³¹⁾, agus sa chás is déanaí, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais é in Hansol ⁽³²⁾. D’áitigh Severstal go raibh na praghsanna a ghearr a thrádálaithe gaolmhara ar a gcustaiméirí neamhghaolmhara iontaofa faoi mar a thuigfeá, agus go dtéann na praghsanna sin in iomaíocht le praghsanna thionscal an Aontais, agus dá bhrí sin ba cheart iad a úsáid chun sladghearradh (agus tearcdhiól) a ríomh.

- (221) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh gur sárú ar Airteagal 3(1) den bhun-Rialachán é úsáid Airteagal 2(9) de réir analaí chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí ar mhaithe le sladghearradh agus tearcdhiól a ríomh. Mar a tharlaíonn sé, i gcodarsnacht le maíomh Severstal, sa bhreithiúnas uaithe in Hansol ⁽³³⁾, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais dlíthiúlacht mhodheolaíocht an Choimisiúin, agus é ag sonrú go raibh ‘sé de rogha ag an gCoimisiún, chun comparáid oibiachtúil a dhéanamh ar phraghsanna an tairge lena mbaineann ar leibhéal an chéad scaoilte chun saorchúrsaíocht san Aontas, an luach CAL ag teorainn an Aontais a ríomh trí costais SGA agus corrlach brabúis a asbhaint as praghas athdhíola an tairge lena mbaineann le custaiméirí neamhspleácha. Bhí an cur i bhfeidhm sin, is é sin cur i bhfeidhm Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, faoi réir an lánrogha leathain a raibh ag an gCoimisiún agus Airteagal 3(2) den Rialachán sin á chur chun feidhme aige agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil sé curtha ó bhail trí earráid fhollasach measúnaithe’ ⁽³⁴⁾. Thairis sin, ó tharla gur sa chás seo is le custaiméirí neamhspleácha den chuid is mó a dhíolann tionscal an Aontais go díreach, níor tháinig toradh a bhí go follasach mícheart as an modheolaíocht a d’úsáid an Coimisiún ⁽³⁵⁾.
- (222) Léirigh an méid thuas meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 4,2 % agus 7,1 % i gcás na n-allmhairí ón Tuirc agus idir 5 % agus 20,4 % i gcás na n-allmhairí ón Rúis ⁽³⁶⁾. Tráchtearra atá íogair ó thaobh praghsanna de is ea an chuid is mó de CRS, agus dá bhrí sin is suntasach iad na corrlaigh sladghearrtha.
- (223) D’iarr an comhlachas Turcach CIB agus tairgeoirí onnmhairiúcháin áirithe ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfí tairgí inchomparáide san áireamh. An mhodheolaíocht a úsáideadh le linn an imscrúdaithe nuair a bhí comparáid á déanamh idir cineálacha an tairge lena mbaineann a allmhairíodh isteach san Aontas agus an tairge chomhchosúil a monaraíodh laistigh den Aontas, mar a mhínítear in aithrisí (218) agus (219), tá sé cruinn go leor sa tslí gur féidir comparáid chúil praghsanna a áirithiú le haghaidh na ríomhanna sladghearrtha.
- (224) Mheas an Coimisiún thairis sin, na héifeachtaí praghais eile, go háirithe an chaoi a bhfuil ann d’íslíú suntasach praghsanna. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d’ísligh tionscal an Aontais a phraghsanna 12 %, agus ar an gcaoi sin ar leibhéal níos airde ná an t-íslíú ar chostas tairgthe (-7 % thar an tréimhse chéanna) (féach tábla 7). Murach na hallmhairí dumpáilte, bheadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú ar a laghad go dtí an leibhéal díola gan chailiteanais. Mar shampla, in 2019, i gcomhthráth leis an méadú is mó ar allmhairí dumpáilte, bhí ar thionscal an Aontais díol ar phraghas a bhí gar do phraghas na n-allmhairí dumpáilte, ach bhí cailiteanais shuntasacha ag gabháil leis sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, laghdaigh praghsanna díola thionscal an Aontais i gcomhthráth leis an laghdú ar na costais thairgthe, ach go dtí leibhéal chomh híseal sin gur ar éigean a gnóthaíodh aon bhrabús.
- (225) Tar éis an nochta deiridh, d’áitigh CIB agus roinnt tairgeoirí onnmhairiúcháin go raibh an laghdú sa phraghas díola ó 2019 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin níos lú ná an laghdú ar an gcostas tairgthe agus gur éirigh le tionscal an Aontais brabús a dhéanamh fiú sa tréimhse imscrúdúcháin. Chaithfeadh sé sin amhras ar an toradh go raibh íslíú praghsanna ann mar gheall ar na hallmhairí.

⁽³⁰⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 27 Aibreán 2022, Giant Electric Vehicle Kunshan Co. Ltd. v an Coimisiún, Cás T-242/19, EU:T:2022:259.

⁽³¹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Bealtaine 2022, China Rubber Industry Association (CRIA) agus China Chamber of Commerce of Metals, Minerals & Chemicals Importers & Exporters (CCCMC) v an Coimisiún, Cásanna T-30/19 and T-72/19, EU:T:2022:266, míreanna 128-131.

⁽³²⁾ Breithiúnas ón gCúirt an 12 Bealtaine 2022, an Coimisiún vs Hansol Paper, Cás C-260/20 P, EU:C:2022:370, mír 101.

⁽³³⁾ Breithiúnas ón gCúirt an 12 Bealtaine 2022, an Coimisiún vs Hansol Paper, Cás C-260/20 P, EU:C:2022:370.

⁽³⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt an 12 Bealtaine 2022, an Coimisiún vs Hansol Paper, Cás C-260/20 P, EU:C:2022:370, mír 105.

⁽³⁵⁾ Breithiúnas ón gCúirt an 12 Bealtaine 2022, an Coimisiún vs Hansol Paper, Cás C-260/20 P, EU:C:2022:370, mír 99.

⁽³⁶⁾ Ó tharla gur le custaiméirí neamhspleácha san Aontas den chuid is mó a dhíolann na tairgeoirí de chuid an Aontais go díreach, mheas an Coimisiún go raibh na corrlaigh sladghearrtha ba thoradh air sin sách ionadaíoch.

(226) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Ó tharla go raibh tionscal an Aontais in ann brabús 0,4 % a ghnóthú sa tréimhse imscrúdúcháin, ní féidir leis sin an bonn a bhaint de chonclúid an Choimisiúin go raibh íslíú suntasach praghsanna ann mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte. Ní féidir a mheas gur brabús rathúil é leibhéal brabúsacht díreach os cionn tairseach glanta na gcostas, rud a d'fhéadfaí a ghnóthú in éagmais an brú ar phraghsanna ó allmhairí dumpáilte. Is léir gur toradh iad na leibhéil bhrabúis sin ar mhéideanna na n-allmhairí CRS a bhí ag méadú go mór ó na tíortha lena mbaineann. Mar a míníodh roimhe seo, is tráchtearra é CRS atá íogair ó thaobh iomaíocht praghsanna de. Dá bhrí sin, bhí na hallmhairí dumpáilte in ann díolacháin thionscal an Aontais a bhrú síos go suntasach.

4.5. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

4.5.1. Barúlacha ginearálta

(227) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, chuimsigh an scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(228) Mar a mhínítear in aithris (6), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain díobháil do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní ón Tuirc agus ón Rúis.

(229) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhí sa fhreagra a thug Eurofer ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais, agus rinneadh iad a chros-seiceáil i gcás iar gá leis na freagraí ar an gceistneoir a thug na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Rinneadh an dá thacar sonraí a fhíorú ⁽³⁷⁾ mar is cuí agus suíodh go raibh siad ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(230) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, An sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrailigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(231) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

4.5.2. Táscairí maicreacnamaíocha

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(232) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid táirgeachta (tonaí)	10 915 729	10 870 843	10 757 441	9 797 517
Innéacs (2017 = 100)	100	100	99	90
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	12 110 762	12 107 279	13 240 172	13 340 130

⁽³⁷⁾ Rinneadh cros-seiceáil chianda ar an bhfreagra ar an gceistneoir a thug Eurofer.

Innéacs (2017 = 100)	100	100	109	110
Úsáid acmhainneachta (%)	90	90	81	73
Innéacs (2017 = 100)	100	100	90	81

Foinse: Eurofer agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (233) Bhí méid táirgeachta thionscal an Aontais sách cobhsaí idir 2017 agus 2019 ach d'ísligh sé 10 % ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, go páirteach mar gheall ar an mbrú ó allmhairí Turcacha agus Rúiseacha, agus méadú beagnach 330 000 tona tagtha orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin le hais 2019 (tábla 2).
- (234) Tar éis an nochta deiridh, rinne Rialtas na Rúise méid táirgeachta thionscal an Aontais athríomh ar bhonn na sonraí a tuairiscíodh i dTáblaí 5a, 5b, 9 agus 12 agus trí na figiúirí sin a chur le chéile sna táblaí sin, tháinig sé ar an gconclúid nár ríomh an Coimisiún méideanna táirgeachta thionscal an Aontais i gceart. Ní hionann foinsí na dtáblaí sin áfach; go háirithe, is ó shampla thionscal an Aontais atá na méideanna a thuairiscítear i dtábla 9 ach is ó thionscal an Aontais ina iomláine atá na méideanna sna trí thábla eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (235) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 10 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais. Méadú teoriciúil atá ann áfach. Úsáideann táirgeoirí an Aontais a línte galbhánúcháin teothumtha chun CRS a tháirgeadh chomh maith le táirgí eile nach faoi réir an imscrúdaithe seo. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, athraíodh an cion de na línte táirgthe sin a bhí sannta do tháirgeadh CRS i gcás táirgeoirí áirithe. An laghdú ar tháirgeacht in éineacht le méadú ar acmhainneacht, sin rud ba chúis le híslíú mór ar an ráta úsáide acmhainneachta.
- (236) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin gur toradh ar chinntí infheistíochtaí earráideacha a bhí sa mhéadú ar acmhainneacht táirgeachta, agus sa tionchar a d'imir sé ar an ráta úsáide acmhainneachta, go háirithe in 2019. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (235), ní raibh sa mhéadú sin ach méadú teoriciúil. Chuir an Coimisiún an fíoras sin san áireamh ina anailís trí ábharthacht theoranta a thabhairt don toisc dhiúltach sin i staid dhíobhálach thionscal an Aontais.

4.5.2.2. Méid na ndíolachán agus An sciar den mhargadh

- (237) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5 a

Méid na ndíolachán ar an saormhargadh agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
Díolachán ar an saormhargadh	6 656 755	6 573 138	6 780 245	6 586 657
Innéacs (2017 = 100)	100	99	102	99
An sciar den mhargadh (%) i gcás díolachán ar an saormhargadh	74,0	78,3	75,8	77,3
Innéacs (2017 = 100)	100	106	102	104

Foinse: Eurofer, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (238) Bhí méid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais ar an saormhargadh sách cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ó thaobh méideanna díolachán de, ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, d'éirigh le tionscal an Aontais tionchar an mhéadaithe ghéir ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann a chúiteamh trí na bearta in aghaidh na Síne a leathnú chun allmhairí imchémnithe a chumhdach ⁽³⁸⁾, rud a chuir ar a chumas do thionscal an Aontais cuid de na méideanna díolachán arna gcailleadh roimhe sin mar gheall ar chleachtais imchémniúcháin na Síne a fháil ar ais. In éineacht leis an laghdú ar thomhaltas, d'fhág sin gur tháinig méadú ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú fiú.
- (239) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin go léiríonn na figiúirí thuas nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar dhíolacháin nó ar sciar den mhargadh a cailleadh.
- (240) Cé gur cinnte nár tháinig ach laghdú beag ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais, agus gur tháinig méadú ar a sciar den mhargadh i bhfianaise laghdú ar thomhaltas, níor aontaigh an Coimisiún leis sin toisc gur cuireadh brú ar praghsanna mar gheall ar an méadú mór ar allmhairí ar phraghsanna ísle ón Rúis agus ón Tuirc, rud a d'fhág nach raibh tionscal an Aontais in ann buntáiste iomlán a bhaint as na bearta frithdhumpála ar allmhairí CRS ón tSín.

Tábla 5

An méid faoi chuing agus An sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
Margadh faoi chuing (%)	2 504 391	2 667 375	2 358 802	2 167 741
Innéacs (2017 = 100)	100	107	94	87
An sciar den mhargadh (%) faoi chuing roinnte ar tháirgeacht iomlán an Aontais	22,9	24,5	21,9	22,1
Innéacs (2017 = 100)	100	107	96	96

Foinse: Eurofer, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (241) Tháinig laghdú 13 % ar Margadh faoi chuing thionscal an Aontais (comhdhéanta de CRS a choinníonn tionscal an Aontais le haghaidh úsáid iartheachtach, go háirithe le haghaidh tháirgeadh na cruach a bhfuil bratú orgánach uirthi) le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is féidir an laghdú a chur i leith an laghdaithe ar an éileamh ar tháirgí iartheachtacha cruach a bhfuil bratú orgánach orthu sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin théarnamh earnáil na bhfearas baile le linn na ráithe deiridh de 2020 ⁽³⁹⁾. Tháinig laghdú 0,8 % pointe céatadán ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an sciar de mhargadh a bhí ag an Margadh faoi chuing roinnte ar tháirgeacht iomlán an Aontais.

4.5.2.3. Fás

- (242) Léiríonn na figiúirí thuas maidir le táirgeacht, agus go pointe níos lú, díolacháin sa saormhargadh, go raibh treocht laghdaitheach ann ó 2017 i leith. Mar a luaitear cheana in aithris (238), tháinig méadú ar An sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais mar gheall ar chlárú allmhairí áirithe ón tSín tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frith-imchémniúcháin maidir leis na hallmhairí sin ⁽⁴⁰⁾, rud a chuir deireadh leis an méid suntasach de na hallmhairí ón tSín agus a chur ar a chumas do thionscal an Aontais cuid na díolacháin a cailleadh mar gheall ar allmhairí Rúiseacha agus Turcacha a chúiteamh.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

- (243) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

⁽³⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156.

⁽³⁹⁾ Féach an anailís ar chruach an Aontais ina n-úsáidtear earnálacha i dtuascáil Eurofer "Economic and steel market outlook 2021-2022, second quarter 2021 report" ó mhí na Bealtaine 2021, atá ar fáil ar <https://www.eurofer.eu/publications/economic-market-outlook/economic-and-steel-market-outlook-2021-2022-second-quarter/>

⁽⁴⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1948.

Tábla 6

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
Líon na bhfostaithe	8 389	8 731	9 751	9 238
Innéacs (2017 = 100)	100	104	116	110
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	1 301	1 245	1 103	1 061
Innéacs (2017 = 100)	100	96	85	82

Foinse: Eurofer agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (244) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, luanaigh leibhéal fostaíochta thionscal an Aontais a bhain le táirgeadh CRS agus tháinig méadú 10 % air. Mar sin féin, is teoriciúil iad cuid de na luaineachtaí ó tharla gur toradh iad ar na modheolaíochtaí a úsáideadh chun na hacmhainní a leithdháileadh, ag tosú ó fhine táirgí níos leithne ná CRS (eadhon na táirgí galbhánaithe teothumtha go léir).
- (245) Tháinig laghdú 18 % ar tháirgiúlacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mínítear an laghdú sin leis an laghdú i méideanna táirgeachta agus leis an modheolaíochta a úsáideadh chun líon na bhfostaithe i mbun gníomhaíochtaí CRS a shuí.

4.5.2.5. Méid an chorrailigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

- (246) Bhí na corrlaigh dhumpála go léir os cionn an leibhéil *de minimis* agus bhí cuid acu i bhfad níos airde ná sin. Ba shubstaintiúil an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar an tionscal de chuid an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.
- (247) Bhí cineálacha cruach frithchreimní faoi réir imscrúduithe frithdhumpála roimhe seo. Shuigh an Coimisiún gur le linn na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016, bhí tionchar suntasach ag allmhairí dumpáilte CRS de thionscnamh na Síne (“an tSín”) ar staid thionscal an Aontais. Forchuireadh bearta frithdhumpála sealadacha ar allmhairí ón tSín i mí Lúnasa 2017 ⁽⁴¹⁾ agus deimhníodh bearta cinntitheacha i mí Feabhra 2018 ⁽⁴²⁾.
- (248) I mí Lúnasa 2020, mar gheall ar imscrúdú frith-imchéimniúcháin ar na bearta frithdhumpála ar allmhairí de thionscnamh na Síne, leathnaíodh na bearta chun cineálacha áirithe frithchreimní atá modhnaithe beagán a chumhdach ⁽⁴³⁾.
- (249) Bhí tionscal an Aontais fós ag téarnamh ó chleachtas dhumpála roimhe seo nuair a cuireadh tús leis an imscrúdú reatha.

4.5.3. Táscairí micreacnamaíochta

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

- (250) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

⁽⁴¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1444 ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (C/2017/5512) (IO L 207, 10.8.2017, lch. 1).

⁽⁴²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/186 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 34, 8.2.2018, lch. 16).

⁽⁴³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1156.

Tábla 7

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid ar an margadh saor (EUR/tona)	662	674	616	584
Innéacs (2017 = 100)	100	102	93	88
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	622	664	638	578
Innéacs (2017 = 100)	100	107	103	93

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (251) Tar éis forchur na mbeart frithdhumpála i gcoinne allmhairí Síneacha in 2017, bhí táirgeoirí an Aontais in ann a bpraghsanna díola san Aontas a mhéadú 2 % ó 2017 go dtí 2018. Mar sin féin, ina dhiaidh sin, tháinig laghdú 14 % ar an bpraghas díola aonaid ar an saormhargadh idir 2018 agus an tréimhse imscrúdúcháin, rud ba chúis le laghdú foriomlán 12 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (252) Tháinig méadú 7 % ar an gcostas táirgthe aonaid idir 2017 agus 2018, ach laghdaigh sé tar éis 2018, rud ba chúis le laghdú foriomlán 7 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú suntasach ar phraghsanna roinnt príomh-amhábhar sa deara leath den tréimhse faoi bhreathnú.
- (253) Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh deiridh, chuir CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin iúl gur ó 2019 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, bhí an laghdú ar chostas an táirgthe níos suntasaí ná titim leanúnach phraghsanna díola thionscal an Aontais. Mar sin féin, luaigh an Coimisiún gur le linn na tréimhse faoi bhreathnú, laghdaigh tionscal an Aontais a phraghsanna 12 %, méid atá níos mó ná an laghdú ar chostas an táirgthe (-7 % sa tréimhse chéanna). Go deimhin, bhí tionchar tromchúiseach ag praghsanna ísle an Aontais, lena n-áirítear le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ar thorthaí airgeadais thionscal an Aontais, mar a léirítear i dtábla 10 thíos.

4.5.3.2. Costais saothair

- (254) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	32 916	33 372	33 007	31 075
Innéacs (2017 = 100)	100	101	100	94

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (255) Ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 6 % ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí de chuid na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas.

4.5.3.3. Fardail

- (256) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Fardail

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	170 054	166 651	173 225	107 317
Innéacs (2017 = 100)	100	98	102	63
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	5,9	5,3	6,0	3,9
Innéacs (2017 = 100)	100	90	101	65

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (257) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 37 % ar leibhéal na stoc deiridh. De ghnáth, ní choinníonn táirgeoirí an Aontais ach leibhéal íseal stoic iad féin. Dá bhrí sin, meastar nach tábhachtach an táscaire díobhála iad na stoic i gcás an tionscail sin. Ina theannta sin, deimhnítear an méid sin freisin trí anailís a dhéanamh ar threocht na stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht. Mar a léirítear thuas, d'fhan an táscaire sin sách cobhsaí idir 2017 agus 2019, ach tháinig laghdú air ansin. Sa tréimhse imscrúdúcháin, tháinig cuid de na táirgeoirí méid níos lú go sealadach agus laghdaigh siad na stoic mar iarracht chun dul in glic leis an staid airgeadais deacair in 2019 agus 2020 (féach tábla 9).

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

- (258) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar thoradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
Bhrabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	6,2	2,1	- 2,6	0,4
Innéacs (2017 = 100)	100	34	- 42	6
An sreabhadh airgid (EUR)	120 781 208	101 695 104	16 255 709	104 970 075
Innéacs (2017 = 100)	100	84	13	87
Infheistíochtaí (EUR)	16 168 844	22 074 194	27 064 986	39 876 721
Innéacs (2017 = 100)	100	137	167	247
Toradh ar infheistíochtaí (%)	4,1	2,0	- 1,1	0,6
Innéacs (2017 = 100)	100	49	- 27	16

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (259) Shuigh an Coimisiún brabúsacht táirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Thit an bhrabúsacht fhoriomlán ó 6,2 % in 2017 go 0,4 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tá an titim sin i gcomhthráth leis an méadú ollmhór ar mhéideanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann (féach tábla 2) ar phraghsanna a bhí níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais (féach táblaí 3 agus 7).
- (260) Tar éis an nochta deiridh, chuir CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin in iúl an fhorbairt dhearfach a tháinig ar bhrabúsacht thionscal an Aontais idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin (2020) agus an treocht aníos in 2020 ⁽⁴⁴⁾. Thairis sin, chuir na páirtithe sin i dtábhacht nach féidir a mheas go raibh an bhrabúsacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin ionadaíoch mar gheall ar thionchar bhearta COVID-19 ar na méideanna táirgeachta ag tús 2020 agus an laghdú ar mhargadh CRS mótarfheithiclí, táirge atá lasmuigh den raon táirge san imscrúdú seo ach ar táirgeadh é leis an trealamh céanna in 2020.
- (261) Luaigh an Coimisiún gur, mar a mhínítear in aithris (24) thuas, ba iomchuí rogha na tréimhse faoi bhreathú i bhfianaise an dáta a taisceadh an gearán agus na rialacha is infheidhme, agus nach ndéantar anailís an Choimisiúin ar chomparáid idir an bhonnbhliain agus an tréimhse imscrúdúcháin ach ar treochtaí le linn na tréimhse lena mbaineann. Ní rud neamhghnách iad luaineachtaí laistigh de thréimhse 12 mhí. Thairis sin, san anailís chúisíoch i roinn 5.2.7 agus 5.2.4 den Rialachán seo, cuireadh san áireamh go hiomlán tionchar phaindéim COVID-19 agus na héabhlóide ar éileamh san earnáil mótarfheithiclí.
- (262) Is ionann an glansreabhadh airgid agus an cumas atá ag táirgeoirí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Den chuid is mó, tháinig forás ar an nglansreabhadh airgid i gcomhréir leis an mbrabúsacht agus leis an toradh ar infheistíocht. D'fhan an glansreabhadh airgid sách cobhsaí in 2017 agus 2018, laghdaíodh sé in 2019 tar éis na gcaillteanas a bhain do tháirgeoirí an Aontais an bhliain sin, agus ansin tháinig sé ar ais go dtí leibhéal a bhí gar don leibhéal a bhí ann ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.
- (263) Is éard atá i gceist le hinfeistíochtaí, glanluach na sócmhainní de réir na leabhar. Léirigh na glan-infeistíochtaí méadú leanúnach thar na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú níos mó ná méadú faoi dhó orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go ginearálta, bhí sé d'aidhm ag na hinfeistíochtaí na hacmhainneachtaí a bhí ann cheana a choinneáil, feabhas a chur ar an gcáilíocht, agus athsholáthair na sócmhainní táirgthe riachtanacha a bhí ag teastáil a dhéanamh. Bhain cuid acu le cúrsaí sláinte, sábháilte agus comhshaoil. Baineann infheistíochtaí suntasacha sa dara leath den tréimhse faoi bhreathnú táirgeoirí sampláilte amháin de chuid an Aontais agus céim réamhtheachtach a tháirgthe CRS.
- (264) Mhaigh CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin tar éis an nochta deiridh go léiríonn an méadú ar infheistíochtaí nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Diúltaíodh don mhaíomh. Fiú dá méadóidh na hinfeistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ar an iomlán is ar leibhéil ísle a bhí siad, agus mar a míníodh, bhí siad teoranta den chuid is mó do na costais ba ghá chun na hoibríochtaí a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún go mbaineann a fhorbairt dhearfach an bonn den díobháil a suíodh i réimsí eile.
- (265) Is éard atá i gceist le toradh ar infheistíochtaí, an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infeistíochtaí de réir na leabhar, rud a léiríonn leibhéal dímheasa na sócmhainní. Laghdaigh sé go leanúnach agus d'éirigh sé diúltach in 2019 nuair a bhain caillteanas dhomhanda do tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. D'éirigh sé beagán dearfach le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach bhí sé i bhfad níos ísle ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.
- (266) Chuir drochfheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin teorainn lena chumas caipiteal a thiomsú. Is tionscal atá dian ar chaipiteal é tionscal an Aontais agus bíonn infheistíochtaí móra ag teastáil uaidh. Bhí an toradh ar infheistíocht ró-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun infheistíochtaí substaintiúla den sórt sin a chumhdach.

4.5.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

- (267) Léiríonn an chaoi ar fhorbairt na macratháscairí agus na micreatháscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú gur in olcas a ndeachaigh an staid airgeadais maidir le tionscal an Aontais.

⁽⁴⁴⁾ Ar bhonn na sonraí sa gearán, ríomh CIB costais agus praghsanna ráithiúla thionscal an Aontais agus na brabúis a tháinig as sin ar bhonn ráithiúil ó R3 2019 go dtí an ráithe dheireanach den tréimhse imscrúdúcháin (t21.007886 agus t22.003104).

- (268) Méadú teoriciúil é an méadú ar acmhainneacht táirgeachta (+ 10 %) agus tarlaíonn sé toisc gur leithdháil tionscal an Aontais níos mó acmhainneachta do tháirgeadh CRS mar thoradh ar éileamh níos lú ar na táirgí eile a mhonaraítear ar na línte céanna agus CRS. Bhain an rud céanna don fhostaíocht (+ 10 %). Maidir leis na hinfheistíochtaí (+ 147 %), is toradh ar leithdháileadh na n-infheistíochtaí a rinneadh sa chéim réamhtheachtach de tháirgeadh CRS iad an chuid is mó acu. Is féidir an méadú ar An sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais (+ 3,2 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú a chur i leith thionscnamh agus thoradh an imscrúdaithe frith-imchémniúcháin i gcoinne na Síne dá dtagraítear in aithris (202).
- (269) Rinne tionscal an Aontais iarracht a mhéideanna díolacháin CRS le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas (-1 %) a choinneáil i gcomhthéacs ina raibh an tomhaltas ag laghdú sa saormhargadh (-6 %). Mar sin féin, ní raibh tionscal an Aontais in ann é sin a dhéanamh agus freagairt ar an mbrú praghsanna ó na hallmhairí dumpáilte a bhí ag dul i méid ó na tíortha lena mbaineann, ach amháin trína phraghsanna díola a ísliú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, laghdaigh tionscal an Aontais a phraghsanna níos mó ná an laghdú ar chostas an táirgthe.
- (270) Bhí tionchar tromchúiseach ag na praghsanna a bhí chomh íseal sin ar thorthaí thionscal an Aontais, a thit ó bhrabús 6,2 % in 2017 go dtí cailleanais in 2019 agus go dtí gan aon bhrabús ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú. Lean táscairí airgeadais eile, amhail sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht, an treocheáanna.
- (271) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

- (272) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an cheist arbh fhéidir go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais de dheasca fachtóirí aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha arna cruthú ag fachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na fachtóirí sin: allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais, éabhlóid an éilimh, úsáid faoi chuing, féindíobháil, paindéim COVID-19, agus praghsanna na gcornaí teorollta.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

- (273) Tháinig méadú níos mó ná méadú cúig oiread ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, iad ag méadú ó 196 643 thona in 2017 go dtí breis agus 1 mhilliún tona sa tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú ar a sciar comhroinnte den mhargadh ó 2,2 % in 2017 go 13,1 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh na allmhairí a bhí ag dul i méid ar phraghsanna níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus mhéadaigh an bhearna de réir a chéile. Go háirithe, in 2019, agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, na blianta inar tharla na méaduithe is mó sna hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann, bhí praghsanna thionscal an Aontais brúite síos ag na hallmhairí dumpáilte. Mar gheall ar an mbrú praghsanna ó na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann, chun an cailleanas i méideanna díolachán a theorannú, bhí ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a laghdú níos mó ná mar a bhí i gceist chun an laghdú ar chostas an táirgthe a chur san áireamh. Dá thoradh sin, laghdaigh an bhrabúsach ó 6,2 % go dtí 0,4 % agus chuaigh na táscairí airgeadais in olcas.
- (274) Níor aontaigh an comhlachas Turcach go raibh aon tionchar diúltach ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar an bhforas nár shocraigh na hallmhairí sin praghsanna ar mhargadh an Aontais ach lean siad treocheáil an mhargaidh dhomhanda a bhí bunaithe ar phraghsanna luaineachta na gcornaí teorollta. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Le méadú easpóntantúil ar mhéideanna, faoi 1 mhilliún thona i dtréimhse chomh gearr sin, agus a raibh sciar den mhargadh 12,9 % i gceist leis sa tréimhse imscrúdúcháin, is amhlaidh a bhí tionchar diúltach ag praghsanna ísle na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar na praghsanna a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a fháil ar an saormhargadh.

- (275) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CIB agus roinnt tairgeoirí onnmhairiúcháin eile an bharúil sin, agus é ag tagairt d'fhaisnéis mhargaidh a chur sé ar fáil don Choimisiún a léireodh gurbh ionann na treochtaí praghais sa tréimhse faoi bhreathnú ar na margaí domhanda agus i gcás thionscal an Aontais san Aontas.
- (276) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Ar an gcéad dul síos, laghdaigh praghsanna díola thionscal an Aontais 12 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach laghdaigh praghsanna ó na tíortha lena mbaineann 14 %. Agus praghsanna na n-allmhairí i bhfad faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais in 2017 cheana féin, mar a luaitear in aithris (274), bhí tionchar diúltach ag an méid mór d'allmhairí ar phraghsanna an-íseal ó na tíortha lena mbaineann ar na praghsanna a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a fháil ar an saormhargadh. Ar an dara dul síos, luaigh an Coimisiún go bhféadfaí cuid de na treochtaí praghais sna sonraí arna soláthar a bheith incomparáide go páirteach, ach nár amhlaidh a bhí an leibhéal praghsanna sa deireadh, agus ar an gcaoi sin, go socraítear na praghsanna ar gach ceann de na príomh-mhargáí sin ar bhonn na dinimice agus na gcúinsí sonracha is infheidhme maidir leis an margadh sin. Cé gur shuigh an Coimisiún gur tráchtarra é an tairge lena mbaineann, mar a luaigh na páirtithe, ní rud é sin a bhaineann an bhonn den chonclúid sin.
- (277) Mhaígh roinnt páirtithe nach raibh aon chomhchuibheas idir allmhairí ón Rúis agus ón Tuirc agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. D'admhaigh an Coimisiún gur sa chéad chuid den tréimhse faoi bhreathnú, bhí tionscal an Aontais in ann leas a bhaint as dálaí margaidh réasúnta maith agus as na bearta frithdhumpála a bhí i bhfeidhm i gcoinne allmhairí ón tSín. Idir 2018 agus 2019 áfach, nuair a bhí an méadú is airde ar allmhairí ón Tuirc agus ón Rúis in aghaidh na bliana, bhain cailteanas de thionscal an Aontais. Lean an drochstaid airgeadais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tar éis méadú breise ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i ndearbhtéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta. Dá bhrí sin, bhí comhghaol soiléir idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.
- (278) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh CIB agus roinnt tairgeoirí onnmhairiúcháin gur idir 2018 agus 2019, nuair a bhí an méadú is airde ar allmhairí ón Rúis agus ón Tuirc in aghaidh na bliana, d'éirigh le tionscal an Aontais a mhéideanna díolachán san Aontas a mhéadú beagán os cionn 200 000 tona.
- (279) Luaigh an Coimisiún áfach go raibh an méadú sin níos lú i ndearbhtéarmaí ná leath an mhéadaithe ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus i bhfianaise na bpraghsanna a bhí i réim i margadh a tháinig rabharta allmhairí dumpáilte isteach air, chuaigh tionscal an Aontais go mór in olcas ó 2018 i leith agus bhain cailteanas dó in 2019.
- (280) Shonraigh roinnt páirtithe nár shroich allmhairí Turcach agus Rúiseacha méideanna a d'fhéadfadh a bheith díobhálach ó tharla, *inter alia*, go raibh siad faoi bhun leibhéil chuóta iarmharach na gcuótaí coimirce cruach san Aontas. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Ní ionann na staideanna a dtugtar aghaidh orthu leis na bearta frithdhumpála agus na bearta coimirce. Ní chuireann na bearta coimirce cruach cosc ar bhearta frithdhumpála a fhorchur laistigh de dleachtchuótaí saor ó choimirce, atá mór go leor, mar a luaitear in (214) chun méideanna suntasach d'allmhairí a cheadú sula dtagann an dleacht choimirce i bhfeidhme. Sa bhreis air sin, níor dhíomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán, mar a luaitear in aithrisí (213) go (214) thuas. Dá bhrí sin, bhí allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann mór go leor chun díobháil ábhartha a dhéanamh do thairgeoirí an Aontais.
- (281) D'iarr roinnt páirtithe ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar shonraí le haghaidh 2021 agus shonraigh siad gur léirigh téarnamh láidir thairgeoirí an Aontais sa bhliain sin nach raibh na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann ina gcúis le haon díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh i gcomhréir le hAirteagal 6(1) den bhun-Rialachán, lena mbunaítear nár cheart, de ghnáth, faisnéis a bhaineann le tréimhsí i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin a chur san áireamh.

5.2. Tionchair fachtóirí eile

5.2.1. Allmhairí ó thríú tíortha

- (282) Tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 11

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
An Chóiré Theas	Méid (tonaí)	143 873	180 993	209 248	248 890
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	126	145	173
	An sciar den mhargadh (%)	1,6	2,2	2,3	2,9
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	135	146	182
	Meánphraghas (EUR/tona)	703	729	685	626
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	104	97	89
An Téaváin	Méid (tonaí)	69 919	87 803	140 334	184 158
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	126	201	263
	An sciar den mhargadh (%)	0,8	1,0	1,6	2,2
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	134	202	278
	Meánphraghas (EUR/tona)	624	675	656	624
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	108	105	100
An India	Méid (tonaí)	232 677	126 651	194 355	169 040
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	54	84	73
	An sciar den mhargadh (%)	2,6	1,5	2,2	2,0
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	58	84	77
	Meánphraghas (EUR/tona)	683	689	639	573
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	101	94	84
An Túinéis	Méid (tonaí)	0	29 901	82 426	85 436
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>		100	276	2 286
	An sciar den mhargadh (%)	0	0,4	0,9	1,0
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>		100	225	250
	Meánphraghas (EUR/tona)		648	600	570
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>		100	93	88
An Úcráin	Méid (tonaí)	19 501	30 165	25 434	19 140
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	155	130	98
	An sciar den mhargadh (%)	0,2	0,4	0,3	0,2
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	166	131	104
	Meánphraghas (EUR/tona)	635	645	593	538
	<i>Innéacs (2017 = 100)</i>	100	102	93	85

An tSín	Méid (tonaí) ⁽⁴⁵⁾	1 557 192	903 775	668 707	245
	Innéacs (2017 = 100)	100	58	43	0
	An sciar den mhargadh (%)	17,3	10,8	7,5	0,0
	Innéacs (2017 = 100)	100	62	43	0
	Meánphraghas (EUR/tona)	597	478	860	896
	Innéacs (2017 = 100)	100	80	144	150
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	113 906	120 947	77 991	132 678
	Innéacs (2017 = 100)	100	106	68	116
	An sciar den mhargadh (%)	1,3	1,4	0,9	1,6
	Innéacs (2017 = 100)	100	114	69	123
	Meánphraghas (EUR/tona)	658	691	687	599
	Innéacs (2017 = 100)	100	105	99	87
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Méid (tonaí)	2 137 068	1 480 235	1 398 494	839 588
	Innéacs (2017 = 100)	100	69	65	39
	An sciar den mhargadh (%)	23,8	17,6	15,6	9,9
	Innéacs (2017 = 100)	100	74	66	41
	Meánphraghas (EUR/tona)	636	695	655	603
	Innéacs (2017 = 100)	100	109	103	95

Foinse: Surveillance 2 (coigeartuithe)

- (283) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, luanaigh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó gach tír eile. Ar an iomlán, bhí laghdú ó 23,8 % in 2017 go 9,9 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, treocht a raibh tionchar páirteach uirthi mar ag forchur na mbeart cosanta trádála i gcoinne CRS na Síne.
- (284) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí 839 588 dtona i gceist leis na hallmhairí ó thríú tíortha (tháinig 72 % díobh ón gCóiré Theas, ón Téaváin agus ón India). Tháinig formhór na n-allmhairí sin isteach san Aontas ar phraghsanna níos airde ná praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann.
- (285) Mar a luaitear in aithrisí (247) agus (248) thuas, bhí tionscal an Aontais fós faoi thionchar na n-allmhairí dumpáilte ón tSín le linn chuid den tréimhse faoi bhreathnú. Chuir roinnt páirtithe in iúl nach raibh aon fhianaise ann nár lean allmhairí ón tSín a d'ímchémnigh na bearta de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais in 2020, agus d'iarr siad go nochtfaí sonraí TARIC ina leith ⁽⁴⁶⁾. I bhfianaise thráth an imeachta frith-ímchémniúcháin i gcoinne na Síne agus an chláraithe a bhí i bhfeidhm ó thionscnamh an imscrúdaithe sin i leith, mheas an Coimisiún nach raibh allmhairí Síneacha ina gcúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an imeachta reatha. Níos tábhachtaí fós, is ar éigean a bhí allmhairí CRS ó Dhaon-Phoblacht na Síne ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a chinn an Coimisiún go raibh díobháil ábhartha fós á déanamh do thionscal an Aontais.

⁽⁴⁵⁾ Bunaithe ar mhéideanna ó bhunachar sonraí Surveillance 2 le haghaidh 2020 amháin.

⁽⁴⁶⁾ An 4 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir le méideanna agus luachanna comhiomlánaithe allmhairí in aghaidh na tíre is onnmhaireoir le haghaidh na bliana féilire 2020 don táirge faoi imscrúdú tríd an nóta a ghabhann le comhad t22.001509.

- (286) Tar éis an nochta deiridh, chuir CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin in iúl gurb é ba chúis leis an laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais in 2018 agus in 2019 ná an bhrabúsacht a gnóthaíodh in 2017 go príomha mar gheall ar fhorchur dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí CRS na Síne agus gurbh iad allmhairí CRS na Síne a d'imchémnigh na bearta ba chúis leis an laghdú ar bhrabúsacht ón leibhéal sin in 2018 agus in 2019, maíomh a rinne Rialtas na Tuirce freisin.
- (287) Ar an gcéad dul síos, maidir le brabúsacht thionscal an Aontais in 2017, luaigh an Coimisiún go raibh an bhrabúsacht os cionn an spriocbhrabúis íosta 6 % in 2017 inar moladh (i) tar éis tréimhse d'iomaiócht éagórach ón tSín a raibh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar thoradh uirthi, nach raibh tionchar ábhartha ag dumpáil na Síne i margadh an Aontais ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, rud is dóichí mar thoradh ar imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh i gcoinne CRS na Síne i mí na Nollag 2016; agus (ii) nach raibh méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann fós chomh mór sin go raibh tionchar ábhartha aige ar leibhéal brabúsachta thionscal an Aontais. Cé nach raibh ann do shaobh éagóra trádála, ní chiallaíonn sé sin go raibh an bhrabúsacht boilsicthe ar bhealach ar bith, mar is cosúil go dtugann na páirtithe lena mbaineann le fios, agus go háirithe toisc go raibh leibhéal measartha ann, is é sin 6,2 %. Maidir le tionchar na n-allmhairí ón tSín a d'imchémnigh na bearta in 2018 agus 2019, níor thug an Coimisiún "neamhaird" air, mar a mhaígh CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin, ach d'admhaigh sé go raibh tionchar fós aige ar thionscal an Aontais. Mar sin féin, murab ionann agus treocht na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, mar gheall ar an imscrúdú frith-imchémniúcháin, tháinig laghdú mór ar na hallmhairí sin in 2018 agus in 2019, nuair a bhí siad cheana féin ar leibhéal níos ísle ná leibhéal na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Is ar éigean a bhí aon allmhairí eile CRS ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (288) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár laghdaigh tionchar na n-allmhairí ó thríú tíortha eile an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.2. Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

- (289) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéideanna agus ar phraghsanna onnmhairí thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	708 037	657 417	812 594	748 774
Innéacs (2017 = 100)	100	93	115	106
Meánphraghas (EUR/tona)	608	672	600	589
Innéacs (2017 = 100)	100	110	99	97

Foinse: Eurofer (méideanna), Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais (praghas aonaid)

- (290) Tháinig méadú 6 % ar mhéid onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá na díolacháin onnmhairiúcháin bhreise (thart ar 40 000 tona sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le tús na tréimhse faoi bhreathnú) teoranta i gcomparáid le cailteanas os cionn 93 000 tona díolachán ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse céanna. Cé is moite de na praghsanna níos airde in 2018, bhí praghsanna onnmhairiúcháin cobhsaí go leor ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse céanna. Tá na táirgí a onnmhairíonn tionscal an Aontais níos saoire go ginearálta agus, dá bhrí sin, tá meánphraghsanna i bhfad níos ísle acu ná na táirgí a dhíoltar san Aontas. D'fhéadfadh díolacháin onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, na forbairtí diúltacha ó thaobh méideanna agus praghsanna ar mhargadh an Aontais a chúiteamh beagán trí chostais sheasta agus costais eile a chaolú.

- (291) Chuir roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin aon chaillteanas de sciar margaidh táirgeoirí an Aontais i margadh CRS an Aontais i leith díriú méadaithe thionscal an Aontais ar mhargaí onnmhairiúcháin, rud a bhí neamhbhrabúsach i gcás roinnt páirtithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Bhí na méideanna a d'onnhairigh táirgeoirí de chuid an Aontais teoranta i gcomparáid le méideanna díolacháin iomlána an Aontais, arb ionann iad agus thart ar 12 % de mhéid iomlán a ndíolacháin. Mar a thugtar faoi deara in aithris (290), bhí teorainn leis na díolacháin onnmhairiúcháin bhreise i ndearbhtéarmaí, agus bhí praghsanna sách cobhsaí agus i gcomhréir leis an meascán táirgí.
- (292) Chinn an Coimisiún gur thionchar fíorbheag, dá mba ann dó, a bhí sa tionchar a bhí ag feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ar a díobháil a bhain do táirgeoirí an Aontais.

5.2.3. Éabhlóid an éilimh i gcoitinne

- (293) Mar a léirítear i roinn 4.3, tháinig laghdú ar thomhaltas an tsaormhargaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh sé gur chuir forbairt thomhaltas an tsaormhargaidh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.
- (294) Tar éis an nochtá deiridh, mhaígh Rialtas na Rúise gurb é an laghdú ar thomhaltas an phríomhchúis leis an laghdú ar tháirgeacht thionscal an Aontais. Mar sin féin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún nach ndearnadh an laghdú ar thomhaltas an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón Rúis agus ón Tuirc agus staid dhíobhálach thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin a mhaolú, i bhfianaise an mhéadaithe ar mhéideanna agus sciartha margaidh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus an éifeacht a bhí acu ar phraghsanna thionscal an Aontais. Thairis sin, cé gur tháinig laghdú 467 000 tona ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú beagnach dhá oiread ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

5.2.4. Éabhlóid an éilimh san earnáil mótarfheithiclí

- (295) Mhaígh roinnt páirtithe go raibh ag éirí go dona le tionscal an Aontais mar gheall ar fhadhbanna agus éileamh níos ísle san earnáil mótarfheithiclí. Níor deimhníodh an maíomh leis an imscrúdú reatha. Os a choinne sin, léirigh an t-imscrúdú go raibh táirgeoirí an Aontais ag soláthar CRS d'earnálacha tionscail éagsúla nach bhfuil san earnáil mótarfheithiclí. Ós rud é nach dtagann táirgí galbhánaithe teothumtha a úsáidtear san earnáil mótarfheithiclí de ghnáth faoi raon feidhme an imscrúdaithe má bhí tionchar diúltach ag cor chun donais ar chuid de thionscal an Aontais sa tionscal gluaisteán, d'eascair sé sin ó tháirgí nach táirge comhchosúil iad agus, dá bhrí sin, níor cuireadh san áireamh san anailís atá ann faoi láthair iad. Diúltaíodh don mhaíomh.
- (296) Tar éis an nochtá deiridh, chuir CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin in iúl go méadódh an t-éileamh níos ísle san earnáil sin, a tháirgtear ar na línte táirgthe céanna, an costas seasta agus, dá bhrí sin, go mbeadh tionchar diúltach aige ar bhrabúsacht thionscal an Aontais.
- (297) D'admhaigh an Coimisiún go monaraíonn táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais, ar línte táirgí CRS, táirgí a úsáidtear san earnáil mótarfheithiclí freisin. Shoiléirigh sé, áfach, nach ndéantar an anailís san imscrúdú reatha, lena n-áirítear an anailís chostais, ach amháin ar an ngrúpa táirgthe a chumhdaítear léi. Is ar leibhéal na dtáirgeoirí sampláilte amháin a bailíodh na micreatháscairí. Ní raibh costais táirgthe fhíoraithe na bpáirtithe sin, agus go háirithe a gcostais sheasta, faoi réir ath-leithdháileadh den sórt sin. Go deimhin, níor bhain an t-ath-leithdháileadh sin ar an acmhainneacht táirgeachta ach le líon beag táirgeoirí neamhshampláilte. Dá bhrí sin, ní raibh tionchar ag an bhforbairt i ngrúpaí táirgí cé is moite de CRS ar aon cheann de na micreatháscairí agus ní raibh tionchar ach ar dhá cheann de na macratháscairí, mar a luaitear sa doiciméad nochtá agus sa Rialachán seo freisin, eadhon, acmhainneacht táirgeachta (tábla 4) agus fostaíocht (tábla 6).

- (298) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.2.5. Úsáid faoi chung

- (299) Baineann táirgeoirí an Aontais úsáid as an táirge faoi imscrúdú chun cruach a bhfuil bratú orgánach uirthi a tháirgeadh.
- (300) Mar a léirítear i dtábla 1 thuas, tháinig laghdú 13 % ar an tomhaltas faoi chung le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an titim go príomha sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh ar an bhfás diúltach i roinnt earnálacha a úsáideann cruach. Mar sin féin, d'fhan an úsáid faoi chung sách cobhsaí i dtéarmaí coibhneasta, i.e., mar chéatadán de tháirgeacht an Aontais.

- (301) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh éabhlóid an tomhaltais faoi chuing ar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, más ann di, imeallach.

5.2.6. Féindíobháil

- (302) Chuir roinnt páirtithe in iúl go ndearnadh infheistíochtaí ag tráth míchuí chun táirgí galbhánaithe teothumtha a tháirgeadh don earnáil mótarfheithiclí agus gurbh é sin foinse díobhála do tháirgeoirí an Aontais. Mar a pléadh in aithris (295), baineann an maíomh le hinfeistíochtaí ar tháirge nach gcumhdaítear leis an imscrúdú seo. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.
- (303) Tharraing roinnt páirtithe aird ar infheistíochtaí nach raibh tráthúil, rud a d'fhág go raibh acmhainneacht táirgeachta i bhfad níos airde ná tomhaltas san Aontas mar fhoinsé díobhála a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Mar a tugadh faoi deara in aithris (263), ní dhearna táirgeoirí de chuid an Aontais infheistíocht chun acmhainneachtaí táirgeachta CRS a mhéadú mar sin. Chomh maith leis sin, luaitear in aithris (235) gur méadú teoiriciúil a bhí sna méaduithé ar acmhainneacht táirgeachta i gcás CRS agus, dá bhrí sin, nár measadh gur léiriú iad ar dhíobháil ábhartha sa chás áirithe seo. Athdhearbhaíodh an maíomh sin tar éis an nochtá dheiridh, áfach, gan aon fhianaise nua ná aon réasúnú nua agus dá bhrí sin diúltaíodh dó.
- (304) Tharraing roinnt páirtithe aird ar fhéindíobháil laistigh de thionscal an Aontais toisc gur bhain SSCanna le táirgeoirí de chuid an Aontais a allmhairíonn an táirge faoi imscrúdú. Ní raibh bunús leis an maíomh agus, dá bhrí sin, diúltaíodh dó. Tugtar faoi deara nach bhfuil ionaid seirbhíse cruach ghaolmhara ag roinnt mhaithe táirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil feidhmeanna allmhairiúcháin acu. Níl ionaid seirbhíse cruach ghaolmhara den chineál sin ag formhór tháirgeoirí an Aontais atá sa sampla. Maidir le hallmhairí ó lárionaid seirbhíse cruach a bhaineann le táirgeoirí de chuid an Aontais, más ann dóibh, níor aimsíodh go maolaíonn siad an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón Rúis agus ón Tuirc agus staid dhíobhálach thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i bhfianaise an mhéadaithe ar mhéideanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, a n-éifeacht ar phraghsanna thionscal an Aontais agus an tionchair atá ag tosca eile a ndearnadh anailís orthu sa roinn seo.

5.2.7. Paindéim COVID-19

- (305) Chuir roinnt páirtithe díobháil i leith dúnadh atá sainordaithe ar COVID san Aontas, rud a mhéadódh costais sheasta lucht déanta cruach an Aontais i bhfianaise méideanna táirgeachta níos ísle. Rinneadh an maíomh, a athdhearbhaíodh tar éis an nochtá dheiridh, a dhíbhe. Níorbh ionann an dúnadh a bhí sainordaithe ag COVID sna 14 Bhallstát ina bhfuil táirgeoirí de chuid an Aontais lonnaithe ó thaobh tréimhsí agus raon feidhme de. Go deimhin, is ar éigean a bhí tionchar ag dúnadh ar tháirgeoirí cruach an Aontais, rud a d'fhreastail ar ghnólachtaí bunriachtanacha le linn na paindéime agus nach raibh an t-*aschur foriomlán* in 2020 éagsúil go mór i gcomparáid le 2019 ⁽⁴⁷⁾.
- (306) Mheas na páirtithe sin gurbh é an chúis a chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh na méideanna níos ísle a bhí ar fáil lena ndíol mar thoradh ar rátaí úsáide acmhainneachta níos ísle agus laghdú ar tháirgeacht mar gheall ar dhúnadh ghléasraí de bharr phaindéim COVID-19 nó acmhainneachtaí díomhaoine. Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. I gcomhthéacs tomhaltas a bheith ag titim (féach tábla 1), fuair allmhairí dumpáilte níos mó sciartha den mhargadh ná mar a fuair tionscal an Aontais, agus bhí siad in ann, ar an iomlán, freastal níos mó a dhéanamh ar an margadh.
- (307) Chuir roinnt páirtithe in iúl gur líon allmhairí ón Tuirc agus ón Rúis bearna i margadh an Aontais a d'eascair as dúnadh táirgthe sainordaithe de bharr COVID-19 san Aontas, rud ba chúis le ganntanais. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Luaigh an Coimisiún gur tharla an chuid is mó den mhéadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, i dtéarmaí méideanna chomh maith le sciartha den mhargadh, in 2018 agus 2019, i.e. roimh phaindéim COVID-19. Thairis sin, bhí tionchar na ndúnadh táirgeachta arna sainordú de bharr COVID-19 teoranta ar an iomlán mar a mhínítear in aithris (305) agus mar a bhí éagsúil i measc tháirgeoirí an Aontais. I gcás ar bith, ní fhéadfadh dúnadh a bhaineann le COVID-19 bonn cirt a thabhairt riamh do chleachtais dumpála na dtíortha lena mbaineann. Athdhearbhaíodh na barúlacha sin tar éis an nochtá dheiridh, áfach, gan aon fhianaise nua ná aon réasúnú nua agus dá bhrí sin diúltaíodh dóibh.
- (308) Chuir CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin in iúl freisin go léireodh an anailís ráithiúil a rinne sé ar phraghsanna agus ar chostais sa ghearán (féach aithris (260)) gur bhain caillteanas mór do thionscal an Aontais, go háirithe sa chéad ráithe de 2020. Chomhthacódh sé sin leis an maíomh gurbh iad dúnadh éigeantach gléasraí san Aontas ba chúis leis an mbrabúsacht lag le linn na tréimhse imscrúdúcháin (seachas na hallmhairí dumpáilte).

⁽⁴⁷⁾ Mar shampla, féach na comhaid neamhrúnda in t21.005684 (Marcegaglia Carbon Steel Spa).

- (309) Luaigh an Coimisiún gur léirigh torthaí na hanailíse a rinne na páirtithe sin féin ar na sonraí gearáin sonracha sin cheana féin go bhfuil meath suntasach tagtha ar bhrabús idir an tríú agus an ceathrú ráithe de 2019 (ó 1,22 % go -1,96 %), i.e. roimh phaindéim COVID-19, agus gur tháinig feabhas suntasach ar bhrabúsacht thionscal an Aontais sa dara ráithe de 2020 go leibhéal (-0,45 %) atá incomparáide leis an leibhéal a mheastar a baineadh amach sa tríú ráithe de 2020 — cé gur chuir na páirtithe in iúl gur thosaigh an dúnadh ó mhí an Mhárta 2020 ⁽⁴⁸⁾. Mheas sí go bhfuil an laghdú láidir ar bhrabúsacht sa ráithe dheireanach de 2019, i.e. roimh aon dúnadh éigeantach ar ghléasraí mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus an feabhas ar bhrabúsacht láidir sa dara ráithe de 2020 ag teacht salach ar an maíomh go gcomhthacódh an anailís sin leis an maíomh ar thionchar na ndúnadh éigeantach. Dá bhrí sin, suíodh nach raibh bunús cinntitheach leis an maíomh.
- (310) Luaigh Rialtas na Rúise gurb iad torthaí áirithe a bhaineann le COVID a ndearnadh achoimre orthu i staidéar ba chúis le meath thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ⁽⁴⁹⁾. Baineann na torthaí sin le téarnamh mall an limistéir euro i gcomparáid leis an tSín, le tionchar na nganntanas soláthair gearrthéarmach ar thionscail mhonaraíochta agus leis na difríochtaí idir an earnáil maidir le téarnamh tar éis COVID-19. Diúltaítear don mhaíomh sin ar na forais a mhínítear in aithris (306) agus ar chineál an staidéir, lena ndírítear ar earnálacha nach mbaineann le CRS.

5.2.8. *Praghsanna cornaí teorollta*

- (311) Dúirt roinnt páirtithe gur fhulaing táirgeoirí de chuid an Aontais “fásadh praghsanna costais” mar gheall ar luaineachtaí praghsanna cornaí teorollta, rud a d'éirigh níos costasaí sa dara cuid de 2020 de réir faisnéis mhargaidh. Tá an chuid is mó de tháirgeoirí an Aontais comhtháite go hingearach agus ní raibh aon tionchar ag praghas na gcoraí teorollta sa saormhargadh ar a gcostas táirgthe CRS. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

5.2.9. *Staid iomaíoch thionscal an Aontais*

- (312) Tar éis an nochtá deiridh, mhaígh Rialtas na Rúise gur léirigh an méadú ar scaireanna den mhargadh a bhain Poblacht na Cóiré agus an Téaváin amach nach raibh tionscal an Aontais iomaíoch go leor.
- (313) Thug an Coimisiún dá aire nach léiriú é láithreach mhéadaithe allmhairí ar staid iomaíoch tionscail intíre. Luaigh sé freisin go raibh dearbhmhéid na n-allmhairí ón dá thír sin agus, níos mó ná sin, an méadú orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú teoranta i gcomparáid le méid na dtíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.3. **An chonclúid maidir le cúisíocht**

- (314) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón Rúis agus ón Tuirc. Tháinig méadú ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann i gcomhthráth le meathlú ar staid thionscal an Aontais. Tháinig méadú as cuimse ar allmhairí ar phraghas íseal ón Tuirc agus ón Rúis agus chuir siad cosc ar thionscal an Aontais méadú a dhéanamh ar phraghsanna agus ar mhéideanna díolacháin tar éis an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin maidir le hallmhairí Síneacha. Ó thaobh praghsanna de, rinne na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann slaghearradh leanúnach ar phraghsanna thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, agus in aon chás, cruthaigh siad brú suntasach praghsanna a chuir cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú go dtí na leibhéil inbhuanaithe a bhí ag teastáil chun corrlaigh bhrabúis réasúnta a bhaint amach.
- (315) Rinne an Coimisiún idirdhealú idir éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte agus rinne sé iad a scaradh. Suíodh nár chuir tosca amhail forbairt úsáide faoi chuing agus infheistíochtaí áirithe leis an díobháil a bhain dóibh. Ar an iomlán, bhí éifeacht tosca amhail allmhairí ó thríú tíortha eile, onnmhairí ag táirgeoirí an Aontais, éabhlóid an éilimh, paindéim COVID-19 agus praghsanna cornaí teorollta teoranta ar an iomlán.

⁽⁴⁸⁾ Aighneacht CIB t21.006224, tábla faoi phointe 34.

⁽⁴⁹⁾ Is féidir teacht ar na torthaí sa staidéar dar teideal “Impacts of the COVID-19 pandemic on EU industries”, staidéar a d'iarr an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) i bParlaimint na hEorpa agus atá ar fáil ag [https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/662903/IPOL_STU\(2021\)662903_EN.pdf](https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2021/662903/IPOL_STU(2021)662903_EN.pdf)

- (316) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus maidir leis na tosca eile, a breithníodh leo féin nó le chéile, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

- (317) Chun leibhéal na mbeart a dhéanamh amach, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. Corrlach díobhála

- (318) Chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh an tionscal de chuid an Aontais in ann spriocbhrabús a fháil trí dhíolacháin ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.
- (319) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a dhéanamh amach, chuir an Coimisiún na fachtóirí seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart don chorrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.
- (320) Luaigh an gearánach gur cheart go mbeadh an spriocbhrabús mar an gcéanna ar a laghad leis an spriocbhrabús a bhí ann sa chás roimhe sin (an tSín) CRS (7,4 %). Mhol táirgeoir de chuid an Aontais 15 %. Mhaígh roinnt páirtithe go raibh an leibhéal brabúis a chuir an gearánach ar aghaidh ró-ard.
- (321) Chinn an Coimisiún go raibh tionscal an Aontais in ann brabús 6,2 % a bhaint amach ar an meán in 2017. Cé nár forchuireadh bearta frithdhumpála ar allmhairí CRS ó Dhaon-Phoblacht na Síne go fóill, bhí laghdú tagtha cheana féin in 2017 ar mhéid allmhairí dumpáilte na Síne mar thoradh ar thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála i mí na Nollag 2016. Ina theannta sin, sa bhliain sin, bhí leibhéal na n-allmhairí ón Rúis agus ón Tuirc fós réasúnta íseal (féach Tábla 2).
- (322) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar na blianta roimh an tréimhse a measadh ach fuarthas nach raibh siad sin iomchuí mar gheall ar insreabhadh na n-allmhairí dumpáilte ón tSín a dhéanann difear do thionscal an Aontais. Thug an Coimisiún dá aire an spriocbhrabús a úsáideadh i gcás CRS roimhe seo (an tSín), a tháinig ó 2008 áfach.
- (323) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an meánbhrabús ualaithe de 6,2 % a baineadh amach in 2017 ar an mbonn is iomchuí chun an spriocbhrabús a ríomh sa chás seo.
- (324) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, sholáthair dhá tháirgeoir de chuid an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus an nuálaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú ní b'airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Bunaithe ar fhianaise dhoiciméadach na gcuideachtaí, a d'fhéadfaí a réiteach le huirlisí tuairiscithe agus córais chuntasaíochta na gcuideachtaí, ghlac an Coimisiún leis na maímh. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfeistíochtaí, T&F agus nuálaíochta ("costais IRI") faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais IRI iarbhrí le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. 0,02 % agus 0,35 % a bhí sna difríochtaí sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachais. Cuireadh céatadán den sórt sin leis an mbrabús bunúsach de 6,2 %, rud a d'fhág go raibh spriocbhrabús deiridh ann idir 6,20 % agus 6,55 %.
- (325) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascraíonn as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus na Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, go dtabhóidh an tionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse chur i bhfeidhm an bhirte de bhun Airteagal 11(2). Bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil (bunaithe ar chórais chuntasaíochta na gcuideachtaí, ar a n-uirlisí tuairiscithe agus ar a réamhaisnéisí), bhunaigh an Coimisiún costas breise idir EUR 3,05 agus EUR 38,78 in aghaidh an tona.

- (326) Is éard a bhí sna costais sin na costais bhreise a bheidh ann amach anseo chun comhlíonadh Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (EU ETS) a áirithiú. Is bunchloch é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS) i ndáil le beartas an Aontais chun cloí le Comhaontuithe Iltaobhacha maidir leis an gComhshaol. Ríomhadh na costais bhreise sin ar bhonn lamháltais mheasta an Aontais nach mór a cheannach le linn thréimhse chur i bhfeidhm na mbeart (2022 go 2026). Cuireadh san áireamh freisin sna costais bhreise costais indéacha CO₂ a eascraíonn as méadú ar phraghsanna leictreachais le linn na tréimhse 2022 go 2026 a bhaineann le Córas Trádála Astaíochtaí AE agus praghsanna na lamháltas AE réamh-mheasta.
- (327) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil le haghaidh thionscal an Aontais tríd an sprioc-chorrlach brabúis (féach aithris (324)) a chur le costas táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.
- (328) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin go mbeadh na costais táirgeachta a úsáideadh mar bhonn chun praghas neamhdhíobhála a ríomh teannta mar gheall ar línte táirgeachta a athdháileadh ar tháirgeoirí áirithe dá dtagraítear in aithris (235). Ní raibh bunús leis an maíomh sin. In aon chás, mar a luaitear in aithris (295), ní bhaineann na sonraí costais a úsáideadh san imscrúdú seo, lena n-áirítear chun praghas tionscail neamhdhíobhála de chuid an Aontais a ríomh, ach leis na costais a bhaineann le táirgeadh an táirge chomhchosúil agus na micreathascáirí a bailíodh agus a úsáideadh ar leibhéal na dtáirgeoirí sampláilte amháin. Dheimhnigh an Coimisiún go mbaineann an t-ath-leithdháileadh dá dtagraítear in aithrisí (235) agus (244) le líon beag táirgeoirí neamhsampláilte agus dá bhrí sin nach ndéanann sé difear ach do na macrathascáirí i dtrácht mar a mhínítear go cuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (329) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála trí chomparáid a dhéanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise agus na táirgeoirí sampláilte de chuid na Tuirce, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais ar thaobh amháin, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhála an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar an taobh eile. Rinneadh aon difríocht a d'eascair as an gcomparáid sin a shloinneadh mar chéatadán den mheánluach allmhairiúcháin ualaithe maidir le CAL.
- (330) Tar éis an nochta deiridh, chuir Severstal i gcoinne na coigeartuithe le haghaidh costais SGA agus an bhrabúis a rinneadh ar phraghsanna díola a thrádálaithe gaolmhara san Aontas de réir analaí le hAirteagal 2(9), ar na cúiseanna céanna a luaitear in aithris (220).
- (331) Mar a tugadh ar aird in aithris (221), dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil dlíthiúlacht úsáid a bhaint as Airteagal 2(9) de réir analaí chun an praghas onnmhairiúcháin a bhunú chun críche sladghearradh agus tearcdhíol a ríomh ⁽⁵⁰⁾. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (332) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh “cuideachtaí comhoibríocha eile agus le haghaidh “gach cuideachta eile” ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithrisí (138) go (182)).

6.2. Conclúid maidir le leibhéal na mbeart

- (333) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
An Rúis	PJSC Magnitogorsk Iron and Steel Works	36,6 %	37,4 %	36,6 %
	Novolipetsk Steel	12,7 %	10,3 %	10,3 %

⁽⁵⁰⁾ Féach freisin breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2021, T-753/16, PAO Severstal, ECLI:EU:T:2021:612, mír. 272.

	PAO Severstal	39,8 %	31,3 %	31,3 %
	Gach cuideachta eile	39,8 %	37,4 %	37,4 %
An Tuirc	MMK Turkey	10,5 %	13,8 %	10,5 %
	Tatmetal	2,4 %	10,1 %	2,4 %
	Tezcan	11,0 %	13,7 %	11,0 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	8,0 %	12,5 %	8,0 %
	Gach cuideachta eile	11,0 %	13,8 %	11,0 %

7. LEAS AN AONTAIS

(334) Scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach chun leas an Aontais é bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin gur cinneadh gurb ann do dhumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

(335) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de 20 táirgeoir in 14 Bhallstát agus tá 9 237 nduine fostaithe ann. Thacaigh formhór tháirgeoirí an Aontais leis an ngearán. Níor chuir aon táirgeoir in aghaidh thionscnamh an imscrúdaithe.

(336) Mar is léir ó ranna 4.5.4 agus 5.3, tháinig meath ar staid thionscal an Aontais ina iomláine de bharr allmhairí dumpáilte ón Rúis agus ón Tuirc.

(337) Le bearta frithdhumpála in aghaidh allmhairí ón Rúis agus an Tuirc meastar go n-athbhunófar dálaí cóirthrádála ar mhargadh an Aontais agus go gcuirfear ar a chumas thionscal an Aontais leibhéal bhrabúsachta inbhuanaithe a shroicheadh le haghaidh tionscal atá chomh dian sin ar chaipiteal. Dá bharr sin, táthar ag súil go mbeidh na táirgeoirí de chuid Aontas in ann téarnamh ón staid díobhála, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh agus a ngealltanais éagsúla a bhaint amach, lena n-áirítear gealltanais shóisialta agus chomhshaoil.

(338) Mura bhforchuirfí bearta, d'fhágfadh sin go mbeadh cailteanais mhóra ann laistigh de thionscal an Aontais, go gcuirfí a inmharthanacht i mbaol agus is dócha go ndúnfaí na saoráidí táirgthe dá dheasca sin agus go leanfadh dífhostuithe as. D'fhéadfadh sé go mbeadh spleáchas ar sholáthairí ó thrú tíortha mar thoradh ar easpa beart.

(339) Luaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin Tezcan go bhfuil allmhairí cruach á rialú cheana féin trí bhearta coimirce cruach agus go ndéanfar iad a rialú freisin le faireachán CBAM⁽⁵¹⁾ a thosóidh in 2023. D'athdhearbhaigh páirtithe eile, lena n-áirítear Rialtas na Tuirce, na bearta cosanta a bhaineann táirgeoirí an Aontais tairbhe as cheana féin. Diúltaíodh na maímh sin go léir: leis an imscrúdú frithdhumpála atá ann faoi láthair, tugtar aghaidh ar shaincheist ar leith nach gcumhdaítear go fóill le haon bheart atá ann cheana.

(340) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais bearta sealadacha a fhorchuir.

7.2. Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara

(341) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir leis an imscrúdú.

⁽⁵¹⁾ Féachann Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha ("CBAM") le hoibleagáidí nua a fhorchur ar tháirgeoirí eachtracha a onnmhairíonn táirgí áirithe (lena n-áirítear cruach) chuig an Aontas amhail ó 2023.

- (342) Tharraing an comhlachas Turcach CIB aird ar ghanntanais soláthair a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar allmhaireoirí san Aontas. Chinn an Coimisiún nach raibh údar leis an maíomh toisc, seachas táirgeacht fhlúirseach an Aontais, gur féidir le hallmhaireoirí agus slabhraí soláthair leas a bhaint as allmhairí ó roinnt mhaith tíortha. Ina theannta sin, ní chiallaíonn forchur na mbearta frithdhumpála go bhfuil toirmeasc ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Níor cheart go gcuirfeadh leibhéal na mbearta cosc ar dhéantóirí cruach na Tuirce agus na Rúise a CRS a dhíol san Aontas agus le hallmhaireoirí an Aontais ar phraghsanna córa. Diúltaíodh don mhaíomh.
- (343) Chuir CIB in iúl freisin go mbeadh tionchar diúltach ag na mbearta ar allmhaireoirí san Aontas toisc go raibh na hallmhaireoirí fós ag streachailt chun téarnamh ó phaindeim COVID-19. Níor chuir sé aon fhianaise i láthair chun tacú leis an maíomh agus dá bhrí sin diúltaíodh dó. Mar gheall ar easpa comhair ó na hallmhaireoirí, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh allmhaireoirí ag feidhmiú go dona nó nach raibh siad in ann méaduithe ar phraghsanna, dá mba ann dóibh, a chur ar aghaidh.

7.3. Leas úsáideoirí

- (344) Níor chomhoibrigh aon úsáideoir leis an imscrúdú.
- (345) Rinne Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa aighneacht inar iarradh ar mhonaróirí gluaisteán san Aontas a bheith díolmhaithe ó aon bheart a mbeadh tionchar diúltach aici ar a n-iomaíochas. Chinn an Coimisiún gur ar éigean a úsáideann an tionscal gluaisteán an táirge a chumhdaítear leis an imscrúdú seo agus, dá bhrí sin, nach mbeadh aon tionchar ábhartha ag bearta san earnáil sin.
- (346) Tharraing páirtithe a ghníomhaíonn ar son leasanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin aird ar ghanntanais soláthair a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar allmhaireoirí san Aontas. Líomhain na páirtithe go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais ag streachailt le hatosú a n-oibríochtaí agus nach raibh siad in ann éileamh méadaitheach a sholáthar ó chustaiméirí, go háirithe maidir le hábhair thanaí, ábhair chúnga, ábhair *galvalume* agus cornaí níos éadroime ná 10 dtona, táirgí nach mbeadh táirgeoirí de chuid an Aontais toilteanach a sholáthar go hiondúil. Ní raibh bunús leis an maíomh agus diúltaíodh dó ar na forais a mhínítear in aithris (342) thuas.
- (347) D'iarr an comhlachas Turcach CIB nach mbeadh aon bheart ann ar an bhforas gur chinn an Coimisiún in imscrúdú 2007 ar shnáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir ⁽⁵²⁾ nach raibh bearta chun leasa an Aontais, *inter alia*, mar gheall ar bhrabúis ísle na n-úsáideoirí agus a ndeacrachtaí méaduithe ar phraghsanna agus fadhbanna soláthair a chur ar aghaidh. Diúltaíodh don mhaíomh. Déantar an chuid den mhaíomh a bhaineann le fadhbanna soláthair a dhíol na forais a mhínítear in aithris (342) thuas.
- (348) Tar éis an nochta deiridh, chuir CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin in iúl go mbeadh praghsanna ceannaigh CRS méadaithe d'úsáideoirí i gceist le húsáid a bhaint as foinsí malartacha soláthair, mar a luaitear san aithris sin. Mheabhraigh an Coimisiún gurb é cuspóir na mbearta frithdhumpála deireadh a chur le hallmhairí ar phraghsa éagórach ar mhargadh an Aontais chun cothrom iomaíochta a athbhunú do na rannpháirtithe uile sa mhargadh. Cheistigh na páirtithe céanna freisin infhaighteacht na bhfoinsí malartacha a luaitear in aithris (342) toisc gurb iad allmhaireoirí SAM na táirgeoirí is airde ar leibhéal domhanda. Luaigh an Coimisiún go raibh sciar 9.9 % den mhargadh ag allmhairí ó thíortha seachas na tíortha lena mbaineann sa tréimhse imscrúdúcháin, in ainneoin na hiomaíochta éagóraí i margadh an Aontais ó na tíortha lena mbaineann a raibh sciar 12,9 % den mhargadh acu. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (349) Mar a luadh, níor fhreagair úsáideoirí ceistneoir na n-úsáideoirí agus dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon fhaisnéis maidir le brabúsacht úsáideoirí a bhailiú uathu. In Iarscríbhinn U-1 a ghabhann leis an ngearán, rinne na gearánaigh ríomh a léirigh gurb ionann CRS agus cuid dhiomaibhseach de chostas an táirge deiridh i gcás iarratais ar thógáil. De réir Eurofer, bheadh an rud céanna fíor i gcás deighleoga iartheachtacha eile ⁽⁵³⁾.

⁽⁵²⁾ Cinneadh ón gCoimisiún 2007/430/CE an 19 Meitheamh 2007 lena bhfoirceannantar na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir (PSF) de thionscnamh na Malaéisía agus na Téaváine agus lena scaoiltear na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna sealadacha arna bhforchur (IO L 160, 21.6.2007, lch. 30).

⁽⁵³⁾ Féach aighneacht Eurofer in t21.007474, *inter alia*

- (350) Tar éis an nochta deiridh, chuir CIB agus roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin in iúl nach raibh an fhaisnéis sin leordhóthanach ach theip orthu measúnú tionchair costais malartach fóinteach a sholáthar d'úsáideoirí. D'áitigh sé freisin, mar a rinne Rialtas na Rúise, gur tháinig borradh faoi phraghsanna CRS tar éis na tréimhse imscrúdúcháin agus go mbeadh tionchar mór ag an méadú is déanaí sin ar phraghsanna ar úsáideoirí.
- (351) Mheabhraigh an Coimisiún, san anailís ar leas an Aontais, gurb é ba cheart a bheith sa mheasúnú tionchair ábhartha le haghaidh na n-úsáideoirí, measúnú an tionchair, más ann dó, atá ag an mbeart frithdhumpála orthu, agus ní an tionchar atá ag ardú praghsanna, más ann dóibh ar chúiseanna eile. Níor chomhoibrigh úsáideoirí leis an imscrúdú agus dá bhrí sin ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin ar staid na n-úsáideoirí. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh.

7.4. Fachtóirí eile

- (352) Dúirt roinnt páirtithe go raibh lucht déanta cruach an Aontais ag iarraidh a n-olagaplacht a choinneáil i margadh an Aontais agus deireadh a chur leis an iomaíocht idirnáisiúnta. Luaigh siad go raibh sciar suntasach den saormhargadh ag táirgeoirí an Aontais cheana féin, cé nach raibh méideanna faoi chuing san áireamh sa chéatadán sin, agus go raibh eagla orthu monaplacht a bheith ann.
- (353) Chinn an Coimisiún nach raibh údar leis an maíomh olagaplachta, ós rud é, mar a luaitear in aithris (335), go bhfuil 20 táirgeoir aitheanta a bhaineann le níos mó ná 10 ngrúpa éagsúla ann mar aon le hallmhairí suntasacha ó thríú tíortha. In éagmais fianaise ar chleachtais neamhiomaíocha, níl bhaineann An sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais faoi láthair chun tacú leis na maímh sin i leith olagaplachta, gan trácht ar mhonaplacht fiú. Tagraíonn an Coimisiún dá Dhoiciméad Inmheánach Oibre ⁽⁵⁴⁾ le déanaí, inar luaigh sé “[s]a chomhdhlúthú mór le déanaí, inár chuir forfheidhmiú an rialaithe cumaisc le déanaí le hiomaíocht bhriomhar a choinneáil i margáil cruach na hEorpa chun leas an iliomad tionscal iartheachtach a úsáideann cruach, a bhraitheann ar ábhair inacmhainne chun dul san iomaíocht ar bhonn domhanda agus na milliúin Eorpach a fhostú. Trí thoirmeasc a chur ar chumaisc frith-iomaíochta (e.g. Tata Steel/ThyssenKrupp) nó cumaisc a fhormheas atá faoi réir coinníollacha, amhail dífheistithe struchtúracha (e.g. ArcelorMittal/Ilva), áirithíodh le forfheidhmiú cumasc nár fágadh go raibh níos lú rogha, praghsanna níos aire nó níos lú nuálaíocht ag custaiméirí cruach an Aontais.”. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

7.5. Conclúid maidir le leas an Aontais

- (354) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cúiseanna láidre ann nár chun leas an Aontais é bearta a fhorchur ar allmhairí CRS de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA

- (355) I bhfianaise na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, leis an díobháil, leis an gcúisíocht agus le leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinnititheacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála don tionscal de chuid an Aontais le hallmhairí dumpáilte den táirge lena mbaineann. Ba cheart dleachtanna frithdhumpála a shocrú i gcomhréir le rialail dleachta níos lú.
- (356) Luaigh an Coimisiún gur fhorchuir an tAontas, tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, mar gheall ar an ionsaí míleata a rinne Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, pacáistí smachtbhannaí i ndiaidh a chéile i gcoinne na Rúise a raibh tionchar acu freisin ar tháirgí cruach agus/nó ar na cuideachtaí cruach a tháirgeann agus a onnmhairíonn an táirge faoi imscrúdú tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Tá toirmeasc allmhairiúcháin ar CRS sa phacáiste smachtbhannaí is déanaí lena gcumhdaítear an táirge faoi imscrúdú agus/nó na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Tháinig an cosc sin i bhfeidhm an 16 Márta 2022 ⁽⁵⁵⁾. Ós rud é go bhfuil na smachtbhannaí sin nasctha leis an ionsaí míleata agus leis an mbunstaid gheopholaitiúil, ní féidir a raon feidhme, a modhnú agus/nó a ré a thuar. Thairis sin,

⁽⁵⁴⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún “I dtreo Cruach Eorpach atá Iomaíoch agus Glan”, SWD(2021) 353 final, 5.5.2021, lgh. 4-5.

⁽⁵⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1) arna leasú le Rialachán (AE) 2022/428 (IO L 87 I, 15.3.2022, lch. 13). Féach <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02014R0833-20220413> don leagan comhdhlúite de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ina bhfuil na leasuithe uile a bhaineann leis an bpacáiste smachtbhannaí.

maireann bearta frithdhumpála ar feadh tréimhse cúig bliana. I bhfianaise na héiginnteachta thuasluaite agus i bhfianaise go bhféadfaidh an Chomhairle raon feidhme beacht agus ré na smachtbhannaí a leasú a thuilleadh tráth ar bith, chinn an Coimisiún nach bhféadfadh baint a bheith acu lena chonclúidí san imeacht seo.

- (357) Ar bhonn a bhfuil thuas, rátaí na dleachta frithdhumpála cinnití, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, ba cheart iad a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
An Rúis	PJSC Magnitogorsk Iron and Steel Works	36,6 %
	Novolipetsk Steel	10,3 %
	PAO Severstal	31,3 %
	Gach cuideachta eile	37,4 %
An Tuirc	MMK Metalurji Sanayi Ticaret ve Liman İşletmeciliği A.Ş.	10,5 %
	TatMetal Çelik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	2,4 %
	Tezcan Galvanizli Yapi Elemanlari Sanayi ve Ticaret A.Ş.	11,0 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	8,0 %
	Gach cuideachta eile	11,0 %

- (358) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíortha lena mbaineann iad agus arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis a bhaineann leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le “gach cuideachta eile”. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

- (359) Féadfaidh cuideachta, i measc iad siúd a luaitear go sonrach sa Rialachán seo, a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm maidir léi má athraíonn sí ainm a heintitis amach anseo. Is chuig an gCoimisiún nach mór an iarraidh a sheoladh ⁽⁵⁶⁾. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéanann an t-athrú ar ainm na cuideachta difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

- (360) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith ag dleacht frithdhumpála gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú sin, ach, chomh maith leis sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

- (361) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d’údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d’allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le “gach cuideachta eile”.

⁽⁵⁶⁾ Commission européenne, direction générale du commerce, direction G, rue de la Loi 170, 1040 Bruxelles/Brussel, Belgique/België/An Bheilg.

- (362) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.
- (363) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den Bhunrialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

9. FORÁLACHA DEIRIDH

- (364) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁷⁾, nuair atá méid le haisiúc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.
- (365) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ⁽⁵⁸⁾, d'fhorchuir an Coimisiún beart coimirce maidir le táirgí cruach áirithe ar feadh tréimhse 3 bliana. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ⁽⁵⁹⁾, cuireadh síneadh leis an mbeart coimirce go dtí an 30 Meitheamh 2024. Tá an táirge lena mbaineann ar cheann de na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart coimirce. Dá bhrí sin, ón uair a shárófaí na taraif-chuótaí a shuítear faoin mbeart coimirce, bheadh an dleacht taraife os cionn an chuóta agus an dleacht frithdhumpála aron níochta ar na hallmhairí céanna. Toisc go bhféadfadh carnadh den sórt sin de bhearta frithdhumpála le bearta cosanta a bheith ina chúis le héifeacht ar thrádáil ar mó é ná mar atá inmhianaithe, chinn an Coimisiún cur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta frithdhumpála leis an dleacht taraife os cionn an chuóta thuas don táirge lena mbaineann a chosc ar feadh fhad fhorchur na dleachta cosanta.
- (366) Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus i gcás ina sáróidh sé leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála de bhun an Rialacháin seo, ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm comhthráthach na ndleachtanna coimirce agus frithdhumpála, déanfar bailiú na ndleachtanna a fhorchuirtear de bhun na Rialacháin seo a chur ar fionraí. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus ina mbeidh sí socraithe ag leibhéal níos ísle ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála sa Rialachán seo, baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus na ndleachtanna frithdhumpála níos airde a forchuirtear de bhun an Rialacháin seo. An chuid de mhéid na ndleachtanna frithdhumpála nár bailíodh, cuirfead ar fionraí í.
- (367) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den Rialachán (AE) 2016/1036,

⁽⁵⁷⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁽⁵⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha i gcoinne cineálacha áirithe táirgí cruach, (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

⁽⁵⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cruach IO L 225I, 25.6.2021, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam agus/nó maignéisiam, bídis cóimhiotalaithe le sileacan nó ná bídis; iad éighníomhaithe go ceimiceach; bíodh cóireáil dromchla bhreise amhail olú nó séalú orthu nó ná bíodh; ina bhfuil, de réir meáchain: cion nach mó ná 0,5 % de charbón, cion nach mó ná 1,1 % d'alúmanam, cion nach mó ná 0,12 % de niaibiam, cion nach mó ná 0,17 % de thiótániam agus cion nach mó ná 0,15 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcoraí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga, de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7210 41 00, ex 7210 49 00, ex 7210 61 00, ex 7210 69 00, ex 7210 90 80, ex 7212 30 00, ex 7212 50 61, ex 7212 50 69, ex 7212 50 90, ex 7225 92 00, ex 7225 99 00, ex 7226 99 30, ex 7226 99 70 (cóid TARIC: 7210 41 00 20, 7210 41 00 30, 7210 49 00 20, 7210 49 00 30, 7210 61 00 20, 7210 61 00 30, 7210 69 00 20, 7210 69 00 30, 7210 90 80 92, 7212 30 00 20, 7212 30 00 30, 7212 50 61 20, 7212 50 61 30, 7212 50 69 20, 7212 50 69 30, 7212 50 90 14, 7212 50 90 92, 7225 92 00 20, 7225 92 00 30, 7225 99 00 22, 7225 99 00 23, 7225 99 00 41, 7225 99 00 92, 7225 99 00 93, 7226 99 30 10, 7226 99 30 30, 7226 99 70 13, 7226 99 70 93, 7226 99 70 94.

Tá na táirgí seo a leanas eisiata:

- (i) de chruach dhosmálta, de chruach shileacain-leictreach, agus de chruach ardluais,
- (ii) gan oibriú breise déanta orthu seachas teorolladh nó fuar-rolladh (fuarlaghdú).

2. Rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithe is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh siad:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
An Rúis	PJSC Magnitogorsk Iron and Steel Works	36,6 %	C217
	Novolipetsk Steel	10,3 %	C216
	PAO Severstal	31,3 %	C218
	Gach cuideachta eile	37,4 %	C999
An Tuirce	MMK Metalurji Sanayi Ticaret ve Liman İşletmeciliği A.Ş.	10,5 %	C865
	TatMetal Çelik Sanayi ve Ticaret A.Ş.	2,4 %	C866
	Tezcan Galvanizli Yapı Elemanları Sanayi ve Ticaret A.Ş.	11,0 %	C867
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	8,0 %	
	Gach cuideachta eile	11,0 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinneollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údarais chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shaináithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena bhaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é in [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo'*. Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. I gcás ina dtagann an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 i bhfeidhm maidir le táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam agus/nó maignéisiam, bídis cóimhiotalaithe le sileacan nó ná bídis; iad éighníomhaithe go ceimiceach; bíodh cóireáil dromchla bhreise amhail olú nó séalú orthu nó ná bíodh; ina bhfuil, de réir meáchain: cion nach mó ná 0,5 % de charbón, cion nach mó ná 1,1 % d'alúmanam, cion nach mó ná 0,12 % de niaibiam, cion nach mó ná 0,17 % de thiótáiniam agus cion nach mó ná 0,15 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcoraí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), agus i gcás ina sáraíonn sé leibhéal coibhéiseach ad valorem na dleachta frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159.
2. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm mhír 1, cuirfear bailiú na ndleachtanna a forchuireadh de bhun an Rialacháin seo ar fionraí.
3. I gcás ina dtagann an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 i bhfeidhm maidir le táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach chóimhiotail nó de chruach neamh-chóimhiotail; iad plátáilte nó brataithe le galbhánú teothumtha le sinc agus/nó alúmanam agus/nó maignéisiam, bídis cóimhiotalaithe le sileacan nó ná bídis; iad éighníomhaithe go ceimiceach; bíodh cóireáil dromchla bhreise amhail olú nó séalú orthu nó ná bíodh; ina bhfuil, de réir meáchain: cion nach mó ná 0,5 % de charbón, cion nach mó ná 1,1 % d'alúmanam, cion nach mó ná 0,12 % de niaibiam, cion nach mó ná 0,17 % de thiótáiniam agus cion nach mó ná 0,15 % de vanaidiam; iad curtha i láthair i gcoraí, leatháin gearrtha san fhad iomchuí agus stiallacha cúnga, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), agus i gcás ina socraítear í ar leibhéal is lú ná an dleacht frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), déanfar an dleacht taraife os cionn an chóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 a bhailiú sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an dleacht frithdhumpála níos airde a leagtar amach in Airteagal 1(2).
4. An chuid de mhéid na dleachta frithdhumpála nár bailíodh de bhun mhír 3, cuirfear ar fionraí í.
5. Déanfar na tréimhsí fionraí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 a theorannú ó thaobh ama de do thréimhse chur i bhfeidhm na dleachta taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159.

Airteagal 3

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ón Tuirc a chur leis agus iad a chur faoi réir na meándleachta frithdhumpála ualaithe iomchuí le haghaidh na gcuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) níor onnmhairigh sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) de thionscnamh na Tuirce le linn na tréimhse imscrúdúcháin (1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020);
- (b) níl sé gaolmhar le honnmhairí nua le táirgeoir atá faoi réir na mbearta a fhorchuirtear leis an Rialachán seo; agus
- (c) d'onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó tá oibleagáid chonarthaigh neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Tuirce nár sampláadh:

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An Tuirc	Atakaş Çelik Sanayi Ve Ticaret A.Ş.	C868
An Tuirc	Borçelik Çelik Sanayii Ticaret A.Ş.	C606
An Tuirc	Ereğli Demir ve Çelik Fabrikaları T.A.Ş.	C869
An Tuirc	Erdemir Çelik Servis Merkezi San. ve T. A.Ş.	C870
An Tuirc	Tosyalı Toyo Çelik A.Ş.	C871
An Tuirc	Yildizdemir Çelik San.A.Ş.	C872

RIALACHÁN (AE) 2022/1396 ÓN gCOIMISIÚN**an 11 Lúnasa 2022**

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hocsáid eitiléine a bheith i mbreiseán bhia

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseán bhia ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseán bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ⁽³⁾ ón gCoimisiún, leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseán bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.
- (2) Féadfar na sonraíochtaí le haghaidh breiseán bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.
- (3) Is substaint cheimiceach thábhachtach í ocsáid eitiléine as a mbaintear an iliomad úsáidí, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as mar ghníomhaí steirilithe agus mar amhábh a úsáidtear chun táirgí éagsúla a mhonarú. Tá ocsáid eitiléine, áfach, ina substaint ar ábhar inní í agus a aicmítear mar shubstaint atá carcanaigineach, só-ghineach agus tocsaineach don atáirgeadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Níl sé formheasta mar tháirge bithicéideach faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ ná mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí cosanta plandaí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (4) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 nach bhféadfaidh ocsáid eitiléine a úsáid chun críocha steirilithe i mbreiseán bhia. Mar sin féin, níl aon teorainn chainníochtúil ann ó thaobh láithreach na ocsáide eitiléine maidir le gach breiseán bia. I gcomhréir leis an Rialachán sin leagtar amach teorainn nach mó ná 0,2 mg/kg ocsáide eitiléine le haghaidh na mbreiseán bia sin a n-úsáidtear ocsáid eitiléine le linn a dtáirgthe. Leagadh síos an teorainn den chéad uair le Treoir 2003/95/CE ón gCoimisiún ⁽⁷⁾, bunaithe ar an tuairim ón gCoiste Eolaíoch um Bia an 6 Bealtaine 2002 ⁽⁸⁾, a tháinig ar an gconclúid gur cheart iontógálacha ó fhoinsí bia a choinneáil chomh híseal is féidir ó tharla go bhfuil ocsáid eitiléine idir ghéineatocsaineach agus charcanaigineach, d'ainneoin go meastar na hiontógálacha ón mbeagán foinsí bia a n-úsáidtear ocsáid eitiléine lena monarú a bheith an-íseal.

⁽¹⁾ IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.

⁽²⁾ IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

⁽⁷⁾ Treoir 2003/95/CE ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena leasaítear Treoir 96/77/CE lena leagtar síos critéir shonracha íonachta maidir le breiseán bhia seachas dathanna agus milseoirí (IO L 283, 31.10.2003, lch. 71).

⁽⁸⁾ Tuairim ón gCoiste Eolaíoch um Bia maidir le heisíontais ocsáide eitiléine i mbreiseán bhia, an 17 Aibreán 2002.

- (5) Le déanaí, tháinig roinnt fógraí ón gCóras Mear-rabhadh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF) maidir le hocsáid eitleíne a fuarthas i roinnt earraí bia, agus go háirithe i roinnt breiseán bia a úsáidtear chun éagsúlacht earraí bia a mhonarú. Ar bhonn na bhfógraí sin agus ar bhonn faisnéise maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag Ballstáit, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2246 ón gCoimisiún⁽⁹⁾ leagadh síos bearta a mhéid a bhaineann le hearraí nach de bhunadh ainmhíoch a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha chun sláinte an duine a chosaint i ndáil leis an riosca féideartha a bhaineann le truailiú ó ocsáid eitleíne. Mar sin féin, d'fhéadfadh forfheidhmiú dhlí an Aontais deacrachtaí a chruthú, a mhéid a bhaineann le breiseáin bhia, toisc go bhfuil sé deacair a shuíomh an bhfuil láithreach na hocsáide eitleíne ina toradh ar a húsáid le linn na breiseáin bhia a steiriliú de shárú ar Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 nó an bhfuil sí ina toradh ar aon chúis eile.
- (6) Chun na deacrachtaí sin a sheachaint agus chun ardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh shláinte an duine, tá sé iomchuí dá bhrí sin a leagan síos nach n-údaraitear láithreach na hocsáide eitleíne le haghaidh na mbreiseán bia uile gan beann ar a foinse bhunaidh. Chun na críche sin, ba cheart teorainn uasta i gcomhair breiseáin bhia a shocrú ag an teorainn cainníochtaithe atá sna táirgí sin, is é sin, ag an íostiúchan iarmhar bailíochtaithe is féidir a chainníochtú agus a thuairisciú trí ghnáthfhaireachán le modhanna rialaithe bailíochtaithe. Chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a áirithiú⁽¹⁰⁾, go háirithe, leis na teorainneacha a leagtar síos ann maidir leis na hamhábhair atá le húsáid chun breiseáin bhia a tháirgeadh, ba cheart na hiarmhair ocsáide eitleíne a shainmhíniú sna téarmaí céanna is atá sa Rialachán sin.
- (7) Ag cur san áireamh gur dócha nach mbeidh aon éifeacht dhiúltach ag leasú na sonraíochtaí ar shláinte an duine, ní gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.
- (8) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2246 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 453, 17.12.2021, lch. 5).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéal iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs réamhráitigh “Nóta: Ní fhéadfar ocsaíd eitiléine a úsáid chun críoch steirilithe i mbreiseáin bhia”:

“Ní fhéadfar ocsaíd eitiléine a úsáid chun críoch steirilithe i mbreiseáin bhia.

Ní bheidh iarmhar os cionn 0,1 mg/kg, beag beann ar a thionscnamh d’ocsaíd eitiléine (suim ocsaíd eitiléine agus 2-clórai-eatánól arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine (*)) ann i mbreiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, lena n-áirítear meascáin de bhreiseáin bhia.

(*) i.e. ocsaíd eitiléine + 0,55* 2-clórai-eatánól.”;

- (2) sna hiontrálacha le haghaidh E 431 stéaráit pholocsa-eitiléine (40), E 432 monaláráit soirbhotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 20), E 433 mona-óláit soirbhotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 80), E 434 monapalmatáit soirbhotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 40), E 435 monaistéaráit soirbhotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 60), E 436 trístéaráit soirbhotáin pholocsa-eitiléine (polasorbáit 65), E 1209 comhpholaiméir nódaíthe alcóil polaivinile-gliocól poileitiléine agus E 1521 gliocól poileitiléine, faoin sonraíocht “Íonacht”, scriostar an ró “Ocsaíd eitiléine”.
-

CINNÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1397 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Lúnasa 2022

gan na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí Alcóil Polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 a chur ar fionraí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(4) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2016/1036,

De bharr an mhéid seo a leanas,

1. NÓS IMEACHTA

- (1) An 29 Meán Fómhair 2020, d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") dleacht frithdhumpála chinnitheach ar allmhairí Alcóil Polaivinile áirithe (PVA) isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an táirge lena mbaineann") le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún ⁽²⁾ ("an bun-Rialachán").
- (2) Tar éis fhorchur na mbeart, líomhain deich bpáirtí ⁽³⁾ gur tháinig athrú sealadach ar dhálaí an mhargaidh tar éis na tréimhse imscrúdúcháin ("IP")(an 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019) agus mhaígh siad gur cheart na bearta cinntitheacha a chur ar fionraí de bhun Airteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2016/1036 ón gCoimisiún ("an bun-Rialachán"), i bhfianaise na n-athruithe sin.
- (3) An 3 Meán Fómhair 2021, chinn an Coimisiún na héilimh ar fhionraí a scrúdú a thuilleadh agus d'iarr sé ar pháirtithe leasmhara san Aontas faisnéis a sholáthair maidir le "IP na fionraí" mar a thugtar air (i.e. an tréimhse tar éis an IP ó mhí Iúil 2020 go dtí mí an Mheithimh 2021) chun gur féidir scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na ndálaí athruithe líomhnaithe, más ann dó, ar mhargadh an Aontais.
- (4) Tar éis an nochta deiridh, chuir ceithre pháirtí leasmhar, Carbochem, Far Polymers, Gamma Chimica agus Jeniuschem, i gcoinne rogha an IP fionraí a rinne an Coimisiún.
- (5) Ina dtuairim, ba cheart do IP na fionraí tosú ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 agus ba cheart dó míonna Iúil agus Lúnasa 2021 a chumhdach freisin ós rud é gur iarr an Coimisiún na sonraí sin sa cheistneoir.
- (6) Fuair an Coimisiún an chéad éileamh ar fhionraí an 17 Meitheamh 2021 agus thionscain sé imscrúdú na fionraí an 3 Meán Fómhair 2021, agus é ag roghnú tréimhse 12 mhí roimh thaisceadh an éilimh, an tráth a líomhnaítear gur tháinig na hathruithe líomhnaithe ar dhálaí an mhargaidh.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ OJL 315, 29.9.2020, p. 1.

⁽³⁾ Carbochem Srl, Cordial Adhesives B.V., EOC Belgium NV, FAR Polymers Srl, Gamma Chimica SpA, Grünig KG, Jeniuschem SpA, Solutia Europe SPRL, Wacker Chemie AG, Wegochem Europe B.V..

- (7) Maidir le míonna Iúil agus Lúnasa 2021, d'iarr an Coimisiún sonraí maidir leis na míonna sin chun faisnéis a bhailiú ar éabhlóid an mhargaidh tar éis IP na fionraí. Ní raibh na sonraí sin ar fáil ag na páirtithe comhoibríocha uile áfach. Mar sin féin, nuair a bhí siad ar fáil, chuir an Coimisiún na sonraí le haghaidh mhí Iúil agus mhí Lúnasa 2021 san áireamh, mar a luaitear in aithris (53).
- (8) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (9) Faisnéis maidir leis an athrú sealadach líomhnaithe ar dhálaí an mhargadh, fuarthas í ó 2 tháirgeoir de chuid an Aontais agus ó 10 bpáirtí leasmhar, lena n-áirítear úsáideoirí, allmhairí agus comhlachais. Sholáthair táirgeoirí an Aontais an fhaisnéis ar iarradh maidir le táscairí díobhála áirithe freisin.
- (10) An 20 Bealtaine 2022, nocht an Coimisiún go raibh rún aige gan na bearta faoi Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán a chur ar fionraí. Tugadh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a thabhairt.

2. SCRÚDÚ AR DHÁLAÍ ATHRAITHE AN MHARGAIDH

- (11) Foráiltear le hAirteagal 14(4) den bhun-Rialachán go bhféadfar, chun leas an Aontais, bearta frithdhumpála a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil athrú sealadach tagtha ar dhálaí margaidh a mhéid nach dócha go ndéanfaí díobháil arís de bharr na fionraí. Fágann sin nach féidir bearta frithdhumpála a chur ar fionraí ach amháin i suíomh inar athraíodh dálaí an mhargaidh a mhéid nach bhfuil díobháil ábhartha á déanamh a thuilleadh do thionscal an Aontais, agus nach dócha go dtarlóidh an díobháil sin arís.

2.1. Torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála bunaidh

- (12) Léirigh an t-imscrúdú ba chúis leis an Rialachán gur le linn na tréimhse faoi bhreathnú (2016 - Meitheamh 2019), tháinig méadú 53 % ar allmhairí na Síne, agus ghnóthaigh siad sciar margaidh [30 % - 35 %] sa tréimhse imscrúdúcháin (mí Iúil 2018 - mí an Mheithimh 2019), aníos ó 22 % in 2016. An tráth céanna, chuaigh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas agus léirigh sé treoacht dhiúltach i dtaca leis na mórtháscairí go léir: Táirgeacht (-12 %), Díolacháin AE (-27 %), an sciar den mhargadh (ó [35 % - 40 %] go [25 % - 30 %]) agus Brabúsacht (ó [-0,5 % go -5 %] go [-10 % go -15 %] sa tréimhse imscrúdúcháin). Ar an mbonn sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín.

2.2. Anailís ar athruithe ar dhálaí an mhargaidh le linn tréimhse imscrúdúcháin na fionraí

- (13) Na hathruithe sealadacha líomhnaithe ar dhálaí an mhargaidh iar-IP, is éard a bhí i gceist leo, cur isteach ar shlabhra soláthair an phríomh-amhábhair monaiméir vinilaicéatáite (VAM), in éineacht le méadú mór ar chostais loingseoireachta, rud a ba chúis le ganntanas domhanda an táirge lena mbaineann agus le méaduithe móra ar phraghsanna.
- (14) Ar bhonn na hanailíse ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe leasmhara tar éis iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis bhreise, iad cros-seiceáilte leis na sonraí a bailíodh le linn an imscrúdaithe, chinn an Coimisiún gur cuireadh isteach go sealadach ar an slabhra domhanda soláthair i ndáil le VAM. Ba iad na stoirmeacha geimhreadh i mí Feabhra 2021 in Texas ba chúis leis an gcur isteach sin go príomha. Mar gheall ar an eachtra sin, bhí ar gach mórtháirgeoir VAM i SAM stad a chur leis an táirgeadh go sealadach agus *force majeure* a agairt le haghaidh a sheachadtaí, rud a chruthaigh ganntanas domhanda VAM, agus PVA dá bhrí sin, sa chéad leath de 2021. Léirigh an anailís gurbh í an phríomhfhadhb a bhain le soláthar PVA nach raibh ann d'fhoinní malartacha soláthair (eadhon SAM agus an tSeapáin), mar a mhínítear i roinn 2.3.2. Mar sin féin, idir an dá linn, tá an staid ina ceart arís, agus meastar go mbeidh na gnáthmhéideanna táirgeachta ann arís i rith 2022.
- (15) Tar éis an nochta deiridh, chuir Ahlstrom-Munksjö, Carbochem, Cepi, Far Polymers, Gamma Chimica agus Jeniuschem i gcoinne chonclúid an Coimisiúin maidir le gnáthmhéideanna táirgeachta VAM a bheith ar ais.
- (16) D'áitigh na páirtithe go bhfuil ganntanas VAM fós ann toisc, dar le foilseacháin áirithe, go bhfuil táirgeoirí SAM fós ag agairt *force majeure* maidir le seachadtaí VAM agus dá bhrí sin ní féidir a chinneadh go mbeidh gnáthmhéideanna táirgeachta ann arís.

- (17) Níor mhór diúltú don mhaíomh sin. Ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar thionchar na stoirmeacha geimhrídh in Texas mar cheann de na príomhchúiseanna le dálaí athruithe an mhargaidh a luaitear sna héilimh ar fionraí. Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil deireadh iomlán nach mór le héifeacht na stoirmeacha geimhrídh in 2021. Léirigh na sonraí a sholáthair ceann de na mórtháirgeoirí VAM in SAM go raibh a tháirgeacht ar ais ar an ngnáthleibhéal sa dara ráithe de 2021 agus gur sháraigh sí an leibhéal a bhí ann roimh an stoirm sa tríú ráithe de 2021. Ar an dara dul síos, tagraíonn an dearbhú *force majeure* a luaigh na páirtithe do theagmhais a tharla tar éis IP na fionraí agus rinne sé difear do tháirgeoirí aonair i gcás imeachtaí sonracha agus nach ionann é agus athrú foriomlán ar dhálaí an mhargaidh.
- (18) Mhaígh úsáideoirí freisin gur laghdaigh an tSín a tháirgeacht PVA tar éis fhorchur na mbeart. Líomhnaítear gur tharla an laghdú sin toisc go raibh VAM i mbeagán soláthar sa tSín mar gheall ar athruithe beartais ó Rialtas na Síne, lena n-áirítear beartais um rialú déach ar fhuinneamh agus beartais um íoslaghdú truaillithe agus caomhnú fuinnimh do Chluichí Oilimpeacha an Gheimhrídh 2022. Ní hamháin go n-úsáidtear VAM chun PVA a tháirgeadh, ach is táirge ceimiceach caighdeánach é a bhfuil roinnt feidhmeanna úsáide aige. Mhaígh na húsáideoirí gur mhéadaigh praghsanna VAM go dtí an pointe go raibh sé níos brabúsaí do tháirgeoirí na Síne díriú ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin VAM seachas VAM a thiontú go PVA.
- (19) Níor dheimhnigh na sonraí a bailíodh san imscrúdú, áfach, an líomhain sin. Níor tháinig athrú suntasach ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Síne go dtí an Aontais le linn IP na fionraí i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh, mar a mhínítear i roinn 2.3.2. Ina theannta sin, agus anailís á déanamh ar mhéideanna onnmhairiúcháin foriomlána PVA ón tSín, thug an Coimisiún dá aire go raibh na cainníochtaí a onnmhairíodh fós mar an gcéanna le linn an IP na fionraí i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh (féach Tábla 1). Níor tháinig laghdú ach ar na honnmhairí chuig an Aontas, ach rinneadh an laghdú sin a chúiteamh le méadú comhionann ar onnmhairí go dtí an Chóiré, an Mhalaeisia, Singeapór agus Vítneam. Dá bhrí sin, ní raibh aon tionchar ag an nganntanas líomhnaithe VAM ar acmhainneacht táirgeachta tháirgeoirí PVA na Síne agus ba é toradh na ndleachtanna frithdhumpála ar allmhairí PVA ón tSín go príomha an laghdú ar mhéideanna na n-allmhairí isteach san Aontas.

Tábla 1

Onnmhairí PVA ón tSín (Tonaí)

Tír chinn scríbe	An tréimhse imscrúdúcháin (IP)	IP na fionraí
AE 27	53 602	31 300
An Bhrasaíl	6 075	6 097
Ceanada	2 626	2 903
An India	16 421	19 651
An Indinéis	8 412	7 472
An Chóiré Theas	5 957	13 788
An Mhalaeisia	5 304	12 950
An Phacastáin	9 106	11 095
Singeapór	3 828	5 120
An Téalainn	3 557	3 071
An Tuirc	8 111	7 984
Stáit Aontaithe Mheiriceá	3 973	3 589
Vítneam	4 416	6 293
IOMLÁN	131 388	131 313

Foinse: Global Trade Atlas

- (20) Luaigh na húsáideoirí fadhbanna maidir leis an slabhra soláthair a bhain le paindéim COVID-19. Go deimhin, mar gheall ar an easpa coimeádán loingseoireachta, tháinig méadú ar na rátaí loingseoireachta, go háirithe ón tSín agus trasna an Aigéin Atlantaigh, rud a chuir isteach go páirteach ar shlabhraí iompair domhanda.
- (21) Ar deireadh, d'áitigh allmhaireoirí agus úsáideoirí nach bhfuil tionscal an Aontais fós in ann freastal ar éileamh iomlán an Aontais ar PVA. Thug an Coimisiún dá aire, cé gur thosaigh tionscal an Aontais ag méadú a tháirgeachta tar éis fhorchur na mbeart, nach raibh sé in ann freastal ar éileamh iomlán an Aontais le linn IP na fionraí, go páirteach mar gheall ar a mhéid a laghdaigh sé a acmhainneacht roimhe sin agus ar ghanntanas domhanda VAM. Ní chúinse nua é sin in aon chás, toisc nach raibh tionscal an Aontais in ann an tomhaltas iomlán PVA san Aontas a sholáthar le linn IP an imscrúdaithe bunaidh. Mar sin féin, ní coinníoll margaidh é acmhainneacht soláthair an Aontais chun na bearta a chur ar fionraí.
- (22) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Ahlstrom-Munksjö, Carbochem, Cepi, Far Polymers, Gamma Chimica agus Jeniuschem, gur dhiúltaigh an Coimisiún a chur san áireamh mar dhála athraithe nach raibh tionscal an Aontais in ann éileamh an Aontais a sholáthar, fiú gur ghlac an Coimisiún go sainráite gur iarmhairt dhíreach ar ghanntanas VAM é neamhábaltacht thionscal an Aontais soláthar a dhéanamh.
- (23) Mar a mhínítear in aithris (21), ní raibh tionscal an Aontais in ann éileamh iomlán an Aontais a sholáthar fiú roimh an nganntanas VAM agus níor laghdaigh sé go mór a leibhéil táirgeachta le linn IP na fionraí, mar a mhínítear in aithrisí (36) agus (37). A mhálairt ar fad, léirítear go soiléir i dtábla 2 gur laghdú suntasach ar allmhairí ba chúis leis an laghdú ar an soláthar ar mhargadh an Aontais, rud nach raibh mar thoradh ar easpa táirgeachta ó thionscal an Aontais. Ní féidir a mheas, dá bhrí sin, gur athrú é ar dhálaí an mhargaidh a thugann údar leis na bearta atá ann cheana a chur ar fionraí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

2.3. Staid thionscal an Aontais le linn IP na fionraí

- (24) Bhí meastóireacht ar na príomhtháscairí eacnamaíocha a raibh tionchar acu ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais le linn IP na fionraí san áireamh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (25) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Ahlstrom-Munksjö go ndearna an Coimisiún comparáid idir IP na fionraí agus an staid a bhí ann in 2016, agus ba cheart é a cur i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh.
- (26) Níor mhór diúltú don mhaíomh sin. Is léir go ndearna an Coimisiún comparáid idir an staid le linn IP na fionraí agus an staid le linn IP an imscrúdaithe bunaidh. Ina theannta sin, chuir sé roinnt táscairí i gcomparáid le staid thionscal an Aontais in 2016, roimh an méadú ar allmhairí dumpáilte díobhálacha ón tSín.

2.3.1. Tomhaltas an Aontais

- (27) Bhí tomhaltas ar an saormhargadh 52 % níos ísle le linn le linn IP na fionraí i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh. Is féidir an laghdú sin a chur i leith laghdú na n-allmhairí ós rud é, mar a mhínítear i roinn 2.3.4, gur fhan díolacháin thionscal an Aontais cobhsaí. Ní raibh tionchar ag na forbairtí sin ar thomhaltas le haghaidh úsáid faoi chuing agus bhí sé cobhsaí i gcónaí.

2.3.2. Allmhairí ón tír lena mbaineann agus ó thríú tíortha

Tábla 2

Allmhairí ón tSín agus ó thríú tíortha

	An tréimhse imscrúdú-cháin (IP)	R3 2020	R4 2020	R1 2021	R2 2021	H2 2020	H1 2021	IP na fionraí
Allmhairí ón tSín (tonaí)	53 930	6 668	650	6 250	6 994	7 318	13 244	20 562

Innéacs IP an imscrúdaithe bunaidh = 100 ⁽⁴⁾	100	49	5	46	52	27	49	38
Allmhairí ó thríú tíortha eile (tonaí)	60 623	2 186	1 217	6 292	3 956	3 403	10 248	13 651
Innéacs IP = 100	100	14	8	42	26	11	34	23

Foinse: Bunachar sonraí Comext

- (28) Tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó na príomhthíortha onnmhairiúcháin, eadhon an tSín, an Téaváin, an tSeapáin agus SAM, le linn IP na fionraí i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh. Ó thaobh na méideanna de, ba é an laghdú ar allmhairí ó SAM an laghdú ba shuntasáí.
- (29) San anailís a rinneadh ar an staid, léiríodh gur meascán de thosca ba chúis leis an laghdú mór sin ar allmhairí. Ar an leibhéal domhanda, tháinig laghdú ar allmhairí i gcomhthráth leis na fadhbanna domhanda maidir leis an slabhra soláthair a bhain le paidéim COVID-19. I gcás na Síne, áfach, tharla laghdú in allmhairí i gcomhthráth le forchur na mbeart ar allmhairí PVA ón tSín, toisc gur lean méid iomlán na n-onnmhairí ón tSín chuig na cinn scríbe eile de bheith cobhsaí, mar a mhínítear i roinn 2.2. Maidir leis na Stáit Aontaithe, ba mheasa fós an laghdú ar allmhairí i ngeall ar an nganntanas VAM de bharr na stoirmeacha geimhridh.
- (30) Mar thoradh ar na tosca sin ar fad, bhí táirgeacht teoranta PVA ar fáil lena n-onnmhairiú, agus tháinig laghdú mór sa dara leath de 2020. D'imir stoirmeacha an gheimhridh i Stáit Aontaithe Mheiriceá tionchar arís ar an téarnamh tosaigh a tharla sa chéad leath de 2021. Mar sin féin, ós rud é go raibh an damáiste a rinneadh le linn na stoirme geimhridh i SAM in 2021 an-teoranta, tá deireadh leis an ganntanas VAM cheana féin nach mór. De réir na faisnéise a chuir táirgeoirí an Aontais ar fáil, tá táirgeacht VAM sna Stáit Aontaithe, ag téarnamh tar éis na stoirme geimhridh ón gcéad leath de 2022 i leith.
- (31) In ainneoin an laghdú suntasach (faoi 62 %), bhí cainníochtaí suntasacha d'allmhairí ón tSín fós ann tar éis an IP. Thairis sin, ní raibh meánphraghsanna allmhairiúcháin ón tSín ach 2 % níos airde i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh. Tá siad fós 4 % níos ísle, ar an meán, ná praghas neamhdhíobhálacha Thionscal an Aontais ⁽⁵⁾, mar a suíodh san imscrúdú bunaidh. Ina theannta sin, tá meánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne gan na dleachtanna frithdhumpála 38 % níos ísle ar an meán ná an praghas neamhdhíobhálach.

Tábla 3

praghsanna allmhairiúcháin na Síne

	An tréimhse imscrúdúcháin (IP)	R3 2020	R4 2020	R1 2021	R2 2021	H2 2020	H1 2021	IP na fionraí
Praghas allmhairiúcháin na Síne (EUR/tona)	1 498	1 370	1 346	1 393	1 835	1 368	1 627	1 535
Innéacs IP an imscrúdaithe bunaidh = 100	100	91	90	93	122	91	109	102

Foinse: Bunachar sonraí Comext

- (32) Tar éis an nochta, d'áitigh Ahlstrom-Munksjö gur cuireadh staid iomlán nach mór le hallmhairí ón tSín tar éis fhorchur na mbeart, agus níor cuireadh iallach ar úsáideoirí PVA san Aontas an táirge de thionscnamh na Síne a cheannach arís go dtí go raibh ganntanas PVA ann mar gheall ar fhadhbanna le soláthar VAM. Dá bhrí sin, dar leis, ní fhéadfadh tionscal an Aontais a bheith i staid fhorbhásach mar thoradh ar allmhairí PVA ón tSín.

⁽⁴⁾ Chun comparáid fhóinteach a dhéanamh, déantar an t-innéacs ráithiúil a ríomh de réir ¼ den mhéid bliantúil sa tréimhse imscrúdúcháin, agus déantar na hinnéacsanna leathbhliana a ríomh de réir ½ den mhéid chéanna.

⁽⁵⁾ Tar éis coigeartuithe i leith dleachtanna custaim, dleachtanna frithdhumpála agus costais iar-allmhairiúcháin.

- (33) Ar an gcéad dul síos, shoiléirigh an Coimisiún nach toisc ábhartha é, sa nós imeachta reatha, a shuí an bhfuil cúisíocht idir an staid dhíobhálach a aimsíodh agus na hallmhairí atá i gceist. Mura bhfuil sé d'acmhainn ag tionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar allmhairí ar phraghas íseal, ní dócha go gcuirfí na bearta reatha ar fionraí ós rud é nach bhféadfadh fionraí den sórt sin ach staid thionscal an Aontais a dhéanamh níos measa. Dá réir sin, níorbh é conclúid an Choimisiúin go bhfuil tionscal an Aontais i staid forbhásach mar gheall ar na hallmhairí reatha ón tSín.
- (34) Ar an dara dul síos, bhíothas ag súil leis an laghdú ar allmhairí ón tSín mar thoradh ar na dleachtanna frithdhumpála. Mar sin féin, tá acmhainneacht táirgeachta na Síne fós ar fáil agus tá éileamh fós ar allmhairí Síneacha san Aontas. Tá méideanna suntasacha fós á gceannach ag úsáideoirí PVA de chuid an Aontais ón tSín, mar a léirítear in aithris (31), ach ar phraghsanna cothroma. Ina theannta sin, in ainneoin na ndleachtanna frithdhumpála, tá brabús fós le déanamh ag úsáideoirí, mar a mhínítear in aithris (66). Tugtar le tuiscint leis sin go bhfuil an éifeacht a bhí beartaithe ag na dleachtanna frithdhumpála á baint amach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

2.3.3. Táirgeacht agus acmhainneacht táirgeachta

- (35) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn IP na fionraí:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	An tréimhse imscrúdúcháin (IP)	R3 2020	R4 2020	R1 2021	R2 2021	H2 2020	H1 2021	IP na fionraí
An méid táirgeachta (tonaí)	[80 000 – 90 000]	[15 000 – 20 000]	[15 000 – 20 000]	[20 000 – 25 000]	[20 000 – 25 000]	[30 000 – 40 000]	[40 000 – 50 000]	[80 000 – 90 000]
Innéacs IP an imscrúdaithe bunaidh = 100	100	75	90	102	113	83	108	95
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[100 000 – 120 000]	[20 000 – 30 000]	[20 000 – 30 000]	[20 000 – 30 000]	[20 000 – 30 000]	[50 000 – 60 000]	[50 000 – 60 000]	[100 000 – 120 000]
Innéacs IP = 100	100	100	100	100	100	100	100	100

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (36) Tháinig laghdú 5 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais ar an iomlán in IP na fionraí i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh, cé nár athraigh an acmhainneacht. Mar sin féin, léiríonn anailís ráithiúil pictiúr níos caolchúiseach.
- (37) Bhí méid táirgeachta thionscal an Aontais ag laghdú fós sa chéad ráithe de IP na fionraí mar tharla sé i gcomhthráth leis an ráithe dheireanach sular forchuireadh na bearta, agus dá bhrí sin bhí brú na n-allmhairí dumpáilte ón tSín fós ar thionscal an Aontais. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, tar éis na dleachtanna frithdhumpála a fhorchur, tháinig méadú arís ar na méideanna táirgeachta, sa dara leath de IP na fionraí, leibhéal a bhí 8 % níos airde ná an méid le linn IP an imscrúdaithe bunaidh.

2.3.4. Méid na ndíolachán

- (38) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais le linn IP na fionraí.

Tábla 5

Méid na ndíolachán agus praghsanna díola

	An tréimhse imscrúdúcháin (IP)	R3 2020	R4 2020	R1 2021	R2 2021	H2 2020	H1 2021	IP na fionraí
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[40 000–50 000]	[5 000–10 000]	[5 000–10 000]	[10 000–15 000]	[10 000–15 000]	[15 000–20 000]	[25 000–30 000]	[40 000–50 000]
Innéacs IP an imscrúdaithe bunaidh = 100	100	77	80	119	118	79	118	99
Praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais (EUR/tona)	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5
Innéacs IP an imscrúdaithe bunaidh = 100	100	98	100	100	105	99	103	101
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5	1,5-2,5
Innéacs IP an imscrúdaithe bunaidh = 100	100	76	74	85	92	75	88	83

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (39) D'fhan méid na ndíolachán san Aontas measartha cobhsaí ar leibhéal IP an imscrúdaithe bunaidh. Is amhlaidh atá freisin i gcás na bpraghsanna díola. Bhí meánphraghas PVA thionscal an Aontais le linn IP na fionraí 1 % níos airde ná mar a bhí sé in IP an imscrúdaithe bunaidh. Mar sin féin, mar a luaitear i gcás an méid táirgeachta, thosaigh treocht i bhfad níos ísle de bheith ann maidir le cainníochtaí agus praghsanna araon sa chéad leath de IP na fionraí. Ach ansin, nuair a tháinig na dleachtanna frithdhumpála i bheidh, thosaigh an dá rud ag méadú agus sa ráithe dheireanach, shroich siad leibhéal a bhí 18 % agus 5 % níos airde faoi seach ná mar a bhí in IP an imscrúdaithe bunaidh.
- (40) Tháinig laghdú ar chostas táirgthe PVA le linn an chéad dá ráithe de IP na fionraí, agus iad ag leanúint na treochta domhanda VAM a bhí ag dul síos. Mar sin féin, ón tríú ráithe i leith, a tharla i gcomhthráth leis na fadhbanna soláthair VAM in SAM atá luaite i roinn 2.3.2, tháinig méadú 14 % arís ar an gcostas táirgthe i gcomparáid leis an dara ráithe de IP na fionraí, de réir na bpraghsanna VAM a bhí ag ardú.
- (41) Tar éis an nochta deiridh, chuir Ahlstrom-Munksjö, Carbochem, Cepi, Far Polymers, Gamma Chimica agus Jeniuschem i gcoinne chonclúid an Coimisiúin maidir le praghsanna díola thionscal an Aontais.
- (42) D'áitigh Ahlstrom-Munksjö go bhfuil na praghsanna onnmhairiúcháin ón tSín tar éis ardú níos mó ná praghsanna thionscal an Aontais agus, san am céanna, tá laghdú suntasach tagtha ar chostas táirgthe thionscal an Aontais in aghaidh an aonaid. Dar le Ahlstrom-Munksjö, bhí an laghdú sin ina chúis leis an méadú 18 % ar bhrabúsacht an Aontais.
- (43) Is léir go bhfuil an anailís sin mícheart. Ar an gcéad dul síos, níor mhéadaigh praghsanna allmhairiúcháin na Síne in IP na fionraí ach pointe céatadán amháin níos mó ná praghsanna thionscal an Aontais, agus ina ainneoin sin, ghearr siad fós faoi phraghas neamhdhíobhálach thionscal an Aontais, fiú agus na dleachtanna frithdhumpála san áireamh. Ar an dara dul síos, léirigh an anailís a rinneadh de réir na ráithe ar costas aonaid an táirgthe gur tar éis laghdú tosaigh sa chéad dá ráithe de IP na fionraí, thosaigh sé ag méadú arís (de réir treocht aníos na bpraghsanna VAM). Sa ráithe dheiridh de IP na fionraí, bhí an costas táirgthe 21 % níos airde ná mar a bhí sa chéad ráithe agus, sa tréimhse cheannta, tháinig méadú 7 % ar phraghsanna thionscal an Aontais. Lig sé sin do thionscal an Aontais filleadh ar bhrabúsacht ach deimhníonn sé freisin go raibh an treocht in airde sin an-nua (baineann sé leis an ráithe dheiridh amháin) agus nach raibh sé sách láidir chun an spriocbhrabús a bhaint amach, mar a mhínítear san aithris (49).

- (44) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (45) Mhaígh Carbochem, Far Polymers, Gamma Chimica agus Jeniuschem, gur bhunaigh an Coimisiún a mheastóireacht ar na sonraí a chuir táirgeoirí an Aontais ar fáil ina gcuid freagraí ar an gceistneoir ar thaobh amháin, ach nár chuir sé san áireamh an fhaisnéis a chuir na húsáideoirí comhoibríocha ar fáil maidir leis an bpraghas a chuireann tionscal an Aontais i bhfeidhm ar an taobh eile.
- (46) Meánphraghas díola thionscal an Aontais mar a shuigh an Coimisiún, ríomhtar é ar dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais le linn IP na fionraí. Níor sholáthair na húsáideoirí comhoibríocha faisnéis ar thairiscintí praghsanna ach amháin maidir le gráid shonracha PVA le haghaidh custaiméirí sonracha. Ní féidir a mheas go bhfuil na tairiscintí sin ionadaíoch don mhargadh iomlán agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a úsáid mar thagamharcanna le haghaidh mheánphraghas díola thionscal an Aontais ná le haghaidh an mheánphraghais allmhairiúcháin ón tSín.
- (47) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh seo.

2.3.5. Brabúsacht

- (48) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht tháirgeoirí a Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin na fionraí:

Tábla 6

Brabúsacht

	An tréimhse imscrúdúcháin (IP)	R3 2020	R4 2020	R1 2021	R2 2021	H2 2020	H1 2021	IP na fionraí
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 10 % go - 15 %	- 10 % go - 15 %	0 % go 5 %	5 % go 10 %	0 % go 5 %	- 5 % go 0 %	2 % go 7 %	- 2 % go 3 %

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

- (49) D'éirigh le tionscal an Aontais brabús a dhéanamh le linn thréimhse IP na fionraí. Cé gur léir gur feabhas é sin i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh, i gcás ina raibh cailteanas [-10 % go -15 %] ar láimhdeachas i dtionscal an Aontais, tá brabúsacht an Aontais fós i bhfad faoi bhun an spriocbhrabúis (6 %). Rinneadh an méadú ar phraghsanna díola a fhritháireamh go pointe áirithe mar gheall ar na costais táirgthe a bhí ag ardú i ngeall ar phraghas méadaithe na n-amháibhar agus coigeartú praghais moillithe, mar thoradh ar na comhaontuithe conarthacha le custaiméirí.
- (50) Tar éis an nochta, chuir Ahlstrom-Munksjö agus Cepi in aghaidh chonclúidí an Choimisiúin maidir le brabúsacht thionscal an Aontais.
- (51) D'áitigh Ahlstrom-Munksjö, in ainneoin na méideanna allmhairiúcháin suntasacha ón tSín a líomhnaítear, go raibh tionscal an Aontais in ann feabhas suntasach a chur ar a bhrabúsacht.
- (52) Níor chuir an Coimisiún i gcoinne gur mhéadaigh tionscal an Aontais a bhrabúsacht, mar thoradh ar na dleachtanna frithdhumpála. Mar a mhínítear in aithris (49), áfach, tá an brabús a ghnóthaigh tionscal an Aontais fós i bhfad níos ísle ná an spriocbhrabús a suíodh san imscrúdú bunaidh.

2.3.6. Conclúid maidir le staid thionscal an Aontais

- (53) Ní léir ón anailís ráithiúil ar IP na fionraí agus ar fhorbairtí ina dhiaidh sin go bhfuil feabhas buan tagtha ar staid thionscal an Aontais. Is fíor gur tháinig méadú 8 % ar an méid táirgeachta le linn an dara seimeastar de IP na fionraí agus gur mhéadaigh an méid díolachán 18 %, i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh. Mar sin féin, níor mhair sé sin i bhfad toisc gur thosaigh brabúsacht thionscal an Aontais ag laghdú arís ón gceathrú ráithe i leith. Is féidir é seo a mhíniú leis an méadú suntasach ar phraghas VAM agus an méadú mar thoradh air sin ar an gcostas táirgthe le haghaidh PVA, cé nár lean praghsanna PVA an méadú ar an gcostas táirgthe láithreach. Ó sonraí lasmuigh de IP na fionraí a bailíodh le linn an imscrúdaithe, tugtar faoi deara gur tháinig méadú 57 % ar phraghsanna VAM sa tréimhse ó Aibreán 2021 go Meán Fómhair 2021, agus gur tháinig méadú 28 % ar an gcostas táirgthe le haghaidh PVA, ach níor mhéadaigh praghsanna PVA ach 26 %.

3. AN DÓCHÚLACHT GO DTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS

- (54) Le linn IP na fionraí, tháinig laghdú beag 1 % ar dhíolachán táirgeoirí an Aontais san Aontas le páirtithe neamhghaolmhara i gcomparáid le IP, agus tháinig méadú 1 % ar phraghsanna díola. Mar sin féin, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le bliain tagartha na tréimhse faoi bhreathnú (is é sin 2016), bhí díolacháin san Aontas 28 % ní b'ísle go fóill. Tháinig laghdú 5 % ar úsáid acmhainneachta, cé nár athraigh an acmhainneacht. Mar sin féin, i gcomparáid le 2016, tháinig laghdú 20 % ar na méideanna táirgeachta agus ar úsáid acmhainneachta le linn IP na fionraí.
- (55) San am céanna, bhí cainníochtaí na n-allmhairí ón tSín fós suntasach le linn IP na fionraí. Thairis sin, in ainneoin na líomhna, níor tháinig athrú suntasach ar acmhainneacht táirgeachta tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ná ar a n-iompraíocht praghsála i gcomparáid le torthaí an imscrúdaithe bunaidh.
- (56) Mar a mhínítear i ranna 2.2 agus 2.3, d'fhan méid táirgeachta na Síne mar an gcéanna le linn IP na fionraí i gcomparáid le IP an imscrúdaithe bunaidh, agus tá praghsanna allmhairiúcháin Síneacha fós faoi bhun praghsanna neamhdhíobhálacha thionscal an Aontais.
- (57) Ar bhonn a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún gur bhain tionscal an Aontais tairbhe as forchur na mbeart ar allmhairí PVA ón tSín, rud a chuir ar a chumas do thionscal an Aontais, go pointe áirithe, a phraghsanna díola ar mhargadh an Aontais a mhéadú le linn IP na fionraí, mar atá léirithe ag treocht dhearfach táscairí áirithe amhail méid na díolachán, praghsanna díola agus brabúsacht. Mar sin féin, ní raibh na comharthaí téarnaimh sin láidir go leor agus tharla siad, go dtí seo, i dtréimhse ghearr ama amháin. Chuir an Coimisiún san áireamh freisin iompraíocht praghsála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha le linn IP na fionraí, chomh maith leis an bhféidearthacht go dtosófaí arís go tobann ar an méadú ar allmhairí PVA ón tSín ós rud é, mar a mhínítear i roinn 2.3, nach raibh aon tionchar ag an nganntanas líomhnaithe VAM ar acmhainneacht táirgeachta na Síne ná ar leibhéal onnmhairiúcháin.
- (58) Dá bhrí sin, ní féidir a chinneadh nach dócha go dtarlóidh díobháil arís in éagmais na beart, má chuirtear na bearta ar fionraí. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár léirigh an fhianaise gur tháinig athrú sealadach ar dhálaí an mhargaidh a mhéid nach dócha go ndéanfaí díobháil arís de bharr na bearta a chur ar fionraí.
- (59) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Ahlstrom-Munksjö go raibh laghdú 1 % ar méid na ndíolachán ag tionscal an Aontais le linn IP na fionraí i gcomparáid leis an IP bunaidh, ach gur tháinig méadú 18 % air sa chéad leath de 2021 i gcomparáid leis an IP bunaidh. Ina thuairim, bréagnaíonn sin conclúid an Choimisiúin gur dócha go dtarlóidh díobháil arís in éagmais na mbeart.
- (60) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 agus ag an nganntanas VAM ar an gcéad leath de IP na fionraí. Sa dara leath, bhí tionscal an Aontais, agus tairbhe á baint aige as na bearta, in ann a tháirgeacht a mhéadú chun éileamh an Aontais a chomhlíonadh. Cé gur comhartha soiléir téarnaimh é sin, léirigh an t-imscrúdú an méid seo a leanas: (i) tá acmhainneacht bhreise shuntasach fós ar fáil do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus go bhfuil siad ag onnmhairiú méideanna suntasacha isteach san Aontas cheana féin fiú agus na dleachtanna i bhfeidhm, (ii) tá a bpraghsanna fós ag gearradh faoi phraghsanna an Aontais fiú agus na dleachtanna frithdhumpála san áireamh, (iii) tá margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí na Síne mar gheall ar a leibhéal praghsanna agus ar an éileamh suntasach, agus (iv) tá an méadú ar phraghsanna VAM ag cur isteach go diúltach ar chostas táirgthe thionscal an Aontais agus ar a bhrabúsacht. Agus na heilimintí sin go léir á gcur san áireamh, chinn an Coimisiún gur dhócha go ndéanfaí díobháil arís, fiú da mba rud é nárbh ann dí, mar thoradh ar an bhfionraí.
- (61) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (62) D'áitigh Capi nach dtiontódh fionraí shealadach na dleachta thart an treocht dhearfach bhrabúsachta is léir atá ag tionscal an Aontais, agus i bhfianaise na méaduithe ar phraghsanna tar éis IP na fionraí freisin. Luaigh an chuideachta gur i gcás táirgí cothromrollta alúmanaim, nach raibh tionscal an Aontais tar éis an spriocleibhéal brabúsachta a bhaint amach go fóill ach, mar sin féin, lean an Coimisiún ar aghaidh leis an dleacht a chur ar fionraí go sealadach, agus é aitheanta aige nár dhócha go dtiontódh an fhionraí sin treochtaí dearfacha thionscal an Aontais thart ⁽⁶⁾.

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1788 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna frithdhumpála cinnititheacha arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 359, 11.10.2021, lch. 105).

- (63) Níor aontaigh an Coimisiún leis an anailís sin. San imscrúdú ar tháirgí cothromrollta alúmanaim, tháinig feabhas suntasach ar staid thionscal an Aontais i ndiaidh an IP sa tslí nach raibh ann a thuilleadh don díobháil ábhartha chéanna a aimsíodh e linn na tréimhse iar-IP. Go deimhin, sa chás sin, sa chéad seimeastar de 2021, tháinig méadú níos mó ná 55 % ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais san Aontas le páirtithe neamhghaolmhara i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin agus bhí coinne leis go mbeadh méadú breise ann in 2022. I gcodarsnacht leis sin, san imeacht reatha níl tionscal PVA an Aontais ag streachailt de bharr laghdú ar chainníocht na ndíolachán ach de bharr laghdú suntasach ar phraghsanna mar gheall ar allmhairí dumpáilte ón tSín. Ní fhéadfadh aon mhéadú breise ar bhrabúsacht a bhaint amach ach amháin dá laghdódh an costas táirgthe (rud nach dócha i bhfianaise treocht aníos phraghsanna na n-amhábhar), nó dá bhfillfeadh na praghsanna díola ar leibhéal neamhdhíobhálacha.
- (64) Ina theannta sin, dá gcuirfí dleachtanna frithdhumpála ar fionraí, ligfí do PVA na Síneach dul isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte a ghearrfadh go mór faoi phraghsanna thionscal an Aontais, mar a mhínítear in aithris (31). Chuirfeadh an brú praghsanna sin brú anuas breise ar phraghsanna thionscal an Aontais agus dá bhrí sin bheadh tionchar diúltach láithreach aige ar a bhrabúsacht. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

4. CONCLUÍD

- (65) Is léir gur bhain tionscal PVA an Aontais atá ag díol ar an saormhargadh tairbhe as na bearta a forchuireadh ar allmhairí PVA ón tSín. Chuir sé ar a chumas do thionscal an Aontais téarnamh, i bpáirt ar a laghad, ón dumpáil dhíobhálach. Mar sin féin, tá staid thionscal an Aontais fós leochaileach agus, mar a mhínítear thuas, agus is dócha go ndéanfar díobháil arís gan na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, dá gcuirfí iad ar fionraí ar feadh tréimhse.
- (66) Thug an Coimisiún dá aire freisin, in ainneoin na líomhaintí maidir leis an tionchar diúltach a imríodh ar úsáideoirí PVA, go léiríonn na sonraí a bailíodh le linn na hanailíse fionraí gur i gcás na naoi gcinn go léir d'úsáideoirí agus d'allmhaireoirí, cé is moite de cheann amháin, a chomhoibrigh agus a thug freagra ar an gceistneoir fionraí, lean siad de bheith brabúsach tar éis fhorchur na mbearta ar allmhairí PVA ón tSín.
- (67) Ina dtuairimí faoin nochtadh deiridh, chuir Ahlstrom-Munksjö, Carbochem, Far Polymers, Gamma Chimica agus Jeniuschem i gcoinne na gconclúidí ón gCoimisiún maidir le tionchar na ndleachtanna frithdhumpála ar úsáideoirí PVA.
- (68) D'áitigh Carbochem, Far Polymers, Gamma Chimica agus Jeniuschem go dtagann na corrlaigh a thuill allmhaireoirí agus úsáideoirí PVA ó dhíol stoic PVA a ceannaíodh roimh theacht i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála.
- (69) Mar sin féin, ní thacaíonn an fhaisnéis a bailíodh san imscrúdú leis an gconclúid sin. Sa ráithe dheireanach sular forchuireadh na bearta, níor mhéadaigh cainníochtaí allmhairiúcháin ón tSín. A mhálairt ar fad, laghdaigh siad ag 51 % (féach tábla 2). Ina theannta sin, ina n-aighneacht féin, dheimhnigh na páirtithe go raibh siad in ann an méadú ar phraghsanna PVA a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí, mar a suíodh cheana san imscrúdú bunaidh agus mar a deimhníodh san imeacht reatha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (70) D'áitigh Ahlstrom-Munksjö nach ndearna an Coimisiún anailís chuí ar leas an Aontais.
- (71) Níor mhór diúltú don mhaíomh sin. Ar thaobh amháin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dhócha go ndéanfaí díobháil arís do thionscal an Aontais dá gcuirfí bearta ar fionraí. Ar an taobh eile, cinneadh san imscrúdú go bhfuil táirgeacht VAM (agus PVA) ag fillfeadh ar na gnáthleibhéil, go bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne fós ag onnmhairiú ar phraghsanna iomaíocha, in ainneoin na ndleachtanna frithdhumpála, agus go raibh úsáideoirí an Aontais a úsáideann PVA in ann an t-ardú praghsais a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí agus go raibh siad fós brabúsach. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis ann lena chinneadh go raibh sé chun leas an Aontais na dleachtanna frithdhumpála a chur ar fionraí.
- (72) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár comhlíonadh na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán maidir leis na bearta frithdhumpála a chur ar fionraí faoi láthair. Tá an cinneadh seo gan dochar do cheart an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán amach anseo.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí Alcóil Polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna forchur le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún, ní chomhlíontar na coinníollacha chun an dleacht sin a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2016/1036.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)